


TUARASCÁIL BHLIANTÚIL CHOMHDHLÚITE AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ



**Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil
a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse,
Slándála agus Ceartais (eu-LISA)**

Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí 2024
Glactha ag Bord Bainistíochta eu-LISA an 18 agus an 19 Meitheamh
2025
Doiciméad 2025-163 REV 2

Maidir leis an tuarascáil seo

Léirítear i dTuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí eu-LISA tiomantas na Gníomhaireachta don trédhearcacht agus don chuntasacht trí fhorbhreathnú struchtúrtha a chur i láthair ar an dul chun cinn a rinneadh maidir lena chlár oibre 2024 a chur chun feidhme agus na cuspóirí a leagtar amach i nDoiciméad Clársceidealaithe Aonair 2024-2026 a bhaint amach. Tugann sé dearbhú do pháirtithe leasmhara – institiúidí an Aontais, na Ballstáit agus saoránaigh an Aontais – go bhfuil a sainordú á chur i gcrích ag an nGníomhaireacht agus go bhfuil úsáid éifeachtúil á baint aici as acmhainní leithdháilte chun a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Cuireadh an tuarascáil le chéile i gcomhréir leis na treoirlínte bunaithe ag an gCoimisiún Eorpach do ghníomhaireachtaí uile an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 48 de Rialacha Airgeadais eu-LISA.

Tuilleadh eolais faoi eu-LISA:



Ábhar

Ábhar.....	3
Liosta d'fhíoracha agus de tháblaí	4
Giorrúcháin agus acrainmneacha	5
eu-LISA go hachomair	6
Córais faisnéise CGB atá de chúram ar eu-LISA.....	8
Anailís agus measúnú ag an mBord Bainistíochta ...	11
Réamhrá ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin ad interim	14
Achoimre feidhmiúcháin	16

Éachtaí

1.1. Slándáil inmheánach agus comhar i bhforfheidhmiú an dlí	24
Córas Faisnéise Schengen	24
Malartú sonraí uathobrithe le haghaidh comhair póilíníochta	27
Réamhfaisnéis faoi phaisinéirí	28
1.2. Schengen, teorainneacha agus víosa	28
Córas Faisnéise Víosaí	28
Córas Dul Isteach/Imeachta	31
An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil ..	33
1.3. Imirce agus tearmann.....	35
An bunachar sonraí dachtalascópachta Eorpach	35
1.4. Comhar maidir le ceartas	37
An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla	37
Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne.....	39
Ardán comhoibrithe na JITanna	40
1.5. Idir-inoibritheacht	41
Seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha	41
Comhpháirteanna idir-inoibritheachta eile agus lárstóras um thuairisciú agus staidreamh	43
1.6. Bonneagar agus líonraí	45
Bonneagar agus ardáin.....	45
Líonraí agus cumarsáid	46
Lárionaid sonraí	48
1.7. Taighde agus nuálaíocht.....	49
Monatóireacht taighde agus teicneolaíochta	49
Forbairt acmhainne: tuairisciú agus oiliúint	51
1.8. Tacaíocht dhíreach d'oibríochtaí.....	53
Oibríochtaí córais.....	53
Slándáil, cibearshlándáil agus leanúnachas gnó.....	55
Aistriú seirbhíse agus uathobriú	57
Teicneolaíocht agus innealtóireacht bogearraí	59
Tacaíocht don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit	60
Grúpaí Comhairleacha, cruinnithe agus misin.....	61
1.9. Gníomhaíochtaí corparáideacha	62
Rialachas	62
Tacaíocht chorparáideach	68

Bainistíocht

2.1. Bord Bainistíochta.....	77
2.2. Mórforbairtí	77
2.3. Bainistiú buiséid agus airgeadais	79
2.4. Tarmligean/fotharmligean cumhachtaí cur chun feidhme buiséid chuig baill foirne	85
2.5. Bainistiú acmhainní daonna	85
2.6. Straitéis le haghaidh gnóthachain éifeachtúlachta.....	86
2.7. Measúnú ar thorthaí iniúcháireachta agus meastóireachtaí ex post.....	88
2.8. Obair leantach ar mholtaí an iniúchta.....	91
2.9. Obair leantach ar bharúlacha ón údarás um urscaoileadh.....	92
2.10. Bainistiú comhshaoil.....	106
2.11. Measúnú ag an mbainistíocht.....	106
2.12. Meastóireacht sheachtrach.....	106

Measúnú ar éifeachtacht an ICF

3.1. Éifeachtacht an Chreata Rialaithe Inmheánaigh	108
3.2. Torthaí an mheasúnaithe	109
3.3. Ráiteas ón mBainisteoir atá i bhfeighil an Bhainistithe Riosca agus an Rialaithe Inmheánaigh.....	111

Dearbhú bainistíochta

4.1. Athbhreithniú ar na gnéithe a thacaíonn le dearbhú.....	113
4.2. Forchoimeádais	114

Ráiteas dearbhaithe

IARSCRÍBHINNÍ

Iarscríbhinn I. Staitisticí lárnacha gnó.....	119
Iarscríbhinn II. Staidreamh bainistithe airgeadais...	125
Iarscríbhinn III. Cairt eagrúcháin.....	133
Iarscríbhinn IV. Plean bunaíochta agus faisnéis bhreise ar bhainistiú acmhainní daonna	136
Iarscríbhinn V. Acmhainní daonna agus airgeadais de réir gníomhaíochta	139
Iarscríbhinn VI. Comhaontuithe ranníocaíochta, deontais agus leibhéil seirbhíse	142
Iarscríbhinn VII. Bainistiú comhshaoil	143
Iarscríbhinn VIII. Cuntais bhliantúla	144
Iarscríbhinn IX. Tuarascáil inbhuanaitheachta	146

Liosta d'fhíoracha agus de tháblaí

Liosta d'fhíoracha

▲ Fíor 1. Úsáid leithreasuithe faoi chomhair gealltanais C1 (i milliúin EUR).....	82
▲ Fíor 2. Treochtaí i dtaobh úsáid cistí a gealladh agus a buiséadaíodh i rith na bliana (i milliúin EUR).....	82
▲ Fíor 3. Forghníomhú leithreasuithe gealltanaisfaoi chomhair gealltanais faoi Theideal 3 (i milliúin EUR).....	82
▲ Fíor 4. Úsáid leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí C1 (i milliúin EUR).....	82
▲ Fíor 5. Treochtaí i dtaobh úsáid cistí a íocadh agus a buiséadaíodh i rith na bliana (i milliúin EUR).....	82
▲ Fíor 6. Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a forghníomhaíodh faoi Theideal 3 (i milliúin EUR).....	83
▲ Fíor 7. Athrú míosúil ar an am chun íocaíocht a dhéanamh (i laethanta)	83
▲ Fíor 8. Íocaíochtaí laistigh de theorainn ama 30 lá	84
▲ Fíor 9. Íocaíochtaí laistigh de theorainn ama 60 lá	84
▲ Fíor 10. Conarthaí, leasuithe conartha agus iarrataí ar sheirbhísí a síníodh in 2023 agus in 2024	84

Liosta de tháblaí

▲ Tábla 1. Teagmhais agus idirghníomhaíochtaí maidir le hiarrataí ar sheirbhís ar déileáladh leo in 2024	54
▲ Tábla 2. Teagmhais de réir tosaíochta agus córais in 2024	54
▲ Tábla 3. Iarrataí de réir an chroíchórais ghnó in 2024	54
▲ Tábla 4. Miondealú ar bhuiséad leasaitheach 2024 (i milliúin EUR).....	80
▲ Tábla 5. Saoradh ó ghealltanais bhuiséadacha 2024 de réir bliain tionscnaimh (i milliúin EUR).....	80
▲ Tábla 6. Céatadán de nósanna imeachta soláthair a úsáideadh in 2024 de réir cineáil	84
▲ Tábla 7. Achoimre ar cheisteanna iniúchóireachta inmheánaí a clúdaíodh in 2024	88
▲ Tábla 8. Stádas an dul chun cinn maidir le moltaí iniúchóireachta ó IAS, ó IAC, ó CIE agus ó OLAF a chur chun feidhme	91
▲ Tábla 9. Moltaí iniúchóireachta atá fós gan réiteach, lena n-áirítear moilleanna suntasacha (>6 mhí, amhail an 31.12.2024).....	91
▲ Tábla 10. Barúlacha ón údarás um urscaoileadh	93
▲ Tábla 11. Obair leantach ar bharúlacha roimhe seo ón údarás um urscaoileadh.....	103

Giorrúcháin agus acrainmneacha

Córais, réitigh agus bonneagar TF		Eile	
AFIS	córas aitheantais méarloirg uathobrithe	ABAC	córas cuntasafóichta ar bhonn fabhráithe
API	réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí	ACFC	An Coiste Iniúchóireachta, Comhlíonta agus Airgeadais
BMS	córas meaitseála bithmhéadraí	BCU	aonad lárnach cúltaca
CCP	néal-ardán cuimsitheach	BSTF	Bainistiú na Seirbhísí TF
CP JITanna	ardán comhair na JITanna (ardán comhair chun tacú le feidhmiú na JITanna)	CEPOL	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfeidhmiú an Dlí
CRRS	lárstóras um thuairisciú agus staidreamh	CGB	ceartas agus gnóthaí baile
CSLR	Lárchóras um Réiteach an Naisc Bhuí	CIE	Cúirt Iniúchóirí na hEorpa
CSP	ardán comhroinnte	CU	láraonad
DubliNet	Iónra cumarsáide leictreonaí Bhaile Átha Cliath	EiO	teacht i bhfeidhm
e-CODEX	Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí Ar Líne	EMAS	scéim an Aontais um bainistiú agus iniúchadh comhsaoil
ECRIS	An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla	EUAA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann
ECRIS RI	bogearraí tagartha do chur chun feidhme ECRIS	EUAN	Líonra Gníomhaireachtaí AE
ECRIS-TCN	ECRIS maidir le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát	eu-LISA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais
EES	Córas Dul Isteach/Imeachta	Europol	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfeidhmiú an Dlí
ESP	tairseach chuardaigh Eorpach	Frontex	An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta
ETIAS	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil	FSA	glacadh deiridh córais (tréimhse fíorúcháin tar éis EiO)
EU VAP	Ardán an Aontais um iarratais ar víosaí	IAC	cumas iniúchóireachta inmheánaí eu-LISA
Eurodac	An bunachar sonraí dachtalascópachta Eorpach	IAS	An tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin
FTP	pointe rochtana lándéanta	ICF	creat rialaithe inmheánaigh
IO	idir-inoibritheacht	JHAAN	Líonra Ghníomhaireachtaí CGB
MID	brathadóir ilchéannachtaí	JRC	An tAirmheán Comhpháirteach Taighde
Prüm II	ródaire lárnach le haghaidh malartú uathobríoch sonraí i réimse an chomhair póilíneachta	MECS	An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí
sBMS	seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha	OFIQ	Cáilíocht Foinse Oscailte d'Íomhanna den Aghaidh
SCSC	stóras coiteann sonraí céannachta	OLAF	An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise
SIRENE	Iarraidh ar Fhaisnéis fhorlíontach ag na Bealaí Isteach Náisiúnta	PNR	taifead ainmneacha paisinéirí
SIS	Córas Faisnéise Schengen	PPM	cumas bainistithe clár agus tionscadal
SM9	bainisteoir seirbhíse 9 (uirlis ITSM)	SLA	comhaontú seirbhíse
TESTA-ng	Seirbhísí Tras-Eorpacha le haghaidh Teileamaitic idir Riaracháin – glúin nua	SPD	doiciméad clársceidealaithe aonair
VIS	An Córas Faisnéise Víosaí	TEF	Creat Innealtóireachta Trasnaí
		TOF	Creat Oibríochtaí Trasnaí

eu-LISA go hachomair

ÁR SAINORDÚ

Bunaíodh eu-LISA in 2011, agus tá sé freagrach as forbairt, bainistiú oibríochtúil agus éabhlóid leanúnach na gcóras mórscála TF a thacaíonn le cur chun feidhme bheartais an Aontais i réimse an cheartais agus gnóthaí baile (CGB), agus béim á leagan ar imirce agus ar thearmann, ar víosaí, ar shlándáil inmheánach agus ar cheartas.


Is é príomhchuspóir na Gníomhaireachta oibriú éifeachtach, slán agus gan bhriseadh chórais faisnéise CGB an Aontais a áirithiú, ar córais iad lena n-éascaítear malartú faisnéise idir údarais ábhartha ar fud na hEorpa. Tá infhaighteacht leanúnach na gcóras sin rithabhachtach chun slándáil inmheánach limistéar Schengen – a bhfuil 450 milliún saoránach den Aontas ina gcónaí ann – a chosaint, agus ag an am céanna a saoirse gluaiseachta a chaomhnú agus eispéireas rianúil a áirithiú do thaistealaithe idirnáisiúnta.

Le deich mbliana anuas tá eu-LISA tagtha chun cinn mar phríomhrannchuiditheoir sa chlaochlú digiteach leanúnach ar réimse CGB an Aontais. Trí theicneolaíochtaí nuálacha a ghairiú, tá roinnt córas nua á bhforbairt ag an nGníomhaireacht, maille leis an ailtireacht idir-inoibritheachta uileghabhálach lena gcuirfear tuilleadh feabhais ar bhainistiú sonraibhunaithe teorainneacha agus lena gcuirfear le slándáil inmheánach limistéar Schengen.

Áirithíonn eu-LISA oibriú éifeachtúil chórais CGB trí sheirbhísí ardcháilíochta a sholáthar, lena n-áirítear tacaíocht theicniúil 24/7 agus oiliúint chuimsitheach do gach úsáideoir deiridh chórais. D'fhonn a bheith ar thús cadhnaíochta in iarrachtaí digitithe, déanann an Gníomhaireacht faireachán gníomhach ar na forbairtí is déanaí agus ar na treochtaí atá ag teacht chun cinn sa taighde agus sa nuálaíocht, rud lena gcuirfear ar a cumas saineolas úrscothach a sholáthar dá príomhpháirtithe leasmhara – an Coimisiún, na Ballstáit agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais.

Agus é tiomanta don trédhearcacht agus don chuntasacht, oibríonn eu-LISA i ndochtchomhlíonadh leis na rialacháin is infheidhme, le comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse, le ceanglais cosaint sonraí agus le dianchaighdeáin slándála.

ÁR SUÍOMH



ÁR MISEAN

Is é an misean atá againn tacú leis an Aontas agus leis na Ballstáit agus iad ag iarraidh an Eoraip a choinneáil oscailte agus slán trí ardteicneolaíocht



ÁR bhFÍS

Déanaimid ár ndícheall réitigh nuálacha agus phraiteiciúla a sholáthar do riachtanais athraitheacha an Aontais agus, ag an am céanna, claochlú digiteach a bhrú chun cinn i réimse an cheartais agus gnóthaí baile



ÁR LUACHANNA

LEANÚNACHAS:

an úsáid is fearr a bhaint as saineolas, eolas agus infheistíochtaí, agus forbairt leanúnach na nithe sin á háirithiú i gcónaí

OBAIR FOIRNE:

cur ar chumas gach ball foirne an úsáid is fearr a bhaint as a gcuid eolais agus taithí d'fhonn cur le rath comhroinnte

FÓCAS AR CHUSTAIMEIRÍ:

a áirithiú go bhfuil na gníomhaíochtaí go léir ailínithe le riachtanais agus éilimh na bpáirtithe leasmhara

CUNTASACHT:

creat fóna rialachais, oibríochtaí costéifeachtacha agus bainistiú fóna airgeadais a chur i bhfeidhm

TRÉDHEARCACHT:

dul i mbun idirphlé go leanúnach leis na príomhpháirtithe leasmhara chun straitéisí forbartha fhadtéarmach a shainiú

BARR FEABHAIS:

is iad an struchtúr eagraíochtúil ceart, na próisis chearta agus na daoine cearta atá ina mbonn le leanúnachas seirbhíse agus cáilíocht na uirlisí

* <i>seat of the Agency</i>	* <i>suíochán na Gníomhaireachta</i>
* <i>Liaison Office</i>	* <i>Oifig Idirchaidrimh</i>
* <i>operational site</i>	* <i>suíomh oibríochtúil</i>
* <i>backup site</i>	* <i>suíomh cúltaca</i>

Córais faisnéise CGB atá de chúram ar eu-LISA



CÓRAIS I BHFEIDHM

	EiO	Sonraí a stóráilte	Oibriochtaí
Slándáil inmheánach, teorainneacha agus comhar forfheidhmithe dlí an Aontais			
SIS Córas Faisnéise Schengen			
Le CFS éascaítear malartú faisnéise faoi dhaoine nó réada a bhfuiltear sa tóir orthu nó atá ar iarraidh, mar aon le teoracha d'údaráis inniúla maidir le cad ba cheart a dhéanamh nuair a bhraitear an duine nó an réad. Dá réir sin is uirlis fhíorluachmhar í chun an choireacht trasteorann agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac. ¹	1995 á bhainistiú ag eu-LISA ó mhí na Bealtaine 2013	93.2 milliún foláireamh	15 bhilliún cuardach 397 804 amas
Schengen, teorainneacha agus víosa			
VIS An Córas Faisnéise Víosaí			
Le VIS éascaítear próiseáil iarratas ar víosaí agus bainistiú víosaí gearrfhanachta do TCNanna a thaistealaíonn nó a théann ar idirthuras trí limistéar Schengen. Tacaítear leis le cur chun feidhme chomhbheartas víosaí an Aontais agus cuidítear leis le calaíoch víosaí a chomhrac trí chúnamh a thabhairt maidir le daoine nach gcomhlíonann na coinníollacha is gá maidir le fanacht nó dul isteach a shainaithint. ²	2011 á bhainistiú ag eu-LISA ó mhí na Nollag 2012	46 mhilliún iarratas ar víosaí	2 mhilliún oibriocht
Tearmann, imirce agus teorainneacha			
Eurodac An bunachar sonraí dachtalascópachta Eorpach			
Is é Eurodac bunachar sonraí an Aontais de mhéarloirg dhigitithe a úsáidtear chun iarratais ar thearmann a bhainistiú. Leis an gcóras cuideítear le cinneadh cén Ballstát atá freagrach trína chinneadh ar éiligh an t-iarratasóir tearmann i mBallstát eile roimhe sin. ³	2003 á bhainistiú ag eu-LISA ó mhí an Mheithimh 2013	7.7 milliún tacar méarloirg	1.4 milliún mír sonraí tarchurtha
Comhar maidir le ceartas			
ECRIS RI An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla – cur chun feidhme tagartha			
Is córas dlíraithe é ECRIS chun faisnéis a mhalartú idir Bhallstáit ar thaifid choiriúla shaoránaigh an Aontais. Le ECRIS RI soláthraítear comhéadan comhtháthaithe, lena n-áirítear nasc a dhéanamh idir cláir náisiúnta taifead coiriúil na mBallstát.	2012 á bhainistiú ag eu-LISA ó mhí Aibreáin 2020 i leith	n/b	n/b
e-CODEX Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí Ar Líne			
Is ardán cumarsáide é e-CODEX chun tarchur slán ábhair leictreonaigh idir údaráis bhreithiúnacha agus gairmithe dlí in imeachtaí breithiúnacha trasteorann a éascú, rud a áiríthíonn próiseas breithiúnach níos éifeachtúla do shaoránaigh agus do ghnólaigh ar fud na hEorpa. ⁴	2013 á bhainistiú ag eu-LISA ó mhí an Mheithimh 2024	n/b	n/b

¹ Rialachán (AE) 2018/1860, Rialachán (AE) 2018/1861, agus Rialachán (AE) 2018/1862, OJ L 312, 07.12.2018, agus Rialachán (AE) 2022/1190, OJ L 185, 12.07.2022.

² Cinneadh ón gComhairle 2004/512/EC, agus Cinneadh ón gComhairle 2008/633/JHA, Cinneadh ón gCoimisiún 2008/602/EC, Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, agus Rialachán (AE) Uimh. 2021/1133, agus Rialachán (AE) 2021/1134.

³ Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003 ón gCoimisiún, agus Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, Rialachán (AE) Uimh. 604/2013, Rialachán (AE) 2024/1356 agus Rialachán (AE) 2024/1358.

⁴ Rialachán (AE) 2022/850, IO L 150, 01.06.2022.



Slándáil inmheánach, teorainneacha agus comhar forfheidhmithe dlí an Aontais

Ródaire lárnach Prüm II | malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta

Leis an ródaire nua déanfar malartú sonraí idir na Ballstáit a chuíchóiriú agus a éascú chun coireacht trasteorann a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí. Cuirfidh leis naisc aonair idir bunachair sonraí náisiúnta in ionad naisc aonair agus leathnófar leis sonraí atá ar fáil amhail ADN, méarloing agus clárú feithiclí chuig catagóirí nua, e.g. íomhánna aghaidhe.⁵

2027

Ródaire API-PNR | réamhfaisnéis faoi phaisinéirí

Leis an ródaire API éascófar sainaitheint agus imréiteach taistealaithe le linn an phróisis trasnaithe teorann trí shonraí taistealaithe agus faisnéis eiltilte a bhailiú agus a tharchur roimh theacht isteach dóibh. Feidhmeoidh an ródaire mar phointe nasctha idir na Ballstáit agus aeríompróirí chun sonraí API a bhailiú agus a tharchur.⁶

2029

Schengen, teorainneacha agus víosa

EES | Córas Dul Isteach/Imeachta

Tá sé beartaithe le EES nósanna imeachta rialaithe teorann a chuíchóiriú trí chlárú leictreonach gach náisiúnach tríú tír atá ag dul isteach i limistéar Schengen agus atá ag imeacht as a chur in ionad stampáil na bpasanna de láimh. Áiritheofar le EES go ndéanfar faireachán níos fearr ar fhanachtaí údaraithe agus go n-aithneofar daoine a d'fhéadfadh fanacht rófhada, rud a chuirfidh le himirce neamhrialta a chosc, slándáil inmheánach a neartú agus coireacht eagraithe agus sceimhlitheoireacht a chomhrac.⁷

tús
forchéimnithe
ach
beartaithe in
2025

ETIAS | An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil

Is córas um údarú taistil ar líne é ETIAS do náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus iad ag taisteal chuig 30 tír Eorpach. Leis an gcóras scagtha réamhthaistil sin, déanfar comparáid idir faisnéis ar fud na gcóras CGB uile, agus i mbunachair sonraí Europol agus Interpol, chun rioscaí slándála, rioscaí imirce neamhrialta nó ardrioscaí eipidéime a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint roimh ré, ar cinn iad a d'fhéadfadh a bheith ina bhforas le cead isteach i limistéar Schengen a dhiúltú.⁸

2026

EU VAP | Ardán an Aontais um iarratais ar víosaí

Is ardán digiteach é EU VAP, a bhaineann le gach Ballstát, a chuirfidh ar chumas iarratasóirí ar víosa iarratas a dhéanamh ar víosa ar líne. Cinnfear leis go huathoibríoch cén Ballstát atá inniúil chun iarratas a scrúdú i gcásanna ina bhfuil sé ar intinn ag an iarratasóir cuairt a thabhairt ar roinnt Ballstát.⁹

2028

Comhar maidir le ceartas

ECRIS-TCN | Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla – náisiúnaigh tríú tíortha agus daoine gan stát

Le ECRIS-TCN éascófar malartú leictreonach faisnéise maidir le taifid choiriúla náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát, lena dtacaítear le haitheantas frithpháirteach pianbhreitheanna agus cinní breithiúnacha ar fud na hEorpa.¹⁰

2026¹¹

CP JITanna | Ardán comhoibrithe na JITanna

Le CP JITanna éascófar cumarsáid agus comhar idir údaráis bhreithiúnacha agus forfheidhmithe dlí Eorpacha, gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), rud a fheabhsóidh éifeachtúlacht agus éifeachtacht inscrúduithe agus ionchúiseamh trasteorann.¹²

2025

Idir-inoibritheacht

Ailtireacht idir-inoibritheachta do réimse CGB¹³

Is éard is idir-inoibritheacht ann cumas le gcóras idirnasctha sonraí a chomhroinnt agus faisnéis a mhalartú, lena soláthraítear rochtain chuíchóirithe ar fhaisnéis chuimsitheach do na húdaráis ábhartha. Cumasófar idir-inoibritheacht uileghabhálach na gcóras i réimse CGB trí na comhpháirteanna seo a leanas a éascaíonn cuardaigh údaraithe agus malartú faisnéise:

- leis an **seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha** (sBMS) meaitseáiltear sonraí bithmhéadracha an duine aonair thar chórais éagsúla,

2025-2026

⁵ Rialachán (AE) 2024/982 (Prüm II), IO L, 05.04.2024.

⁶ Rialachán (AE) 2025/12 agus Rialachán (AE) 2025/13, IO L, 08.01.2025.

⁷ Rialachán (AE) 2017/2225 agus 2017/2226, IO L 327, 09.12.2017.

⁸ Rialachán (AE) 2018/1240 agus Rialachán (AE) 2018/1241, IO L 236, 19.09.2018.

⁹ Rialachán (AE) 2023/2667 agus Rialachán (AE) 2023/2685. Le tuilleadh eolais a fháil tabhair cuairt ar leathanach tiomnaithe AS HOME maidir le digitiú víosaí Schengen.

¹⁰ Rialachán (AE) 2019/816 agus Rialachán (AE) 2024/1352.

¹¹ Beidh ECRIS-TCN réidh ón taobh teicniúil de in 2025.

¹² Rialachán (AE) 2023/969, IO L 132, 17.5.2023.

¹³ Rialachán (AE) 2019/817 agus Rialachán (AE) 2019/818, IO L 135, 22.5.2019.

- leis an **tairseach chuardaigh Eorpach (ESP)**, trína gcuirtear ar chumas úsáideoirí údaráithe cuardaigh aonair a dhéanamh agus torthaí a fháil ó gach córas faisnéise CGB a bhfuil siad údaráithe rochtain a fháil orthu,
- leis an **stóras coiteann sonraí céannachta** (SCSC) soláthraítear coimeádán comhroinnte le haghaidh sonraí céannachta, sonraí doiciméid taistil agus sonraí bithmhéadracha daoine atá cláraithe in EES, VIS, ETIAS, Eurodac agus ECRIS-TCN,
- leis an **mbrathadóir ilchéannachtaí** (MID) cruthaítear agus stóráiltear naisc idir na sonraí atá i gcórais faisnéise éagsúla an Aontais chun ilchéannachtaí a bhrath, agus an dá chuspóir aige seiceálacha céannachta a éascú do thaistealaithe *bona fide* agus calaois chéannachta a chomhrac, comhlánaithe ag an **lárchóras um réiteach an naisc bhuí** (CRRS). 2027-2028

CRRS | lárstóras um thuairisciú agus staidreamh

Cumasófar le CRRS giniúint sonraí staidrimh traschórais agus tuairisciú anailíseach chun críocha beartais, oibríochtúla agus cáilíochta sonraí i gcomhréir leis na hionstraimí dlí is infheidhme. 2026



Anailís agus measúnú ag an mBord Bainistíochta

Rinne Bord Bainistíochta eu-LISA anailís agus measúnú ar an Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí de chuid na Gníomhaireachta do 2024.¹⁴

Leagann an Bord béim ar ról rithábachtach eu-LISA i bhfeidhmiú éifeachtach limistéar Schengen, chomh maith lena thacaíocht luachmhar do bheartais an Aontais i réimsí an rialaithe teorann, víosaí, na himirce agus an tearmainn, an r-cheartais, an digitithe agus na cibearshlándála.

An Bord Bainistíochta:

- **aithníonn sé** iarrachtaí eu-LISA chun na cuspóirí a leagadh síos do 2024 sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2024-2026 a bhaint amach;
- **gabann sé buíochas** leis an nGníomhaireacht as na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh aici chun a áirithiú go mbeidh córais faisnéise an Aontais ar fáil ar bhealach cobhsaí gan bhriseadh agus, ar an gcaoi sin, go rannchuideofar le feidhmiú éifeachtúil limistéar Schengen;
- **déanann sé comhghairdeas** leis an nGníomhaireacht as freagracht fhoirmiúil a ghlacadh as bainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX, as nascadh rathúil Frontex le Córas Faisnéise Schengen (SIS), agus as rochtain iomlán ar an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) a chumasú don Bhulgáir agus don Rómáin;
- **is oth leis a chur in iúl** nár féadadh an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) agus an Córas Meaitseála Bithmhéadrach (sBMS) agus VIS comhroinnte le haghaidh EES a chur i bhfeidhm i mí na Samhna 2024, agus ceachtanna luachmhara a foghlaimíodh ón gcleachtadh comhpháirteach á n-aithint ag an am céanna;
- **leagann sé béim** ar an bpráinn atá ann an bonneagar idir-inoibritheachta iomlán a chur ar fáil chun an tslándáil san Eoraip a fheabhsú,
- **aithníonn sé** an dúshlán atá roimh an nGníomhaireacht oibriú go comhthreomhar ar go leor gníomhaíochtaí idirnasctha agus tugann sé dá aire gur lean méid agus castacht oibríochtaí na Gníomhaireachta ag leathnú in 2024;
- **cuireann sé béim** ar thiomantas na Gníomhaireachta tús a chur le cur chun feidhme pras Eurodac nua le cur chuige nua forbartha, ag brath ar acmhainní inmheánacha, chun a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm i ndáil lena príomhfheidhmiúlachtaí go tráthúil i mí an Mheithimh 2026;
- **cuireann sé tacaíocht in iúl** maidir le bealaí nua oibre a chur i gcrích chun na córais nua a sheachadadh, le tacaíocht ó thionscnamh nua um athrú eagraíochtúil;
- **fáiltíonn sé roimh** phlean gníomhaíochta bainistithe straitéisigh na Gníomhaireachta chun feabhas a chur ar bhainistiú agus ar sheachadadh na gcóras atá faoina sainchúram trí na cumais forbartha intí a mhéadú chun spleáchas ó chonraitheoirí a laghdú, a comhlíonadh a neartú, dul chun cinn teicneolaíochta nua a ionchorprú, tuilleadh feabhais a chur ar mhealladh agus ar choinneáil buanna agus ar an gcaidreamh lena geallsealbhoirí;
- **tuigeann sé** cáilíocht agus tráthúlacht na tacaíochta a thug an Gníomhaireacht do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach le linn 2024;

¹⁴ Féach *Airteagal 19(1)(t)* de *Rialachán (AE) 2018/1726* lena mbunaítear eu-LISA.

- **cuireann sé a shástacht in iúl** maidir leis an leibhéal forghníomhaithe buiséid atá fós gan íoc le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus íocaíochtaí 2024, agus laghdú suntasach ar thabhairt anonn;
- **is oth leis** go raibh leibhéal cealaithe na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí fós iomarcach in 2024 – 14.5 %.
- **tugann sé dá aire** gur ghá coigeartuithe suntasacha buiséadacha a dhéanamh le linn na bliana buiséadaí chun costais bhreise a chumhdach;
- **molann sé** dul chun cinn maith na Gníomhaireachta maidir le moltaí iniúchóireachta a chur i bhfeidhm, agus ráta cur chun feidhme foriomlán de 97 % bainte amach faoin 31 Nollaig 2024;
- **cloíonn sé le feabhsuithe** i dtaobh ráta áitíochta na Gníomhaireachta;
- **cuireann sé a imní in iúl** faoi na tuairimí cáilithe leanúnacha ón gCúirt Iniúcháirí maidir le dlíthiúlacht agus rialacht na n-íocaíochtaí is bun le cuntais na Gníomhaireachta, agus é á thabhairt dá haire ag an am céanna gur dheonaigh Parlaimint na hEorpa an t-urscaoileadh *ad interim* don Stiúrthóir Feidhmiúcháin i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad eu-LISA don bhliain airgeadais 2023;
- **tugann sé dá aire go dearfach na bearta** chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht a córais rialaithe inmheánaigh a neartú;
- **cuireann sé chun suntais** uachtaránacht rathúil na Gníomhaireachta ar Líonra Gníomhaireachtaí CGB in 2024.

Creideann an Bord Bainistíochta go dtugann an tuarascáil seo dearbhú leordhóthanach, in ainneoin go leor dúshlán a chuireann bac ar chloí le sceidil chur chun feidhme dian, gur fhéach eu-LISA lena shainordú a chur i bhfeidhm agus gur úsáid sé a acmhainní airgeadais agus daonna chun na gcríoch a leagtar amach i gclár oibre bliantúil eu-LISA do 2024, atá san áireamh sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2024-2026.

Agus an fhaisnéis a sholáthraítear sa tuarascáil seo á cur san áireamh, déanann an Bord Bainistíochta an méid seo a leanas:

- leagann sé béim ar an **mbrú suntasach atá ar fhoireann eu-LISA** atá ag obair ar thionscadail chasta a bhfuil acmhainní daonna leordhóthanach rithábachtach ina leith, maidir le feidhmeanna oibríochtúla agus cothrománacha araon;
- **tacaíonn sé leis an nGníomhaireacht ina hiarrachtaí leanúnacha** chun an treochlár athbhreithnithe don ailtireacht idir-inoibritheachta a chur chun feidhme agus leagann sé béim ar a thábhachtaí atá sé go dtiocfaidh EES forásach nua i bhfeidhm;
- aithníonn sé na **hidirspleáchais** idir obair na Gníomhaireachta do na lárchórais agus do na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta, agus, dá bhrí sin, an gá atá le haird ar leith a thabhairt ar chur chuige comhpháirtíochta na Gníomhaireachta leis na Ballstáit, ar mhaithe le comhthuiscint, trédhearcacht agus comhordú níos fearr, agus ag an am céanna eu-LISA a spreagadh chun leanúint dá dhlúthchomhar lena gheallsealbhoirí, lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach agus gníomhaireachtaí eile chun a áirithiú go gcuirfear córais nua ar fáil go rathúil;
- spreagann sé an Ghníomhaireacht leanúint dá **spleáchas ar chonraitheoirí seachtracha a laghdú agus acmhainn inmheánach a thógáil** le leibhéal leordhóthanach bainistíochta;
- leagann sé béim bhreise ar an ngá atá le leanúint de eu-LISA a **ráta áitíochta a mhéadú**;
- fáiltíonn sé roimh na bearta leanúnacha a glacadh chun **pleanáil agus faireachán iontaofa buiséid a fheabhsú**, agus béim á leagan ag an am céanna ar an ngá atá lena áirithiú go ndéanfar **na hacmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil chun a shainordú atá ag dul i méid a chur chun feidhme**;
- leagann sé béim ar a thábhachtaí atá sé bailchríoch a chur ar an straitéis foinsithe chun deireadh a chur leis an **moladh iniúchóireachta deireanach atá fós gan réiteach**;
- aithníonn sé a **thábhachtaí atá clár méadaithe acmhainne eu-LISA** chun acmhainn leordhóthanach lárionaid sonraí a áirithiú chun córais TF nua agus córais TF atá ann cheana a imscaradh agus a bhainistiú go héifeachtúil agus go hinbhuanaithe, agus ag an am céanna leanúint d'infhaighteacht gan bhriseadh agus d'fhorbairt thráthúil na gcórais uile atá faoina shainchúram a ráthú.

Gabhann an Bord Bainistíochta a bhuíochas le Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach na Gníomhaireachta, Marili Männik, leis an iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Agnès Diallo, le bainistíocht eu-LISA, agus lena fhoireann ar fad as a dtiomantas agus a gcuid iarrachtaí le linn na tréimhse seo atá thar a bheith dúshlánach.

Rene Vihalem,
Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta



Réamhrá ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin *ad interim*

Bliain iontach dúshlánach a bhí in 2024 do eu-LISA, rud a chuir ar ár gcumas ár n-athléimneacht a threisiú agus ár dtiomantas d'Eoraip níos sábháilte agus níos sláine a bhaint amach a chur i láthair. Is cúis áthais dom an dul chun cinn atá déanta againn maidir le dúshláin a shárú a roinnt, conairí nua a aimsiú, agus an dúshraith a thógáil le haghaidh bealaí oibre níos éifeachtaí.

Ní hamháin gur gníomhaireacht teicneolaíochta é eu-LISA, is cumasóir beartais atá ionainn, agus táimid tiomanta d'uaimhianta polaitiúla casta a iompú ina réaltacht oibríochtúil. Tá gach córas a dhéanaimid a bhainistiú nó a fhorbairt mar chuid d'aitireacht níos leithne a thacaíonn le tosaíochtaí an Aontais, i.e. Limistéar Schengen níos athléimní agus níos sláine a sholáthar, bainistiú imirce a éascú agus comhar breithiúnach a neartú san Eoraip.

In 2024 d'áirithíomar bainistiú oibríochtúil rianúil ár gcóras atá ann cheana, agus a n-ard-infhaighteacht agus a bhfreagúlacht á gcoinneáil ar bun acu, agus ar an gcaoi sin tacaímid leis na milliúin idirbheart atá mar bhonn agus mar thaca le cinntí oibríochtúla ag teorainneacha an Aontais.

In 2024 freisin rinneadh e-CODEX a chomhtháthú go rathúil i bpunann córas eu-LISA, tacú le comhar trasteorann idir cleachtóirí ceartais, seirbhísí níos fearr a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais, agus dlús a chur le digitiú an cheartais ann. Tar éis ghlacadh an Chomhshocraithe Nua maidir le hImirce agus Tearmann agus Rialachán nua Eurodac i mí an Mheithimh 2024, chuireamar tús láithreach le huasghrádú cuimsitheach ar an gcóras a chur chun feidhme, le tiomantas láidir chun é a chur i gcrích go hiomlán faoi mhí an Mheithimh 2026.

D'ainneoin ár ndiongbháilteachta an creat uaimhianach a chur chun feidhme chun ailtireacht slándála na hEorpa a neartú, b'éigean teacht i bhfeidhm an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES) a rabhthas ag súil leis a chur siar go dtí 2025 mar a d'fhormhuinigh Comhairle na nAirí i mí an Mhárta 2025.

In 2024 leanamar d'infheistíocht a dhéanamh chun teicneolaíochtaí nua a ghairáil – néalréitigh agus intleacht shaorga ina measc – agus fócas á chur ar a gcumas tacú le beartais de chuid an Aontais atá ag teacht chun cinn, i gcomhréir leis na rialacháin a cheadaítear. Tá eu-LISA fós tiomanta do thacú le nuálaíocht fhreagrach agus eiticíúil, trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú, agus tús áite á thabhairt do chosaint sonraí agus do shlándáil an chórais ina ndearadh agus ina gcur chun feidhme.

Ina theannta sin in 2024, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh, chuireamar tús le plean straitéiseach uaimhianach a chur chun feidhme arb é is aidhm dó an bealach a bhforbraíonn an Gníomhaireacht córais nua a chlaohlú, trínár rialú ar obair forbartha a neartú, gníomhú mar chomhpháirtí gnó do na Ballstáit, agus na daoine is tréithí a mhealladh agus a choinneáil.

Ní fhéadfaí an méid sin go léir a dhéanamh gan iontaoibh ná tacaíocht bhuanseasmhach ár ngeallsealbhóirí as ár misean a chur i gcrích. Ba mhaith liom, dá bhrí sin, ár mbuóchas a ghabháil leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún Eorpach, le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle, agus leis na gníomhaireachtaí eile um Cheartas agus Gnóthaí Baile (CGB). Tá an comhar ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhroinnte agus chun dul chun cinn a spreagadh maidir le nascleanúint a dhéanamh ar rialacháin, straitéisí, caibidlíocht agus freagrachtaí.

Thar aon ní eile, ba mhaith liom buóchas a ghabháil le foireann eu-LISA ar fud ár suíomhanna éagsúla. Léirítear le gach garspíoc a baineadh amach a n-iarracht chomhchoiteann, a ndíograis agus a dtiomantas don mhisin atá idir lámha againn. I dteannta a chéile, cruthaímid gur féidir lenár nGníomhaireacht castacht a shárú agus aon dúshlán a iompú ina dheis foghlama chun ár gcumas a neartú.

Táim muiníneach go bhfágfaidh obair laethúil thiomnaithe eu-LISA go mbeidh an Eoraip níos sábháilte, níos cothroime agus níos athléimní go digiteach amach anseo. Tugaim cuireadh duit an tuarascáil seo a fhiosrú agus tuiscint a fháil ar ár n-iarrachtaí le bliain anuas. Ar na leathanaigh seo a leanas léirítear tiomantas leanúnach eu-LISA d'fhís a chur i ngníomh agus teicneolaíocht a úsáid chun muinín a chothú.

Marili Männik,
Stiúrthóir Feidhmiúcháin *ad interim*

Achoimre feidhmiúcháin

I dTuarascáil Ghníomhaíochta Bhliantúil Chomhdhlúite eu-LISA cuirtear i láthair forbheathnú struchtúrtha ar an dul chun cinn atá déanta maidir lena chlár oibre bliantúil 2024 a chur i bhfeidhm agus na cuspóirí atá leagtha amach sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2024-2026 a bhaint amach. Is é is aidhm don tuarascáil dearbhú a thabhairt do gheallsealbhóirí eu-LISA – institiúidí an Aontais, na Ballstáit agus saoránaigh an Aontais – go bhfuil an Gníomhaireacht tiomanta go córasach agus go comhsheasmhach dá sainordú, agus go n-úsáideann sí acmhainní leithdháilte go héifeachtúil d'fhonn a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Leagtar béim sa tuarascáil seo ar thiomantas daingean agus iontaofacht na Gníomhaireachta mar chomhpháirtí do na hinstiúidí Eorpacha agus do na Ballstáit, ag rannchuidiú le cur chun feidhme na mbeartas ábhartha i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile (CGB), agus sábháilteacht agus sláine na dteicneolaíochtaí a úsáidtear á n-áirithiú ag an am céanna.

I measc go leor éachtaí eile, áirítear ar phríomhéachtaí eu-LISA in 2024:



Nascadh Frontex le SIS agus rochtain iomlán ar VIS don Bhulgáir agus don Rómáin

Táthcheangal foirmiúil bainistithe oibríochtúil e-CODEX ag eu-LISA

Tús curtha le forbairt nua Eurodac de réir cur chuige nua

Feidhmiúlachtaí bonnlíne EES seachadta in éineacht le sBMS agus VIS do EES

Ullmhacht sBMS le haghaidh oibríochtaí bithmhéadracha deimhnithe trí mheán meastóireacht chruinnis

Cleachtadh comhpháirteach EES, VIS do EES agus sBMS um theacht i bhfeidhm

Eagraíodh dhá imeacht comhcheime tionscail

Uachtaránacht Líonra Gníomhaireachtaí CGB 2024

ráta cur chun feidhme 97 % le haghaidh moltaí iniúchóireachta atá fós gan réiteach

100 % d'fhorghníomhú an bhuiséid le haghaidh gealltanais agus iocaíochtaí (lena n-áirítear tabhairt anonn)

Straitéis Rialaithe Inmheánaigh glactha

Éachtaí le linn na bliana

Le linn na bliana lean eu-LISA dá iarrachtaí rannchuidiú le limistéar Schengen a bheith lánfheidhmiúil agus athléimneach ar mhaithe le saoránaigh na hEorpa. Ós rud é go dtacaíonn córais CGB uile a mbainistíonn an Gníomhaireacht iad le cur chun feidhme bheartais an Aontais i réimsí an bhainistithe teorainneacha, víosaí, na himirce agus an tearmainn, agus an digitithe, agus go rannchuidíonn siad leis an gcoireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac, tá sé ríthábhachtach don Aontas agus do eu-LISA go leanfaí dá n-éabhlóid agus dá gcothabháil.

Chuige sin lean an Gníomhaireacht ar aghaidh leis na córais TF atá ann cheana a uasghrádú agus roinnt córas nua a fhorbairt, mar aon leis an ailtireacht uileghabhálach idir-inoibritheachta do réimse CGB, a bhfuil sé mar aidhm leis bainistiú teorainneacha a athrú ó bhonn tríd an digitiú, cur chuige cliste comhtháite a chur ar fáil do shlándáil inmheánach na hEorpa, agus eispéireas rianúil á cur ar fáil ag an am céanna do thaistealaithe idirnáisiúnta atá ag dul go limistéar Schengen.

I bhfianaise a fhreagrachtaí nua i réimse ceartais an Aontais, rannchuidíonn na réitigh dhigiteacha nua atá á bhforbairt ag eu-LISA le nuachóiriú leanúnach a dhéanamh ar chórais bhreithiúnacha ar fud na hEorpa, agus feabhas á chur ag an am céanna ar éifeachtúlacht imscrúduithe agus ionchúiseamh trasteorann. I dteannta le digitiú an réimse CGB dhírigh an Gníomhaireacht freisin ar chibearshlándáil agus ar bhagairtí sa réimse cibearshlándála a chomhrac, go háirithe trí na hullmhúcháin riachtanacha a dhéanamh le haghaidh oibleagáidí a eascraíonn as rialacháin nua de chuid an Aontais maidir le slándáil faisnéise agus cibearshlándáil.

Mar an ghníomhaireacht de chuid an Aontais atá freagrach as bainistiú oibríochtúil agus forbairt chórais faisnéise CGB, lean eu-LISA de bheith ina chomhpháirtí lárnach dá gheallsealbhóirí trí shaineolas den scoth a sholáthar trí chomhar réamhghníomhach agus malartú faisnéise le hinstiúidí, gníomhaireachtaí agus Ballstáit an Aontais.

Bhí obair na Gníomhaireachta dírithe ar na tosaíochtaí bliantúla seo a leanas, tríd is tríd:

Tosaíocht 1: Oibriú agus cur i bhfeidhm éifeachtach na gcóras faisnéise CGB de chuid an Aontais a chuirtear de chúram ar eu-LISA a áirithiú

Is é príomhchuspóir eu-LISA oibriú éifeachtach, slán agus leanúnach na gcóras faoina shainordú a chinntiú, agus na héabhlóidí riachtanacha á gcur i gcrích agus á n-ullmhú dá gcomhtháthú le comhpháirteanna idir-inoibritheachta. D'áirithigh an Ghníomhaireacht oibriú cobhsaí chroíchórais CGB an Aontais: Córas Faisnéise Schengen (SIS), mar aon lena chóras uathoibríthe um shainathint méarlorg (AFIS); an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), mar aon lena chóras meaitseála bithmhéadraí (BMS), agus feidhmiúlacht VIS Mail; an bunachar sonraí dachtalascópachta Eorpach (Eurodac), mar aon le Dublinet; agus cur chun feidhme tagartha an Chórais Faisnéise Eorpaigh um Thaifid Choiriúla (ECRIS RI).

D'fheidhmigh na córais i gcomhréir lena spriocanna leibhéil seirbhíse faoi seach, cé is moite de neamh-infhaighteacht ghearrthéarmach theoranta, le hinfhaighteacht SIS ag 99.78 %, VIS ag 99.92 % Eurodac ag 99.91 %, agus e-CODEX ag 99.91 %. D'áirithigh eu-LISA freisin bainistiú oibríochtúil éifeachtach an bhonneagair fholuitigh, na líonraí agus na seirbhísí, comhlánaithe ag seirbhísí tacaíochta 24/7 d'úsáideoirí deiridh don phobal CGB, ag sroicheadh 97.8 % den ráta sástachta úsáide deiridh. In 2024 chuir an Ghníomhaireacht córais úrscothacha in ionad gach lasca líonra a bhí as dáta ar fud na láithreán agus na dtimpeallachtaí go léir chun feabhas breise a chur ar cháilíocht na seirbhísí a chuirtear ar fáil do na Ballstáit.

In 2024 chuaigh úsáideoirí nua isteach i bpobal Schengen, agus thug an Bhulgáir agus an Rómáin rochtain iomlán ar VIS i mí Aibreáin, agus bhí Frontex nasctha le SIS i mí an Mheithimh.

Lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh le cur chun feidhme an Rialacháin VIS athbhreithnithe chun feidhmiúlachtaí nua a chur leis, agus chun idir-inoibritheacht a bhaint amach leis na córais nua, go príomha EES agus ETIAS. Mar chéim thábhachtach chun idir-inoibritheacht VIS a bhaint amach b'éigean di a bunachar sonraí méarlorg a aistriú chuig an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (sBMS), rud a fhágann gur féidir úsáid a bhaint as na sonraí fíor-bhithmhéadracha VIS uile in sBMS. Tar éis cruinneas bithmhéadrach sBMS a thomhas le haghaidh EES, cuireadh torthaí dearfacha i gcrích lena ndeimhnítear comhlíonadh na gceanglas cáilíochta.

Chun tacú le cur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CET) lean eu-LISA de Eurodac a choinneáil ar bun agus chuir sé uasghráduithe ríthábhachtacha córais ar fáil. Tar éis ghlacadh an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, thosaigh an Ghníomhaireacht ar Eurodac nua a chur chun feidhme go pras le cur chuige nua forbartha agus leis na Rialacháin maidir le Scagadh, chun a áirithiú go dtiocfaidh sí i bhfeidhm go tráthúil i mí an Mheithimh 2026 ar a príomhfeidhmiúlachtaí.

Chomh maith leis na córais atá ann cheana a uasghrádú, tá córais nua TF á bhforbairt ag eu-LISA, mar aon leis an ailtireacht uileghabhálach idir-inoibritheachta do réimse CGB. In 2024 ba é príomhthosaíocht eu-LISA seachadadh an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES) a áirithiú. In 2024 sheachaid an Ghníomhaireacht leagan bonnlíne EES le raon feidhme feidhmiúil le haghaidh tástála comhlíontachta, rud a chruthaigh dea-cháilíocht an chórais toisc go bhfuil an tástáil le haghaidh EES agus VIS curtha i gcrích ag formhór na mBallstát agus Europol. Chuir an Ghníomhaireacht eisiúintí nua ar fáil freisin le haghaidh sBMS lena gcumhdaítear an chuid is mó den raon feidhme feidhmiúil (i gcás VIS, EES agus ECRIS-TCN). Thairis sin mar chéim shuntasach i dtreo teacht i bhfeidhm, rinne eu-LISA cleachtadh comhpháirteach i mí Dheireadh Fómhair (mar aon le sBMS agus VIS do EES), ag ionsamhlú seiceamh iomlán na ngníomhaíochtaí teacht i bhfeidhm, rud a chuir ar chumas na Gníomhaireachta ceachtanna luachmhara a fháil.

Mar sin féin, ní fhéadfadh an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) mar aon leis an gCóras Meaitseála Bithmhéadrach (sBMS) comhroinnte agus VIS do EES teacht i bhfeidhm i mí na Samhna 2024. Cuireadh moill ar theacht i bhfeidhm EES mar gheall ar imní faoi athléimneacht an chroíchórais, i.e. an cumas téarnamh ó chur isteach. I mí na Nollag 2024 mhol an Coimisiún tús forásach EES a thabhairt isteach, ó mhí Dheireadh Fómhair 2025 ar aghaidh, rud a chuirfeadh ar chumas na mBallstát an córas a imscaradh de réir a chéile ag a dtéarmaí seachtracha thar idirthréimhse 6 mhí.

Maidir leis an gCóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), mar aon le hionsamhlóir nuashonraithe an lárchórais in éineacht leis an ionsamhlóir saincheaptha ar an tairseach chuardaigh Eorpaigh (ESP), sheachaid an Ghníomhaireacht na sonraíochtaí bogearraí nuashonraithe agus samhlacha an chomhéadain úsáideora chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'ullmhúcháin na mBallstát do thástáil ghnó ó cheann go ceann. Ag an am céanna, lean eu-LISA ar aghaidh le forbairt an chórais atriailaigh, agus sheol sé treoirthionscadal nasctha an chomhéadain aonfhoirmigh náisiúnta (NUI) leis an tSualainn chun na naisc idir úsáideoirí deiridh agus lárchóras ETIAS a chuíchóiriú.

Rinneadh dul chun cinn maith freisin le **hullmhúcháin EES d'iompróirí paisinéirí**. Thairis sin in 2024, sheachaid an Gníomhaireacht gach feidhmchlár seirbhísí gréasáin EES, lena n-áirítear comhéadain ghréasáin thiomnaithe agus feidhmchláir mhóibíleacha le haghaidh taistealaithe agus iompróirí. Is iad seo na chéad feidhmchláir eu-LISA bunaithe ar an idirlíon agus shoghluaiste a forbraíodh go himmheánach.

I gcomhréir le fíis an Choimisiúin maidir le digitiú an cheartais, mhéadaigh an Gníomhaireacht a rannpháirtíocht leis an bpobal ceartais a thuilleadh. An 3 Meitheamh 2024, bhain eu-LISA garspriosc thábhachtach amach trí bhainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX a ghlacadh chuige féin go hoifigiúil. D'fhoill an feidhmchlár e-CODEX a chur i bhfeidhm, bhunaigh an Gníomhaireacht néalardán cuimsitheach (CCP) chun ardán slán agus lúfar a sholáthar, rud a fhágann gur féidir timpeallachtaí iarratais a chur ar bun níos tapúla agus a scálú níos éasca.

Maidir le córais nua atá á bhforbairt do réimse an cheartais, rinneadh dul chun cinn suntasach leis an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla maidir le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN). Chun gníomhaíochtaí forbartha a éascú rinne eu-LISA eisiúint deiridh ionsamhlóra ECRIS-TCN a sheachadadh chuig na Ballstáit agus chuig gníomhaireachtaí ceartais an Aontais (Europol, Eurojust agus OIPE) mar aon le dhá eisiúint lena gcumhdaítear formhór na bhfeidhmiúlachtaí.

Thosaigh eu-LISA freisin ar roinnt réiteach digiteach nua a fhorbairt lena ndaingneofar tuilleadh an ailtireacht TF atá mar bhonn faoi fheidhmiú cuí Schengen. In measc sin, go háirithe, ardán comhair na JITanna lena bhfeabhsófar éifeachtúlacht imscrúduithe agus ionchúisimh trasteorann, agus ródaire lárnach Prüm II lena gcuirfear bealach cumarsáide slán iontaofa ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí na hEorpa chun an choireacht trasteorann agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac. I rith na bliana thacaigh an Gníomhaireacht freisin leis an gCoimisiún le linn réamhchruinnithe maidir le Réamhródaire Faisnéise Paisinéirí lena n-éascófar sainaithint agus imréiteach taistealaithe le linn trasnú teorann.

Sa bhreis ar bhainistiú oibríochtúil na gcóras CGB lean eu-LISA de chúraimí reachtúla gaolmhara eile a chur i gcrích, amhail oiliúint d'úsáideoirí a chur ar fáil do na Ballstáit, liostaí d'údaráis ainmnithe a thiomsú, agus staidreamh bliantúil agus tuarascálacha feidhmíochta a ullmhú.

Tosaíocht 2: Feidhmíocht na Gníomhaireachta ó thaobh comhlíontachta de a fheabhsú

Ag cur leis an móiminteam a baineadh amach in 2023 maidir le moltaí iniúchóireachta atá fós gan réiteach a chur chun feidhme dhírigh eu-LISA ar aghaidh a thabhairt ar na moltaí atá fágtha ar an mbealach is éifeachtaí, agus ráta cur chun feidhme foriomlán de 97 % á bhaint amach faoi dheireadh na bliana agus moladh amháin atá fós gan réiteach ann go fóill.

In 2024 lean eu-LISA d'éifeachtúlacht agus d'éifeachtacht a chórais rialaithe inmheánaigh a fheabhsú agus a neartú. Chuige sin rinne an Gníomhaireacht measúnú ar a Creat Rialaithe Inmheánaigh agus bhunaigh sí córas chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar easnaimh shainaitheanta, ag díriú ar fheabhsuithe i réimse an bhainistithe conarthaí a bhaineann le cláir agus tionscadail oibríochtúla. Ghlac eu-LISA a chéad Straitéis Rialaithe Inmheánaigh freisin, mar aon leis an bplean gníomhaíochta a ghabhann léi, lena n-áirítear rialuithe inmheánacha a shainiú don mhodheolaíocht ríofa costas. Chun tacú le forbairt eagraíochtúil, agus chun feidhmíocht agus cáilíocht an rialachais a fheabhsú, lean an Gníomhaireacht de phlean feabhsúcháin an Chomhchreata Measúnaithe (CAF) a chur chun feidhme.

Lean an Gníomhaireacht dá rialú airgeadais a neartú, chomh maith leis an bpróiseas réamhaisnéise agus faireacháin buiséid, rud a d'fhág go raibh ráta ard cur chun feidhme buiséid ann, an buiséad vótáilte a úsáid go hiomlán, chomh maith le leibhéal na méideanna a tugadh anonn a laghdú go suntasach.

Lean an Gníomhaireacht freisin de na leibhéil is airde slándála faisnéise agus cosanta sonraí a áirithiú i gcomhréir iomlán le ceanglais cosanta sonraí agus le dianchaighdeáin slándála. Go háirithe dhírigh eu-LISA ar mheasúnú riosca a dhéanamh ar chórais CGB agus ar sheasamh slándála na gcóras TF uile atá faoina shainchúram a fheabhsú.

Tosaíocht 3: Rannpháirtíocht foirne a chothú trí áit iontach oibre a dhéanamh de eu-LISA d'fhoill tallann nua a mhealladh agus a choinneáil

I mí an Mhárta sheol an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tionscnamh nua um athrú eagraíochtúil – RAISE – chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do sheachadadh éifeachtúil mhisean na Gníomhaireachta, chun breislúach a thabhairt do gheallsealbhóirí agus chun áit iontach oibre a chothú. Leis an tionscnamh RAISE tugadh isteach freisin struchtúr eagraíochtúil athbhreithnithe, lena modhnaítear ranna atá ann cheana agus lena gcruthaítear ranna nua, mar aon le hathruithe ar leibhéal na n-aonad agus na n-earnálacha, chun scóip ár gclár a bhainistiú ar bhealach níos fearr agus chun forbairt bogearraí a fheabhsú.

Lean eu-LISA dá iarrachtaí freisin a ráta áitíochta a mhéadú trí líon mór ball foirne nua a earcú. Mar thaca leis sin, thug an Gníomhaireacht cleachtais earcaíochta cothrom le dáta freisin chun fad an phróisis roghnúcháin a ghiorrú go suntasach agus chun úsáid éifeachtach a bhaint as liostaí ionadaithe.

D'fhonn líon éagsúil iarrthóirí a mhealladh agus ar mhaithe lena háirithiú go bhfuil na daoine cearta aige sna poist chearta, lean eu-LISA dá ghníomhaíochtaí for-rochtana tallainne réamhghníomhacha le straitéis fheabhsaithe brandála agus earcaíochta fostóirí – láithreach mhéadaithe ar na meáin shóisialta agus spriocarcú gníomhach – rud a chuir go mór le líon na n-iarratas agus lena gcáilíocht. D'fhonn borradh a chur faoin éagsúlacht inscne dhírigh eu-LISA ar iarratais ó mhná a chur chun cinn. Lean an Gníomhaireacht ar aghaidh freisin lena clár soghluaisteachta inmheánaí chun fás gairmiúil a chothú agus chun leas a bhaint as inniúlachtaí na mball foirne a bhí ann cheana. Treisíodh cultúr agus luachanna na heagraíochta le fócas ar chothromaíocht inscne, ar éagsúlacht agus ar chuimsiú.

Tosaíocht 4: An Gníomhaireacht a ullmhú don todhchaí

Chun freastal ar riachtanais oibríochtúla mhéadaitheacha a eascraíonn as a shainordú leathnaithe bhunaigh eu-LISA an Clár um Méadú Acmhainne in 2021 chun roinnt tionscadal bonneagair idirghaolmhar a chomhdhlúthú chun acmhainn leordhóthanach lárionad sonraí a áirithiú chun córais TF nua agus córais TF atá ann cheana a imscaradh agus a bhainistiú go héifeachtúil agus go hinbhuanaithe, agus ag an am céanna leanúint d'infhaighteacht gan bhriseadh agus d'fhorbairt thráthúil na gcóras uile atá faoina shainchúram a ráthú. In 2024 tá an Gníomhaireacht ag díriú ar dhá thionscadal: lárionad sonraí modúlach i gcoimeádán a shuiteáil (réiteach solúbtha inscálaithe nach bhfuil aon ghníomhaíochtaí tógála ag teastáil ina leith) agus feabhas a chur ar an acmhainneacht chumhachta agus fuaraithe ag láithreán oibríochtúil Strasbourg.

Mar gheall ar chur siar an dara tionscadal sínte ag láithreán oibríochtúil Strasbourg ar chúiseanna airgeadais bhí ar eu-LISA aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb a bhaineann le spás oibre neamhleor ina áitreabh in Strasbourg. D'fhonn dálaí oibre na foirne agus éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú shínigh eu-LISA léas le haghaidh foirgneamh oifige nua in Strasbourg (ASPIRE), atá lonnaithe i gcomharsanacht Pharlaimint na hEorpa.

Thairis sin rinne an Gníomhaireacht iarrachtaí a lorg comhshaoil a laghdú agus a feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú agus rinneadh iniúchadh seachtrach uirthi le haghaidh deimhniú EMAS¹⁵, lena ndeimhnítear feidhmiú maith a córais bainistithe comhshaoil, a neartaíonn réitigh faireacháin comhshaoil é.

Ar mhaithe le héifeachtúlacht a fheabhsú, agus d'fhonn dlús a chur leis an bpróiseas forbartha, thosaigh an Gníomhaireacht ar bhealach nua oibre a phíolótú trí fhorbairt TF a fhoinsiú go himheánach seachas a bheith ag brath go hiomlán ar chonraitheoirí seachtracha, ag baint leas as próiseas atriallach agus lúfar agus as néalchumais le haghaidh réamhtháirgthe. D'fhonn feabhas a chur ar a fhorbairt eagraíochtúil agus ar a feidhmíocht, ghlac eu-LISA plean gníomhaíochta bainistithe straitéisigh chun bainistiú agus seachadadh na gcóras atá faoina shainchúram a neartú, dul chun cinn teicneolaíoch nua a ionchorprú (néal ceannasach, IS), mealladh agus coinneáil tallainne a fheabhsú, agus caidreamh lena gheallsealbhoirí a neartú.

In 2024 ghlac an Gníomhaireacht, Uachtaránacht Líonra Gníomhaireachtaí CGB (JHAAN) inar dhírigh sí ar chomhar idirghníomhaireachta a leathnú, claochlú digiteach a bhrú chun cinn, slándáil agus athléimneacht a fheabhsú chomh maith le tiomantas don fhreagracht shóisialta.

Tosaíocht 5: Teicneolaíochtaí agus nuálaíocht a fheabhsú

Bíonn eu-LISA réidh i gcónaí chun tacú leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún agus le gníomhaireachtaí an Aontais maidir le saincheisteanna a bhaineann le forbairt agus éabhlóid chórais faisnéise CGB atá faoina shainchúram, lena n-áirítear tacú le Grúpaí Comhairleacha agus le Boird Bainistíochta Cláir.

D'fhonn éabhlóid leanúnach chórais faisnéise CGB a áirithiú déanann eu-LISA faireachán ar thaighde, agus eagraíonn sé gníomhaíochtaí for-rochtana leis an tionscal agus leis an saol acadúil chun nuálaíocht agus digitiú a chothú. Chuir an Gníomhaireacht bailchríoch ar chur chun feidhme an Treochláir um Chaighdeánú chun Críocha Cáilíochta Sonraí. Ina theannta sin chuir an Gníomhaireacht bailchríoch freisin ar a Straitéis um Thaighde agus um Nuálaíocht don tréimhse 2025-2027, ina leagtar amach treo foriomlán na forbartha agus ina dtreoraítear éabhlóid inbhuanaithe fheidhm taighde eu-LISA. In 2024 d'fhoilsigh eu-LISA mionteagasc teicneolaíochta dhá chuid maidir le haitheantas bithmhéadrach chun forléargas inrochtana a chur ar fáil ar theicneolaíochtaí ábhartha do eu-LISA agus dá gheallsealbhoirí.

¹⁵ Bronnadh deimhniú EMAS ar an nGníomhaireacht an 1 Aibreán 2025.

Lean an Ghníomhaireacht de bheith ag óstáil imeachtaí comhchéime tionscail chun malartú tuairimí a chur chun cinn maidir le réimsí fócais roghnaithe, agus chun teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí nuálacha a thaispeáint, agus aghaidh á tabhairt ar riachtanais agus ar easnaimh chumais na mBallstát ag an am céanna. Tionóladh an chéad chruinniú comhchéime i mí an Mheithimh, in Antuairp na Beilge, faoin teideal ‘Going to the Cloud: Why it matters for the EU public sector and how to make it work’ chun plé a dhéanamh ar acmhainneacht chlaochlaitheach néalteicneolaíochtaí ceannasacha don earnáil phoiblí. Tionóladh an dara imeacht comhchéime i mí na Samhna, i mBúdaipeist na hUngáire, in éineacht le hUachtaránacht na hUngáire, faoin teideal ‘EU Justice and Home Affairs in the Age of AI: fostering innovations and managing risks’ chun plé a dhéanamh ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le réitigh IS-bhunaithe a úsáid i réimse CGB.

Thairis sin lean eu-LISA dá phunann bhithmhéadrach a fhorbairt. Go háirithe faoi Mhol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tSlándáil Inmheánach, bhunaigh an Ghníomhaireacht braisle nua a dhíríonn ar cháilíocht sonraí bithmhéadracha agus ar mheastóireacht ar chórais aitheantais bhithmhéadraigh.

Measúnú ar bhainistiú agus ar rialú inmheánach

Sa dara agus sa tríú cuid den tuarascáil seo tugtar forléargas ar bhainistíocht na Gníomhaireachta in 2023, lena n-áirítear achoimre ar an tuarascáil bhliantúil ar an gcreat rialaithe inmheánaigh (ICF), achoimre ar iniúchtaí, agus obair leantach i ndáil le barúlacha ón údarás um urscaoileadh.

Tá sraith córas TF mórsála casta agus mionsaothraithe á forbairt ag an nGníomhaireacht, agus tá sí ag teacht chun cinn i dtimpeallacht dhinimiciúil lena n-éilítear cur chuige sofheagrúil, agus comhlíonadh rialacha an Aontais á áirithiú an tráth céanna. Leis na cúinsí sin cruthaítear dúshláin bhreise agus brú breise ar obair agus ar eagrú na Gníomhaireachta.

Baineadh de thátal i dtuarascáil mheasúnaithe ICF 2024 go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh eu-LISA ann, go bhfuil sé feidhmiúil agus éifeachtach, cé go bhfuil gá fós le roinnt feabhsuithe. Tarraingíodh aird freisin in iniúchtaí éagsúla, lena n-áirítear iniúchtaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), ar réimsí ina bhféadfaí feabhas a chur orthu. I rith 2024 bhí an Ghníomhaireacht tiomanta go hiomlán d’fheabhsuithe a dhéanamh i réimsí easnaimh a sainaithníodh, ag díriú ar bhainistiú conarthaí a bhaineann le cláir agus tionscadail oibríochtúla. Bhí sé mar aidhm ag eu-LISA na moltaí iniúchóireachta a bhí fágtha a dhúnadh ar an mbealach ab éifeachtaí, trí thosaíocht a thabhairt do na cinn ba phráinní agus dóibh siúd a bhí ar feitheamh ar feadh na tréimhse ab fhaide.

ÉACHTAÍ

1

ÉACHTAÍ

I rith 2024 lean eu-LISA dá iarrachtaí rannchuidiú le limistéar Schengen lánfheidhmiúil athléimneach trí bhainistiú éifeachtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF an Aontais lena n-éascaítear bainistiú comhtháite teorainneacha agus comhar idir údaráis forfheidhmithe dlí ar fud na hEorpa. Rannchuidíonn gníomhaíochtaí eu-LISA le slándáil inmheánach agus saorghluaiseacht an Aontais, rud a dhéanann difear do na céadta milliún duine atá ina gcónaí san Eoraip agus a thaistealaíonn chuig limistéar Schengen ó gach cearn den domhan.

Rannchuidíonn sainordú agus príomhghníomhaíochtaí oibríochtúla na Gníomhaireachta le beartais an Aontais a chur chun feidhme i réimse an cheartais agus a ngnóthaí baile (CGB), ag díriú ar bhainistiú teorainneacha, ar shlándáil inmheánach, ar imirce agus ar thearmann, ar víosaí agus ar cheartas. Agus treoir á fáil aige ó straitéisí an Choimisiúin do limistéar Schengen agus d'Aontas Slándála an Aontais tá eu-LISA fós ag díriú ar ghníomhaíochtaí a rannchuidíonn le **héiceachóras láidir slándála Eorpach a thógáil**, go príomha trí chórais TF a bhainistiú agus a fhorbairt mar réitigh dhigiteacha chun rialú teorann agus comhar i bhforfheidhmiú an dlí a fheabhsú tuilleadh agus chun dul i mbun taighde agus nuálaíochta a bhaineann leis an tsándáil.

Le blianta beaga anuas tá eu-LISA dírithe ar chórais TF a uasghrádú agus a fhorbairt a bheidh ina **aittireacht idir-inoibritheachta chuimsitheach don réimse CGB**. Áirítear leis sin uasghrádú agus éabhlóid na gcórais faisnéise CGB atá ann cheana arb ionann iad agus bunchlocha ailtireacht Schengen. I dteannta a chéile déanfaidh na córais idir-inoibritheacha sin an bainistiú teorainneacha a athrú ó bhonn tríd an digitiú lena gcuirfear cur chuige cliste comhtháite ar fáil chun slándáil inmheánach na hEorpa a áirithiú, agus dea-eispéireas á chur ar fáil ag an am céanna do thaistealaithe a bhíonn ag taisteal chuig an limistéar Schengen.

Agus í ag leanúint dá hiarrachtaí a mhéadú i ndáil le **digitíú réimse CGB an Aontais** a chur chun cinn, dhírigh an Gníomhaireacht ar **chibearshlándáil** agus ar bhagairtí sa réimse cibearshlándála a chomhrac freisin, trí na hullmhúcháin riachtanacha a dhéanamh le haghaidh oibleagáidí a eascraíonn as rialacháin nua an Aontais maidir le cibearshlándáil agus slándáil faisnéise. Thairis sin cuireadh de chúram ar eu-LISA roinnt **réiteach digiteach nua** a fhorbairt lena ndaingneofar tuilleadh ailtireacht Schengen atá ann cheana, i.e. ardán comhair na JITanna, ródairí Prüm II agus API-PNR. Ina theannta sin rannchuidigh eu-LISA le hardán comhair slándála an Aontais EMPACT trí pháirt a ghlacadh i bpleananna gníomhaíochta oibríochtúla maidir le smuigleáil imirceach, airm thine agus cibirionsaithe.¹⁶

Lean eu-LISA freisin dá rannchuidiú le réimse ceartais an Aontais a leathnú i gcomhréir le fíis an Choimisiúin maidir le **digitíú an cheartais** trína rannpháirtíocht leis an bpobal ceartais a mhéadú agus trí chomhpháirtíochtaí níos dlúithe a bhunú.¹⁷

Mar Ghníomhaireacht an Aontais atá freagrach as bainistiú oibríochtúil agus forbairt córas faisnéise CGB, feidhmíonn eu-LISA mar chomhpháirtí lárnaigh do na Ballstáit, d'institiúidí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais trí shaineolas úrscothach a sholáthar trí chomhar réamhghníomhach agus malartú faisnéise a dhéanamh lena gheallsealbhoirí.

Ag ullmhú don am atá le teacht

An 14 Márta 2024, sheol Stiúrthóir Feidhmiúcháin eu-LISA **tionscnamh nua um athrú eagraíochtúil darb ainm RAISE** – chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do sheachadadh éifeachtúil mhisean na Gníomhaireachta, chun breisluach a thabhairt do gheallsealbhoirí agus chun áit iontach oibre a chothú.¹⁸ Leis an tionscnamh RAISE, tugadh isteach freisin **struchtúr eagraíochtúil athbhreithnithe**, lenar modhnaíodh ranna a bhí ann cheana agus lenar cruthaíodh ranna nua, mar aon le hathruithe ar leibhéal na n-aonad agus na n-earnálacha, d'fhonn scóip ár gclár a bhainistiú ar bhealach níos fearr, agus chun forbairt bogearraí a fheabhsú.

Ina theannta sin, chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun dlús a chur leis an bpróiseas forbartha, thosaigh an Gníomhaireacht ar **bhealach nua oibre a phíolótú** trí fhorbairt TF a fhoinsiú go hinmheánach seachas a bheith ag brath go hiomlán ar chonraitheoirí seachtracha, agus leas a bhaint freisin as próiseas atriallach agus lúfar, chomh maith le néalchumais le haghaidh réamhtháirgthe.

¹⁶ Le haghaidh tuilleadh eolais, féach leathanach an Choimisiúin maidir le EMPACT [An tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla].

¹⁷ Cumarsáid ón gCoimisiún maidir le *Digitalisation of Justice in the EU: A Toolbox of Opportunities* [Digitíú an cheartais san Aontas Eorpach: sraith uirlisí de dheiseanna], COM (2020) 710 final.

¹⁸ *Athnuachan* ár mbealaí oibre le bheith réidh lena bhfuil amach romhainn. *Lúfaireacht* agus trasnaíocht chun cur chuige “neamhstórais” a chothú. *Tionchar* chun luach soiléir a sholáthar dár bpáirtithe leasmhara. *Simpliú* ár bpróiseas agus feabhsú an chomhlíonta. *Cumhacht a thabhairt* agus páirt a ghlacadh chun áit iontach oibre a thógáil.

Chun feabhas a chur ar a fhorbairt eagraíochtúil agus ar a fheidhmíocht ghlac eu-LISA **plean gníomhaíochta bainistithe straitéisigh** chun bainistiú agus seachadadh na gcóras atá faoina shainchúram a neartú, dul chun cinn teicneolaíoch nua a ionchorprú (néal ceannasach, IS), mealladh agus coinneáil tallainne a fheabhsú, agus caidreamh lena gheallsealbhóirí a neartú.

1.1. SLÁNDÁIL INMHEÁNACH AGUS COMHAR I bhFORFHEIDHMIÚ AN DLÍ¹⁹

SIS

CÓRAS FAISNÉISE SCHENGEN

i bhfeidhm

Is é SIS an córas TF do shlándáil inmheánach agus do bhainistiú teorainneacha is mó agus is minice a úsáidtear san Eoraip lena n-éascaítear malartú faisnéise trí fholáirimh maidir le daoine agus ábhair a bhfuiltear sa tóir orthu nó atá ar iarraidh, mar aon le teoracha d'údaráis náisiúnta inniúla. Dá réir sin, is cuid lárnach d'ailtireacht Schengen é SIS, rud lena gcumasaítear bainistiú cliste agus éifeachtúil ar theorainneacha seachtracha an Aontais agus a chuireann leis an tslándáil inmheánach.²⁰

Eochair-bhuaicphointí

Nascadh Frontex le SIS curtha i gcrích go rathúil i mí an Mheithimh

Slándáil agus saorghluaiseacht feabhsaithe ar fud limistéar Schengen

Nascadh SIS le ETIAS dearadh críochnaithe agus tástáil fheidhmiúil

Príomhtháscairí feidhmíochta



99.78 %

INFHAIGHTEACHT

DE RÉIR SPRICE GO
POINTE ÁIRITHE



100 %

AGA FREAGARTHA

DE RÉIR SPRICE

Bainistiú oibríochtúil

D'áirithigh an Ghníomhaireacht oibriú éifeachtach agus leanúnach lárchóras SIS agus a fheidhmiúlacht bhithmhéadrach AFIS (córas uathobrithe um shainaithint méarlorg), lena gcuirtear infhaighteacht agus leanúnachas gan bhriseadh ar fáil d'úsáideoirí deiridh an chórais (i.e. údaráis náisiúnta agus gníomhaireachtaí an Aontais), chomh maith le tacaíocht oibríochtúil réamhghníomhach agus ardcháilíochta.

D'fhan feidhmíocht SIS agus AFIS laistigh de spriocanna riachtanacha ar leibhéal seirbhíse, le hinfaighteacht de 99.67 % agus aga freagartha de 99.99 %, ach amháin i gcás trí theagmhas rithabhachtacha i lárchóras SIS, a raibh neamh-infaighteacht iomlán de 13 uair an chloig agus 46 nóiméad mar thoradh orthu.

I mí an Mheithimh chomhtháthaigh an Ghníomhaireacht Frontex le SIS, arbh é an geallsealbhóir deireanach a bhí le nascadh de réir an phlean reatha. Leis an gcomhtháthú sin, is féidir le foirne tacaíochta Frontex um fhilleadh agus um bainistiú imirce rochtain a fháil ar shonraí in SIS agus iad a chuardach, rud lena gcuirtear ar a gcumas cúraimí a dhéanamh a bhaineann le seiceálacha teorann, faireachas teorann agus fillleadh.

¹⁹ Nóta maidir le struchtúr: Tá sé i gceist le grúpáil théamach na gcóras sa tuarascáil seo tacú le soiléireacht agus le héascaíocht na léitheoireachta. Mar sin féin, ní léirítear go hiomlán leis sin na caidrimh chasta idir córais nó a rannchuidiú ar fud réimsí beartais éagsúla. Tacaíonn go leor córas le roinnt réimsí oibríochtúla ag an am céanna, agus is minic a shíneann a dtionchar thar theorainneacha aon chaibidil amháin (e.g. cuireann SIS le bainistiú teorainneacha agus le himirce, API le bainistiú teorainneacha, tacaíonn Eurodac freisin le bainistiú teorainneacha). Ba cheart, dá bhrí sin, breathnú ar an struchtúr sin mar chúnamh insinte seachas aicmiú docht a dhéanamh ar ról an chórais.

²⁰ *Rialachán (AE) 2018/1860, Rialachán (AE) 2018/1861, agus Rialachán (AE) 2018/1862*, OJ L 312, 07.12.2018, agus *Rialachán (AE) 2022/1190*, OJ L 185, 12.07.2022.

Úsáid an chórais: sonraí stóráilte agus oibríochtaí



11.5 milliún

FOLÁIREAMH SA BHUNACHAR SONRAÍ

+3 % vs 2023

98.2 % MAIDIR LE DAOINE

1.8 % MAIDIR LE NITHE



15 bhilliún

CUARDACH

+2 % vs 2023

0.05 % BITHMHÉADRACHT (+66 %)

99.95 % ALFA-UIMHRÍÚIL (+2 %)



397 804

AMAS MAIDIR LE FOLÁIRIMH EACHTRACHA

+11 % vs 2023

Uasghráduithe agus dul chun cinn

Tar éis sheoladh rathúil SIS athnuaite i mí an Mhárta 2023, dhírigh eu-LISA ar ailtireacht agus feidhmiúlachtaí foriomlána roinnt éabhlóidí atá le teacht a shainiú le haghaidh feabhsuithe leanúnacha ar chórais. In 2024 chuir eu-LISA bailchríoch ar an dearadh ardleibhéil le haghaidh foláireamh nua faisnéise SIS, le haghaidh uirlis bainistithe feidhmchlár agus anailísíochta SIS, agus le haghaidh aistriú lárchóras SIS chuig ardán comhroinnte coiteann (CSP).

Chun bonneagar SIS a nuachóiriú, chun costais chothabhála amach anseo a laghdú, agus chun feidhmíocht agus leanúnachas gnó araon a fheabhsú, rinne eu-LISA dul chun cinn suntasach maidir le croí-bhunachar sonraí SIS a aistriú le réiteach nua réidh le haghaidh bailíochtú agus fóirú deiridh roimh an táirgeadh. Rinne an Ghníomhaireacht crua-earraí SIS a uasghrádú freisin chun riachtanais sonraí agus chuardaigh atá ag dul i méid a chomhlíonadh agus chun coinneáil suas leis na caighdeáin teicneolaíochta is déanaí.

Ina theannta sin thug an Ghníomhaireacht staidéar tábhachtach i gcrích le haghaidh oibríochtaí bainistithe sonraí SIS, agus anailís á déanamh ar an slabhra próiseála sonraí ar fad chun sláine sonraí agus feidhmíocht cur i bhfeidhm a fheabhsú, mar aon le feabhas a chur ar inscálaitheacht, solúbthacht agus athléimneacht maidir le méideanna móra sonraí a bhainistiú, agus aird ar leith á tabhairt ar chaillteanas sonraí a chosc.

An chaoi a dtéann SIS chun tairbhe do na Ballstáit agus do shaoránaigh an Aontais: sampla praiticiúil

Tugadh leanbh ar fhuadaigh a n-athair iad le chéile arís go sábháilte lena máthair laistigh de dhá lá trí oibríocht chomhordaithe tarrthála. Iontráladh foláireamh in SIS maidir le pláta feithicle athar, rud a d'fhág gurbh fhéidir iarracht trasteorann a dhéanamh lenar bhain údarais na Fraince, na hEilvéise, na Gearmáine agus na Danmhairge a rianaigh an fheithicil agus í ag taisteal ón bhFrainc tríd an Eilvéis agus tríd an nGearmáin go dtí an Danmhairg, áit ar gabhadh an fuadaitheoir. Sa chás sin, bhain na húdaráis úsáid as dhá phríomhfheidhmiúlacht SIS: **foláireamh maidir le Barántas Gabhála Eorpach** agus cuardach uathobrithe cumasaithe ag teicneolaíocht uathaitheanta uimhirphlátaí (ANPR).

Ullmhacht i gcomhair Idir-inoibritheachta

Dhírigh an Ghníomhaireacht ar chomhéadain a chur chun feidhme ba ghá chun Ullmhacht i gcomhair Idir-inoibritheachta SIS a áirithiú agus béim ar leith á leagan ar an nasc leis an gCóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) a bhunú chun cuardaigh uathobrithe a chumasú chun measúnú a dhéanamh ar cheart iontrála an iarratasóra, chomh maith le seirbhísí eile d'úsáideoirí deiridh an chórais. Mar éacht suntasach, in 2024, chuir an Ghníomhaireacht dearadh agus tástáil fheidhmiúil an mhodúil idirnaisc ba ghá i gcrích.

Dul chun cinn in aghaidh na gcúraimí agus na dtionscadal²¹

Tasc tionscadail/neamhthionscadail

Príomhtháirgí insoláthartha

Bainistiú oibríochtúil

Eochaírchuspóirí:

- oibriú éifeachtach agus leanúnach lárchóras SIS (AFIS san áireamh) agus tacaíocht d'úsáideoirí deiridh,
- infhaighteacht gan bhriseadh an chórais agus feidhmíocht éifeachtúil lárchóras SIS (lena n-áirítear AFIS).

Cothabháil CFS agus AFIS

gnó mar is gnách

Seachadta

- cothabháil éifeachtach leanúnach,
- seiceálacha comhsheasmhachta sonraí: ceardlanna maidir le cáilíocht sonraí agus bainistiú éilimh.

²¹ De réir an chlár oibre a leagtar amach i nDoiciméad Clársceidealaithe Aonair eu-LISA 2024-2026. **Ar an mbóthar ceart:** seachadadh de réir sceidil. **Ar siúl – gníomhaíocht ar bun:** leanfar de tar éis 2024. **Ar siúl – moillithe:** gníomhaíocht ar siúl, moill shuntasach uirthi. **Curtha siar:** níor cuireadh tús leis an gníomhaíocht in 2024. **Eile:** gníomhaíocht cumaiscthe le gníomhaíocht eile nó cealaithe, bainte de thosaíochtaí nó curtha ar feitheamh.

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Príomhtháirgí insoláthartha
Tacaíocht SIS d'úsáideoirí deiridh gnó mar is gnách	Seachadta - tacaíocht oibríochtúil le linn cur in úsáid eisiúintí nua, - tacaíocht leanúnach d'fheachtais tástála agus cháilíochta, - ullmhúcháin theicniúla um chomhtháthú Frontex curtha i gcrích.
Aistriú SIS chuig TEF/TOF²² seachadadh tionscadail: 2024	Ar siúl – moill air ionductú conraitheoir TEF/TOF curtha i gcrích, an ceann deireanach le tabhairt chun críche in 2025.
Uasghráduithe agus dul chun cinn	
Eochairchuspóirí: na héabhlóidí is gá a sheachadadh: foláireamh faisnéise nua, feidhmiúlacht uathoibrithe aghaidhe a aithint, méadú ar acmhainn lárchóras SIS.	
Foláireamh faisnéise nua SIS²³ seachadadh tionscadail: 2024 dáta seachadta: 2026 (lena n-áirítear FSA)	Ar siúl – moill air: dáta seachadta nuashonraithe d'fhonn díriú ar nascadh SIS-ETIAS - dearadh ardleibhéil curtha i gcrích, - anailís ar riachtanais a thabhairt chun críche.
Aistriú bunachair sonraí Oracle seachadadh tionscadail: 2024 dáta seachadta: 2025	Ar siúl – moill air: dáta seachadta nuashonraithe mar gheall ar chastacht theicniúil - ascnamh bunachair sonraí chuig an timpeallacht réamhtháirgthe curtha i gcrích, - an timpeallacht táirgthe a chumrú agus tús curtha le haistriú sonraí, - tástáil leanúnach ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear réiteach a fháil ar shaincheisteanna braite.
Uirlis bainistithe cur i bhfeidhm agus anailísíochta CFS seachadadh tionscadail: 2025 dáta seachadta: 2026 (lena n-áirítear FSA)	Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe - dearadh ardleibhéil curtha i gcrích, - anailís leanúnach ar riachtanais.
Socrú gníomhach-gníomhach SIS seachadadh tionscadail: 2025 dáta seachadta: 2028 (lena n-áirítear FSA)	Curtha siar Socrú gníomhach-gníomhach le cur chun feidhme sa chiseal iarratais in 2028.
Ascnamh lárchóras CFS chuig CSP seachadadh tionscadail: 2026 dáta seachadta: 2028 (lena n-áirítear FSA)	Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe - dearadh ardleibhéil curtha i gcrích, - anailís leanúnach ar riachtanais, - aistriú modúil idirnaisc SIS go leanúnach chuig CSP.
Aghaidh-aithint SIS seachadadh tionscadail: 2027 dáta seachadta: 2028 (FSA in 2029)	Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe mar gheall ar athbhreithniú ar an Treochlár Idir-inoibritheachta - anailís leanúnach ar riachtanais, - dearadh ardleibhéil curtha siar mar gheall ar thabhairt chun críche leanúnach na bhforálacha dlíthiúla.
Méadú ar acmhainn SIS seachadadh tionscadail: 2027 (FSA in 2028)	Ar siúl anailís leanúnach ar riachtanais agus dearadh ardleibhéil.
Ullmhacht i gcomhair Idir-inoibritheachta	
Príomhchuspóir: naisc a bhunú le ETIAS, VIS agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta: ESP, sBMS, MID, CRRS.	
Nascadh SIS le ETIAS seachadadh tionscadail: 2025 dáta seachadta: 2026 (FSA in 2027)	Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe mar gheall ar athbhreithniú ar an Treochlár Idir-inoibritheachta - dearadh agus tógáil curtha i gcrích, doiciméid deartha agus slándála san áireamh, - tástáil fheidhmiúil curtha i gcrích.

²² TEF – Creat Innealtóireachta Trasnaí, TOF – Creat Oibríochtúil Trasnach.

²³ Rialachán (AE) 2022/1190, IO L 185, 12.7.2022, lch. 1.

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Príomhtháirgí insoláthartha
Nascadh SIS le VIS seachadadh tionscadail: 2027 (FSA in 2028)	Ar siúl anailís leanúnach ar riachtanais agus dearadh ardleibhéil.
Nascadh SIS le comhpháirteanna idir-inoibritheachta seachadadh tionscadail: 2027 (lena n-áirítear FSA)	Ar siúl - dearadh ardleibhéil curtha i gcrích, - anailís ar cheanglais a thabhairt chun críche, ceanglais an Rialacháin maidir le Scagadh san áireamh.

PRÜM II

MALARTÚ SONRAÍ UATHOIBRITHE LE HAGHAIDH COMHAIR PÓILÍNEACHTA

á fhorbairt

Leis an ródaire nua, déanfar malartú faisnéise a nuachóiriú agus an comhar idir údaráis forfheidhmithe dlí na hEorpa a threisiú chun cionta coiriúla agus sceimhlitheoireachta trasteorann a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Trí nasc aonair nua a bhunú idir bunachair sonraí náisiúnta agus Europol, beifear in ann sonraí a mhalartú go huathoibríoch agus ar bhealach níos córasaí, agus na sonraí atá ar fáil ó ADN, ó mhéarloirg, agus ó chlárú feithiclí go híomhánna den aghaidh agus taifid phóilíneachta á leathnú ag an am céanna.²⁴

Eochair-bhuaiophointí

Dearadh coincheapúil agus scéalta úsáideoirí tugtha chun críche

Príomhtháscairí feidhmíochta

Foinse: SLA agus tuarascálacha tionscadail míosúla



Caiteachas ar bith den bhuiséad

COSTAS AN TIONSCADAIL

NÍ BHAINÉANN LE HÁBHAR



Athrú ar bith

SCEIDEAL AN TIONSCADAIL

DE RÉIR SPRICE



Athrú ar bith

RAON FEIDHME AN TIONSCADAIL

DE RÉIR SPRICE

Cur chun feidhme

I mí Aibreáin thosaigh eu-LISA ar cheanglais a shainiú le haghaidh cainéal cumarsáide aonair atá slán agus iontaofa ag a bhfuil feidhmiúlachtaí breise agus nasc le hailtireacht idir-inoibritheachta.²⁵ In 2024 chuir an Ghníomhaireacht bailchríoch ar dhearadh coincheapúil an ródaire nua, lena gcuirtear ailtireacht ardleibhéil dá bloic thógála agus dá cumarsáid ar fáil. Ag an am céanna, thacaigh eu-LISA leis an gCoimisiún trí ionchur teicniúil a chur ar fáil do cheanglais bhithmhéadracha an ródaire, d'ailtireacht theicniúil agus slándála.

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe
Cur chun feidhme	
Eochairchuspóirí:	
ródaire lárnach Prüm II a fhorbairt.	
Cur chun feidhme ródaire lárnach Prüm II seachadadh tionscadail: 2027 (lena n-áirítear FSA)	Ar siúl - anailís leanúnach ar dhearadh ardleibhéil agus ar riachtanais, - rannchuidiú le hullmhú na reachtaíochta tánaistí.

²⁴ Rialachán (AE) 2024/982 (Prüm II). Le tuilleadh eolais a fháil tabhair cuairt ar leathanach tiomnaithe Ard-Stiúrthóireacht an Bhaile maidir le comhar an Aontais i bhforfheidhmiú an dlí.

²⁵ Níor cuireadh tús leis an bhforbairt mar gheall ar aibíocht neamhleor na ndréachtmheasúnuithe tionchair.

Bunófar leis an ródaire API-PNR nasc díreach idir aeriompróirí agus údaráis inniúla teorann chun sainaithint agus imréiteach taistealaithe a éascú le linn an phróisis trasnaithe teorann trí shonraí taistealaithe agus faisnéis eilte ó aeriompróirí a bhailiú agus a aistriú chuig údaráis náisiúnta roimh theacht isteach dóibh.²⁶ A luaithe a bheidh sé oibríochtúil, rannchuideoidh an ródaire nua le feabhas a chur ar chomhlíonadh iompróirí leis an oibleagáid sonraí ábhartha a chur in iúl, agus an riosca earráidí agus mí-úsáide á laghdú ag an am céanna, rud a chuirfidh cosc ar bhagairtí ar an tslándáil inmheánach agus a thacóidh le freagairt níos éifeachtúla ar inimirce neamhdhleathach.

In 2024 thacaigh eu-LISA leis an gCoimisiún le linn réamhchruinnithe leis an tionscal agus leis na Ballstáit.

1.2. SCHENGEN, TEORAINNEACHA AGUS VÍOSA

VIS

CÓRAS FAISNÉISE VÍOSAÍ

i bhfeidhm

Mar cheann de chroíghnéithe na haitireachta Schengen tacaíonn VIS le comhbheartas víosaí an Aontais trí chúnamh a thabhairt d'údaráis víosaí Eorpacha iarratais víosaí a phróiseáil agus víosaí gearrfhanachta a bhainistiú do náisiúnaigh tríú tíortha atá ag taisteal chuig limistéar Schengen nó ag idirthuras tríd. Lena fheidhmiúlacht cuardaigh bhithmhéadrach, lena gcumasaítear sainaithint ag na teorainneacha, cuidíonn sé le calaois víosaí a chomhrac trí dhaoine nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir le dul isteach nó fanacht i limistéar Schengen a shainaithint.²⁷

Eochair-bhuaicphointí

Rochtain iomlán ar VIS don Bhulgáir agus don Rómáin cumasaithe i mí Aibreáin

VIS do EES na feidhmiúlachtaí uile ba ghá curtha ar fáil go rathúil

Cleachtadh rathúil le haghaidh aistriú sonraí bithmhéadracha ó BMS go sBMS

Príomhtháscairí feidhmíochta

Foinse: SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse



99.92 %

INFHAIGHTEACHT

DE RÉIR SPRICE GO
POINTE ÁIRITHE



99.89

AGA FREAGARTHA

DE RÉIR SPRICE GO
POINTE ÁIRITHE

Bainistiú oibríochtúil

D'áirithigh an Ghníomhaireacht oibriú éifeachtach agus leanúnach lárchóras VIS agus a chórais meaitseála sonraí bithmhéadracha (BMS), lena gcuirtear infhaighteacht agus leanúnachas gan bhriseadh ar fáil d'úsáideoirí deiridh an chórais (i.e. údaráis náisiúnta agus Europol), chomh maith le tacaíocht oibríochtúil réamhghníomhach agus ardcháilíochta.


D'fhan feidhmíocht VIS laistigh de na spriocanna riachtanacha ar leibhéal seirbhíse, le hinfaighteacht de 99.92 % agus aga freagarta de 99.89 % gan aon teagmhais rithábachtacha.

I mí Aibreáin chuir eu-LISA ar chumas na Bulgáire agus na Rómáine rochtain iomlán a fháil ar VIS, rud a chuir deireadh le seiceálacha ar dhaoine ag teorainneacha inmheánacha aeir agus farraige (nach bhfuil fós le haghaidh teorainneacha talún), agus ar an gcaoi sin a n-aontachas páirteach le Limistéar Schengen a mharcáil.

²⁶ Rialachán (AE) 2025/12 agus Rialachán (AE) 2025/13, IO L, 08.01.2025.

²⁷ Cinneadh ón gComhairle 2004/512/EC, agus Cinneadh ón gComhairle 2008/633/JHA, Cinneadh ón gCoimisiún 2008/602/EC, Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, agus Rialachán (AE) Uimh. 2021/1133, agus Rialachán (AE) 2021/1134.

Úsáid an chórais: sonraí stóráilte agus oibríochtaí²⁸



Uasghráduithe agus dul chun cinn

Le Rialachán athbhreithnithe VIS tugtar isteach feidhmiúlachtaí nua – go háirithe comhtháthú víosaí fadthartha agus ceadanna cónaithe – atá dírithe ar sheiceálacha slándála ar iarratasóirí ar víosa a fheabhsú.²⁹ Éilítear leis nuashonrú suntasach ar an lárchóras agus athdhearadh próiseas gnó. D’ainneoin na gceanglas teicniúil casta agus na reachtaíochta tánaistí atá ar siúl, le linn 2024, rinne eu-LISA dul chun cinn maidir leis an ailtireacht fhoriomlán a thabhairt cothrom le dáta agus leis na sonraíochtaí ba ghá le haghaidh na bhfeidhmiúlachtaí nua sin.

Ullmhacht i gcomhair Idir-inoibritheachta

In 2024 lean an Ghníomhaireacht de bheith ag díriú ar chomhéadain a fhorbairt a bhfuil gá leo chun ullmhacht idir-inoibritheacht VIS a áirithiú, agus béim ar leith á leagan ar nascadh leis an gCóras Dul Isteach/Imeachta (EES). Bunaíodh an cainéal cumarsáide díreach le EES chun sonraí a bhaineann le víosaí a aisghabháil ó VIS (fíorú céannachta agus bailíocht víosaí) ar an taobh VIS. In 2024 chuir eu-LISA timpeallachtaí tástála ar fáil do na Ballstáit chun forbairt náisiúnta a éascú agus thacaigh sé leo lena dtástáil chomhlíonta chun na ceanglais a chomhlíonadh.

Céim thábhachtach chun idir-inoibritheacht VIS a bhaint amach ba ea sonraí méarlorg (46 mhilliún comhad) a aistriú ó BMS chuig an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (sBMS) faoi mhí an Mheithimh. Bhain an Ghníomhaireacht garspíoc rithábhachtach amach trí fhíorshonraí bithmhéadracha VIS a úsáid chun tacú le tomhais chruinnis sBMS i bhfianaise an EES a bheidh ann amach anseo.

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Bainistiú oibríochtúil

Eochairchuspóirí:

- oibriú éifeachtach agus leanúnach lárchóras VIS (BMS san áireamh) agus tacaíocht d’úsáideoirí deiridh,
- infhaighteacht gan bhriseadh an chórais agus feidhmíocht éifeachtúil lárchóras VIS (lena n-áirítear BMS).

Cothabháil VIS

gnó mar is gnách

Seachadta

- cothabháil éifeachtach leanúnach,
- ullmhúcháin teicniúla chun rochtain iomlán don Bhulgáir agus don Rómáin a chumasú.

Uasghráduithe agus dul chun cinn

Eochairchuspóirí:

- na héabhlóidí is gá a sheachadadh, i.e. feidhmiúlachtaí breise ó VIS athbhreithnithe a chur chun feidhme,
- tús a chur leis na hullmhúcháin chun ardán an Aontais um iarratais ar víosaí (EU VAP) a fhorbairt.

Díchoimisiúnú sheanchórais VIS

seachadadh tionscadail: 2025
dáta seachadta: 2028

Curtha siar – mar gheall ar athbhreithniú ar an Treochlár Idir-inoibritheachta

- ní mór VIS reatha a chothabháil go dtí go dtiocfaidh VIS athbhreithnithe i bhfeidhm.

Cur chun feidhme athbhreithnithe VIS

seachadadh tionscadail: 2027
dáta seachadta nua de 2027 (FSA in 2028)

Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe mar gheall ar athbhreithniú ar an Treochlár Idir-inoibritheachta

- anailís ar cheanglais agus dearadh ardleibhéil, lena n-áirítear doiciméid deartha a thabhairt cothrom le dáta le haghaidh an Rialacháin maidir le Scagadh (rialú comhéadain agus sonraíocht teicniúil mhionsonraithe),
- tacú leis an gCoimisiún reachtaíocht thánaisteach a thabhairt chun críche.

²⁸ De réir an bheartais coinneála: scriostar iarratais (méarlorg/iomhánna den aghaidh san áireamh) go huathoibríoch tar éis 5 bliana. In 2024 scriosadh na sonraí a stóráladh in 2019.

²⁹ Rialachán (AE) 2021/1134 an 7 Iúil 2021 chun críche an Córais Faisnéise Víosaí a athchóiriú, IO L 248, 13.7.2021.

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe
Cur chun feidhme EU VAP seachadadh tionscadail: 2027 dáta seachadta nua de 2028 (FSA in 2029)	Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe mar gheall ar iarraidh an Choimisiúin ar athbheartú tosaíochtaí ■ tacú leis an gCoimisiún reachtaíocht thánaisteach a dhréachtú.
Ullmhacht i gcomhair Idir-inoibritheachta	
Eochairchuspóirí: ■ na naisc le EES, ETIAS agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta a bhunú: ESP, SCSC, MID.	
Nascadh VIS le EES seachadadh tionscadail: 2027 dáta seachadta nua de 2025 (FSA in 2025)	Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe mar gheall ar athbhreithniú ar an Treochlár Idir-inoibritheachta ■ cuireadh tástáil chomhlíonta na mBallstát i gcrích, ■ ascnamh leanúnach fheidhmiúlacht cuardaigh bhithmhéadraigh VIS chuig an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (sBMS) le cleachtaí onnmhairithe sonraí agus ascnaimh, ■ VIS-EES réidh le bheith beo ar an taobh VIS.
Nascadh VIS le ETIAS agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta seachadadh tionscadail: 2025 dáta seachadta nua de 2026 (i gcás ETIAS, leis an FSA in 2027); 2027 (maidir le comhpháirteanna idir-inoibritheachta, leis an FSA in 2028)	Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe mar gheall ar athbhreithniú ar an Treochlár Idir-inoibritheachta ■ anailís leanúnach ar riachtanais agus dearadh ardleibhéil.

Tá EES ar cheann de na córais TF nua a bhfuil sé mar aidhm leis bainistiú teorainneacha seachtracha an Aontais a nuachóiriú trí sheiceálacha uathobrithe teorann a chur in ionad stampáil de láimh pasanna. Leis an gcóras beifear in ann clárú leictreonach a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha limistéar Schengen le haghaidh gearrfhanachta agus a thaifeadfaidh diúltuithe cead isteach. Dá réir sin éascófar leis faireachán ar thréimhsí fanachta údaraithe agus rófhantóirí a shainaithint, slándáil limistéar Schengen a threisiú agus rannchuidiú le himirce neamhrialta a chosc. Tacóidh uathobriú na seiceálacha teorann leis na Ballstáit freisin bainistiú a dhéanamh ar shreafaí taistealaithe atá ag dul i méid, dlús a chur le trasnú teorann, agus nósanna imeachta ag pointí trasnaithe a bharrfheabhsú ag an am céanna.³⁰

Eochair-bhuaicphointí

Feidhmiúlachtaí bonnlíne EES
seachadta do na Ballstáit agus
do Europol

Seirbhísí gréasáin EES
seachadta go rathúil

Seachadadh céaduaire
feidhmchlár bunaithe ar an
idirlión agus feidhmchlár
móibíleach


Eochairtháscairí feidhmíochta³¹



Athrú ar bith
COSTAS AN TIONSCADAIL
DE RÉIR SPRICE



Athrú de bhliain amháin
SCEIDEAL AN TIONSCADAIL
NÍL SÉ DE RÉIR SPRICE



Athrú ar bith
RAON FEIDHME AN
TIONSCADAIL
DE RÉIR SPRICE

Cur chun feidhme

I rith 2024 dhírigh an Ghníomhaireacht go gníomhach ar ullmhacht theicniúil EES a bhaint amach. Ag deireadh mhí Eanáir, bhain eu-LISA garspríoc mhór amach i bhforbairt an chórais trí gach feidhmiúlacht a chur ar fáil do EES. Dheimhnigh torthaí tástála ina dhiaidh sin ó na Ballstáit agus ó Europol dea-cháilíocht dhearadh an chórais a soláthraíodh. Cé gur baineadh amach ullmhacht theicniúil an chórais, lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh le tástáil chun spriocanna cáilíochta a bhaineann le hathléimneacht a bhaint amach, rud a chuir cosc ar roinnt Ballstát a n-ullmhacht a dhearbhu.

Cuireadh moill ar theacht i bhfeidhm EES mar gheall ar imní faoi athléimneacht an chroíchórais, i.e. an cumas téarnamh ó chur isteach. I mí na Nollag 2024 mhol an Coimisiún tús forásach EES a thabhairt isteach, ó mhí Dheireadh Fómhair 2025 ar aghaidh, rud a chuirfeadh ar chumas na mBallstát an córas a imscaradh de réir a chéile ag a dtéorainneacha seachtracha thar idirthréimhse 6 mhí.³²

Mar chéim shuntasach i dtreo teacht i bhfeidhm, rinne eu-LISA cleachtadh comhpháirteach i mí Dheireadh Fómhair chun measúnú a dhéanamh ar na próisis ghnó ó cheann go ceann agus ar an idirghníomhaíocht le córais náisiúnta. Trí sheicheamh iomlán na ngníomhaíochtaí teacht i bhfeidhm a ionsamhlú, bhí an Ghníomhaireacht agus úsáideoirí deiridh in ann ullmhacht a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar bhearnaí sainaitheanta.

Ullmhacht i gcomhair Idir-inoibritheachta

Dhírigh an Ghníomhaireacht ar na comhéadain ba ghá a chur chun feidhme d'fhonn ullmhacht EES i gcomhair Idir-inoibritheachta a áirithiú, agus béim ar leith á leagan ar an nasc le VIS chun sonraí a bhaineann le víosaí a aisghabháil go huathobríoch chun seiceálacha teorann a fheabhsú. In 2024 lean eu-LISA d'fheidhmeanna

³⁰ *Rialachán (AE) 2017/2225 agus 2017/2226, IO L 327, 09.12.2017.*

³¹ I gcomparáid leis an Treochlár Idir-inoibritheachta amhail an 31 Nollaig 2024. Maidir le costas an tionscadail: mar a shonraítear sna tuarascálacha leathbhliantúla ar dhul chun cinn, d'fhan na costais a bhain le croíforbairt EES laistigh den imchúldach sainithe ag an LFS tosaigh agus in CAI 2021-2027.

³² De réir na hamlíne athbheithnithe a d'fhorghuinigh an *Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 5 Márta 2025.*

foriomlána an chórais a thástáil idir EES, VIS agus sBMS. Ina theannta sin cuireadh i gcrích tomhas chruinneas bithmhéadrach sBMS le haghaidh EES, agus baineadh amach torthaí dearfacha lena ndeimhnítear comhlíonadh na gceanglas cáilíochta.

Seirbhísí gréasáin EES/ETIAS

Ar mhaithe le próiseáil chuíchóirithe taistealaithe atá ag teacht isteach a áirithiú cuirfidh EES agus ETIAS seirbhísí gréasáin comhroinnte ar fáil d'iompróirí paisinéirí (aerlíne, muirí agus bóithre) agus do thaistealaithe, rud a chuirfidh ar a gcumas bailíocht na ndoiciméad taistil a sheiceáil sula rachaidh siad ar bord. In 2024 sheachaid an Ghníomhaireacht gach feidhmchlár seirbhísí gréasáin EES, lena n-áirítear comhéadain gréasáin thiomnaithe agus feidhmchláir mhóibíleacha le haghaidh taistealaithe agus iompróirí. Is garspriocanna suntasacha do eu-LISA iad na héachtaí sin: is iad an tairseach gréasáin iompróra agus na bogearraí comhéadain córas go córas na chéad fheidhmchláir bunaithe ar an idirlíon de chuid eu-LISA agus an feidhmchlár móibíleach a forbraíodh go hinmheánach. Ag an am céanna, chuir an Ghníomhaireacht bailchríoch freisin ar na ceanglais maidir leis na huirlisí ar líne le haghaidh ionductú agus tacaíocht iompróra – réiteach inscálaithe um chlárú, ionductú, tuairisciú saincheisteanna agus cúnamh a lorg agus EES á úsáid, mar aon le bota comhrá le cumas aistriúcháin don leathanach gréasáin agus don fheidhmchlár soghluaiste.

I rith na bliana lean an Ghníomhaireacht d'iompróirí cláraithe a ionductú le go mbeidís in ann a gcórais a nascadh le EES. Faoi dheireadh na bliana, bhí tástáil déanta ag 97 % den phobal iompróra agus tá siad réidh le haghaidh oibríochtaí.

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe
Bainistiú oibríochtúil	
Eochairchuspóirí: seirbhísí agus tacaíocht gan bhriseadh (gan bhriseadh mar gheall ar easpa ceadúnais agus tacaíochta bailí).	
Crua-earraí EES, tacaíocht COTS agus coinneáil ar bun ceadúnas gnó mar is gnách	Seachadta ceadúnais agus tacaíocht EES a athnuachan go tráthúil, agus cruu-earraí agus bogearraí is táirgí le ceannach i siopa (COTS) a chumrú le haghaidh EES, VIS agus BMS.
Crua-earraí seirbhísí gréasáin, tacaíocht COTS, coinneáil ar bun ceadúnas gnó mar is gnách	Seachadta ceadúnais agus tacaíocht EES a athnuachan go tráthúil, agus cruu-earraí agus bogearraí is táirgí le ceannach i siopa (COTS) a chumrú le haghaidh EES, VIS agus BMS.
Cur chun feidhme	
Eochairchuspóirí: cur chun feidhme EES agus seirbhísí gréasáin a thabhairt chun críche.	
Cur chun feidhme EES seachadadh tionscadail: 2024 (seachadadh), 2025 (FSA) dáta seachadta nua de 2025 (idirthréimhse fhorásach de 6 mhí, FSA in 2026)	Ar siúl – moill curtha air mar gheall ar neamh-ullmhacht athléimneacht an chórais agus moill ar an leibhéal náisiúnta - feidhmiúlachtaí bonnlíne uile EES seachadta do na Ballstáit agus do Europol, lena n-áirítear éabhlóid VIS agus sBMS, cleachtadh tomhais cruinnis, - timpeallachtaí tástála cobhsaí curtha ar fáil, tástálacha comhlíonta curtha i gcrích ag Europol, 25 Bhallstát agus ceithre thír chomhlachaithe, tástáil ghnó ar siúl go dtí go a theacht i bhfeidhm, - aistriú i bhfeidhm leanúnach: cleachtadh maidir le teacht i bhfeidhm, uirlisí a aimsiú agus bealaí cumarsáide a chur ar bun leis na Ballstáit.
Cur chun feidhme seirbhísí gréasáin seachadadh tionscadail: 2025 (FSA) dáta seachadta nuashonraithe de 2026 (lena n-áirítear FSA)	Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe mar gheall ar an athbhreithniú ar Threochlár Idir-inoibritheachta - gach feidhmchlár seirbhísí gréasáin a seachadta (comhéadan córas go córas, tairseach ghréasáin, leathanach gréasáin, feidhmchlár), uirlis ar líne ionductaithe agus tacaíochta, - lárionad oibríochtaí slándála agus seirbhís tacaíochta tástála iompróra curtha ar bun, - clárú/ionductú leanúnach iompróra, lena n-áirítear cruinnithe rialta le páirtithe leasmhara.
Aistriú i bhfeidhm seirbhísí gréasáin seachadadh tionscadail: 2025 dáta seachadta: 2026	Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe mar gheall ar an athbhreithniú ar Threochlár Idir-inoibritheachta ar siúl, oiliúint a bheith á cur ar fáil don bhainistiú oibríochtúil san áireamh.

Ullmhacht i gcomhair Idir-inoibritheachta	
Eochairchuspóirí: naisc a bhunú le VIS, ETIAS, agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP, sBMS, MID, CRRS).	
Nascadh EES le ETIAS seachadadh tionscadail: 2025 dáta seachadta nuashonraithe de 2026 (FSA in 2027)	Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe mar gheall ar an athbhreithniú ar Threochlár Idir-inoibritheachta anailís leanúnach ar riachtanais agus dearadh ardleibhéil.
Nascadh EES le comhpháirteanna idir-inoibritheachta seachadadh tionscadail: 2026 (EiO), FSA in 2027 dáta seachadta nuashonraithe de 2027 (FSA in 2027-2028)	Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe mar gheall ar an athbhreithniú ar Threochlár Idir-inoibritheachta - anailís leanúnach ar riachtanais agus dearadh ardleibhéil, - measúnú tionchair ar cháilíocht lorg neamhfholas agus lorg dearaman, lena dtugtar aghaidh ar gach oibríocht le haghaidh EES, VIS, ECRIS-TCN agus SIS, - oibriú ar fheidhmiúlacht tuairiscithe neamhspleách chun an chéad tréimhse oibríochta a chumhdach sula ndéantar í a chomhtháthú le CRRS, measúnú tionchair do chomhpháirteanna CRRS.

ETIAS

AN CÓRAS EORPACH UM FHAISNÉIS AGUS ÚDARÚ TAISTIL

á fhorbairt

Mar chomhlánú ar an gCóras Dul Isteach/Imeachta, tabharfaidh ETIAS isteach údarú réamhthaistil ar líne do náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus iad ag taisteal chuig limistéar Schengen le haghaidh gearrfhanachta. Chomh maith le nósanna imeachta trasnaithe teorann a éascú do thaistealaithe dlisteanacha, leis an gcóras scagtha réamhthaistil beifear in ann rioscaí slándála, imirce nó sláinte poiblí a d’fhéadfadh a bheith ann a shainaithint roimh ré, ar rioscaí iad a d’fhéadfadh a bheith ina bhforas le cead isteach a dhiúltú i 30 tír Eorpach. Déanfaidh iompróirí agus gardaí teorann ag an teorainn sheachtrach seiceáil ar údaruithe taistil ETIAS sula dtéann siad ar bord. Ina theannta sin cuirfidh ETIAS agus EES seirbhísí gréasáin comhpháirteacha ar fáil d’iompróirí agus do thaistealaithe.³³

Eochair-bhuaicphointí

Sonraíochtaí bogearraí ETIAS agus samhlacha comhéadain úsáideora seachadta

Ionsamhlóir lárchóras ETIAS mar aon le hionsamhlóir saincheaptha ESP seachadta

Fiosruithe bogearraí ETIAS agus ESP rochtain chéaduaire d’úsáideoirí deiridh

Eochairtháscairí feidhmíochta³⁴



Athrú ar bith
COSTAS AN TIONSCADAIL
 DE RÉIR SPRICE



Athrú ar bith
SCEIDEAL AN TIONSCADAIL
 DE RÉIR SPRICE



Athrú ar bith
RAON FEIDHME AN TIONSCADAIL
 DE RÉIR SPRICE

Cur chun feidhme

I rith 2024 bhí eu-LISA ag obair chun dearadh lárchóras ETIAS a chur i gcrích, in ainneoin na spleáchas le comhpháirteanna comhroinnte EES (i.e. seirbhísí gréasáin) agus sonraíochtaí idir-inoibritheachta. Chomh maith le seachadadh an **ionsamhlóra lárchórais** nuashonraithe in éineacht le **hionsamhlóir na Tairsí Cuardaigh Eorpaí (ESP)**, chuir an Ghníomhaireacht na **sonraíochtaí bogearraí nuashonraithe agus samhlacha an chomhéadain úsáideora** ar fáil freisin d’fhonn tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na Ballstáit a gcórais náisiúnta a ullmhú agus a thástáil, in gcomhar le Frontex agus Europol.

Ag an am céanna, lean eu-LISA d’fhorbairt atriallach a dhéanamh ar an gcóras. Chun ullmhú don tástáil atá le teacht sheol an Ghníomhaireacht **treoirhionscadal nasc an chomhéadain aonfhoirmigh náisiúnta (NUI)** leis an tSualainn chun na naisc idir úsáideoirí deiridh agus lárchóras ETIAS a chuíchóiriú. Ina theannta sin

³³ *Rialachán (AE) 2018/1240* agus *Rialachán (AE) 2018/1241*, IO L 236, 19.09.2018.

³⁴ I gcomparáid leis an Treochlár Idir-inoibritheachta amhail an 31 Nollaig 2024.

chuir an Ghníomhaireacht **rochtain ar bhogearraí ETIAS agus ar cheisteanna ESP** ar fáil d'úsáideoirí deiridh, le tacaíocht ó ionsamhlóir chun sonraí sintéiseacha a chruthú (cosúil le fiordhálaí domhanda) dá dtástáil ó cheann go ceann ghnó.

Maidir le seirbhísí gréasáin, cuirtear na comhpháirteanna i bhfeidhm mar chuid den fhorbairt atá beartaithe ar sheirbhís gréasáin EES agus athúsáidfídh ETIAS iad, toisc go bhfreastalóidh siad ar EES agus ar ETIAS araon.

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadal	
Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe
Bainistiú oibríochtúil	
Eochairchuspóirí:	
■ leanúnachas na seirbhísí innealtóireachta agus oibríochtúla ETIAS seachfhoinsithe seachadta ag conraitheoirí nua.	
Aistriú ETIAS chuig TOF	Curtha siar
seachadadh tionscadail: 2025	■ cuirfear tús leis an ngníomhaíocht in 2025.
Cur chun feidhme	
Eochairchuspóirí:	
■ ETIAS a chur chun feidhme agus bailchríoch a chur ar chur chun feidhme seirbhísí gréasáin.	
Cur chun feidhme ETIAS	Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe mar gheall ar an Treochlár Idir-inoibritheachta athbhreithnithe
seachadadh tionscadail: 2025	■ anailís agus dearadh a thabhairt chun críche: dearadh doiciméad a thabhairt cothrom le dáta (i.e. cásanna úsáide gnó, measúnú tionchair ar chosaint sonraí, rialú comhéadain), ceanglais a bheith bailithe maidir le hionduchtú agus uirlis tacaíochta agus bota comhrá na n-iompróirí,
dáta seachadta nuashonraithe de 2026 (FSA in 2027)	
	■ forbairt an lárchórais: ionsamhlóir nuashonraithe a sheachadadh le hinsamhlóir saincheaptha ESP, roinnt samhlacha bogearraí, ionsamhlóir comhpháirteanna ceolfhoirne, agus liosta faire, comhéadain aonfhoirmeacha náisiúnta a oiriúnú, ullmhóidí criosanna idirlín,
	■ tástáil leanúnach ar an leibhéal lárnach/náisiúnta (i.e. nascacht agus tástáil ghnó), lena n-áirítear croíchrios ETIAS (píblíne leanúnach chomhtháthaithe, seachadta agus cur chun úsáide,
	■ comhoibriú le Frontex maidir leis an tsamhail tacaíochta oibríochtúla, agus le Europol maidir le nasc bunachar sonraí,
	■ tacú leis an gCoimisiún reachtaíocht thánaisteach a thabhairt chun críche: Leasuithe iarmhartacha ar ETIAS, VIS athbhreithnithe, Eurodac nua, an Rialachán maidir le Scagadh.
Ullmhacht i gcomhair Idir-inoibritheachta	
Eochairchuspóirí:	
■ na naisc le VIS, SIS, EES agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta a bhunú: ESP, MID, CRRS.	
Nascadh ETIAS le VIS agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta	Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe mar gheall ar an Treochlár Idir-inoibritheachta athbhreithnithe
seachadadh tionscadail: 2026	■ anailís leanúnach ar riachtanais agus dearadh ardleibhéil chun nascadh le VIS, SIS agus EES, agus tacaíocht do bhainistiú naisc MID,
dáta seachadta nuashonraithe de 2026 (FSA in 2027)	
	■ comhtháthú VIS le comhpháirteanna idir-inoibritheachta: ESP, SCSC, CRRS.

1.3. IMIRCE AGUS TEARMANN

Eurodac

AN BUNACHAR SONRAÍ DACHTALASCÓPACHTA EORPACH

i bhfeidhm

Is é Eurodac bunachar sonraí méarlorg digiteach an Aontais a úsáidtear chun a shuí cén Ballstát atá freagrach as iarratais ar thearmann a scrúdú. Cuidíonn an córas leis na Ballstáit a chinneadh ar éiligh iarratasóir tearmann roimhe sin i mBallstát trí mhéarloirg iarratasóirí nua a chur i gcomparáid leo siúd atá sa bhunachar sonraí. Úsáidtear Eurodac freisin chun na daoine a ghabhtar a shainathint mar gheall ar thrasnuithe teorann neamhdhleathacha agus fanacht neamhdhleathach i limistéar Schengen. Féadfaidh gníomhaireachtaí náisiúnta forfheidhmithe dlí agus Europol rochtain a fháil ar an mbunachar sonraí faoi choinníollacha docta chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.³⁵

Eochair-bhuaicphointí

Tús curtha le forbairt nua Eurodac agus cur chuige nua ann

An chéad sraith de dhoiciméadacht ghnó agus theicniúil seachadta

Deimhnithe DubliNet nuashonraithe

Príomhtháscairí feidhmíochta



99.91 %

INFHAIGHTEACHT

DE RÉIR SPRICE GO
POINTE ÁIRITHE



99.99 %

AGA FREAGARTHA

DE RÉIR SPRICE

Úsáid an chórais: sonraí stóráilte agus oibríochtaí³⁶



11.5 milliún
TACAIR SONRAÍ STÓRÁILTE
(TACAIR MÉARLORG)

+4 % vs 2023

11.5 milliún IARRTHÓIRÍ TEARMAINN (+5 %)

11.5 milliún TRASNUITHE TEORANN NEAMHRIALTA (-10 %)



11.5 milliún
SONRAÍ TRASCHURTHA

-17 % vs 2023

829 000 IARRTHÓIRÍ TEARMAINN (-17 %)

212 000 TRASNUITHE TEORANN NEAMHRIALTA (-29 %)

Bainistiú oibríochtúil

D'airithigh an Gníomhaireacht oibriú éifeachtach agus leanúnach lárchóras Eurodac in éineacht le DubliNet, lena gcuirtear infhaighteacht agus leanúnachas gan bhriseadh ar fáil d'úsáideoirí deiridh an chórais (údarais náisiúnta agus gníomhaireachtaí an Aontais), chomh maith le tacaíocht oibríochtúil réamhghníomhach agus ardcháilíochta.

D'fhan feidhmíocht Eurodac laistigh de na spriocanna leibhéal seirbhíse riachtanacha, le hinfhaighteacht de 99.91 % agus aga freagartha de 99.99 %, seachas i gcás dhá theagmhas rithábhachtacha sa chóras lárnach a raibh i gceist leo neamh-infhaighteacht iomlán de 4 uair an chloig agus 18 nóiméad.

³⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003 ón gCoimisiún, agus Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, Rialachán (AE) Uimh. 604/2013, Rialachán (AE) 2024/1356 agus Rialachán (AE) 2024/1358.

³⁶ De réir an bheartais coinneála: 10 mbliana i gcás iarratas ar thearmann, 18 mí i gcás trasnú teorann neamhrialta.

Cur chun feidhme

Le glacadh Rialachán nua Eurodac (agus na Rialachán maidir le Scagadh) i mí na Bealtaine 2024, mar chuid den **Chomhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann** de chuid an Aontais, déanfar raon feidhme an chórais a leathnú go suntasach, agus an bunachar sonraí méarlorg atá ann cheana á thiontú ina **bhunachar sonraí lánfheidhme maidir le tearmann agus imirce**.³⁷ Leis na hathruithe tabharfar isteach sonraí alfa-uimhriúla agus bithmhéadracht aghaidhe chun dlús a chur leis an bpróiseas iarratais ar thearmann agus chun é a fheabhsú, agus tacófar leis an gcóras tearmainn agus le gluaiseachtaí neamhúdaraithé laistigh de limistéar Schengen a bhrath ag an am céanna. Leis an gcomhtháthú leis an ailtireacht idir-inoibritheachta, beifear in ann céannachtaí a chuardach agus a chros-seiceáil ar fud na gcóras CGB uile.

Ós rud é gur réamhchoinníoll ríthábhachtach é **teacht i bhfeidhm Eurodac faoin 12 Meitheamh 2026** d'fhonn gnéithe eile den Chomhshocrú a chur chun feidhme, chuir an Ghníomhaireacht tús láithreach lena cur chun feidhme an 12 Meitheamh 2024, ag tosú le hanailís ar cheanglais agus dearadh ardleibhéil, agus tús áite á thabhairt d'fheidhmiúlachtaí tábhachtacha. I mí na Nollag bhain eu-LISA garsprioc thábhachtach amach trí chomhaontú a bhaint amach maidir leis na príomhcheanglais ghnó agus theicniúla leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún agus le Europol. D'fhonn éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun dlús a chur leis an bhforbairt, thosaigh an Ghníomhaireacht ar bhealach nua oibre a phiolótú trí fhorbairt TF a fhoinsiú go himmheánach seachas a bheith ag brath go hiomlán ar chonraitheoirí seachtracha, agus leas á bhaint freisin as próiseas atriallach agus lúfar, chomh maith le néalchumais don réamhtháirgeadh.

Uasghráduithe agus dul chun cinn

I rith 2024 lean eu-LISA de Eurodac a choinneáil ar bun agus chuir sé **uasghráduithe ríthábhachtacha ar an gcóras** ar fáil, lena n-áirítear an meaitseálaí bithmhéadrach, an córas bainistithe bunachar sonraí, an sásra sioncrónaithe idir an láraonad in Strasbourg agus an láraonad cúltaca san Ostair a uasghrádú agus comhpháirteanna crua-earraí nua a bhaineann deireadh na tacaíochta díoltóra amach a chur ina n-ionad. Ina theannta sin rinne an Ghníomhaireacht **deimhnithe DubliNet a athnuachan** d'fhonn an comhlíonadh ab airde le caighdeáin slándála, dea-chleachtais agus moltaí iniúchóireachta an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS) a áirithiú.

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail

Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Bainistiú oibríochtúil

Eochairchuspóirí:

- oibriú éifeachtach agus leanúnach lárchóras Eurodac (lena n-áirítear DubliNet) agus tacaíocht d'úsáideoirí deiridh,
- infhaighteacht gan bhriseadh an chórais agus feidhmíocht éifeachtúil lárchóras Eurodac (lena n-áirítear DubliNet).

Cothabháil Eurodac agus DubliNet

gnó mar is gnách

Seachadta

- cothabháil éifeachtach leanúnach, lena n-áirítear deimhnithe athnuaithe DubliNet,
- aistriú chuig creat innealtóireachta agus oibríochtúil trasnach (TEF/TOF).

Uasghráduithe agus dul chun cinn

Eochairchuspóirí:

- an fhorbairt is gá a chur ar fáil: uasghrádú DubliNet, athsholáthar crua-earraí Eurodac agus uasghrádú bogearraí.

Uasghrádú DubliNet tar éis athmhúnlú Rialachán Bhaile Átha Cliath

seachadadh tionscadail: 2026 (lena n-áirítear FSA)

Ar siúl

- anailís leanúnach ar riachtanais agus dearadh ardleibhéil.

Uasghráduithe Eurodac

seachadadh tionscadail: 2026

Ar siúl

- seachadadh uasghráduithe íosta, lena n-áirítear crua-earraí athsholáthraithe agus bogearraí atá ag druidim le deireadh a dtacaíochta uasghrádaithe.

³⁷ *Rialachán (AE) 2024/1358*, OJ L, 2024/1358, 22.5.2024. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach leathanach tiomnaithe AS HOME ar an *gComhshocrú nua maidir le hImirce agus Tearmann*.

Cur chun feidhme agus Uillmhacht i gcomhair Idir-inoibritheachta

Eochairchuspóirí:

- tús a chur le cur chun feidhme Rialachán nua Eurodac (agus na Rialachán maidir le Scagadh), lena n-áirítear nasc a bhunú le VIS athbhreithnithe, ETIAS agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta: SCSC, CRRS.

Athmhúnlú Rialachán Eurodac agus nascadh le comhpháirteanna idir-inoibritheachta

seachadadh tionscadail: 2026 EiO, 2027 FSA³⁸

Ar siúl

- anailís ar cheanglais á thabhairt i gcrích, dearadh ardleibhéil á thabhairt chun críche, lena n-áirítear príomhfheidhmiúlachtaí a ailíniú agus a chur in ord tosaíochta, agus fíis ailtireachta nua a dhréachtú,
- measúnú leanúnach tionchair ar an réiteach is fearr don lárchóras,
- tacú leis an gCoimisiún reachtaíocht thánaisteach a thabhairt chun críche.

1.4. COMHAR MAIDIR LE CEARTAS

ECRIS

AN CÓRAS FAISNÉISE EORPACH UM THAIFID CHOIRIÚLA

ECRIS RI i bhfeidhm, ECRIS-TCN á fhorbairt

San Aontas ní mór ciontuithe roimh ré a chur san áireamh agus pianbhreitheanna coiriúla á gcinneadh. Malartaítear faisnéis faoi thaifid choiriúla tríd an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS) ar córas díláraithe é lena soláthraíonn eu-LISA an comhéadan cur chun feidhme tagartha (ECRIS RI) ina leith lena gcumasaítear cumarsáid idir cláir taifead coiriúil Bhallstáit an Aontais agus na Ríochta Aontaithe.³⁹

Le ECRIS-TCN córas láraithe nua amas/gan amas comhlánófar ECRIS le faisnéis faoi thaifid choiriúla náisiúnach tríú tír (TCN) agus daoine gan stát a ciontaíodh san Aontas. Leis na córais sin i dteannta le chéile cabhrófar le húdaráis bhreithiúnacha faisnéis chuimsitheach a fháil ar stair choiriúil náisiúnach tríú tír, beag beann ar an mBallstát inar ciontaíodh iad roimhe sin, agus ar an gcaoi sin urramófar prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do phianbhreitheanna agus do chinntí breithiúnacha a chur chun feidhme ar fud na hEorpa.⁴⁰

Eochair-bhuaicphointí

Eisiúint deiridh ionsamhlóra
ECRIS-TCN seachadta
d'úsáideoirí deiridh

Dhá eisiúint ECRIS-TCN
seachadta, formhór na
bhfeidhmiúlachtaí
cumhdaithe

Tús curtha le forbairt ECRIS-
TCN agus cleachtais Agile in
úsáid

Eochairtháscairí feidhmíochta⁴¹

100 %

COMHLÍONADH SLA

DE RÉIR SPRICE



Athrú <5%

COSTAS AN TIONSCADAIL

DE RÉIR SPRICE



Athrú <5%

SCEIDEAL AN TIONSCADAIL

DE RÉIR SPRICE



Athrú ar bith

RAON FEIDHME AN
TIONSCADAIL

DE RÉIR SPRICE

³⁸ Tiocfaidh sé i bhfeidhm in dhá chéim: soláthrófar an chéad phacáiste d'fheidhmiúlachtaí i mí an Mheithimh 2026 (lena n-áirítear nasc le ESP, sBMS, SCSC), agus na feidhmiúlachtaí eile i mí na Nollag 2026, i.e. nasc le VIS, ETIAS, MID, CRRS.

³⁹ Tá formhór thíortha an Aontais nasctha faoi láthair le ECRIS trí chur chun feidhme tagartha ECRIS atá á chothabháil ag eu-LISA, agus úsáideann ceithre Bhallstát a réitigh náisiúnta cur chun feidhme (NI) féin.

⁴⁰ Rialachán (AE) 2019/816 agus Rialachán (AE) 2024/1352.

⁴¹ I gcomparáid leis an Treochlár Idir-inoibritheachta 2023 amhail an 31 Nollaig 2024.

Bainistiú oibríochtúil

D'áirithigh an Ghníomhaireacht oibriú éifeachtach agus leanúnach ECRIS RI, lena gcuirtear infhaighteacht agus leanúnachas gan bhriseadh ar fáil d'úsáideoirí deiridh an chórais (údaráis bhreithiúnacha), chomh maith le tacaíocht oibríochtúil réamhghníomhach agus ardcháilíochta. Bhí feidhmíocht ECRIS RI, lena n-áirítear láimhseáil ticéad, fós laistigh de spriocanna leibhéil seirbhíse.

Cur chun feidhme

Bhain an Ghníomhaireacht dul chun cinn suntasach amach maidir le cur chun feidhme atriallach ECRIS-TCN. I rith 2024 rinne eu-LISA **bogearraí comhéadain agus ionsamhlóir an lárchórais** ECRIS-TCN a eisiúint go críochnaitheach chuig na Ballstáit agus chuig gníomhaireachtaí an Aontais (Europol, Eurojust agus OIPE), lena gcumhdaítear an chuid is mó den raon feidhme agus de na príomhfheidhmiúlachtaí, agus ar an gcaoi sin, gníomhaíochtaí forbartha a éascú agus bonnlíne láidir a chur ar fáil le haghaidh tástála.

Ina theannta sin rinne eu-LISA an **chéad eisiúint de ECRIS-TCN**, lena gcumhdaítear feidhmiúlachtaí an phríomhchórais, lena n-áirítear cur chuige ailtireachta nua chun spleáchais ar chomhpháirteanna comhroinnte le EES a mhaolú. Bunaithe ar an gcéad eisiúint sin, léirigh an Ghníomhaireacht freisin feidhmiú an chórais amach anseo do na Ballstáit agus do gníomhaireachtaí ceartais an Aontais trí thús a chur leis an tástáil leis na Ballstáit. Chomh maith leis sin, chuir an Ghníomhaireacht an **dara heisiúint** ar fáil a bhí ailínithe leis an leagan ba dhéanaí a bhí ar fáil de na comhpháirteanna idir-inoibritheachta: ESP, SCSC agus CRRS.

Ullmhacht i gcomhair Idir-inoibritheachta

Chun gur féidir le córais eile, go háirithe ETIAS agus VIS, cuardaigh ECRIS a dhéanamh ar TCNanna, lean eu-LISA d'Ullmhacht i gcomhair Idir-inoibritheachta ECRIS-TCN a ullmhú trí na comhéadain idir-inoibritheachta ba ghá a chur chun feidhme, agus béim ar leith á leagan ar chomhtháthú le comhpháirteanna ábhartha: ESP, SCSC (le sBMS) agus CRRS.

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Bainistiú oibríochtúil

Eochairchuspóirí:

- oibriú éifeachtach leanúnach ECRIS RI agus tacaíocht d'úsáideoirí deiridh,
- infhaighteacht gan bhriseadh an chórais agus feidhmíocht éifeachtúil ECRIS RI.

Cothabháil ECRIS RI

gnó mar is gnách

Seachadta

- cothabháil éifeachtach leanúnach, tacaíocht do na Ballstáit san áireamh,
- cothabháil a aistriú chuig an gcreat oibríochta trasnaí (TOF).

Cothabháil ECRIS-TCN

gnó mar is gnách

Curtha siar – mar gheall ar an athbhreithniú ar Threochlár Idir-inoibritheachta

- cuirfear tús leis an ngníomhaíocht in 2026 tar éis do ECRIS-TCN teacht i bhfeidhm.

Cur chun feidhme

Eochairchuspóirí:

- ECRIS-TCN a chur chun feidhme agus nasc a bhunú le comhpháirteanna idir-inoibritheachta: sBMS, ESP, SCSC agus CRRS.

Cur chun feidhme ECRIS-TCN

seachadadh tionscadail: 2025

seachadadh nua beartaithe do 2026
(EiO, lena n-áirítear FSA)

Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe mar gheall ar an athbhreithniú ar Threochlár Idir-inoibritheachta

- seachadadh eisiúint deiridh an ionsamhlóra chomhtháite agus dhá eisiúint chóras ECRIS-TCN, comhpháirt chomhtháthaithe ECRIS RI san áireamh,
- dearadh ardleibhéil leanúnach agus dearbhú cáilíochta leanúnach, lena n-áirítear doiciméid deartha agus slándála a thabhairt cothrom le dáta: doiciméad rialaithe comhéadain, measúnú tionchair ar chosaint sonraí,
- tástáil leanúnach ar an leibhéal lánach agus ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear tástáil chomhtháthaithe le comhpháirteanna idir-inoibritheachta: ESP, SCSC (le sBMS) agus CRRS,
- sásra agus nósanna imeachta bainistithe cáilíochta sonraí a dhearadh,
- Tacaíocht don Choimisiún i dtaobh dhréachtú na reachtaíochta tánaistí, lena n-áirítear leasuithe iarmhartacha agus na Rialacháin maidir le Scagadh.

Is réiteach díláraithe agus idir-inoibritheach é an córas e-CODEX chun cumarsáid leictreonach shlán a éascú idir údaráis bhreithiúnacha, gairmithe dlí agus saoránaigh in imeachtaí breithiúnacha trasteorann in ábhair shibhialta agus choiriúla, lena n-áirithítear próiseas breithiúnach níos éifeachtúla do shaoránaigh agus do ghnólachtaí ar fud na hEorpa.⁴²

Eochair-bhuaicphointí

Táthcheangal foirmiúil bainistithe oibríochtúil ag eu-LISA

An chéad eisiúint de chónascaire e-CODEX foilsithe le haghaidh tástáil ag na Ballstáit

Uasghrádú ar an gcód foinseach mar an chéad réiteach digiteach lena ngiaráiltear an fhorbairt inti

Eochairtháscairí feidhmíochta

Foinse: SLR agus tuarascálacha ráithiúla ar theagmhais



99.91 %

INFHAIGHTEACHT

DE RÉIR SPRICE

Bainistiú oibríochtúil

An 3 Meitheamh 2024 bhain eu-LISA garsprioc thábhachtach amach le **táthcheangal foirmiúil bhainistíú oibríochtúil** an chórais e-CODEX, rud a léiríonn céim shuntasach i dtreo rannchuidiú na Gníomhaireachta le digitiú réimse certais an Aontais, chomh maith le bainistiú céaduaire ar réiteach atá dírithe ar an idirlíon agus néalóstáilte.⁴³

Ó glacadh an táthcheangail d'áirithigh eu-LISA oibriú éifeachtach agus leanúnach an chórais e-CODEX, lena gcuirtear infhaighteacht agus leanúnachas gan bhriseadh ar fáil d'úsáideoirí deiridh an chórais (údaráis bhreithiúnacha agus gníomhaireachtaí an Aontais), chomh maith le tacaíocht oibríochtúil réamhghníomhach agus ardcháilíochta le linn uaireanta gnó.

I rith 2024 bhí feidhmíocht chomhpháirteanna e-CODEX fós laistigh de na ceanglais riachtanacha ar leibhéal na seirbhíse, agus é **99.91 %** gan aon teagmhais rithábhachtacha.

Mar chuid den bhainistiú oibríochtúil rannchuidigh an Gníomhaireacht freisin le forbairt na **gcaighdeán nós imeachta digiteach** – sonraíochtaí teicniúla le haghaidh samhlacha próisis ghnó agus scéimeanna sonraí lena n-aistrítear ionstraimí dlí (e.g. ordú imscrúdaithe Eorpach nó barántas gabhála) ina ngnéithe digiteacha den chóras.

Uasghráduithe agus dul chun cinn

Chun feabhas a chur ar fheidhmíocht e-CODEX amach anseo, agus d'fhoneall aillíniú le caighdeáin teicneolaíochta agus slándála a áirithiú, thosaigh eu-LISA ag athfhachtóiriú an chóid foinse oscailte oidhreacht le haghaidh nascóir ní ba chobhsaí agus ní ba chothroime le dáta. Le seachadadh na chéad eisiúna de **chód foinse uasghrádaithe** laistigh de shé mhí tar éis an táthcheangail léiríodh freisin an chéad seachadadh d'fhorbairt iomlán bogearraí inti.

⁴² *Rialachán (AE) 2022/850*, IO L 150, 1.6.2022, lgh. 1-19. Le tuilleadh faisnéise a fháil tabhair cuairt ar *shuíomh gréasáin* tiomnaithe *e-CODEX* eu-LISA.

⁴³ *Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1272* ón gCoimisiún an 7 Bealtaine 2024 maidir le tabhairt i gcrích phróiseas aistrithe agus glactha freagrachta chóras e-CODEX a dhearbhu.

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Bainistiú oibríochtúil

Eochairchuspóirí:

- oibriú éifeachtach agus leanúnach e-CODEX agus tacaíocht d'úsáideoirí deiridh, lena n-áirítear caighdeán dhigiteacha nós imeachta,
- infhaighteacht an chórais gan bhriseadh agus feidhmíocht éifeachtúil e-CODEX, lena n-áirítear timpeallacht shlán óstála atá dírithe ar an idirlíon.

Cothabháil e-CODEX

gnó mar is gnách

Seachadta

- cothabháil éifeachtach leanúnach ó mhí an Mheithimh 2024 (cothabháil eatramhach ó mhí an Mhárta ar aghaidh),
- nascóir leanúnach tástála feidhmíochta agus meastóireacht ar bhunachar sonraí,
- atógáil agus athfhachtóirí e-CODEX tugtha chun críche gan aon fheidhmiúlachtaí nua.

Bainistiú na gcaighdeán nós imeachta digiteach e-CODEX

gnó mar is gnách

Seachadta

- nós imeachta um chruthú cásanna úsáide e-CODEX tugtha chun críche,
- anailís déanta ar iarrataí i dtaobh caighdeán dhigiteacha nós imeachta a chruthú, lena n-áirítear saineolas teicniúil,
- scéimre sonraí i dtaobh caighdeán dhigiteacha nós imeachta curtha ar fáil maidir le cúig ionstraim: An Nós Imeachta Eorpach um Éilimh Bheaga, an tOrdú Eorpach Íocaíochta, an Barántas Gabhála Eorpach, Orduithe Caltha agus Coigistithe, r-Fhianaise.

CP JiTanna

ARDÁN COMHOIBRITHE NA JITANNA

á fhorbairt

Le hardán comhair na JiTanna cuirfear feabhas ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht imscrúduithe agus ionchúiseamh trasteorann trí bhonneagar slán cumarsáide leictreonaí agus malartaithe faisnéise a sholáthar d'údaráis bhreithiúnacha Eorpacha agus d'údaráis forfheidhmithe dlí, agus do ghníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais amhail: Europol, Eurojust, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).⁴⁴

Eochair-bhuaicphointí

Cuireadh tús le forbairt ardán comhair na JiTanna

Samhlacha ardáin le gnéithe lárnacha seachadta

Eochairtháscairí feidhmíochta

Foinse: Tuarascáil inmheánach tionscadail




Athrú ar bith

COSTAS AN TIONSCADAIL
DE RÉIR SPRICE



Athrú ar bith

SCEIDEAL AN TIONSCADAIL
DE RÉIR SPRICE



Athrú ar bith

RAON FEIDHME AN
TIONSCADAIL
DE RÉIR SPRICE

Cur chun feidhme

I mí na Bealtaine 2024, tar éis thabhairt i gcrích an chomhaontaithe ranníocaíochta leis an gCoimisiún Eorpach maidir le forbairt an ardáin⁴⁵, chuir eu-LISA tús láithreach leis an tionscadal, i dtosach báire le hanailís riachtanas agus dearadh ardleibhéil a lárchórais agus a fheidhmchláir cumarsáide. Faoi dheireadh na bliana, chuir an Ghníomhaireacht roinnt samhlacha faoi bhráid na mBallstát mar réamhléirshamhlú ar ghnéithe lárnacha agus ar chomhéadan an ardáin.

⁴⁴ Rialachán (AE) 2023/969, IO L 132, 17.5.2023. Le tuilleadh faisnéise a fháil tabhair cuairt ar *shuíomh gréasáin tiomnaithe an Choimisiúin maidir le Foinne Comhpháirteacha um Imscrúdú*.

⁴⁵ Síinodh Comhaontú Ranníocaíochta an Aontais (JUST/2024/PR/CNECT/0031) idir eu-LISA agus Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí an Choimisiúin Eorpaigh (DG JUST) an 17 Bealtaine 2024.

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail

Eochairtháirgi insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Cur chun feidhme

Eochairchuspóirí:

- ardán comhair na JITanna a chur chun feidhme

Cur chun feidhme ardán comhair na JITanna

seachadadh tionscadail: 2026

dáta seachadta nuashonraithe de 2025

Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe de 2025 de réir an Rialacháin a glacadh

- anailís leanúnach ar riachtanais agus dearadh ardleibhéil, lena n-áirítear iniúchadh a dhéanamh ar réitigh theicniúla a d'fhéadfadh a bheith ann (suirbhé margaidh, taispeántais a ndearnadh anailís orthu a d'ullmhaigh díoltóirí ar an ngearrliosta) agus suirbhé acmhainne déanta,
- tacú leis an gCoimisiún an reachtaíocht thánaisteach a thabhairt chun críche.

1.5. IDIR-INOIBRITHEACHT

sBMS

SEIRBHÍS CHOMHROINNTE MEAITSEÁLA SONRAÍ BITHMHÉADRACHA

á fhorbairt

Tá an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (sBMS) ar cheann de na comhpháirteanna lárnacha d'aitireacht idir-inoibritheachta CGB nua an Aontais. Stóráltar ann teimpléid bhithmhéadracha a ghintear ó shonraí a stóráiltear in SIS agus ón stóras coiteann sonraí céannachta (SCSC). A luaithe a bheidh sé oibríochtúil éascóidh sBMS cuardaigh sonraí bithmhéadracha ar fud na gcóras CGB ábhartha atá á mbainistiú ag eu-LISA, rud a fhágfaidh go mbeidh sé ar cheann de na córais bhithmhéadracha is mó ar domhan.⁴⁶

Eochair-bhuaicphointí

Eisiúintí nua seachadta lenar cumhdaíodh an chuid ba mhó den raon feidhme feidhmiúil

Próiseas ascnaimh sonraí VIS BMS bailíochtaithe, agus tús curtha leis i gcás ascnamh sonraí bithmhéadracha stairiúla VIS chuig sBMS

Ullmhacht oibríochtaí bithmhéadracha sBMS deimhnithe trí mheastóireacht chruinnis

Eochairtháscairí feidhmíochta⁴⁷



Tús curtha leis an ngníomhaíocht in 2025

COMHLÍONADH SLA

EILE

Athrú ar bith



COSTAS AN TIONSCADAIL

DE RÉIR SPRICE



Athrú 6 mhí

SCEIDEAL AN TIONSCADAIL

NÍL SÉ DE RÉIR SPRICE



Athrú ar bith

RAON FEIDHME AN TIONSCADAIL

DE RÉIR SPRICE

Cur chun feidhme

In 2024 dhírigh eu-LISA ar fhorbairt sBMS a thabhairt chun críche. Cé gur sheachaid eu-LISA sBMS leis an gcuid ba mhó dá raon feidhme feidhmiúil (i gcás VIS, EES agus ECRIS-TCN) agus gur baineadh ullmhacht theicniúil amach ina leith i mí Lúnasa, cuireadh moill ar theacht i bhfeidhm agus ar thús na cothabhála oibríochtúla ina dhiaidh sin mar gheall ar idirspheáchas le EES (féach an chuid de EES). Tiocfaidh sBMS i bhfeidhm in éineacht le VIS i mí na Bealtaine 2025.⁴⁸ Chun feabhas a chur ar a ullmhacht le haghaidh teacht i bhfeidhm rinneadh cleachtadh comhpháirteach i mí Dheireadh Fómhair (féach EES).

⁴⁶ Rialachán (AE) 2019/817 agus Rialachán (AE) 2019/818, IO L 135, 22.5.2019, lch. 27-135.

⁴⁷ I gcomparáid leis an Treochlár Idir-inoibritheachta 2023 amhail an 31 Nollaig 2024, cuireadh siar teacht i bhfeidhm sBMS go dtí 2025.

⁴⁸ De réir an Treochláir Idir-inoibritheachta athbhreithnithe a d'fhorghuinigh an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 5 Márta 2025.

Ag an am céanna, dhírigh eu-LISA ar ascnamh sonraí ó chórais CGB éagsúla chun sainaitheint trasréimse a chumasú, agus béim ar leith á leagan ar ascnamh bhunachar sonraí BMS VIS a thabhairt chun críche (46 mhilliún méarlorg). Idir an dá linn, baineadh úsáid in 2024 as fíorshonraí bithmhéadracha VIS chun cruinneas oibríochtaí bithmhéadracha sBMS a dheimhniú i gcomhthéacs EES. Thomhais an Ghníomhaireacht an cruinneas i gcomparáid leis na ceanglais ó rialachán EES chomh maith le méadrachtaí NFIQ2 (méarlorg) agus OFIQ (íomhá den aghaidh). Leis na torthaí léirítear go sáraíonn cruinneas bithmhéadrach sBMS na hionchais, agus go bhfuil a thairseach mheaitseála oiriúnach don fheidhm.

Punann bhithmhéadrachta

I rith 2024 lean eu-LISA d'fheabhas a chur ar a shaineolas maidir le bithmhéadracht agus bainistiú céannachta chun cáilíocht fhoriomlán na réiteach bithmhéadrach a úsáidtear i gcórais faisnéise CGB a mhéadú, agus chun tacaíocht níos fearr a chur ar fáil dá gheallsealbhóirí ó thaobh saineolas ábhair theicniúil de.

Chuir eu-LISA go gníomhach le hobair **fochoiste ISO um an mbithmhéadracht**, a bhí dírithe ar chaighdeán bithmhéadracha a fhorbairt agus a chomhchuibhiú. In éineacht le hAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) an Choimisiúin, le hOifig Chónaidhme na Gearmáine um Shlándáil Faisnéise (BSI) agus le Ballstáit eile, d'éirigh leis an nGníomhaireacht bogearraí **OFIQ** (Cáilíocht Foinse Oscailte d'Íomhánna den Aghaidh) a chur chun cinn le bheith ar an **gcaighdeán tagartha atá in úsáid ar fud an domhain do cháilíocht d'íomhánna den aghaidh**. Ó mhí Iúil 2024 ar aghaidh tá eu-LISA, in éineacht le BSI, freagrach as a chothabháil. Ós rud é gur gné ríthábhachtach de chórais atá á mbainistiú ag eu-LISA é an aghaidh-aithint, is cloch mhíle mhór é formheas chaighdeán OFIQ lena leabharlann foinse oscailte, ní hamháin don Ghníomhaireacht, ach don phobal bithmhéadrach níos mó freisin, rud lena ligtear d'algartam foinse oscailte a úsáid chun cáilíocht íomhánna den aghaidh a mheas.

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Bainistiú oibríochtúil

Eochairchuspóirí:

- oibriú éifeachtach agus leanúnach sBMS,
- feabhas a chur ar shaineolas ar bhithmhéadracht agus ar bhainistiú céannachta (lena n-áirítear rannchuidiú le fochoiste ISO um an mbithmhéadracht) agus saineolas ardleibhéil ábhair a chur ar fáil do gheallsealbhóirí eu-LISA.

Cothabháil sBMS

gnó mar is gnách

Curtha siar

- Cuireadh moill ar chur chun feidhme sBMS agus ar thús na cothabhála sBMS mar gheall ar idirspéachais le EES, cuireadh tús leis an ngníomhaíocht in 2025.

Punann bhithmhéadrachta

gnó mar is gnách

Seachadta

- dearadh ardleibhéil na huirlise tomhais cruinnis a bheidh ann amach anseo le haghaidh oibríochtaí bithmhéadracha idirchórais agus ionchórais,
- staidéar ar ghiniúint tacair sonraí de mhéarloirg agus d'íomhánna den aghaidh sintéiseacha ionadaíocha chun spleáchas ar fhíorshonraí bithmhéadracha a laghdú,
- rannchuidiú le caighdeánú cruinnis bhithmhéadraigh agus caighdeán cáilíochta, lena n-áirítear fochoiste bithmhéadrach ISO agus comhoibriú leis an bpobal bithmhéadrach.

Cur chun feidhme

Eochairchuspóirí:

- cur chun feidhme sBMS a thabhairt chun críche, i.e. aistriú sonraí chuig sBMS.

sBMS a chur chun feidhme

seachadadh tionscadail: 2024
dáta seachadta nuashonraithe de 2025 (lena n-áirítear FSA)

Ar siúl – moill curtha air mar gheall ar idirspéachas le EES

- **sBMS seachadta** lena raon feidhme feidhmiúil deiridh le haghaidh VIS, EES agus ECRIS-TCN,
- **aistriú i bhfeidhm leanúnach:** cleachtadh maidir le teacht i bhfeidhm, lena n-áirítear tástáil le EES agus VIS, agus aistriú sonraí VIS go dtí go dtiocfaidh siad i bhfeidhm,
- **cleachtadh tomhais cruinnis EES a thabhairt i gcrích** agus úsáid á baint as fíorshonraí bithmhéadracha VIS,
- ullmhúchán leanúnach le haghaidh tástáil chomhtháthaithe le ECRIS-TCN, SCSC agus SIS, rinneadh tástáil scoite le ECRIS-TCN agus SIS,
- anailís leanúnach ar thionchar MID, lena n-áirítear cruinneas oibríochtaí bithmhéadracha.

Ullmhacht i gcomhair Idir-inoibritheachta**Eochairchuspóirí:**

- acmhainn a mhéadú chun tréchur an idirbhirte ó EES, ó Eurodac, ó SIS agus ó MID nua a láimhseáil,
- sonraí méarlorg atá ann cheana a aistriú ó Eurodac chuig sBMS.

Méadú ar acmhainn sBMS

seachadadh tionscadail: 2026

Ar siúl

- riachtanais leanúnacha agus dearadh ardleibhéil.

sBMS le haghaidh Eurodac

seachadadh tionscadail: 2027

dáta seachadta nuashonraithe de 2026 (FSA in 2027)

Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe chun ailíniú leis an Rialachán a glacadh

- anailís leanúnach ar riachtanais bithmhéadracha agus ar dhearadh ardleibhéil.

IO agus CRRS**COMHPHÁIRTEANNA IDIR-INOIBRITHEACHTA EILE AGUS LÁRSTÓRAS UM THUAIRISCIÚ AGUS STAIDREAMH**

á fhorbairt

I dteannta le sBMS cumasófar ailtireacht idir-inoibritheachta CGB an Aontais le trí chomhpháirt bhreise: An tairseach chuardaigh Eorpach (ESP), an stóras coiteann sonraí céannachta (SCSC), agus an brathadóir ilchéannachtaí (MID), maille leis an lárchóras um réiteach an naisc bhuí (CSLR). Tá lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS) á fhorbairt ag eu-LISA freisin chun sonraí staidrimh traschórais agus tuairisciú anailíseach ar gach córas faisnéise CGB a sholáthar.⁴⁹

Eochair-bhuaicphointí

Eisiúintí ESP agus SCSC mar thaca le ETIAS agus ECRIS-TCN

Na chéad mhór-eisiúintí de MID agus den uirlis aistrithe seachadta

Dearadh ardleibhéil an lárchórais le haghaidh réiteach an naisc bhuí (CSLR) tugtha chun críche

Eochairtháscairí feidhmíochta⁵⁰**Athrú ar bith****COSTAS AN TIONSCADAIL**

DE RÉIR SPRICE

**Athrú ar bith****SCEIDEAL AN TIONSCADAIL**

DE RÉIR SPRICE

**Athrú ar bith****RAON FEIDHME AN TIONSCADAIL**

DE RÉIR SPRICE

Cur chun feidhme⁵¹

Mar gheall ar an moill ar theacht i bhfeidhm EES, tiocfaidh na comhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP agus SCSC) agus CRRS i bhfeidhm in 2026, agus CSLR in 2027⁵², de bhrí go dtabharfar teacht i bhfeidhm ailtireacht idir-inoibritheachta CGB chun críche ina hiomláine in 2027-2028.⁵³

I rith na bliana lean eu-LISA de chomhpháirteanna idir-inoibritheachta a chur chun feidhme, agus roinnt eisiúintí ESP agus SCSC á soláthar chun tacú le riachtanais ETIAS agus ECRIS-TCN, lena n-áirítear an t-ionsamhlóir ESP saincheaptha do ETIAS. Ina theannta sin sheachaid an Ghníomhaireacht na chéad mhór-eisiúintí do MID agus don uirlis aistrithe MID, ar feidhmchlár gréasáin é um fhíorú sonraí aitheantais i gcás neamhréireachtaí idir sonraí bithmhéadracha agus alfa-uimhriúla le linn seiceálacha aitheantais roimh theacht i bhfeidhm foirmiúil MID.

⁴⁹ *Rialachán (AE) 2019/817* agus *Rialachán (AE) 2019/818*, IO L 135, 22.5.2019, lch. 27-135

⁵⁰ I gcomparáid leis an Treochlár Idir-inoibritheachta 2023 amhail an 31 Nollaig 2024.

⁵¹ Tiocfaidh an ailtireacht idir-inoibritheachta i bhfeidhm ina hiomláine in 2027-2028. Cuirfidh eu-LISA an plean cur chun feidhme do 2027-2028 i láthair i R3 2025 d'fhonn tuilleadh solúbthachta a shamhlú.

⁵² De réir na hamlíne athbhreithnithe a d'fhorghuigh an *Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 5 Márta 2025*.

⁵³ Déanfaidh Bord Bainistíochta eu-LISA an treochlár do 2027-2028 a bheachtú tuilleadh in 2025.

In 2024 bhunaigh an Ghníomhaireacht an **Grúpa Saineolaithe um Thástáil Idir-inoibritheachta (TEG)** chun an comhordú agus an malartú faisnéise maidir le straitéis tástála agus gníomhaíochtaí tástála a threisiú.

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadal	
Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe
Cur chun feidhme	
Eochairchuspóirí:	
- comhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP, SCSC, MID), agus CRRS a chur i bhfeidhm, - réiteach láraithe a chur chun feidhme d’fhonn tacú le húsáideoirí deiridh naisc bhuí MID (CSRL) a réiteach.	
Cur chun feidhme ESP seachadadh tionscadail: 2025 dáta seachadta nuashonraithe de 2026 (lena n-áirítear FSA)	Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe mar gheall ar athbhreithniú ar an Treochlár Idir-inoibritheachta - anailís leanúnach ar riachtanais agus dearadh ardleibhéil, - ionsamhlóir lárchóras ESP seachadta, - ceithre eisiúint curtha ar fáil mar thaca le ETIAS agus ECRIS-TCN, - tástáil scoite le haghaidh eisiúintí ar siúl, agus tástáil chomhtháthaithe le SCSC, sBMS, ETIAS agus ECRIS-TCN ar siúl freisin.
Cur chun feidhme SCSC seachadadh tionscadail: 2025 dáta seachadta nuashonraithe de 2026 (lena n-áirítear FSA)	Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe mar gheall ar athbhreithniú ar an Treochlár Idir-inoibritheachta - anailís ar siúl maidir le riachtanais agus dearadh ardleibhéil, i.e. doiciméid dearaidh a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá, - ceithre eisiúint curtha ar fáil mar thaca le ETIAS agus ECRIS-TCN, - tástáil scoite ar siúl, tástáil chomhtháthaithe le ESP, sBMS, ETIAS, ECRIS-TCN ar siúl.
Cur chun feidhme MID seachadadh tionscadail: 2026 dáta seachadta nuashonraithe de 2028 (lena n-áirítear FSA)	Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe mar gheall ar athbhreithniú ar an Treochlár Idir-inoibritheachta - anailís ar siúl maidir le riachtanais agus dearadh ardleibhéil, i.e. doiciméid dearaidh a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá, - an chéad mhóreisiúint le haghaidh MID seachadta, - an chéad mhóreisiúint le haghaidh uirlis aistrithe MID (MTT) seachadta.
Cur chun feidhme CRRS seachadadh tionscadail: 2025 dáta seachadta nuashonraithe de 2026 (lena n-áirítear FSA)	Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe de dheasca athbhreithniú ar an Treochlár Idir-inoibritheachta - dearadh ardleibhéil curtha i gcrích, anailís ar riachtanais siúl, i.e. doiciméid dearaidh a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá, - dhá eisiúint forbartha mar thaca le ETIAS agus ECRIS-TCN, - tástáil scoite agus chomhtháthaithe le sBMS, ETIAS, ECRIS-TCN ar siúl.
Cur chun feidhme Thionscadal CSLR seachadadh tionscadail: 2026 (tús an aistrithe MID), 2027 (deireadh an aistrithe MID) dáta seachadta nuashonraithe de 2027 (tús an aistrithe MID), 2028 (deireadh an aistrithe MID)	Ar siúl – dáta seachadta nuashonraithe mar gheall ar athbhreithniú ar an Treochlár Idir-inoibritheachta - anailís ar riachtanais (i.e. measúnú tionchair ar chosaint sonraí) ar siúl, dearadh ardleibhéil curtha i gcrích, - riachtanais comhdhlúthaithe i stóras do pháirtithe leasmhara, - cruinnithe den Fhóram um Bainistiú Tionscadal chun riachtanais a chomhlíonadh ar siúl.

1.6. BONNEAGAR AGUS LÍONRAÍ

BONNEAGAR AGUS ARDÁIN

D'fhoill éifeachtúlacht oibríochtúil, feidhmíocht agus ard-infhaighteacht an bhonneagair a óstálann córais CGB an Aontais agus atá á mbainistiú ag eu-LISA a áirithiú, cuireann an Ghníomhaireacht bonneagar coiteann láraithe (CSI) ar fáil mar sheirbhís do gach feidhmchlár gnó lárnach eu-LISA, rud lena gcumasaítear bainistiú bonneagair níos solúbtha, níos optamaithe agus níos costéifeachtaí trí chomhpháirteanna crua-earraí agus bogearraí caighdeánaithe comhroinnte.

D'fhoill na seirbhísí teicniúla bunúsacha is gá a sholáthar chun na córais mhórsála TF atá á mbainistiú ag eu-LISA a reáchtáil bainistíonn an Ghníomhaireacht dhá ardán bonneagair:

- **ardán comhroinnte coiteann (CSP):** ardán inscálaithe, solúbtha, caighdeánaithe ar an áitreabh, lena gcuirtear creat atá tíosach ar acmhainní agus forbairt chuíchóirithe agus bainistiú bonneagair oibríochtúil ar fáil (píblíne cur chun úsáide atá dírithe ar DevOps), lena n-áirítear an fhéidearthacht ardleibhéal uathoibríthe a dhéanamh (Bonneagar mar Chód);⁵⁴
- **néalardán cuimsitheach (CCP):** néal-ardán atá inscálaithe, lúfar agus slán bunaithe ar Bhonneagar mar Sheirbhís (IaaS) agus ar Ardán mar Sheirbhís (PaaS), lena gcuirtear socrú níos tapúla agus scálú níos éasca ar thimpeallachtaí feidhmchláir ós rud é nach bhfuil gá le soláthar ná seachadadh crua-earraí.⁵⁵

Eochair-bhuaicphointí

Bonneagar cumarsáide e-CODEX ionductaithe agus seolta ar CCP

EES, sBMS agus VIS le haghaidh bonneagar EES réidh le teacht i bhfeidhm

ETIAS, ECRIS-TCN, Comhpháirteanna idir-inoibritheachta agus CRRS curtha chun úsáide ar CSP

Eochairthascáir feidhmíochta⁵⁶

Foinse: SM9 agus tuarascálacha míosúla KPI



100 % in aghaidh an SLA

AM ADMHAITHE
TEAGMHAIS

DE RÉIR SPRICE



100 % in aghaidh an SLA

AM RÉITEIGH
TEAGMHAIS

DE RÉIR SPRICE



100 % le haghaidh PRD
99.97 % i gcás TCP/eile

INFHAIGHTEACHT CSI

DE RÉIR SPRICE

Bainistiú oibríochtúil

I rith na bliana sholáthair an Ghníomhaireacht bonneagar agus ardáin bhunúsacha a bhí ar fáil, lena n-áirithítear infhaighteacht agus leanúnachas gan bhriseadh chomh maith le tacaíocht oibríochtúil réamhghníomhach agus ardcháilíochta d'úsáideoirí deiridh, agus réitíodh gach saincheist go pras laistigh de spriocanna sainithe.

I bhfianaise an fháis a bhfuiltear ag súil leis agus na seirbhísí feabhsaithe óstála, sheol eu-LISA an tionscnamh 'Smart Hosting' [Óstáil Chliste], lenar tugadh isteach coincheapa nua agus néalteicneolaíochtaí úrscothacha chun córais mhórsála TF a óstáil agus béim á leagan ar phrionsabail na gcúig S: inscálaitheacht, inbhuanaitheacht, cobhsaíocht, slándáil agus ceannasacht. In 2024 bhunaigh an Ghníomhaireacht **néalardán cuimsitheach** (CCP) agus chuir sí bonneagar cumarsáide e-CODEX i bhfeidhm ar CCP chun tús a chur lena bhainistiú oibríochtúil.

Ina theannta sin rinne an Ghníomhaireacht ETIAS agus ECRIS-TCN, comhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP, SCSC, MID), agus CRRS a imscaradh ar **ardán comhroinnte coiteann** (CSP) chun a dtástáil faoi seach a chumasú. Thairis sin, ó mhí Iúil i leith, tá an Ghníomhaireacht tar éis an t-ardán le haghaidh EES, VIS agus sBMS a chur chun úsáide d'fhoill tacú le teacht i bhfeidhm faoi seach na nithe sin.

⁵⁴ Faoi láthair, tá roinnt córas níos lú (e.g. VIS do EES, sBMS) agus gach córas nua (e.g. SIRENE Mail agus VIS Mail) á n-óstáil ag an CSP. Amach anseo beidh gach córas CGB ann, mar aon le gach ardán eile atá á bhainistiú ag an nGníomhaireacht.

⁵⁵ Faoi láthair, óstálann an CCP bonneagar cumarsáide e-CODEX agus uirlis tacaíochta ionductaithe iompróra (an dara ceann acu sa timpeallacht tástála).

⁵⁶ I gcomparáid leis an Treochlár Idir-inoibritheachta 2023 amhail an 31 Nollaig 2024.

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadal

Tasc
tionscadail/neamhthionscadail

Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Bainistiú oibríochtúil

Eochairchuspóirí:

- bainistiú oibríochtúil éifeachtach agus leanúnach ar an mbonneagar bunúsach,
- na héabhlóidí is gá a sholáthar chun feidhmíocht fhoriomlán, inscálaitheacht, solúbthacht agus slándáil a fheabhsú.

Bainistiú oibríochtúil CSP

gnó mar is gnách

Seachadta

- bainistiú oibríochtúil éifeachtach agus leanúnach, lena n-áirítear faireachán 24/7 ar bhonneagar, rochtain a bhainistiú trí líonra slán bainistithe;
- e-CODEX maidir le CCP; EES, sBMS agus VIS do EES curtha chun úsáide;
- timpeallachtaí scoite agus comhtháite do ETIAS, ESP, SCSC, MID, CRRS, ECRIS-TCN ar CSP;
- tionscnaimh uathoibrithe leanúnacha agus cleachtais DevOps, teicneolaíochtaí néalríomhaireachta a thástáil agus a fhíorú;
- nasc a bhunú idir CCP agus EuroDomain TESTA.

Cothabháil oiriúnaitheach CSP

gnó mar is gnách

Seachadta

- cothabháil le linn eisiúintí timthriallacha, comhpháirteanna bonneagair a bhfuil a ré caite curtha ina n-ionad.

LÍONRAÍ AGUS CUMARSÁID

Leis an mbonneagar cumarsáide cinntítear go ndéantar aistriú sonraí slán agus iontaofa idir na córais CGB atá á mbainistiú ag eu-LISA agus a n-úsáideoirí deiridh, sna Ballstáit agus i ngníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais. Ina theannta sin soláthraítear leis an nasc ó phointe go pointe idir príomhshuíomh teicniúil na Gníomhaireachta in Strasbourg (Iáraonad, CU), agus an Iáraonad cúltaca (BCU) in St Johann im Pongau, an Ostair.

Baineann an bonneagar cumarsáide úsáid as líonra TESTA-ng (Seirbhísí Tras-Eorpacha le haghaidh Teileamaitice idir Riaracháin – glúin nua), lena soláthraítear an gréasán cnáimhe droma atá scartha ón idirlíon poiblí. Ar líonra TESTA-ng, úsáideann eu-LISA trí réimse chun córais CGB a oibriú: fearann SIS le haghaidh SIS agus SIRENE Mail⁵⁷; fearann VIS le haghaidh VIS agus VIS Mail⁵⁸, EES agus ETIAS; agus an EuroDomain le haghaidh Eurodac, DubliNet agus ECRIS-TCN. Nascann na húsáideoirí deiridh le gach fearann ar leithligh (agus scartha go fisiciúil freisin ag áitreabh an úsáideora), trí dhá phointe rochtana lándéanta (TAPanna) ar leith de ghnáth.⁵⁹

Eochair-bhuaicphointí

Córais úrscothacha curtha in
ionad lasca líonra atá as dáta

Athrú ar Phointí Rochtana
Lándéanta bainte amach ina
iomláine

Eochairtháscairí feidhmíochta⁶⁰

Foinse: Tuarascáil infhaighteachta TESTA-ng



99.9943 %

INFHAIGHTEACHT WAN

DE RÉIR SPRICE

Is sásra cumarsáide é ⁵⁷**SIRENE Mail** a úsáideann Biúróinna Náisiúnta SIRENE le haghaidh faisnéis fhorlíontach a bhaineann le foláirimh CFS.

Is sásra malartaithe faisnéise é ⁵⁸**VISMail** a úsáideann údarais náisiúnta víosaí chun dul i gcomhairle le chéile maidir le hiarratais ar víosa Schengen.

⁵⁹ Crua-earraí atá nasctha leis an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta (NUI) lena gceadaítear rochtain ar an mbonneagar cumarsáide ábhartha.

⁶⁰ Infhaighteacht an líonra achair fhairsing (WAN) do réimse SIS agus VIS amháin; Ard-Stiúthóireacht na Seirbhísí Digiteacha (DIGIT) de chuid an Choimisiúin a dhéanann maoirseacht ar tháscaire EuroDomain. Tá an figiúr níos ísle ná mar a bhí sna blianta roimhe sin mar gheall ar éradh seirbhíse sa Pholainn.

Bainistiú oibríochtúil

D'áirithigh an Ghníomhaireacht seirbhísí bonneagair cumarsáide atá ar fáil go forleathan agus slán (lena n-áirítear acmhainní riachtanacha idirlín a choinneáil ar bun), infhaighteacht agus leanúnachas gan bhriseadh a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh (údaráis náisiúnta agus gníomhaireachtaí an Aontais), chomh maith le tacaíocht oibríochtúil réamhghníomhach agus ardcháilíochta. Chloígh feidhmíocht an bhonneagair cumarsáide laistigh de na spriocanna leibhéil seirbhíse, agus bhí infhaighteacht an líonra cothrom le 99.99 %.

Chun an bonneagar a choinneáil cothrom le dáta agus chun nasc agus seirbhísí iontaofa a sholáthar d'úsáideoirí deiridh rinne eu-LISA nuashonrú ar gach lasc líonra atá as dáta (sonraí aistrithe crua-earraí idir críochphointí ainmnithe) agus lasca nua suiteáilte. Ina theannta sin méadaíodh acmhainneacht ríomhaireachta chun tacú leis an néaltionscnamh agus le córais nua a fhorbairt.

In 2024 chuir eu-LISA an clár um athrú TAPanna i gcrích trí shean-TAPanna a dhíchoimisiúnú agus cinn nua a shuiteáil go rathúil, agus trí thacú le húsáideoirí deiridh aistriú TAPanna a bhí ann cheana chuig suíomhanna nua lárionad sonraí a bhainistiú.

Uasghráduithe agus dul chun cinn

D'fhoilligh ardleibhéal slándála sonraí a áirithiú, sa bheis ar an gcriptiú ag an soláthraí seirbhíse, rinne eu-LISA bainistiú ar **an dara sraith chriptiúcháin do SIS**, chun cosc a chur ar chomhlachtaí seachtracha (e.g. soláthraí TESTA-ng) rochtain a bheith acu ar shonraí fógaire agus cosc a chur ar úsáid neamhúdaraíthe sonraí pearsanta le linn aistrithe.

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Bainistiú oibríochtúil

Eochairchuspóirí:

- seirbhísí bonneagair cumarsáide atá ar fáil go forleathan agus slán, lena n-áirítear bainistiú a dhéanamh ar phointí rochtana lándéanta (TAPanna),
- bainistiú oibríochtúil éifeachtach leanúnach ar an dara sraith chriptiúcháin ar bhonneagar cumarsáide SIS.

Bainistiú oibríochtúil an bhonneagair cumarsáide

gnó mar is gnách

Seachadta

- faireachán 24/7 ar bhonneagar chórais CGB agus ar thacaíocht d'úsáideoirí deiridh,
- cothabháil éifeachtach leanúnach, lena n-áirítear réitigh don dara sraith chriptiúcháin,
- athruithe ar bhonneagar cumarsáide a bhainistiú, lena n-áirítear TAPanna agus lasca,
- forbairtí líonra TESTA le haghaidh EES, sBMS agus idir-inoibritheacht a bhainistiú.

Uasghráduithe agus dul chun cinn

Eochairchuspóirí:

- ullmhú le haghaidh athnuachan sraitheanna criptiúcháin bonneagair cumarsáide SIS agus VIS, agus líonra TESTA-ng.

Teacht chun cinn an bhonneagair cumarsáide

seachadadh tionscadail: 2027

Ar siúl

- athnuachan leanúnach ar shraitheanna criptiúcháin bonneagair cumarsáide SIS agus VIS,
- comhpháirteanna a chur chun feidhme, cumraíochtaí agus imscaradh a bhainistiú le haghaidh bhonneagair EES, VIS agus sBMS, lena n-áirítear NUIIna agus crios idirlín,
- ullmhú maidir le hascnamh líonra TESTA-ng chuig EU-IXP.⁶¹

⁶¹ EU-IXP: idirnascacht agus ardán malartaithe don Aontas (gréasán tras-Eorpach nua).

LÁRIONAID SONRAÍ

Is iad lárionaid sonraí na Gníomhaireachta, an láraonad (CU) in Strasbourg, agus an láraonad cúltaca (BCU) in St Johann im Pongau, an Ostair, an bonneagar lena ndéantar óstáil fhisiciúil ar gach córas TF atá curtha faoi chúram eu-LISA, agus is iontu freisin a óstáiltear córais oibríochtúla agus neamhoibríochtúla eile a theastaíonn le haghaidh forbartha agus tástála. Dá bhrí sin is iad príomhshócmhainní eu-LISA iad, agus tá siad ríthábhachtach chun a shainordú a chur i gcrích.

Eochair-bhuaicphointí

Seirbhísí óstála Frontex agus EUAA curtha ar fáil dá gcórais chúltaca

Tús curtha le suiteáil lárionad modúlach sonraí a dó

Príomhtháscairí feidhmíochta

Foinse: SM9



BCU ar fáil 24/7

INFHAIGHTEACHT BCU

DE RÉIR SPRICE

Bainistiú oibríochtúil

I rith 2024 chuir eu-LISA seirbhísí lárionaid sonraí ard-infhaighteachta ar fáil agus choinnigh sé sócmhainní, saoraidí agus trealamh ríthábhachtach in ord iomlán oibre, agus feabhas á chur ag an am céanna ar fheidhmíocht fhoriomlán seirbhíse agus ar inscálaitheacht. Cuireadh seirbhísí óstála ar fáil do chórais chúltaca Frontex agus Ghníomhaireacht an Aontais um Thearmann (EUAA).

Uasghráduithe agus dul chun cinn

In 2024 lean eu-LISA dá lárionaid sonraí a bharrfheabhsú agus a atheagrú trí cháblú struchtúrtha agus trí leagan amach raca a mhodhnú le haghaidh optamú fuaraithe. D'fhoneb bonneagar níos inscálaithe, níos solúbtha agus níos sláine a chur ar fáil, chomh maith le freastal ar na riachtanais acmhainneachta a bheidh ann amach anseo chun córais nua CGB a óstáil, thosaigh eu-LISA ar **shuiteáil an dara lárionad modúlach sonraí in Strasbourg**. Faoi dheireadh na bliana bhí an lárionad sonraí modúlach curtha ag an láraonad leis na príomh-chomhpháirteanna agus bhí an leictreachas nasctha.

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail

Eochairtháirgí insóláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Bainistiú oibríochtúil

Eochairchuspóirí:

- seirbhísí lárionaid sonraí ard-infhaighteachta,
- seirbhísí óstála a chur ar fáil do chórais chúltaca Frontex agus Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA).

Bainistiú oibríochtúil an lárionaid sonraí

gnó mar is gnách

Seachadta

- cothabháil éifeachtach leanúnach, lena n-áirítear nuashonruithe agus feabhsuithe ríthábhachtacha.

Bainistiú oibríochtúil BCU

gnó mar is gnách

Seachadta

- cothabháil éifeachtach leanúnach, lena n-áirítear rialú rochtana, tacaíocht oibríochtúil agus theicniúil d'údaráis agus do sholáthraithe seirbhíse de chuid na hOstaire,
- athbheithniú ar chomhaontú le húdaráis na hOstaire maidir le héabhlóid nua mheántéarmach agus fhadtéarmach ar shuíomh BCU d'fhonn riachtanais athraitheacha agus riachtanais acmhainne a léiriú.

Seirbhísí óstála do Frontex agus do EUAA

gnó mar is gnách

Seachadta

- tacaíocht 24/7 agus comhordú ar an láthair a dhéanamh ar theagmhais agus ar shaincheisteanna, nuashonruithe rialta cumarsáide agus stádaís,
- méid na hacmhainne Frontex um réiteach d'fhonn a lorg a laghdú.

Uasghráduithe agus dul chun cinn

Eochairchuspóirí:

- feabhas a chur ar fheidhmíocht agus ar inscálaitheacht, lena n-áirítear coigeartuithe acmhainne agus éifeachtúlacht fuinnimh.

Uasghráduithe agus éabhlóid an lárionaid sonraí

gnó mar is gnách

Seachadta

- barrfheabhsú agus a athchóiriú ha hacmhainne cumhachta agus fuaraithe, lena n-áirítear staidéar curtha i gcrích ar fheabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an mbonneagar cumhachta atá ann cheana,
- tús curtha le cur chun feidhme an dara lárionad sonraí modúlach,
- saineolas curtha ar fáil i dteicneolaíochtaí agus i réitigh thiomnaithe, athbhreithnithe teicniúla iar-chur chun feidhme mar sheirbhís.

1.7. TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT

MONATÓIREACHT TAIGHDE AGUS TEICNEOLAÍOCHTA

Déanann an Ghníomhaireacht faireachán gníomhach ar na forbairtí is déanaí ó thaobh an taighde, na nuálaíochta teicneolaíche agus an chaighdeánaithe de d'fhonn a saineolas gairmiúil a fheabhsú agus chun tacú le forbairt leanúnach na gcumas inmheánach. Eagraíonn eu-LISA gníomhaíochtaí for-rochtana rialta freisin a dhíríonn ar an tionscal agus ar an saol acadúil chun breisluach a sholáthar do gheallsealbhóirí. Ina theannta sin tacaíonn eu-LISA go forleathan le Mol Nuálaíochta an Aontais don tSlándáil Inmheánach, ar líonra le haghaidh comhordaithe agus comhoibrithe sa réimse atá ann.

Eochair-bhuaicphointí

Dhá imeacht comhchéime tionscail reáchtáilte

An chéad eagrán den Choimre Theicneolaíochta foilsithe, dírithe ar bhithmhéadracht

Straitéis nua Taighde agus Nuálaíochta do 2025-2027

Monatóireacht taighde agus teicneolaíochta

Lean an Ghníomhaireacht d'fhaireachán a dhéanamh ar thaighde agus ar nuálaíocht theicneolaíoch thar raon réimsí (lena n-áirítear bithmhéadracht, intleacht shaorga, criptiú, néalteicneolaíochtaí) chun éabhlóid leanúnach theicneolaíoch chórais faisnéise CGB an Aontais a chuirtear de chúram ar eu-LISA a áirithiú. In 2024 chuir eu-LISA bailchríoch ar a **straitéis taighde agus nuálaíochta do 2025-2027**, ina leagtar amach an treo foriomlán chun nuálaíocht inbhuanaithe a threorú. D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht coimre theicneolaíochta dhá chuid freisin inar díriodh ar aitheantas bithmhéadrach, lena gcuirtear formáid nua níos giorra ar fáil ar bhonn pólótach chun forléargas inrochtana a chur ar fáil ar theicneolaíochtaí ábhartha do eu-LISA agus dá gheallsealbhóirí, agus do lucht féachana níos leithne freisin.⁶²

Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mBallstát, agus d'fhonn malartú faisnéise maidir le teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí núíosacha a chur chun cinn, lean an Ghníomhaireacht dá rannpháirtíocht réamhghníomhach leis an tionscal. D'eagraigh an Ghníomhaireacht dhá **imeacht comhchéime tionscail** – fóram chun easnaimh chumais agus riachtanais a phlé ar leibhéal na mBallstát agus an Aontais, agus an chaoi ar féidir aghaidh a thabhairt orthu le réitigh phraiticiúla ón tionscal:

- tionóladh an chéad chruinniú comhchéime i mí an Mheithimh, in Antuair na Beilge, faoin teideal '**Going to the Cloud: Why it matters for the EU public sector and how to make it work**' [Ag iompú ar an néal: an tábhacht atá leis d'earnáil phoiblí an Aontais agus an chaoi lena bhaint amach]. Ag an imeacht hibrídeach a reáchtáladh i gcomhar le hUachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh cuireadh fáilte roimh bhreis agus 400 rannpháirtí chun acmhainn chlaochlaitheach néalteicneolaíochtaí ceannasacha a phlé don earnáil phoiblí;⁶³

⁶² eu-LISA Technology Brief on Biometric Technology, Part 1: A Paradigm Shift in Identity Management and Security Technologies, and Part 2: What Added Value Does eu-LISA Bring Through Biometrics? [Coimre Theicneolaíochta eu-LISA maidir le Teicneolaíocht Bhithmhéadrach, Cuid 1: Athrú paraidíme i mbainistiú aitheantais agus i dteicneolaíochtaí slándála, agus Cuid 2: Cén breisluach a thugann eu-LISA tríd an mbithmhéadracht?]

⁶³ Cruinniú comhchéime tionscail de chuid eu-LISA 'Going to the Cloud: Why it matters for the EU public sector and how to make it work', [Ag iompú ar an néal: an tábhacht atá leis d'earnáil phoiblí an Aontais agus an chaoi lena bhaint amach], Meitheamh 2024.

- tionóladh an dara cruinniú comhcheime i mí na Samhna, i mBúdaipeist na hUngáire, mar chuid d'Uachtaránacht na hUngáire. Faoin teideal 'EU Justice and Home Affairs in the Age of AI: fostering innovations and managing risks' [Ceartas agus Gnóthaí Baile an Aontais i Ré na hIntleachta Saorga: nuálaíochtaí a chothú agus rioscaí a bhainistiú], mheall an t-imeacht hibrídeach breis agus 300 rannpháirtí chun plé a dhéanamh ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le réitigh IS-bhunaithe a úsáid i réimse CGB.⁶⁴

I rith na bliana lean eu-LISA dá rannchuidiú gníomhach le **Mol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tslándáil inmheánach**: ball foirne a imscaradh chuig rúnaíocht an Mhoil atá á hóstáil ag Europol, cathaoirleacht a dhéanamh ar an mbraisle maidir leis an mbithmhéadracht, agus plé painéil a reachtail le linn imeacht bliantúil an Mhoil i mí na Samhna 2024, inár díriodh ar a thábhachtaí atá sé cumais mheastóireachta chórais aitheantais bhithmhéadraigh an Aontais a neartú. Ina theannta sin rannchuidigh an Ghníomhaireacht le hobair bhraislí eile an Mhoil (i.e. fadbhreathnaitheacht, intleacht shaorga agus criptiú), agus ag an am céanna chuir sí le dhá thuarascáil: an chéad **tuarascáil ó Mol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an gcriptiú**, agus tuarascáil faoi stiúir Frontex maidir le teicneolaíochtaí cumasúcháin agus feabhsú príobháideachais.⁶⁵

Thacaigh an Ghníomhaireacht freisin le hArd-Stiúrthóireacht HOME an Choimisiúin i gcur chun feidhme an chláir **Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht** i réimse na slándála sibhialta, rud a chuir le sainiú an chláir oibre agus a thacaigh leis an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar iarratais tionscadail.

Lean an Ghníomhaireacht freisin dá cumais a fhorbairt san **intleacht shaorga** agus chuir sí tús le gníomhaíochtaí maidir le cur chun feidhme praiticiúil na hintleachta saorga. Ceann de na príomhthionscnaimh ba ea pobal inmheánach cleachtais a bhunú chun eolas agus cumais a thógáil sa réimse seo, agus mapáil a dhéanamh ar chásanna úsáide a d'fhéadfadh a bheith ann chun réitigh IS giniúnaí a úsáid ar mhaithe le feidhmíocht eagraíochtúil na Gníomhaireachta a fheabhsú. Sa réimse sin, ghlac eu-LISA páirt i Meitheal Líonra Gníomhaireachtaí AE maidir le IS agus i Líonra na gcomhfhreagrachais IS a bhunaigh MECS.

In éineacht le hArd-Stiúrthóireacht an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde de chuid an Choimisiúin rinne an Ghníomhaireacht an **mheastóireacht neamhspleách ar chruinneas sBMS**, rud lenar tugadh léargas breise ar na héagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le cruinneas sBMS do ghrúpaí déimeagrafacha éagsúla. Ina theannta sin rannchuidigh an Ghníomhaireacht le cothabháil mhéadrach Cáilíocht Foinse Oscailte d'Íomhánna den Aghaidh (OFIQ) – bogearraí tagartha le haghaidh cáilíocht íomhánna den aghaidh (féach sBMS).

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadail	
Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe
Monatóireacht taighde agus teicneolaíochta	
Eochairchuspóirí:	
■ faireachán a dhéanamh ar thaighde agus ar nuálaíocht theicneolaíoch, lena n-áirítear gníomhaíochtaí for-rochtana taighde agus nuálaíochta a chomhordú, ■ cumais agus saineolas san intleacht shaorga a fhorbairt, ■ faireachán a dhéanamh ar chaighdeán atá ábhartha do chroíphróisis ghnó na Gníomhaireachta, ag díriú ar theicneolaíocht aitheantais bhithmhéadraigh.	
Monatóireacht taighde agus teicneolaíochta gnó mar is gnách	Seachadta ■ faireachán a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua agus atá ag teacht chun cinn (ón saol acadúil agus ón tionscal), coimre theicneolaíochta dhá chuid foilsithe, agus dhá chruinniú comhcheime tionscail eagraithe, ■ Treochláir um Chaighdeánú chun críoch na Cáilíochta Sonraí tugtha i gcrích, lena n-áirítear tuarascáil deiridh ar dhul chun cinn a sholáthar, ■ bailchríoch curtha ar an straitéis taighde agus nuálaíochta 2025-2027, tacaíocht tugtha do dhréachtú na straitéise IS agus néil, ■ ionchur le Clár Réime an Aontais um Thaighde agus um Nuálaíocht, Mol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tslándáil inmheánach, comhar neartaithe le hArd-Stiúrthóireacht an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, ■ tacaíocht tugtha don mheastóireacht neamhspleách ar sBMS a rinneadh i gcomhar le hArd-Stiúrthóireacht an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde,

⁶⁴ Cruinniú comhcheime tionscal eu-LISA dar teideal 'EU Justice and Home Affairs in the Age of AI: fostering innovations and managing risks' [Ceartas agus Gnóthaí Baile an Aontais i Ré na hIntleachta Saorga: nuálaíochtaí a chothú agus rioscaí a bhainistiú], Samhain 2024.

⁶⁵ EU Innovation Hub for Internal Security: First Report on Encryption [Mol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tslándáil inmheánach: an chéad tuarascáil ar chriptiú], Meitheamh 2024.

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe
Réitigh IS-bhunaithe ar mhaithe le héifeachtúlacht fheabhsaithe gnó mar is gnách	- tús curtha le cur le cothabháil na mbogearraí OFIQ a d'fhorbair Oifig Chónaidhme na Gearmáine um Shlándáil Faisnéise (féach sBMS). Seachadta - cásanna féideartha úsáide do IS ghiniúnach mapáilte le haghaidh próisis inmheánacha, - ionchur leis an measúnú ar impleachtaí an Ghnímh um an Intleacht Shaorga don Ghníomhaireacht, - páirt glactha i Meitheal EUAN um IS, líonra na gcomhfhreagraithe IS de chuid MECS, - tús curtha le gníomhaíochtaí tionscnaimh de chuid pobail cleachtais inmheánaigh maidir le IS.

FORBAIRT ACMHAINNE: TUAIRISCIÚ AGUS OILIÚINT

Tá sé de chúram ar an nGníomhaireacht tuarascálacha a chur le chéile agus a fhoilsiú maidir le feidhmíocht theicniúil chórais faisnéise CGB an Aontais agus staidreamh comhiomlán maidir le húsáid an chórais. Chun oibriú agus úsáid éifeachtúil a áirithiú cuireann eu-LISA cláir oiliúna rialta ar fáil maidir le hábhair a bhaineann le córais faisnéise CGB, agus iad á gcur in oiriúint do riachtanais shonracha úsáideoirí deiridh agus do bhearnaí eolais sainaitheanta.

Eochair-bhuaicphointí

Rannchuidiú rialta le timthriall Schengen

Seachadadh 29 ngníomhaíocht oiliúna nua le ráta sástachta an-ard

ceardlann ríomhfhoghlama do ghníomhaireachtaí JHAAN

Eochairtháscairí feidhmíochta

Foinse: Tuarascálacha foilsithe atá ar fáil agus tábla pleanála agus tuairiscithe maidir le hoiliúint do na Ballstáit



100 %

TUARASCÁLACHA AR FHEIDHMIÚ TEICNIÚIL, STAIDREAMH RIALTA AGUS LIOSTAÍ NA nÚDARÁS

DE RÉIR SPRICE



5.22

SÁSTACHT LEIS NA HIMEACHTAÍ OILIÚNA

DE RÉIR SPRICE

Staidreamh agus tuairisciú

Thiomsaigh agus d'fhoilsigh an Gníomhaireacht tuarascálacha feidhmíochta agus staidreamh comhiomlánaithe maidir le húsáid agus feidhmiú teicniúil na gcóras faisnéise CGB uile atá faoina sainchúram. Déanann eu-LISA liostaí oifigiúla na n-údarás ainmnithe a dtugtar rochtain ar chórais CGB dóibh a nuashonrú agus a fhoilsiú go rialta freisin. Cuireann na sonraí staidrimh maidir le húsáid na gcóras CGB leis na cumais feasachta staide agus réamhaisnéise ar leibhéal an Aontais trí **Bharaiméadar Schengen+** agus **an Líonra AE um Uillmhacht agus um Bainistiú Géarchéimeanna i ndáil leis an Imirce** i ndáil le bainistiú imirce agus teamainn agus slándáil inmheánach. Thacaigh an Gníomhaireacht go gníomhach le cruinnithe agus tionscnaimh an Líonra.

In 2024 d'fhoilsigh eu-LISA na tuarascálacha córais CGB seo a leanas:

- Tuarascáil staidrimh bhliantúil SIS 2023**, lena n-áirítear liostaí de na húdaráis inniúla (a tugadh cothrom le dáta i mí na Samhna), agus staidreamh ráithiúil 2024 a cuireadh ar fáil do gheallsealbhoirí ábhartha;⁶⁶
- Tuarascáil bhliantúil Eurodac 2023**,

⁶⁶Tuarascáil staidrimh bhliantúil SIS 2023, liosta SIS na n-údarás inniúil (nuashonraithe i mí na Samhna) agus liosta na nOifigí Náisiúnta SIS agus SIRENE.

- **Tuarascáil bhliantúil Eurodac 2023 maidir le staidrimh**, lena n-áirítear liosta nuashonraithe de na húdaráis ainmnithe a bhfuil cearta rochtana acu,⁶⁷
- **Tuarascáil theicniúil VIS do 2021-2023.**⁶⁸

Oiliúint do na Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí CGB

Lean an Ghníomhaireacht de chúrsaí oiliúna atá oiriúnach don fheidhm a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh an chórais maidir le feidhmiú teicniúil chórais CGB, agus iad curtha in oiriúint do riachtanais atá ag teacht chun cinn agus do bhearnaí eolais sainaitheanta. In 2024 chuir eu-LISA 29 **ngníomhaíocht oiliúna nua** ar fáil (ar an láthair agus ar líne araon), rud a chuir lena chatalóg ar líne a bhí ann cheana, agus lenar coinníodh leibhéal sástachta ard de ní ba mhó ná **4 100 rannpháirtí** – an líon ab airde go dtí seo.⁶⁹ I rith 2024 cruthaíodh ní ba mhó ná 600 cuntas nua i gcóras bainistithe foghlama ar líne eu-LISA.

Ina theannta sin rannchuidigh eu-LISA le 10 ngníomhaíocht oiliúna a d'eagraigh an Coimisiún agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, CEPOL agus Frontex, agus bhí a bhformhór dírithe ar EES agus ETIAS. Mar chuid de chlár Uachtaránacht eu-LISA ar JHAAN, i mí an Mheithimh, **d'eagraigh an Ghníomhaireacht ceardlann ríomhfhoghlama** chun dea-chleachtais a roinnt agus malartú leanúnach eolais a chothú maidir leis na treochearta is déanaí agus cineálacha cur chuige nuálacha san oiliúint, rud a thug rannpháirtithe ó gach gníomhaireacht CGB, ó Chomhairle na hEorpa agus ó Interpol le chéile.

Meastóireachtaí Schengen

Braitheann feidhmiú éifeachtach limistéar Schengen ar chreat casta rialála, beartais agus rialachais. Chun tacú leis na Ballstáit *acquis* Schengen a chur chun feidhme go cuí rannchuidíonn eu-LISA le **Sásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen (SEMM)** trína shaineolas a sholáthar do mheastóireachtaí Schengen ar fheidhmiú agus ar úsáid SIS, lena n-áirítear oibriú Bhiúrónna SIRENE, agus an comhbheartas víosaí, lena n-áirítear VIS.⁷⁰ Áirítear leis an gcleachtadh sin bliain anailíse riosca roimh an meastóireacht, seimineáir ghréasáin thiomnaithe roimh mheastóireacht, rannpháirtíocht (ar an láthair mar bhreathnóir nó i mbun tacaíocht deisce a sholáthar) agus rannchuidiú le tuarascálacha meastóireachta. In 2024 rannchuidigh an Ghníomhaireacht leis an anailís riosca don Eilvéis, don Ostair agus don tSlóivéin agus meastóireachtaí á n-ullmhú aici.

I rith 2024 thacaigh eu-LISA le **meastóireachtaí SIS/SIRENE** sa Chróit, sa tSeicia, san Ungáir, sa Pholainn agus sa tSlóvaic, agus rannchuidigh sé leis an imeacht bliantúil oiliúna a d'eagraigh CEPOL agus an Coimisiún sa tSlóivéin.

Maidir leis na **meastóireachtaí comhchoiteanna ar bheartas víosaí**, thacaigh eu-LISA leis an meastóireacht chomhpháirteach ar an Iorua agus ar an tSualainn, agus tugadh cuairteanna ar an láthair sa Téalainn agus sa Chéinia. Ina theannta sin thacaigh an Ghníomhaireacht leis an gCoimisiún trí rannchuidiú leis an seisiún oiliúna tiomnaithe bliantúil a eagraíodh in Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha.

Dul chun cinn in aghaidh cúraimí agus tionscadal

Tasc
tionscadail/neamhthionscadail

Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Staidreamh agus tuairisciú

Eochairchuspóirí:

- staidreamh agus tuarascálacha feidhmíochta maidir le córais faisnéise CGB a mbainistíonn eu-LISA iad a thiomsú agus a fhoilsiú.

Tuairisciú teicniúil agus staidreamh comhiomlán

gnó mar is gnách

Seachadta

- tuarascálacha staidrimh agus feidhmíochta foilsithe, staidreamh ráithiúil tiomsaithe,
- liosta na n-údarás ainmnithe foilsithe.

Rannchuidiú le feachtas staide agus réamhaisnéisiú an Aontais

gnó mar is gnách

Seachadta

- staidreamh ábhartha curtha ar fáil laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i bhforálacha dlíthiúla sonracha,
- tacaíocht tugtha do gheallsealbhoirí chun táscairí staidrimh atá oiriúnach don fheidhm a shainaithint,

⁶⁷ *Tuarascáil bhliantúil Eurodac 2023, Tuarascáil bhliantúil Eurodac 2023 maidir le staidrimh agus liosta Eurodac de na húdaráis ainmnithe.*

⁶⁸ *Tuarascáil theicniúil VIS do 2021-2023.*

⁶⁹ Ba chlárúcháin nua le haghaidh acmhainní oiliúna ar líne a seoladh i mblianta roimhe seo iad os cionn 40 % díobh sin, rud a thugann le fios go bhfuil sé fós an-ábhartha.

⁷⁰ *Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle* maidir leis an sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú.

- sonraí curtha ar fáil don Líonra AE um Ullmhacht agus um Bainistiú Géarchéimeanna i ndáil leis an Imirce agus do thionscnaimh Bharaiméadar Schengen+.

Oiliúint do na Ballstáit

Eochairchuspóirí:

- oiliúint d'úsáideoirí deiridh maidir le feidhmiú teicniúil chórais CGB,
- comhar le CEPOL chun cúrsaí oiliúna comhpháirteacha a chur ar fáil agus saineolas a chomhroinnt i réimsí leasa fhrithpháirtigh.

Oiliúint do na Ballstáit

gnó mar is gnách

Seachadta

- 29 ngníomhaíocht oiliúna curtha ar fáil (cúrsaí ar an láthair agus ar líne san áireamh), tacaíocht tugtha do 10 ngníomhaíocht oiliúna de chuid gníomhaireachtaí eile,
- anailís ar riachtanais oiliúna curtha i gcrích le líonra na bPointí Teagmhála Náisiúnta (NCP), plean oiliúna bliantúil nuashonraithe de réir na riachtanas a bhí ag teacht chun cinn ó na Ballstáit,
- comhar le CEPOL agus le Frontex, ceardlann eagraithe ríomhfhoghlama san áireamh,
- tús curtha le hoiliúint maidir le hábhair chothrománacha, e.g. IS agus bithmhéadracht.

Meastóireachtaí Schengen

Eochairchuspóirí:

- rannchuidiú le sásra meastóireachta Schengen an Aontais, lena n-áirítear páirt a ghlacadh mar bhreathnóir agus cur le tuarascálacha.

Meastóireachtaí Schengen

gnó mar is gnách

Seachadta

- rannchuidiú leis na cleachtaí bliantúla anailísí riosca,
- próiseáil iarrataí meastóireachta Schengen an Choimisiúin,
- tacaíocht tugtha do SIS/SIRENE agus do mheastóireachtaí comhchoiteanna beartais víosaí ar bhonn aghaidh ar aghaidh nó mar thacaíocht deisce, oiliúnóirí curtha ar fáil agus oiliúnaithe cláraithe don seisiún oiliúna a eagraíodh.

1.8. TACAÍOCHT DHÍREACH d'OIBRÍOCHTAÍ

OIBRÍOCHTAÍ CÓRAIS

Chun infhaighteacht agus athléimneacht leanúnach na gcóras faisnéise CGB atá faoina shainchúram a áirithiú cuireann eu-LISA seirbhísí bainistithe oibríochtúil agus tacaíochta 24/7 ar fáil trína lárionad seirbhíse oibríochtúla. Ag an Deasc Seirbhíse déantar iarratais seirbhíse a ionramháil agus comhordaítear réiteach teagmhas (cur isteach ar sheirbhís) agus fadhbanna (imscrúdú ar bhunús na gcúiseanna) de lá is d'oíche.

Eochair-bhuaicphointí

Ráta sástachta de 97.8 % d'úsáideoirí deiridh atá sásta nó an-sásta le cáilíocht na tacaíochta

95 % d'iarrataí ar úsáideoirí deiridh ar aga freagartha ar tugadh aghaidh orthu laistigh de spriocanna sainithe

Eochairtháscairí feidhmíochta⁷¹



95 %

DEASC SEIRBHÍSE EU-LISA

DE RÉIR SPRICE



97.8 %

SÁSAMH CUSTAIMÉIRÍ

DE RÉIR SPRICE

⁷¹ **SIS**: 95.5 % (laghdú, tuilleadh teagmhas: bainistiú eisiúna); **VIS**: 99 % (méadú), an líon ab airde riamh; **Eurodac**: 99 %, an líon ab airde riamh.

Teagmhais agus iarratais ar sheirbhís

Tábla 1. Teagmhais agus idirghníomhaíochtaí maidir le hiarrataí ar sheirbhís ar déileáladh leo in 2024

	SIS	VIS	Eurodac	EES	e-CODEX	Iomlán
Teagmhais⁷²	414	234	438	9	2	1097
oscailte ag na Ballstáit	146	121	280	9	2	558
oscailte ag eu-LISA	268	113	158	0	0	539
Iarrataí seirbhíse	196	131	224	5	130	686
oscailte ag na Ballstáit	155	105	50	4	130	444
oscailte ag eu-LISA	41	26	174	1	0	242
Iomlán	610	365	662	14	132	1783

Tábla 2. Teagmhais de réir tosaíochta agus córais in 2024⁷³

Tosaíocht ⁷⁴	SIS	VIS	Eurodac	EES	e-CODEX	Eile	Iomlán
rithábachtach	5	1	2				8
ard	159	32	44		13	13	261
measartha	676	506	458	10	9	469	2128
íseal	150	197	73	8	2	690	1120
Iomlán	990	736	577	18	24	1172	3517

Tábla 3. Iarrataí de réir an chroíchórais ghnó in 2024

	SIS	VIS	Eurodac	EES	e-CODEX	ECRIS-TCN	ETIAS	Eile	Iomlán
Iomlán	507	420	372	122	137	27	8	1965	3558

Tacaíocht oibríochtúil

I rith 2024 chuir eu-LISA bainistiú oibríochtúil leanúnach agus ardcháilíochta ar fáil agus thug sé tacaíocht d'úsáideoirí deiridh (i.e. na Ballstáit, gníomhaireachtaí agus iompróirí de chuid an Aontais) de la is d'óche do gach córas faisnéise CGB atá i bhfeidhm, cé is moite de e-CODEX, nach bhfaigheann tacaíocht ach amháin le linn uaireanta gnó i dTaillinn. In 2024 láimhseáil Deasc Seirbhíse eu-LISA 3 558 dticéad iarratais ar sheirbhís, 3 517 dticéad teagmhais, agus 1 783 thicéad idirghníomhaíochta.

Dul chun cinn de réir cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail

Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Bainistiú oibríochtúil

Eochairchuspóirí:

- tacaíocht oibríochtúil leanúnach agus ar ardchaighdeán d'úsáideoirí deiridh an chórais CGB,⁷⁵
- faireachán éifeachtach ar chórais CGB, lena n-áirítear feabhas a chur ar uirlisí chun freagrúlacht agus cáilíocht seirbhíse a mhéadú,
- tacaíocht oibríochtúil do na húsáideoirí deiridh, lena n-áirítear feabhas a chur ar an gcomhordú idir contrapháirtithe lárnacha agus náisiúnta.

Tacaíocht 24/7 ar an gcéad leibhéal do bhainistiú oibríochtúil na gcóras TF CBG – Deasc Seirbhíse eu-LISA

gnó mar is gnách

Seachadta

- Faireachán agus inbhreathnaitheacht 24/7/365 oibriú agus fheidhmíocht chórais CGB, na chéad fhreagartha ar theagmhais, na deisce seirbhíse d'úsáideoirí deiridh, láimhseáil na n-iarrataí ar sheirbhísí, an chomhordaithe teagmhais agus fadhbanna,
- Lámhleabhair Oibreora, lena n-áirítear le haghaidh córais nua, nuashonraithe agus caighdeánaithe.

Tacaíocht 24/7 ar an dara leibhéal d'iarratais ar mhaithe le bainistiú oibríochtúil chórais JHA

Seachadta

- tacaíocht theicniúil leanúnach curtha ar fáil, bainistiú agus réiteach teagmhais/fadhbanna,

⁷² Is teagmhas é imeacht aonair neamhphleanáilte a gcuirtear isteach ar an tseirbhís dá bharr; is éard is fadhb ann an bhunchúis le teagmhas amháin nó níos mó.

⁷³ Líon iomlán na dticéad, lena n-áirítear ticéid inmheánacha agus ticéid atá nasctha le hidirghníomhaíochtaí na mBallstát.

⁷⁴ Cinntear tosaíocht teagmhais bunaithe ar an ngnó a bhfuil tionchar aige ar an tseirbhís lena mbaineann agus ar an bpráinn a bhaineann lena réiteach.

⁷⁵ Ní chuirtear tacaíocht chéadleibhéil agus dara leibhéil ar fáil do e-CODEX ach amháin le linn uaireanta gnó (EET).

gnó mar is gnách

- tacú le hathruithe agus eisiúintí a chur chun feidhme agus a chur chun úsáide, lena n-áirítear athbhreithniú ar chórais nua VIS do EES, sBMS, EES, seirbhísí gréasáin. ETIAS, ECRIS-TCN, e-CODEX, idir-inoibritheacht, Eurodac nua.

SLÁNDÁIL, CIBEARSHLÁNDÁIL AGUS LEANÚNACHAS GNÓ

D'fhoill feidhmiú slán na gcóras faisnéise CGB a áirithiú, lena n-áirítear leibhéal iomchuí slándála sonraí agus fisiciúla, déanann an Ghníomhaireacht faireachán agus bainistiú leanúnach ar rioscaí slándála agus áirithiúnn sí go bhfuil na rialuithe slándála seanbhunaithe do na córais TF a chuirtear de chúram ar eu-LISA agus ar a líonra cumarsáide éifeachtach, agus curtha chun feidhme agus bainistithe de réir mar is ceart, lena n-áirítear bearta cibearshlándála a fheabhsú agus a fheabhsú go leanúnach.

Eochair-bhuaicphointí

Cleachtadh slándála agus leanúnachais gnó 2024

Pleananna slándála agus leanúnachais gnó nuashonraithe VIS agus SIS

Ceanglais slándála nuashonraithe de réir an Rialacháin maidir le Cibearshlándáil

Eochairtháscairí feidhmíochta⁷⁶

Foinse: Deais dearbhaithe slándála



100 %

CUSPÓIRÍ SLÁNDÁLA
REACHTÚLA CURTHA CHUN
FEIDHME



100 %

MEASÚNUITHE RIOSCA
SLÁNDÁLA IN AGHAIDH CÓRAS

DE RÉIR SPRICE

Slándáil an chórais agus leanúnachas gnó

I rith na bliana dhírigh an Ghníomhaireacht ar an leibhéal ab airde comhlíonta le creat rialála agus ceanglais slándála an Aontais a áirithiú trí **chur chuige 'mionchosanta' a chur i bhfeidhm** maidir le gach córas CGB (lena n-áirítear córais atá dírithe ar an idirlíon), maidir le timpeallacht chorparáideach TF eu-LISA agus trí shraitheanna de bhearta slándála a chur chun feidhme chun athléimneacht a sholáthar i leith teagmhas agus cibirionsaithe. Díríodh aird ar leith ar sheasamh slándála na gcóras TF go léir a fheabhsú chun sainaitheint leochaileachtaí agus lochtanna a fheabhsú maidir le córais phaisteála agus chruaite, chomh maith le tástálacha treáite cuimsitheacha a reáchtáil le haghaidh seirbhísí rithabhachtacha. Thairis sin i bhfianaise táthcheangal e-CODEX agus na n-ullmhúcháin leanúnach maidir le teacht i bhfeidhm córas agus forbairtí nua, lean an Ghníomhaireacht lena measúnuithe riosca agus lena bpleananna slándála agus leanúnachais gnó a thabhairt chun críche, e.g. timpeallacht chorparáideach TF, VIS do EES, SIS, ETIAS, EES agus e-CODEX.

I mí Dheireadh Fómhair chríochnaigh eu-LISA a **chleachtadh slándála agus leanúnachais gnó** le haghaidh SIS, VIS agus Eurodac (lena n-áirítear EES i gcomhthéacs a theacht i bhfeidhm atá le teacht) chun athléimneacht eagraíochtúil a thástáil chun aghaidh a thabhairt ar aon teagmhais shuaiteacha gan choinne agus chun leanúnachas seirbhíse a áirithiú. Mar chuid den chleachtadh, a eagraíodh in éineacht le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Cibearshlándáil (ENISA), cuireadh fáilte roimh ní ba mhó ná 80 rannpháirtí ó na Ballstáit, ón gCoimisiún agus ó ghníomhaireachtaí an Aontais, breathnóirí ón bpobal slándála (grúpaí comhair agus líonraí) san áireamh.

⁷⁶ **SIS**: 95.5 % (laghdú, tuilleadh teagmhas: bainistiú eisiúna); **VIS**: 99 % (méadú), an líon ab airde riamh; **Eurodac**: 99 %, an líon ab airde riamh.

Mar gheall ar thimpeallacht na bagartha atá ag teacht chun cinn, agus d'fhonn bagairtí a shainaitheint agus freagairt orthu go tráthúil, is gá feabhas leanúnach a chur ar chumais logála agus faireacháin slándála na Gníomhaireachta trí fheabhas a chur ar uirlisí agus próisis ábhartha, lena n-áirítear faisnéis slándála agus bainistiú imeachtaí (SIEM) i gcomhar le CERT-EU (an Fhoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire don Aontas Eorpach). Chun **ullmhacht cibearshlándála eu-LISA a threisiú**, agus borradh a chur faoina seasamh slándála, rinne an Gníomhaireacht athbhreithniú agus measúnú freisin ar a haibíocht, agus rinne sí uirlisí agus deiseanna atá ag teacht chun cinn a mhapáil d'fhonn próisis ábhartha a uas-scálú. D'fhonn ceanglais an **Rialacháin maidir le Cibearshlándáil** a chomhlíonadh rinne an Gníomhaireacht **measúnú ar aibíocht slándála** trí úsáid a bhaint as creataí seanbhunaithe chun léargas luachmhar a fháil ar a leibhéal aibíochta reatha agus chun réimsí le haghaidh feabhsúcháin a shainaitheint.⁷⁷

Mar chuid den fheabhsú leanúnach ar a córas bainistithe slándála, neartaigh an Gníomhaireacht a creat agus a nósanna imeachta slándála freisin trí mholtaí ó iniúchtaí éagsúla a dhúnadh, chomh maith le dea-chleachtais agus an fhaisnéis is déanaí maidir le cúrsaí slándála a mhalartú le saineolaithe slándála agus le pobail, amhail ENISA, Líonra na nOifigeach Slándála, Líonra na n-oifigeach slándála CGB, an Grúpa Comhair.

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadal	
Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe
Bainistiú oibríochtúil	
Eochairchuspóirí:	
- an leibhéal is airde comhlíonta le creat rialála agus ceanglais slándála an Aontais, - faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar rioscaí slándála, - staid chibearshlándála eu-LISA a fheabhsú, - malartú eolais agus dea-chleachtas maidir le cibearshlándáil agus leanúnachas gnó.	
Leanúnachas gnó oibríochtúil gnó mar is gnách	Seachadta - measúnuithe tionchair gnó agus bainistiú riosca, lena n-áirítear pleananna leanúnachais gnó a bhain go sonrach leis an gcóras, cleachtaí slándála agus leanúnachais gnó réachtáilte, - cleachtadh slándála agus leanúnachais gnó do 2024, - seirbhísí innealtóireachta slándála, samhail ailtireachta slándála frontair san áireamh, - cur le Líonra na nOifigeach Slándála (SON), Grúpa Oibre Oifigeach Slándála CGB, Grúpa Oibre Slándála TF, Grúpa Comhair NIS2.
Seirbhísí slándála TF bainistithe gnó mar is gnách	Seachadta faireachán slándála éifeachtúil agus leanúnach le haghaidh bonneagar corparáideach TF, lena n-áirítear bainistiú agus freagairt teagmhas, bainistiú céannachta agus rochtana.
Seirbhísí oibríochtaí cibearshlándála gnó mar is gnách	Seachadta - faireachán éifeachtúil agus leanúnach ar an gcibearshlándáil, lena n-áirítear bainistiú agus freagairt ar theagmhais, bainistiú céannachta agus rochtana, bainistiú faisnéise slándála agus bainistiú teagmhas (SIEM), - aibíocht feabhsaithe seasaimh slándála (treoir CERT-EU, caighdeáin idirnáisiúnta agus dea-chleachtas), lena n-áirítear an Fhoireann Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí (CSIRT), agus cleachtaí rialta boird, - ullmhúcháin le haghaidh creidiúnú an fhaireacháin cibearshlándála agus na gcumas freagartha ar theagmhais slándála agus comhair, - cur chuige slándála nua curtha i bhfeidhm bunaithe ar DevSecOps chun teicneolaíochtaí néaldúchasaca a fháil.
Slándáil agus dearbhú faisnéise gnó mar is gnách	Seachadta - córas bainistithe slándála faisnéise (ISMS) nuashonraithe, - seasamh slándála na gcóras sainaitheanta go leanúnach, lena n-áirítear ceanglais slándála agus pleananna slándála agus leanúnachais gnó (SIS, VIS) a thabhairt cothrom le dáta, - ceanglais slándála measúnaithe le haghaidh ailtireacht idir-inoibritheachta agus córais nua,

⁷⁷ *Rialachán (AE, Euratom) 2023/2841* lena leagtar síos bearta le haghaidh **ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála** in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe
	■ moltaí ó Sheirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin (IAS), ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS), ó chleachtaí/measúnuithe eile dúnta, ■ feabhas curtha ar chreat slándála eu-LISA agus comhairle maidir leis an mbeartas slándála curtha ar fáil.

AISTRIÚ SEIRBHÍSE AGUS UATHOIBRIÚ

Tá rialú cáilíochta rithábachtach d'fhonn tacú le forbairt agus oibríochtaí córais – a sheachadtar trí athrú oibríochtúil, aistriú, scaoileadh agus bainistiú cur chun úsáide – agus lena chinntiú go bhfanfaidh gach feidhmchlár oiriúnach don fheidhm ar feadh a shaolré. Ina theannta sin, chun éifeachtúlacht a bharrfheabhsú agus costais a optamú, leanann an Ghníomhaireacht de thascanna atriallacha, dlúthshaothair agus fadálacha a uathoibriú.

Eochair-bhuaicphointí

Grúpa Gníomhaíochtaí Aistrithe (TAG) curtha ar bun

Cleachtadh comhpháirteach EES, VIS do EES agus sBMS um theacht i bhfeidhm

Réiteach nua uirlis ITSM roghnaithe

Eochairtháscairí feidhmíochta⁷⁸

Foinse: Tuarascálacha inmheánacha



75 %

ATHRUITHE OIBRÍOCHTÚLA CURTHA CHUN FEIDHME

DE RÉIR SPRICE

Aistriú seirbhíse

Cuireann an Ghníomhaireacht athruithe teicniúla chun feidhme go leanúnach chun córais a choinneáil cothrom le dáta nó chun feidhmiúlachtaí nua a úsáid, ag brath ar riachtanais na ngeallsealbhóirí. D'fhonn sláine na gcóras atá ann cheana a chosaint agus an tionchar ar sheachadadh seirbhíse a íoslaghdú (i.e. feidhmíocht agus infhaighteacht), lean eu-LISA de chur chuige ní ba sholúbtha a ghlacadh maidir le scaoileadh agus bainistiú athruithe oibríochtúla. I rith 2024 díródh ar aistriú i bhfeidhm EES mar aon le sBMS agus VIS do EES. D'fhonn comhordú níos cuíchóirithe a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí aistrithe leis na Ballstáit, agus le Europol, bhunaigh an Ghníomhaireacht an **Grúpa Gníomhaíochtaí Aistrithe (TAG)**.⁷⁹ Cuirfear an cur chuige sin i bhfeidhm freisin maidir leis na gníomhaíochtaí aistrithe le haghaidh ECRIS-TCN agus ETIAS.

Uirlisí seirbhíse oibríochtúla

D'fhonn tacú le faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chórais faisnéise CGB leanann eu-LISA d'fheabhas a chur ar a uirlisí seirbhíse oibríochtúla chun freagrúlacht a fheabhsú agus **tacaíocht oibríochtúil ardcháilíochta a sholáthar** trí uirlisí chun faireachán a dhéanamh ar chórais, ticéadú, tuairisciú, bainistiú imeachtaí. Go háirithe ag bogadh i dtreo éiceachóras cuimsitheach TF – agus leas á bhaint as cumais IS agus meaisínfhoghlama – thug eu-LISA taispeántas den **chóras bainistithe imeachtaí** nua isteach chun faireachán agus bainistiú fíor-ama a dhéanamh ar imeachtaí ar fud na gcóras agus an bhonneagair uile, arb é is aidhm dó aga freagartha a laghdú agus réiteach teagmhas níos tapúla a éascú. Ag an am céanna, thosaigh eu-LISA ar **uirlis ticéadaithe nua** a chur chun feidhme chun saincheisteanna a réiteach ar bhealach níos éifeachtúla, agus d'fhonn eispéireas an chustaiméara a fheabhsú.

⁷⁸ **SIS**: 95.5 % (laghdú, tuilleadh teagmhas: bainistiú eisiúna); **VIS**: 99 % (méadú), an líon ab airde riamh; **Eurodac**: 99 %, an líon ab airde riamh.

⁷⁹ Is meitheal é an Grúpa Comhairleach Idirthréimhseach (TAG) do phobal VIS agus EES chun plé a dhéanamh ar an ullmhúchán teicniúil agus eagraíochtúil le dul beo le EES, VIS4EES agus sBMS; Tuairiscíonn TAG do Ghrúpaí Comhairleacha VIS agus EES.

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail

Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Uirlisí seirbhíse oibríochtúla

Eochairchuspóirí:

- uirlisí ardcháilíochta a chur ar fáil le haghaidh tacaíocht oibríochtúil,
- tús a chur le cur chun feidhme an chórais bainistithe imeachtaí lena n-áirítear foláirimh uathobrithe le haghaidh faireacháin.

Uirlisí seirbhíse oibríochtúla – riarachán

gnó mar is gnách

Seachadta

- riarachán agus saincheapadh curtha ar fáil, lena n-áirítear riarachán teicniúil le haghaidh uirlisí,
- tacaíocht tugtha d'úsáideoirí deiridh agus oiliúint curtha ar fáil.

Uirlisí seirbhíse oibríochtúla – cothabháil

gnó mar is gnách

Seachadta

- cothabháil éifeachtach leanúnach, lena n-áirítear ceadúnais,
- tacaíocht díoltóra do riarthóirí i dtaobh cur i bhfeidhm athruithe.

SiMS – imscaradh ag BCU

gnó mar is gnách

Seachadta

- comhpháirteanna SiMS a curtha chun úsáide ag BCU (scáileáin nua agus monatóireacht curtha ar bun).

Córas Bainistithe Teagmhas a chur chun feidhme

tionscadal: seachadadh 2024

dáta seachadta nuashonraithe de 2025

Curtha siar

- raon feidhme leathnaithe chun gnéithe nua a ionchorprú,
- tús curtha le cur i bhfeidhm córais bainistithe imeachtaí.

Feabhsuithe ar an gCóras Bainistithe Teagmhas

seachadadh tionscadail: 2026

Eile

- tús le cur leis an ngníomhaíocht tar éis theacht i bhfeidhm an chórais nua bainistithe imeachtaí.

Athsholáthar uirlis ITSM

seachadadh tionscadail: 2026

Ar siúl

- roghnú na huirlise nua ITSM curtha i gcrích (ServiceNow, SNOW),
- anailís leanúnach ar na próisis ITSM atá ann cheana,
- cur chun feidhme phróisis ITSM san uirlis nua.

Aistriú seirbhíse

Eochairchuspóirí:

- tacú le cothabháil do gach córas agus do bhonneagar CGB,
- uirlisí agus próisis inmheánacha a chomhdhlúthú chun cur chuige níos solúbtha a ghlacadh maidir le scaoileadh agus bainistiú athraithe.

Bainistiú athraithe oibríochtúil

gnó mar is gnách

Seachadta

- cáilíocht, pleanáil, cur chun feidhme, athbhreithniú iar-chur chun feidhme,
- córais nua (EES agus sBMS) agus conraitheoirí ionductaithe san uirlis ITSM,
- ullmhúcháin leanúnacha do ETIAS, comhpháirteanna idir-inoibritheachta, ECRIS-TCN.

Bainistiú eisiúna agus cur chun úsáide

gnó mar is gnách

Seachadta

- próiseas geata cáilíochta dá chuid féin curtha chun feidhme bunaithe ar phíblínte DevSecOps (le haghaidh tógála agus cur chun úsáide),
- eisiúintí curtha chun feidhme (i.e. na feidhmiúlachtaí agus na paistí is déanaí),
- cur chuige lúfar agus uathobrithe maidir le bainistiú scaoilte curtha chun feidhme .

Teacht i mbun oibríochta

gnó mar is gnách

Seachadta

- curtha ar fáil a mhéid is féidir agus moilleanna le EES á gcur san áireamh,
- gníomhaíochtaí aistrithe comhordaithe (lena n-áirítear an grúpa aistrithe) agus tacaíocht curtha ar fáil do chleachtadh le haghaidh teacht i bhfeidhm do EES, sBMS agus VIS do EES.

TEICNEOLAÍOCHT AGUS INNEALTÓIREACHT BOGEARRAÍ

Cuireann an Ghníomhaireacht feabhas leanúnach ar a cumais chun táirgeadh a chuíchóiriú agus chun dlús a chur le seachadadh feidhmchlár nua, chomh maith le húinéireacht ar theicneolaíocht nua-fhorbartha a mhéadú. Mar chuid de bhealach nua oibre eu-LISA déantar córais nua a fhorbairt go himheánach den chuid is mó in ionad iad a sheachfhoinsiú chuig soláthraithe seachtracha. Chun éifeachtúlacht mhéadaithe, comhsheasmhacht níos fearr, inscálaitheacht agus cáilíocht a áirithiú i bhfeidhmchláir bhogearraí fhorbartha, sheol eu-LISA tionscnamh na Monarchan Bogearraí (SoFa), lena gcuirtear creat caighdeánaithe ar fáil d'fhorbairt bogearraí lúfar agus atriallach, mar aon le sraith uirlisí agus cleachtas lena gcumhdaítear saolré iomlán na forbartha bogearraí (SDLC). D'fhonn a áirithiú go mbeidh gach córas agus gach eisiúint nua oiriúnach don fheidhm, agus go mbeidh siad i gcomhréir leis na hionchais cháilíochta ábhartha, déanann eu-LISA maoirseacht ar thástáil chuimsitheach le haghaidh réitigh bogearraí agus seirbhísí a chomhtháthú.

Eochair-bhuaicphointí

VIS le haghaidh ardán táirgthe EES agus sBMS curtha chun feidhme

Fís Ailtireachta seachadta

Grúpa saineolaithe tástála idir-inoibritheachta curtha ar bun

Eochairtháscairí feidhmíochta⁸⁰

Foinse: Tuarascálacha achoimre tástála. Tuarascálacha inmheánacha



90 %

FEACHTAIS TÁSTÁLA TUGTHA CHUN CRÍCHE DE RÉIR SCEIDIL

DE RÉIR SPRICE



95 %

CUMHDACH IOMLÁN NA gCEANGLAS INTÁSTÁILTE

DE RÉIR SPRICE

Réitigh agus ailtireacht

D'fhonn ardcháilíocht na réiteach agus na bhfeidhmchlár forbartha a áirithiú, lean eu-LISA de dhearadh ailtireachta gach tionscnaimh forbartha a ailíniú i gcomhréir leis an straitéis teicneolaíochta inmheánach. In 2024 chuir eu-LISA a **Fhís Ailtireachta** ar fáil, lena sainítear bloic thógála idir-inoibritheachta, agus lena mbunaítear caighdeán do gach córas.

Innealtóireacht bogearraí

Chun cáilíocht na mbogearraí riachtanacha a áirithiú (dearadh feidhmchláir, cáilíocht cód foinse), agus spleáchas ar chonraitheoirí atá á bhforbairt á laghdú ag an am céanna, lean eu-LISA d'fheabhas a chur ar chumais inmheánacha le píblínte tógála agus imscartha le huirlisí DevSecOps agus dhírigh sé a chuid iarrachtaí ar uathoibriú tríd an bpíblíne CI/CD (comhtháthú, seachadadh agus imscaradh leanúnach) chun earráidí a laghdú, éifeachtúlacht agus an t-am imscartha d'fheidhmchláir nua a fheabhsú. Chun tacú le teacht i bhfeidhm na gcóras atá ar na bacáin **chuir an Ghníomhaireacht ardán táirgthe CI/CD chun feidhme le haghaidh VIS do EES agus sBMS.**

Dearbhú cáilíochta agus tástáil

In 2024 rinne an Ghníomhaireacht a tacaíocht tástála a iompú ina **feidhm chuimsitheach dearbhaithe cáilíochta** trí aistriú chuig ailtireacht néaldhúchasach agus trí phrionsabail ní ba sholúbtha a ghlacadh d'fhonn bainistiú tástála agus cáilíochta a dhéanamh. Go háirithe, d'fhonn tuairisciú agus láimhseáil fabhtanna agus saincheisteanna a bhaineann le tástáil a chuíchóiriú, sheol eu-LISA uirlisí tástála néalbhunaithe d'fhonn feidhmchláir ghréasáin agus feidhmchláir mhóibíleacha a thástáil, ar mhaithe le leibhéil arda uathoibrithe agus éifeachtúlachta a bhaint amach. Trí pháirt a thabhairt do na Ballstáit go luath sa phróiseas tástála, is féidir saincheisteanna a shainathint níos luaithe, agus ar an gcaoi sin an t-ualach ar an gcéim tástála deiridh a laghdú; de bhrí go méadóidh aiseolas atriallach agus réiteach níos tapúla ar shaincheisteanna cáilíocht fhoriomlán an chórais.

I rith na bliana thacaigh an Ghníomhaireacht le gníomhaíochtaí tástála le haghaidh EES, VIS, sBMS, ETIAS, ECRIS-TCN agus idir-inoibritheachta d'fhonn a áirithiú go seachadtar na táirgí agus na seirbhísí go léir de réir na cáilíochta, an luacha agus na cobhsaíochta atá beartaithe.

⁸⁰ **SIS**: 95.5 % (laghdú, tuilleadh teagmhas: bainistiú eisiúna); **VIS**: 99 % (méadú), an líon ab airde riamh; **Eurodac**: 99 %, an líon ab airde riamh.

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail

Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Réitigh agus feidhmchláir

Eochairchuspóirí:

- feidhmíocht éifeachtúil agus leanúnach an ardáin bainistithe saolré feidhmchlár (ALM),
- ardchaighdeán i ndearadh feidhmchlár le haghaidh oibríochtaí córas gnó lárnacha.

Seirbhísí bainistithe feidhmchláir

gnó mar is gnách

Seachadta

- cáilíocht dhearadh an fheidhmchláir a áirithiú.

Tacaíocht d'ardán bainistithe saolré feidhmchláir agus uirlisí gaolmhara

gnó mar is gnách

Seachadta

- cinntíodh feidhmíocht an ardáin ALM le haghaidh tástálacha, eisiúna agus cothabhála.

Dearbhú cáilíochta agus tástáil

Eochairchuspóirí:

- uirlisí agus próisis inmheánacha a chomhdhlúthú chun cur chuige níos solúbtha a ghlacadh i leith bainistiú tástála agus cáilíochta, lena n-áirítear feabhas a chur ar uirlisí Saolré Forbartha Córas (SDLC),
- feachtais tástála a dhearadh agus a chur chun feidhme le haghaidh na n-oibríochtaí cothabhála agus forbartha uile.

Bainistiú tástála

gnó mar is gnách

Seachadta

- bainistiú tástála le haghaidh SIS, VIS, Eurodac, EES, sBMS, ETIAS, ECRIS-TCN agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta,
- cruinnithe comhordúcháin rialta chun beartais agus nósanna imeachta tástála a ailíniú, lena n-áirítear grúpaí saineolaithe tástála (EES-VIS, ETIAS, idir-inoibritheacht agus ECRIS-TCN),
- uirlisí tástála bainistithe, lena n-áirítear uirlisí tástála néalríomhaireachta.

Ailtireacht fiontraíochta

Eochairchuspóirí:

- ailtireacht idir-inoibritheachta a fhorbairt do chórais ghnó lárnacha atá ann cheana féin agus a bheidh ann amach anseo; caighdeán ailtireachta a bhunú; eintiteas sonraí/feidhm ghnó a shamhaltú; mairís malartaithe faisnéise a fhorbairt; Leibhéal Aibíochta Fiontraíochta a mhéadú.

Contanam Ailtireachta Fiontraíochta

gnó mar is gnách

Seachadta

- Ailtireacht Fiontraíochta curtha chun feidhme, lena n-áirítear Catalóg Teicneolaíochta agus Straitéis Teicneolaíochta eu-LISA a thabhairt cothrom le dáta, agus Fís Ailtireachta curtha ar fáil;
- próiseas/seirbhísí Ailtireachta Fiontraíochta (céim chontanaim) fós á sainmhíniú,
- oiliúint maidir le hAiltireacht Lúfaireachta an Ghrúpa Oscailte chun feabhas a chur ar lúfaireacht na ndéantán ailtireachta.

TACAÍOCHT DON CHOIMISIÚN EORPACH AGUS DO NA BALLSTÁIT

Tacaíonn an Ghníomhaireacht leis an gCoimisiún, leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais maidir le córais faisnéise CGB a ullmhú, a fhorbairt agus a oibríochtú. Lean an Ghníomhaireacht de bheith ag bainistiú agus ag forbairt tuilleadh na gcóras TF faoina sainordú, agus sheachaid sí tascanna agus seirbhísí a leagtar síos sna rialacháin is infheidhme, lena n-áirítear oiliúint rialta do gach úsáideoir deiridh maidir le húsáid theicniúil córas CGB. In 2024 ní bhfuair eu-LISA aon iarraidh ón gCoimisiún ná ó na Ballstáit faoi Airteagal 9 agus Airteagal 16 den Rialachán lena mbunaítear é.

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail

Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Tacaíocht don Choimisiún agus do na Ballstáit

Eochairchuspóirí:

- tacú leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais maidir le córais faisnéise CGB a chuirtear de chúram ar eu-LISA a ullmhú, a fhorbairt nó a oibríochtú.

Tacaíocht don Choimisiún agus do na Ballstáit

ad hoc, de réir mar a iarrtar

Eile

- ní dhearna an Coimisiún ná na Ballstáit aon iarrataí faoi Airteagal 9 agus Airteagal 16 den Rialachán bunaidh.

GRÚPAÍ COMHAIRLEACHA, CRUINNITHE AGUS MISIN

Thacaigh an Ghníomhaireacht le hobair chomhlachtaí rialachais eu-LISA agus chomhordaigh sí í trí chruinnithe de Ghrúpaí Comhairleacha eu-LISA a eagrú (i.e. SIS, VIS, Eurodac, EES-ETIAS, ECRIS-TCN, Idir-inoibritheacht, e-CODEX agus CP JITanna), Boird Bainistíochta Cláir, chomh maith le comhar agus meithleacha éagsúla eile, agus chomhordaigh sí a gcuid oibre agus plé laethúil d'fhonn ailíniú le riachtanais na ngeallsealbhóirí a áirithiú.

Eochair-bhuaicphointí

sástacht de 98.8 % le tacaíocht do pháirtithe leasmhara

Eagraíodh 58 gcuinniú den Ghrúpa Comhairleach agus 48 gcuinniú den Bhord Bainistíochta Cláir

Reáchtáladh an chéad chruinniú do CP JITanna den Bhord Bainistíochta Cláir

Eochairtháscairí feidhmíochta⁸¹

Foinse: Suirbhé sástachta geallsealbhóirí



I rith 2024 chuir eu-LISA tacaíocht ardcháilíochta ar fáil do na Grúpaí Comhairleacha agus do na Boird Bainistíochta Cláir uile, lena n-áirítear grúpaí oibre agus comhair, ceardlanna teicniúla agus cruinnithe tiomnaithe *ad hoc* leis na Ballstáit. D'eagraigh an Ghníomhaireacht gach cruinniú sceidealaithe, lena n-áirítear dhá chruinniú urghnácha (cruinniú amháin le haghaidh Eurodac tar éis ghlacadh an Rialacháin athmhúnaithe, agus cruinniú eile do e-CODEX chun an néalréiteach a phlé). Ina theannta sin in 2024 d'eagraigh an Ghníomhaireacht an chéad chruinniú den Bhord Bainistíochta Cláir do CP JITanna.

Deimhníodh sa suirbhé bliantúil ar shástacht geallsealbhóirí **ardchaighdeán na tacaíochta do pháirtithe leasmhara**, agus **ráta sástachta de 98.8 %** bainte amach – an toradh ab airde riamh. Leag páirtithe leasmhara béim ar dhea-chumarsáid, ar dhea-chomhar agus ar éifeachtúlacht na tacaíochta, rud lena ndeimhnítear cáilíocht idirghníomhaíocht eu-LISA le páirtithe leasmhara.

Dul chun cinn i dtaobh cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail

Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Grúpaí Comhairleacha agus cruinnithe eile

Eochairchuspóirí:

- tacaíocht ardcháilíochta do Ghrúpaí Comhairleacha, do Bhoird Bainistíochta Cláir, lena n-áirítear meithleacha agus ceardlanna teicniúla.

Tacaíocht riaracháin do Ghrúpaí Comhairleacha

gnó mar is gnách

Seachadta

- cruinnithe eagraithe agus tacaíocht curtha ar fáil lena linn, ina measc grúpaí oibre, agus grúpaí comhair, ceardlanna teicniúla agus imeachtaí *ad hoc* de réir mar a d'iarr na geallsealbhóirí (58 gcuinniú den Ghrúpa Comhairleach, cruinniú urghnách Eurodac san áireamh),
- faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme cinntí agus ar thorthaí na gcuinnithe.

Tacaíocht riaracháin do Bhoird Bainistíochta Cláir

gnó mar is gnách

Seachadta

- cruinnithe eagraithe agus tacaíocht curtha ar fáil lena linn, ina measc obair leantach ar mholtaí agus ar chinntí (48 gcuinniú PMB, cruinniú urghnách e-CODEX san áireamh).

Tacaíocht riaracháin do chruinnithe agus do mhisin eile

gnó mar is gnách

Seachadta

- tacaíocht curtha ar fáil i dtaobh misin foirne, ina measc comhdhálacha, imeachtaí, seisiúin faisnéise do pháirtithe leasmhara.

⁸¹ **SIS**: 95.5 % (laghdú, tuilleadh teagmhas: bainistiú eisiúna); **VIS**: 99 % (méadú), an líon ab airde riamh; **Eurodac**: 99 %, an líon ab airde riamh.

1.9. GNÍOMHAÍOCHTAÍ CORPARÁIDEACHA

RIALACHAS

Rialachas agus comhlíonadh

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta don chomhlíonadh is déine le creat rialála an Aontais a áirithiú, agus do rialachas atá fóna, trédhearcach agus cuntasach a fhorfheidhmiú. D'fhonn a chuspóirí bliantúla agus ilbhliantúla agus ionchais na bpáirtithe leasmhara a bhaint amach, leanann eu-LISA de dhlús a chur lena iarrachtaí maidir le feidhmíocht éifeachtach trína rialachas a fheabhsú, a acmhainní agus a chumais a ailíniú, agus cinnteoireacht shonraibhunaithe a chothú.

Eochair-bhuaicphointí

ráta cur chun feidhme 97 % le haghaidh moltaí iniúcháireachta atá fós gan réiteach

Straitéis Rialaithe Inmheánaigh glactha

An chéad tuarascáil inbhuanaitheachta riamh foilsithe

Eochairtháscairí feidhmíochta^{82/83}

KPI	Sprioc	Luach amhail an 31.12.2024	Stádas	Foinse sonraí
Iniúchadh				
Céatadán (%) de na moltaí iniúcháireachta curtha chun feidhme laistigh de na spriocdhátaí a leagadh síos, astu siúd:				
ríthábhachtach	100%	moltaí ríthábhachtacha ar bit	De réir sprice	Tuarascáil Gníomhaíocht a IAC
an-tábhachtach	≥90%	95%		
tábhachtach	≥80%	100%		
Líon na moltaí atá fós le réiteach mar aon leis an méid ama lena mbaineann, astu siúd:				
níos lú ná 6 mhí	≤4	0	De réir sprice	Tuarascáil Gníomhaíocht a IAC
idir 6 mhí agus 1 bhliain	≤2	0		
níos mó ná 1 bhliain	≤1	1		
Cosaint sonraí				
Líon na n-iarratas comhlíonta ar chomhairle DPO a fuarthas ó úinéirí gnó	80% curtha isteach go luath	70%	Faoi bhun sprice ⁸⁴	Bunachair sonraí inmheánacha DPO
	60% comhlíonta	55%		
	60% comhlíonta laistigh den aga ama comhaontaithe	45%		

Rialachas

I rith 2024 d'áirithigh an Ghníomhaireacht go raibh creat rialála agus dea-chleachtais rialachais an Aontais á gcomhlíonadh go córasach trí chumais bainistithe straitéiseacha a neartú, agus feidhmíocht agus comhlíonadh á n-áirithiú ag an am céanna trí bhainistiú cáilíochta agus trí rialuithe inmheánacha feidhmiúla. Lean an Ghníomhaireacht dá córas rialaithe inmheánaigh a neartú, mar aon le plean gníomhaíochta an Chomhchreata Measúnaithe (CAF) a chur chun feidhme. Rinne an Ghníomhaireacht a measúnú bliantúil ar an gcreat rialaithe inmheánaigh agus bhunaigh sí córas um fhaireachán leanúnach a dhéanamh ar easnaimh sainaitheanta. Ina theannta sin ghlac eu-LISA a **Straitéis Rialaithe Inmheánaigh** d'fhonn réimsí ina bhfuil na príomhlaigí ag tarlú

⁸² Níl KPI measúnaithe tionscadail ar fáil. In 2024 chuir eu-LISA dhá thionscadal inmheánacha TF i gcrích; níor cuireadh aon 'tionscadail chaighdeánacha' i gcrích, go príomha mar gheall ar mhoill ar chur chun feidhme EES agus idirspéachais le cláir/tionscadail eile. Ós rud é go sloinntear an luach KPI seo mar mheánchéatadán d'athruithe (i dtéarmaí costas, sceidil agus raon feidhme), agus gan ach dhá thionscadal inmheánacha faoi raon feidhme, ní féidir a mheas go bhfuil ríomh KPI le haghaidh 2024 ábhartha. *De réir na modheolaíochta inmheánaí um bainistiú tionscadal, is éard is 'tionscadal caighdeánach' ann gníomhaíocht nach mór di na critéir seo a leanas a chomhlíonadh: (sealadach AGUS uathúlacht) AGUS ((buiséad AGUS fad) NÓ iarracht)) i gcás buiséad de >300 000.00, fad de >3 mhí agus iarracht de >3 FTE.

⁸³ Níl KPI bainistithe tionscadail ar fáil. Cuireadh tús le hathrú ar mhodheolaíocht bainistithe tionscadal in 2023 agus cuireadh i bhfeidhm é in 2024 leis an gcur chuige rabharta agus tabhairt isteach prionsabal lúfar um bainistiú na dtionscadal. Dá bhrí sin níl an KPI seo, a bhaineann le comhlíonadh na dtionscadal críochnaithe chun déantáin Prince 2 a úsáid le linn na saolré, bailí a thuilleadh.

⁸⁴ Níor baineadh na táscairí amach mar gheall ar athruithe struchtúracha suntasacha.

a neartú.

Chun feabhas a chur ar a fhorbairt eagraíochtúil, ar a fheidhmíocht agus ar a cháilíocht rialachais ar gach leibhéal, ghlac eu-LISA **plean gníomhaíochta bainistithe straitéisigh** d'fhoill bainistiú agus seachadadh na gcóras atá faoina shainchúram a fheabhsú trí bhealaí nua oibre a ghlacadh, comhlíonadh a neartú, dul chun cinn teicneolaíoch nua a ionchorprú (néal ceannasach, IS), mealladh agus coinneáil tallainne, agus an caidreamh lena gheallsealbhoirí, a fheabhsú.

D'fhoill príomhphróisis agus príomhnósanna imeachta inmheánacha a bharrfheabhsú, agus d'fhoill leas a bhaint as an uathobriú agus as an gclaohlú digiteach i gcoitinne, rinne eu-LISA **staidéar ar dhigitiú féideartha na bpróiseas**. Chomh maith le seachadadh na ndoiciméid reachtúil go léir d'fhoilligh an Ghníomhaireacht a **chéad Tuarascáil Inbhuanaitheachta riamh** lena leagtar béim ar a hiarrachtaí i réimsí an chomhshaoil, an rialachais agus i réimsí sóisialta — rud ag leagann síos bunús láidir d'fheabhsuithe amach anseo agus do nochtáil leathnaithe.⁸⁵

Cosaint sonraí

Lean an Ghníomhaireacht de na caighdeáin ab airde slándála faisnéise agus cosanta sonraí a chur i bhfeidhm maidir leis na sonraí agus an fhaisnéis a mbainistíonn sí, agus é á ráthú aici ag an am céanna go raibh próiseáil faisnéise pearsanta cothrom agus dleathach, i gcomhréir leis an dlí um chosaint sonraí, lena n-áirítear forálacha sonracha do gach córas mórsála TF. Thug eu-LISA an **t-athbhreithniú ar chomhlíonadh cosanta sonraí EES agus sBMS** i gcrích, go háirithe. Deimhníodh le meastóireacht tomhais cruinnis sBMS go raibh moltaí an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS) maidir le caighdeáin eiticíúla agus cosaint cearta aonair á gcomhlíonadh — rud lenar leagadh síos tagarmharc ó thaobh na cosanta sonraí de i gcórais bhithmhéadracha ar fud an Aontais.

Ina theannta sin dhírigh an Ghníomhaireacht freisin ar dhul i ngleic leis na **dúshláin is nó a bhaineann le cosaint sonraí: prionsabail maidir le ‘príobháideachas trí dhearach’ agus ‘príobháideachas trí réamhshocrú’** a leabú i bhforbairt na gcóras TF ar mhórsála (ETIAS agus creat idir-inoibritheachta) agus bearta a shainiú chun rioscaí sainaitheanta a mhaolú, d'fhoill a bheith ag obair i dtreo réitigh éifeachtacha agus chomhlíontacha lena n-áiríthítear urraim do phríobháideachas agus do shonraí pearsanta.

Lean an Ghníomhaireacht freisin de thacaíocht a thabhairt do chigireachtaí MECS agus de bheith ag comhoibriú le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais d'fhoill dea-chleachtais a chur chun cinn i réimse na cosanta sonraí. I rith na bliana rinne an Ghníomhaireacht faireachán ar chur chun feidhme na moltaí atá fós gan réiteach ó MECS agus thacaigh sí le **cigireacht MECS ar VIS** chun measúnú a dhéanamh ar a chomhlíontacht le rialacháin cosanta sonraí agus le bearta slándála TF.

Cumas iniúchóireachta inmheánaí

I rith 2024 lean eu-LISA d'fheabhas a chur ar a chreat rialachais, d'fheabhas a chur ar an gcóras rialuithe inmheánacha, agus d'áirithiú go mbeadh tuiscint leordhóthanach ag na geallsealbhoirí ar rioscaí iarmharacha. Dhírigh an Ghníomhaireacht ar **bhreith suas le moltaí iniúchóireachta atá fós gan réiteach a chur chun feidhme**, go háirithe, rud a raibh mar thoradh air dúnadh éifeachtach na moltaí ba thábhachtaí agus ba shine gan a thuilleadh moille, agus ar baineadh amach ráta cur chun feidhme an-ard de 97 % faoi dheireadh na bliana dá bharr. In 2024 d'éirigh le eu-LISA a phlean iniúchóireachta inmheánaí (92.3 %) a chur chun feidhme, agus níor cuireadh ach iniúchadh amháin siar go dtí 2025: Athbhreithniú forbartha ETIAS.

Dul chun cinn de réir cúraimí agus tionscadail

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe
Rialachas	
Eochairchuspóirí:	
■ acmhainní agus cumais a ailíniú le cuspóirí straitéiseacha, ■ cumais rialaithe inmheánaigh agus bainistithe cáilíochta a neartú, ■ dea-chleachtais rialachais a chur chun feidhme agus cinnteoireacht shonraíbhunaithe a chothú.	
Rialachas corparáideach, comhlíonadh agus bainistiú cáilíochta gnó mar is gnách	Seachadta ■ measúnú curtha i gcrích ar éifeachtacht an Chreata Rialaithe Inmheánaigh (ICF), an Straitéis Rialaithe Inmheánaigh glactha, clár le haghaidh eisceachtaí agus teagmhais neamhchomhlíonta coinnithe ar bun, ■ córas bainistithe cáilíochta curtha chun feidhme, lena comhordú an Bhoird Cáilíochta san áireamh, ■ gníomhaíochtaí comhordaithe straitéise fadtéarmaí, clársceidealaithe agus tuairiscithe,

⁸⁵ Tuarascáil Inbhuanaitheachta eu-LISA 2023, Iúil 2024.

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe ■ feabhas curtha ar éifeachtacht na bpróiseas rialachais, cairteacha le haghaidh foranna san áireamh, ■ faireachán déanta ar rioscaí corparáideacha.
Rialachas, pleanáil agus tuairisciú na roinne oibríochtaí gnó mar is gnách	Seachadta ■ cur leis an bpróiseas pleanála agus tuairiscithe bliantúil/ilbhliantúil, gníomhaíochtaí oibríochtúla a ailíniú agus rannchuidiú le tograí reachtacha nua san áireamh.
Creat seirbhíse agus próisis eu-LISA gnó mar is gnách	Seachadta ■ bainistiú na catalóige táirgí agus seirbhísí (PSCAT), ■ tuarascáil bhliantúil ar KPIanna próisis curtha ar fáil, ■ próiseas bainistithe eolais neartaithe le huirilis thiomnaithe, ■ staidéar curtha i gcrích ar dhigitiú, uathobriú agus meastóireacht phróisis eu-LISA.
Feabhas leanúnach a chur ar sheirbhísí agus ar phróisis eu-LISA seachadadh tionscadail: 2026	Ar siúl ■ seirbhís agus próisis athbhreithnithe agus nuashonraithe, eochairtháscairí feidhmíochta gaolmhara san áireamh, ■ catalóg Táirgí agus Seirbhísí eu-LISA nuashonraithe, ■ cothabháil agus feabhsú an chlár feabhsaithe seirbhíse.
Cumas Bainistithe Clár agus Tionscadal (PPM) gnó mar is gnách	Seachadta ■ ionchuir comhordaithe le haghaidh tuarascálacha míosúla (PMB) agus tuarascálacha dul chun cinn leathbhliantúla chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, ■ modheolaíocht PPM forbartha, lena n-áirítear seiceáil bhliantúil ar chomhlíonadh, uirlisí PPM (punanna Planview, ProjectPlace) agus cáilíocht sonraí, ■ lúfaireacht gnó bainte amach le creat solúbtha scálaithe, lena n-áirítear tacaíocht do rialachas tionscadail de réir bealach nua oibre (i.e. EES agus Eurodac).
Cúraimí cothrománacha corparáideacha gnó mar is gnách	Seachadta ■ Bainistiú agus comhordú ranna agus aonad, tacaíocht tugtha dóibh.
Comhlíonadh	
Eochairchuspóirí: ■ comhlíonadh na gceanglas rialaithe inmheánaigh uile ab infheidhme a áirithiú, lena n-áirítear moltaí iniúcháireachta a chur chun feidhme, ■ comhlíonadh na gcaighdeán, na gceanglas agus na rialachán ábhartha uile maidir le cosaint sonraí a áirithiú.	
Iniúcháireacht inmheánach gnó mar is gnách	Seachadta ■ scéala curtha chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, an Bord Bainistíochta agus ACFC maidir le conclúidí iniúcháireachta agus moltaí cur chun feidhme, lena n-áirítear tuarascáil bhliantúil IAC, ■ iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha comhordaithe, lena n-áirítear faireachán ar mholtaí iniúcháireachta oscailte, ■ próisis rialaithe inmheánaigh mheasúnaithe, rialuithe próisis ghnó agus rioscaí gaolmhara, lena n-áirítear straitéis frithchaloise, an próiseas sceithireachta, clár trédhearcachta.
Cosaint sonraí gnó mar is gnách	Seachadta ■ gníomhaíochtaí próiseála sonraí a ndearnadh faireachán orthu agus a treisíodh, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar phróisis agus ar rialuithe cosanta sonraí, moltaí a chur chun feidhme, clár cosanta sonraí a bhainistiú, tuarascálacha bliantúla agus stádaí a chur ar fáil,⁸⁶ ■ tacaíocht tugtha d'iniúchtaí, lena n-áirítear dul i gcomhairle le hiarrataí ó MECS agus freagairt dóibh, ■ páirt glactha i bhfórim ábhartha (e.g. líonraí, institiúidí agus comhlachtaí an Aontais).

⁸⁶ Tuarascáil Bhliantúil Oibre 2023 ó Oifigeach Cosanta Sonraí eu-LISA.

Bainistiú geallsealbhóirí agus cumarsáid leo

D'fhoilligh infheictheacht agus íomhá eu-LISA mar chomhpháirtí iontaofa ina réimsí saineolais a chothabháil agus a threisiú lean an Gníomhaireacht de dhlúthchomhar a chothú lena geallsealbhóirí i réimse CGB an Aontais, go háirithe leis na Ballstáit, le tíortha comhlachaithe Schengen, le hinstiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus leis an tionscal (lena n-áirítear iompróirí paisinéirí). Sa chreat sin cuireann eu-LISA faisnéis agus saineolas ar fáil i gcúrsaí teicniúla maidir le tionscnaimh reachtach ábhartha trí thacú le geallsealbhóirí i mbainistiú éilimh agus in anailís ghnó a dhéanamh. Ina theannta sin feabhsaíonn an Gníomhaireacht a cumarsáid phoiblí chun trédhearcacht a áirithiú agus chun an fhor-rochtain le haghaidh múscailt feasachta a leathnú.

Eochair-bhuaicphointí

Uachtaránacht Líonra
Gníomhaireachtaí CGB 2024

Tionscnaimh bainistithe
éilimh seolta

An chéad suíomh gréasáin
nua riamh de chuid eu-LISA le
haghaidh eispéireas
feabhsaithe don úsáideoir

Príomhtháscairí feidhmíochta

KPI	Sprioc	Luach amháil an 31.12.2024	Stádas	Foinse sonraí
Tionchar chumarsáid sheachtrach eu-LISA				
Leantóirí nua ar na meáin shóisialta	+200 in aghaidh an ardáin in aghaidh na bliana	LinkedIn: +5262 X: +235 Facebook: +651 YouTube: +98	De réir sprice ⁸⁷	anailísíocht ghréasáin agus meán sóisialta
Ráta sástachta imeachtaí rannpháirtíochta	> 90%	níor eagraíodh ceann in 2024	Eile	cinneadh ón mbainistíocht
Ráta bliantúil rannpháirtíochta i gcomhdhálacha	>95%	níor eagraíodh ceann in 2024	Eile	cinneadh ón mbainistíocht
Ráta rannpháirtíochta i gcruinnithe comhchéime tionscail	líon na rannpháirtithe ar líne ≥130	≥100%	De réir sprice	Cruinnithe comhchéime tionscail
Tionchar chumarsáid inmheánach eu-LISA				
Ráta rannpháirtíochta:	>51%	52%	De réir sprice	Suirbhé bliantúil ar shástacht
Ráta sástachta	>70%	92%	De réir sprice	Suirbhé bliantúil ar shástacht

Comhpháirtíocht leis na Ballstáit, agus le hinstiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais

Lean an Gníomhaireacht de dhlúth-chomhpháirtíochtaí cuiditheacha a chothú leis na Ballstáit, agus le hinstiúidí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, agus páirt ghníomhach á glacadh aici i bplé teicniúil agus straitéiseach, agus trí thacú leis an bpróiseas reachtach agus ceaptha beartas i réimse CGB, go háirithe leis an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile (**AS HOME**) agus leis an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí (**AS JUST**). I mí Lúnasa 2024 chuir eu-LISA fáilte roimh an gCoimisinéir Eorpach um Gnóthaí Baile, Ylva Johansson, ag a cheanncheathrú i dTaillinn na hEastóine agus ag a láithreán oibríochtúil in Strasbourg na Fraince. Choinnigh an Gníomhaireacht dlúthchaidreamh oibre ar bun leis na Ballstáit ag a raibh Uachtaránacht rothlach na Comhairle, i.e. an Bheilg agus an Ungáir.

I rith na bliana lean eu-LISA dá chomhoibriú le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, go déthaobhach agus trí líonraí araon, i.e. Líonra Gníomhaireachtaí CGB (**JHAAN**) agus Líonra Gníomhaireachtaí AE (**EUAN**). Ina theannta sin lean an Gníomhaireacht dá saineolas a roinnt agus phléigh sí comhar a d'fhéadfadh a bheith ann chun éifeachtúlacht agus sineirgí a mhéadú i measc Gníomhaireachtaí an Aontais.

Ní cainéal gníomhach meán sóisialta é [YouTube](#)⁸⁷; úsáidtear é mar *stór físeáin*. Is ar na meáin shóisialta ghníomhacha atá fócas eu-LISA dírithe.

Uachtaránacht Líonra Gníomhaireachtaí CGB 2024

In 2024 bhí **Uachtaránacht Líonra Gníomhaireachtaí CGB (JHAAN)** i seilbh ag eu-LISA, agus dírfódh mar chuid di ar **chomhar idirghníomhaireachta** a leathnú (clár malartaithe foirne), ar **chlaochlú digiteach** (ríomhfhoghlaim agus bithmhéadracht) a spreagadh, ar **shlándáil agus athléimneacht** a fheabhsú (cibearshlándáil agus leanúnachas gnó), chomh maith le bheith tiomanta do **fhreagracht shóisialta** (inbhuanaitheacht agus éagsúlacht, cothromas agus cuimsiú). Bhí an Ghníomhaireacht ina ceannródaí maidir le príomhthosaíochtaí CGB a shainaithint, agus d'oibrigh sí i gcomhar le gníomhaireachtaí CGB eile ar roinnt páipéar a d'eisigh an líonra. Rinne an Ghníomhaireacht bainistiú ar fheachtais chumarsáide an líonra d'fhonn feasacht a mhúscailt agus chun tosaíochtaí agus tionscnaimh chomhpháirteacha a chur chun cinn, amhail dlúthpháirtíocht an Aontais leis an Úcráin, an páipéar bán maidir le comhar amach anseo idir na gníomhaireachtaí CGB agus an Coimisiún, agus an ráiteas comhpháirteach maidir le seasamh i ndáil leis an CAI atá ar na bacáin.⁸⁸

Bainistiú caidreamh gnó

Lean an Ghníomhaireacht dá caidreamh gnó táirgiúil leis na geallsealbhóirí uile – na Ballstáit, gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais agus an tionscal – trí anailís agus measúnú a dhéanamh ar éilimh ghnó agus saineolas teicniúil a chur ar fáil i dtaobh tograí reachtacha nua. I rith 2024 dhírigh eu-LISA ar chumais anailíse gnó a fheabhsú, go háirithe tríd an **tionscnamh bainistithe éilimh** a sheoladh chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar iarrataí uile na bpáirtithe leasmhara agus chun an rialú ar an raon feidhme a áirithiú, agus cur chun feidhme na haitireachta idir-inoibritheachta á chosaint ag an am céanna, lena n-áirítear trí mheastacháin acmhainní a chur ar fáil d'aon tograí nó tionscnaimh reachtacha nua a chuir an Coimisiún nó na Ballstáit chun cinn. Chun tacú leis an bpróiseas bainistithe éilimh chuir eu-LISA **uirlis thiomnaithe chun feidhme chun fíorú agus bailíochtú ceanglas a dhigitiú** (REUSE), agus úsáid á baint as teicneolaíochtaí séimeantacha agus as IS.

Cumarsáid

Bhí an Ghníomhaireacht fós dírithe ar fhaisnéis thrédhearcach, oibiachtúil agus shothuigthe a sholáthar d'fhonn infheictheacht agus feasacht fhoriomlán maidir lena tosaíochtaí a mhéadú. Agus úsáid á baint as formáidí meán ar líne agus as líne agus ardáin faisnéise, lean eu-LISA de bheith ag cur a ról agus a éachtaí chun cinn mar **chumasóir ríthábhachtach i gcur i bhfeidhm bheartais CGB an Aontais**. Rinneadh iarrachtaí breise maidir le brandáil fostóirí chun tallann nua a mhealladh, chun Uachtaránacht eu-LISA ar JHAAN a chur chun cinn, chun béim a leagan ar sheasaimh agus ar thosaíochtaí comhroinnte, agus chun gníomhaíochtaí comhshaoil na Gníomhaireachta a chur i láthair ar a bealach le deimhniú EMAS a fháil chomh maith.

Chuir an Ghníomhaireacht **suíomh gréasáin nua** i bhfeidhm freisin d'fhonn an t-eispéireas úsáideoirí a fheabhsú chomh maith lena hinfheictheacht fhoriomlán ar líne a nuachóiriú. Faoi dheireadh na bliana léirigh gach ardán meán sóisialta fás suntasach ar lucht leanúna, rud lenar léiríodh leathnú rathúil ar fhor-rochtain agus leathnú a láithreachta ar líne.

Dul chun cinn de réir cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe
Bainistiú caidreamh gnó	
Eochairchuspóirí:	
■ caidreamh gnó éifeachtúil táirgiúil leis na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear tacú le geallsealbhóirí chun éilimh a bhainistiú, ■ anailís ghnó a dhéanamh agus measúnú ar riachtanais ghnó a chomhordú laistigh den Ghníomhaireacht.	
Bainistiú caidreamh gnó gnó mar is gnách	Seachadta ■ caidreamh gnó bainistithe, lena n-áirítear 'business to build' (B2B), uirlis REUSE le haghaidh bainistiú éilimh, agus forbairt uirlis nua bainistithe páirtithe leasmhara, ■ éilimh agus riachtanais ghnó gafa agus anailísithe (lena n-áirítear éilimh fhormheasta a thiontú ina gceanglais maidir le saolré forbartha córas), e.g. réiteach cumarsáide, ■ tionchar measúnaithe na dtionscnamh nua, a dhéanann ionadaíocht ar eu-LISA ar gach leibhéal rialachais (AGanna, PMBanna, MB), institiúidí agus tionscal an Aontais, ■ thacaigh sé le comhlachtaí rialachais eu-LISA, cathaoirleacht a dhéanamh ar Ghrúpaí Comhairleacha agus ar mheithleacha gaolmhara eile san áireamh.

⁸⁸ Chun forléargas níos mionsonraithe a fháil féach *achóimre físe* eu-LISA agus *tuarascáil chríochnaitheach JHAAN 2024*.

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe
Bainistiú geallsealbhóirí	
Eochairchuspóirí:	
■ dlúthchomhar atá trédhearcach agus cuiditheach a chothú leis an mBord Bainistíochta.	
Tacaíocht riaracháin don Bhord Bainistíochta gnó mar is gnách	Seachadta ■ tacaíocht riaracháin don Bhord agus dá Choiste Iniúcháireachta, Comhlíontachta agus Airgeadais (ACFC); lena n-áirítear cruinnithe a chomhordú, a ullmhú agus a éascú agus obair leantach a dhéanamh maidir le cinntí a chur chun feidhme, ■ sé chruinniú den Bhord Bainistíochta (lena n-áirítear cruinnithe urghnácha) agus ceithre chruinniú ACFC (lena n-áirítear cruinnithe urghnácha).
Faireachán agus comhordú beartais	
Eochairchuspóirí:	
■ rannchuidiú ar bhealach cuiditheach leis an bpróiseas reachtach agus ceaptha beartas i réimse CGB an Aontais, ■ comhpháirtíochtaí láidre a chothú leis na Ballstáit, le hinstiúidí agus le gníomhaireachtaí an Aontais.	
Faireachán beartais agus comhordú beartais inmheánaigh, bainistiú geallsealbhóirí agus teagmhas gnó mar is gnách	Seachadta ■ ceannaireacht JHAAN mar an ghníomhaireacht ceannais, lena n-áirítear rannchuidiú le huirlí tuairiscithe, an páipéar comhpháirteach maidir le tacaíocht don Úcráin, an páipéar bán maidir le comhar amach anseo idir an clár malartaithe foirne, ■ tacaíocht tugtha d'Uachtaránachtaí na Comhairle, ■ idirchaidreamh le hinstiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, leis na Ballstáit, leis an saol acadúil agus leis an tionscal, lena n-áirítear roinnt cuairteanna ó thoscaireachtaí éagsúla a eagrú agus a óstáil, ■ faireachán ar fhorbairtí ábhartha beartais, straitéiseacha agus reachtacha; anailís/ionchur.
Gníomhaíochtaí na hOifige Idirchaidrimh gnó mar is gnách	Seachadta ■ faireachán ar fhorbairtí ábhartha beartais, straitéiseacha agus reachtacha, lena n-áirítear anailís ar bheartas inmheánach, ar reachtaíocht agus ar thionchar, ■ tacaíocht tugtha don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus leis na hoibríochtaí, lena n-áirítear cothabháil stóir ionstraimí dlí a ar an inlíon (Breathnóir Dlí), ■ seasamh eu-LISA curtha in iúl le linn cruinnithe éagsúla ar leibhéal an Aontais, ■ comhoibriú le páirtithe leasmhara ar ábhair leasa fhrithpháirtigh, i.e. sa Bhruiséil, go háirithe instiúidí an Aontais.
Cumarsáid	
Eochairchuspóirí:	
■ feabhas a chur ar cháil ghairmiúil eu-LISA agus ar rannpháirtíocht geallsealbhóirí, ■ malartú éifeachtúil faisnéise agus múscailt feasachta i measc an phobail i gcoitinne.	
Cumarsáid gnó mar is gnách	Seachadta ■ cumarsáid rialta trí bhealaí éagsúla, lena n-áirítear láithreachtaí ar líne agus ar na meáin shóisialta a leathnú, ■ feachtas ardaithe maidir le tosaíochtaí bliantúla, lena n-áirítear Uachtaránacht JHAAN 2024, deimhniú EMAS, príomhtheagmhais infheictheachta a chur chun cinn (cruinnithe comhcheime tionscail), ■ béim a leagan ar an dul chun cinn atá déanta maidir le córais nua TF a chur chun feidhme, i.e. EES agus ETIAS, feachtais feasachta d'iompróirí, ■ suíomh gréasáin nua agus teachtaireachtaí branda corparáideacha curtha i bhfeidhm.

TACAÍOCHT CHORPARÁIDEACH

Slándáil chorparáideach agus leanúnachas gnó

D'áirithigh an Ghníomhaireacht ardleibhéal slándála fisiciúla ina saoráidí agus timpeall orthu, chomh maith le cumais leanúnachais gnó mar fhreagairt ar riachtanais ghnó a bhí ag athrú. D'fhoneann leanúint dá shlándáil chosanta agus fhisiciúil a neartú, go háirithe, threisigh eu-LISA a sheasamh slándála agus sábháilteachta trí chóras rialaithe láraithe a chur chun úsáide d'fhonn an rochtain ar racaí sa lárionad sonraí a bhfuil a chroíchórais ghnó á n-óstáil aige a chosaint agus faireachán a dhéanamh uirthi, le hinrianaitheacht iomlán.

Príomhtháscairí feidhmíochta

KPI	Sprioc	Luach amhail an 31.12.2024	Stádas	Foinse sonraí
Líon na ndruileanna éigeandála nó na gcleachtaí slándála/leanúnachais ghnó	Dhá chleachtadh in aghaidh na bliana	Dhá dhruil éigeandála	De réir sprice	deais dearbhaithe slándála
Cumhdach rialuithe leanúnachais gnó	100%	100%	De réir sprice	deais dearbhaithe slándála
Tástáil pleananna leanúnachais gnó ó thaobh éifeachtachta de	cleachtadh athléimneachta corparáidí amháin ar a laghad in aghaidh na bliana	cleachtadh athléimneachta corparáidí amháin	De réir sprice	deais dearbhaithe slándála
Céatadán (%) na moltaí curtha chun feidhme	85%	>85%	De réir sprice	tuarascálacha cur chun feidhme

Dul chun cinn de réir cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Bainistiú oibríochtúil

Eochairchuspóirí:

- slándáil fhisiciúil ardleibhéil shaoráidí, shócmhainní agus fhoireann eu-LISA,
- feabhas leanúnach a chur ar leanúnachas gnó agus ar phróisis slándála.

Slándáil chosantach agus leanúnachas gnó

gnó mar is gnách

Seachadta

- Seirbhís slándála cosanta 24/7 i ngach áitreabh, lena n-áirítear rialuithe slándála don áitreabh sealadach agus le linn na tógála,
- córais slándála agus cothabháil bonneagair, lena n-áirítear faireachán ar an tírdhreach slándála agus ailíniú leanúnach ar bhearta slándála,
- ceanglais slándála nuashonraithe agus chaighdeánaithe lena n-áirítear leanúnachas gnó agus comhairle.

Beartas agus comhordú slándála

gnó mar is gnách

Seachadta

- rialachas slándála agus bainistiú leanúnachais, lena n-áirítear comhar, imeachtaí for-rochtana agus feasachta,
- próisis slándála agus leanúnachais ghnó nuashonraithe bunaithe ar mholtaí ó chleachtaí, cigireachtaí agus iniúchtaí.

Bainistiú acmhainní daonna

D'fhonn a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, cuireann an Ghníomhaireacht feabhas leanúnach ar bhainistiú acmhainní daonna, agus cur chuige atá bunaithe ar inniúlachtaí á chur i bhfeidhm chun díriú ar dhíorma éagsúil tallainne a mhealladh agus ar fhorbairt ghairmiúil spriocdhírthe a thairiscint ar mhaithe le lánacmhainneacht a bhaint amach.

Eochair-bhuaicphointí

RAISE – tionscnamh nua maidir le hathrú eagraíochtúil

Méadú agus feabhas tagtha ar líon agus ar cháilíocht na n-iarratas ar fholúntas

Príomhtháscairí feidhmíochta

KPI	Sprioc	Luach amhail an 31.12.2024	Stádas	Foinse sonraí
Cóimheas na bpost riaracháin agus oibríochtúil	20% riaracháin 70% oibríochtúil	18.6% riaracháin 70.6% oibríochtúil	De réir sprice ⁸⁹	Cleachtadh tagarmharcála foirne 2024
Ráta neamhláithreachta (%), tomhaiste de réir trí tháscaire: 1. Meánlíon na laethanta breoiteachta 2. Céatadán (%) na mball foirne atá ar saoire breoiteachta fhadtéarmach (>21 lá féilire as a chéile) 3. Céatadán (%) nach bhfuil ag glacadh aon saoire breoiteachta	méadracht uimh. 1 <15 lá in aghaidh an fhostaí méadracht uimh. 2 <10% méadracht uimh. 3 >15%	3.4 lá in aghaidh an fhostaí 2.2% 43.0%	De réir sprice	Bunachar sonraí AD, tuarascálacha SYSPER
Ráta bliantúil athraithe foirne (%)	≤5%	5.3%	Faoi bhun sprice ⁹⁰	Bunachar sonraí AD, tuarascálacha SYSPER
Ráta áitíochta (%)	>94%	92.4%	Faoi bhun sprice ⁹¹	Bunachar sonraí AD, tuarascálacha SYSPER
Innéacs coinneála tallainne ⁹²	≤5%	0.7%	De réir sprice ⁹³	Sonraí breithmheasa iLearn
Leibhéal rannpháirtíochta na foirne	≥ 3.8 do 2024 ⁹⁴	3.7	De réir sprice go pointe áirithe ⁹⁵	Suirbhé Rannpháirtíochta – Eletive The People Success Platform

In 2024 sheol eu-LISA **tionscnamh nua um athrú eagraíochtúil – RAISE** – mar aon le struchtúr eagraíochtúil nua chun tacú leis na córais nua seachadta, d’fhonn oiriúnú d’eagrú níos trasnaí ról agus do bheith ag obair ar bhealach níos comhtháite le conraitheoirí agus le soláthraithe seirbhíse.

Ina theannta sin dhírigh an Ghníomhaireacht a hiarrachtaí **um a ráta áitíochta a mhéadú**, trína cleachtais earcaíochta a uasghrádú d’fhonn fad an phróisis roghnúcháin a ghiorrú go suntasach (sprioc de 100 lá nó níos lú), agus úsáid éifeachtach á baint as liostaí ionadaithe. Ina theannta sin chuir **straitéis fheabhsaithe brandála agus earcaíochta fostóirí** – méadú ar láithreachta ar na meáin shóisialta agus ar spriocarcú gníomhach – go mór le méid agus cáilíocht na n-iarratas. D’fhonn borradh a chur faoin éagsúlacht inscne dhírigh eu-LISA ar iarratais ó mhná a chur chun cinn.

Dul chun cinn de réir cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Bainistiú acmhainní daonna

Eochairchuspóirí:

- acmhainní daonna a bhainistiú agus a phleanáil go héifeachtúil, lena n-áirítear seirbhísí acmhainní daonna agus próisis earcaíochta a dhigitiú,
- scileanna agus inniúlachtaí gairmiúla na foirne a fhorbairt.

Riarachán acmhainní daonna agus pleanáil

gnó mar is gnách

Seachadta

- bainistiú gnáthoibríochtaí agus gnáthphróisis foirne, lena n-áirítear roghnú, ionductú agus foirceannadh conartha,

⁸⁹ Cé go n-áirítear sprioc shonraithe sa KPI, léiríonn an raon de 20 % de phoist riaracháin agus 70 % de phoist oibríochtúla an dáileadh inmhianaithe post agus foirne.

⁹⁰ Méadú ar líon na ndaoine ag éirí as oifig.

⁹¹ Áirítear leis sin an líon tairiscintí poist eisithe; má chuirtear tairiscintí poist eisithe as an áireamh, is é 89.1 % an ráta áitíochta. Níor féadadh poist bhreise a bronnadh i mí na Samhna 2024 a líonadh faoi dheireadh 2024.

⁹² Imithe i léig; níor áiríodh an táscaire sin sa togra le haghaidh KPIIna corparáideacha nua a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta.

⁹³ Ó 2023 i leith ní úsáidtear rátáil uimhriúil i mbreithmheas; léirítear le figiúr 2024 ceatadán de bhreithmheasanna míshásúla as líon iomlán na mbreithmheasanna.

⁹⁴ Athrú scála ó 0-10 go 1-5. Is é luach 3.8 an tagairt don tagarmharc san eanáil phoiblí.

⁹⁵ Déanfar plean gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun an leibhéal rannpháirtíochta a mhéadú.

Tasc tionscadail/neamhthionscadail

Bainistiú acmhainní daonna bunaithe ar inniúlacht
gnó mar is gnách

Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

- próisis dhigitithe acmhainní daonna (i.e. SYSPER, iLearn), bainistiú feidhmíochta (lena n-áirítear faireachán ar staidreamh acmhainní daonna), meastóireacht phromhaidh agus comhaid phearsanta san áireamh.

Seachadta

- cur chuige bunaithe ar inniúlachtaí curtha chun feidhme agus tugtha cothrom le dáta,
- forbairt foirne agus ceannaireacht fheabhsaithe, lena n-áirítear sealbhú optamaithe tallainne, luaíochtaí nua agus tionscnaimh aitheantais,
- dea-bhail agus cultúr agus luachanna eagraíochtúla treisithe, lena n-áirítear éagsúlacht, cuimsiú, pleananna gníomhaíochta maidir le rannpháirtíocht na foirne.

Bainistiú buiséid, airgeadais agus soláthair

Lean an Ghníomhaireacht dá hacmhainní airgeadais, soláthair agus bainistiú conarthaí inmheánacha a neartú agus a mhionchoigeartú, lena n-áirítear feabhas a chur ar a cumais tuairiscithe agus anailíse d'fhonn tacú le cinnteoireacht straitéiseach agus chun bainistiú trédhearcach, éifeachtúil agus éifeachtach a hacmhainní airgeadais a áirithiú. Chuige sin d'áirithigh an Ghníomhaireacht córas rialaithe cuntasaiochta fóna agus cur i láthair cuí a staide airgeadais.

Eochair-bhuaicphointí

Forghníomhú 100% den bhuiséad le haghaidh gealltanais agus íocaíochtaí

Athdhearadh ciorcad airgeadais chun rialú níos fearr a dhéanamh ar idirbhearta buiséadacha agus airgeadais

Próiseas nua caibidlíochta praghsanna eu-LISA glactha

Eochairtháscairí feidhmíochta

KPI	Sprioc	Luach amhail an 31.12.2024	Stádas	Foinse sonraí
Bainistiú buiséid agus airgeadais				
Ráta cealaithe na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta	<5%	14.5%	Faoi bhun sprice ⁹⁶	Stóras sonraí ABAC
Céatadán (%) de chur chun feidhme na gceangaltas buiséadach	95-99%	100%	De réir sprice	Stóras sonraí ABAC
Céatadán (%) d'íocaíochtaí curtha chun feidhme	>95%	97.35% ⁹⁷	De réir sprice	Stóras sonraí ABAC
Céatadán (%) d'íocaíochtaí críochnaithe laistigh de spriocdhátaí reachtúla	90% go 100%	98.2%	De réir sprice	Stóras sonraí ABAC
Soláthar agus bainistiú conarthaí				
Bainistiú éadála	>60%	63%	De réir sprice	tuarascáil soláthair
Éifeachtúlacht an phróisis soláthair ⁹⁸	<25%	0%	De réir sprice	tuarascáil soláthair

⁹⁶ I rith na bliana rinneadh faireachán leanúnach ar fhorghníomhú na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a tugadh ar aghaidh, rud a d'fhág gur cealaíodh iad aon uair nach raibh údar bailí leis an gcaiteachas a thuilleadh.

⁹⁷ Is ionann é sin agus forghníomhú leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh creidmheasanna C1 a baineadh amach gan tabhairt ar aghaidh. Agus caiteachas riaracháin á thabhairt ar aghaidh go dtí 2025 san áireamh, is é 100 % an ráta cur chun feidhme. Níor cuireadh aon leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (creidmheasanna C1) ar ais chuig buiséad ginearálta an Aontais.

⁹⁸ Éifeachtúlacht an phróisis soláthair (cóimheas na dtairiscintí a cuireadh ar ceal tar éis an tseolta, in aghaidh líon na dtairiscintí a seoladh i rith na bliana).

Cuntasaíocht				
Seachadadh tráthúil na gcuntas sealadach comhdhlúite deiridh	cuntais shealadacha:	cuntais shealadacha: 1	De réir sprice	Cuntais Bhliantúla Shealadacha agus Deiridh
	1 Márta	Márta		
	cuntais chríochnaitheacha: 1 Iúil	cuntais chríochnaitheacha: 1 Iúil		

Bainistiú buiséid agus airgeadais

Lean an Ghníomhaireacht dá próiseas rialaithe airgeadais a neartú trí **chiorcaid airgeadais a athdhearadh** chun seiceálacha comhlíontachta agus róil na ngníomhaithe a mbíonn baint acu le hidirbhearta buiséadacha agus airgeadais a shonrú ar bhealach níos fearr. Thairis sin, d'fhone bainistiú airgeadais feabhsaithe a áirithiú, neartaigh eu-LISA a phróiseas réamhaisnéise agus faireacháin buiséid, agus ghlac sé cur chuige ní b'anailísí maidir le tosaíocht straitéiseach agus ailíniú idir ceanglais agus na hacmhainní airgeadais a bhí ar fáil. Ba é an toradh a bhí ar an gcur chuige sin **ráta forghníomhaithe 100 % le haghaidh gealltanais agus íocaíochtaí (tabhairt anonn san áireamh)**, chomh maith le **leibhéal an iarmhéid a bhí le tabhairt anonn a laghdú go suntasach**.

Soláthar agus bainistiú conarthaí

Chosain an Ghníomhaireacht a leasanna airgeadais trí phrionsabail maidir le locht nialasach a chur i bhfeidhm go héifeachtach chun teagmhais neamhchomhlíonta a íoslaghdú agus d'fhone moilleanna a thagann ó athruithe conarthacha atá inchurtha i leith conraitheoirí a chúiteamh. Chun feabhas a chur ar sheirbhísí bainistithe conarthaí soláthair rinne eu-LISA athchóiriú ar a **uirlis faireacháin conarthaí** chun rochtain a shimpliú trí chomhéadan ilfhreastail d'fhone feabhas a chur ar rialú agus ar fhaireachán ar spriocdhátaí conarthacha agus d'fhone malartú faisnéise conarthach a éascú. Tá tuilleadh feabhsuithe beartaithe, áfach, chun an uirlis a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos cuimsithí. Ina theannta sin **ghlac an Ghníomhaireacht Uirlis an Choimisiúin um Bainistiú an tSoláthair Phoiblí (PPMT)** chun fógraí agus doiciméid soláthair a fhoilsiú in Tenders Electronic Daily agus ar an Tairseach Maoinithe agus Tairisceana. Ina theannta sin ghlac eu-LISA a **phróiseas caibidlíochta praghsanna** chun rialú níos fearr a dhéanamh ar shaolré chonarthach agus ar cháilíocht an fhoinsithe, agus ar an gcaoi sin úsáid níos costéifeachtaí acmhainní airgeadais a áirithiú.

Cuntasaíocht

D'áirithigh an Ghníomhaireacht go ndéanfaí córas fóna rialaithe cuntasaíochta a chothabháil i gceart agus go gcuirfí a staid airgeadais i láthair i gceart freisin.

Dul chun cinn de réir cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe
Bainistiú buiséid agus airgeadais	
Eochairchuspóirí:	
- seirbhísí airgeadais fóna trédhearcacha a sholáthar i gcomhréir le Rialacha airgeadais eu-LISA agus leis na caighdeáin is infheidhme, - tacú le cinnteoireacht straitéiseach agus tuarascálacha airgeadais riachtanacha a sholáthar.	
Bainistiú buiséid, sócmhainní agus airgeadais gnó mar is gnách	Seachadta - cur chun feidhme an bhuiséid bainistithe agus soláthair seirbhíse, lena n-áirítear tuarascálacha airgeadais, - cumais anailíseacha, próisis agus nósanna imeachta airgeadais feabhsaithe, lena n-áirítear réamhaisnéisiú agus buiséadú de réir gníomhaíochta.
Rialuithe airgeadais inmheánacha, iniúchtaí a bhaineann le soláthar agus le hairgeadas gnó mar is gnách	Seachadta - seiciostaí agus sreafaí oibre um idirbhearta airgeadais neartaithe agus coinnithe ar bun, - rialuithe agus nósanna imeachta airgeadais athbhreithnithe, agus barúlacha ó CIE á gcur san áireamh.
Soláthar agus bainistiú conarthaí	
Eochairchuspóirí:	
- seirbhísí soláthair fóna agus trédhearcacha a sholáthar i gcomhréir le caighdeáin ábhartha, - faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme conarthach, ar bhainistiú riosca agus ar fheidhmíocht.	
Bainistiú soláthair agus éadála gnó mar is gnách	Seachadta - soláthar, fáil agus bainistiú conarthaí a bhainistiú comhordaithe agus faireachán déanta ar na gnéithe sin freisin, athchóiriú na huirlise faireacháin conarthaí san áireamh, - cumais soláthair neartaithe, lena n-áirítear seirbhísí a chomhdhlúthú agus feabhas a chur ar chomhairle maidir le cásanna sonracha an-chasta,

Bainistiú dioltóirí agus conarthaí
gnó mar is gnách

- iarracht déanta an locht nialasach ar bhainistiú conarthaí a fósaghdú ó shainiú riachtanas go síniú, leasuithe san áireamh.

Seachadta
■ tacaíocht tugtha do chur i gcrích creatchonarthaí idirdhisciplíneacha (TEF/TOF) agus creatchonarthaí a bhí ann roimhe seo le haghaidh croíchórais ghnó,
■ tacaíocht tugtha d'iniúchtaí seachtracha ar bhainistiú conarthaí.

Aistriú seirbhísí seachfhoinsithe
gnó mar is gnách

Seachadta
■ tacaíocht tugtha d'ullmhú agus do chur i gcrích an aistrithe seirbhíse chuig TEF agus TOF,
■ straitéis soláthair oiriúnaithe agus samhail seirbhíse do chórais nua CGB.

Cuntasaíocht

Eochairchuspóirí:
■ córas rialaithe cuntasaíochta fóna a áirithiú i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go ginearálta.

Cuntasaíocht
gnó mar is gnách

Seachadta
■ rialú cáilíochta cuntasaíochta coinnithe ar bun, lena n-áirítear sócmhainní agus leasanna airgeadais a chosaint, seachadadh cuntas sealadach agus deiridh san áireamh,
■ tacaíocht curtha ar fáil d'iniúcháirí seachtracha tacaíthe agus do CIE,
■ treoir inmheánach maidir le bainistiú sócmhainní curtha ar fáil.

Seirbhísí dlí

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht i gcomhréir leis na rialacháin is infheidhme agus i gcomhréir dhocht le dea-rialachas agus cleachtais riaracháin chun trédhearcacht agus cuntasacht a ráthú ina gníomhaíochtaí, ina próisis agus ina cinnteoireacht, lena n-áirítear rochtain phoiblí ar dhoiciméid, chomh maith lena leasanna agus a cáil a chosaint.

Príomhtháscairí feidhmíochta

KPI	Sprioc	Luach amhail an 31.12.2024	Stádas	Foinse sonraí
Comhairle dlí, tuairim agus ionadaíocht	comhairle dhlíthiúil, tuairim agus ionadaíocht ar fáil laistigh de thréimhse réasúnta	90%	De réir sprice	ProjectPlace

I rith na bliana chuir an Ghníomhaireacht measúnuithe dlíthiúla inmheánacha agus comhairle ar fáil maidir le córais mhórsála TF a chur chun feidhme d'fhonn comhlíonadh na rialachán is infheidhme a áirithiú. In 2024 bhí é an fócas ríthábhachtach ar **dhúshláin dhlíthiúla a bhain le glacadh néalteicneolaíochtaí**.

Lean eu-LISA freisin de bheith ag plé freisin le hiarrataí ar rochtain ar dhoiciméid a bhainistiú, le trédhearcacht a chothromú, agus le faisnéis rúnda a chosaint. In 2024 fuair an Ghníomhaireacht 15 iarraidh chun rochtain a fháil ar dhoiciméid, iarratas deimhniúcháin amháin, agus gearán amháin a bhí curtha faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh. Rinne an Ghníomhaireacht anailís ar 39 ndoiciméad; nochtadh 17 gcinn acu ina n-iomláine, nochtadh 20 ceann acu go páirteach, agus diúltaíodh nochtadh 2 dhoiciméad ina n-iomláine. Rinneadh anailís ar 553 leathanach san iomlán. Fuair an Ghníomhaireacht iarratas deimhniúcháin maidir le hiarraidh thosaigh ar rochtain ar dhoiciméid freisin, ar a raibh toradh páirteach. Ina theannta sin fuair an Ghníomhaireacht 14 iarraidh ar chomhairliúcháin maidir le rochtain ar dhoiciméid ar dhoiciméid ina raibh faisnéis a tháinig ó eu-LISA. Rinne an Ghníomhaireacht anailís ar 40 doiciméad; nochtadh 6 dhoiciméad ina n-iomláine, nochtadh 13 cinn acu go páirteach, agus diúltaíodh 21 cheann a nochtadh ina n-iomláine.

Bhí údar le páirtfhólú doiciméad agus le diúltú rochtana ar dhoiciméid ag eu-LISA bunaithe ar chúiseanna príobháideachta agus ar shláine an duine aonair, ar chúiseanna leas an phobail i dtaobh slándáil phoiblí (e.g. bhí faisnéis ann a bhain le gnéithe teicniúla de na córais mhórsála TF), ar chúiseanna próiseas cinnteoireachta leanúnach agus ar chúiseanna leasanna tráchtála, mar a leagtar síos i Rialachán (CE) 1049/2001.

Dul chun cinn de réir cúraimí agus tionscadal

Tasc tionscadail/neamhthionscadail Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Seirbhísí dlí

Eochairchuspóirí:

- comhairle dlí, saineolas agus tuairimíocht ardchaighdeáin a sholáthar ar réimse leathan ábhar.

Seirbhísí dlí

gnó mar is gnách

Seachadta

- cur ar fáil comhairle agus tuairim dlí ardcháilíochta, i.e. foireann, soláthar, TF, cúrsaí rialachais,
- ionadaíocht dhlíthiúil déanta i gcúirteanna náisiúnta agus i gcúirteanna an Aontais,
- bainistiú iarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid, lena n-áirítear seisiúin oiliúna.

Seirbhísí tacaíochta corparáideacha (bainistiú áiseanna agus seirbhísí TF)

Le seirbhísí tacaíochta corparáideacha na Gníomhaireachta díreann ar thimpeallacht oibre optamaithe agus solúbtha a áirithiú i ngach suíomh le bonneagar slán, éifeachtúil agus feidhmiúil, atá ailínithe go hiomlán le riachtanais ghnó agus le tiomantas d’eagraíocht inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bheith ann.

Eochair-bhuaicphointí

Foirgneamh oifige nua ar léas in Strasbourg na Fraince

Suiteáil lárionad sonraí modúlach i gcoimeádán a dó

Príomhtháscairí feidhmíochta

KPI	Sprioc	Luach amhail an 31.12.2024	Stádas	Foinse sonraí
Bainistiú comhshaoil				
Táscaire comhshaoil: lorg carbóin ⁹⁹	astaíochtaí CO ₂ a laghdú	3 781 tCO ₂ eq	Faoi bhun sprice ¹⁰⁰	Ráiteas ar an gcomhshaoil
Clár um méadú acmhainneachta				
Clár um méadú acmhainneachta	athrú costais ≤10% athrú sceidil ≤10% athrú ar bith sa raon feidhme	athrú ar bith	De réir sprice	Tuarascáil Bhord an chlár
TFC corparáideach				
Infhaighteacht seirbhísí TF corparáideacha	>90% (aga fónaimh d’fheidhmchláir)	99.5%	De réir sprice	Tuarascálacha seirbhíse míosúla
Sástacht úsáideoirí deiridh/fostaithe corparáideacha	> 90%	níor tomhaiseadh í in 2024, curtha siar go dtí R1 de 2025	Ní bhaineann le hábhar	Suirbhé

⁹⁹ Meastar astaíochtaí CO₂ de réir threoirlínte Phainéal Idir-Rialtasach na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IPCC) v2006.

¹⁰⁰ Is é is cúis go príomha leis an méadú ar an lorg carbóin an méadú ar Raon Feidhme 2 (leictreachas do gach láithreán agus téamh ceantair i dTaillinn) agus an t-athrú ar an ríomh inar breithníodh tuilleadh sonraí (e.g. bainistiú dramhaíola) i gcomparáid le 2023 (3507 tCO₂eq).

Clár um méadú acmhainneachta

D'fhonn athléimneacht agus infhaighteacht chórais CGB an Aontais a áirithiú lean eu-LISA ar aghaidh leis an gclár um méadú acmhainneachta leis an aidhm acmhainní lárionaid sonraí a bharrfheabhsú trí **chumhacht agus acmhainneacht fuaraithe a fheabhsú** chun freastal ar riachtanais oibríochtúla mhéadaitheacha a eascraíonn as líon méadaitheach córas nua agus méideanna nua sonraí. Lean an Ghníomhaireacht **ar aghaidh le lárionad sonraí modúlach i gcoimeádán a shuiteáil** (MDC2, réiteach solúbtha inscálaithe nach bhfuil aon tógáil nua ag teastáil ina leith) agus staidéir a thabhairt i gcrích le haghaidh na réiteach uasghrádaithe cumhachta agus fuaraithe ag an suíomh teicniúil in Strasbourg. Ar mhaithe le dálaí oibre na foirne agus éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú **shínigh eu-LISA léas le haghaidh foirgneamh nua oifige in Strasbourg** (ASPIRE), atá lonnaithe i gcomharsanacht Pharlaimint na hEorpa.

Bainistiú comhshaoil

Rinne an Ghníomhaireacht iarrachtaí a lorg comhshaoil a laghdú agus a feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, trí phlean feabhsúcháin a chur chun feidhme bunaithe ar phrionsabail **scéim an Aontais um bainistiú agus iniúchadh comhshaoil** (EMAS) agus Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. In 2024 rinneadh **iniúchadh seachtrach um dheimhniú EMAS ar eu-LISA**, lenar deimhníodh dea-leibhéal a chórais bainistithe comhshaoil, a neartaíodh le réitigh faireacháin comhshaoil (e.g. líonra braiteoirí comhshaoil i lárionad sonraí Strasbourg, córas bainistithe foirgneamh le cúnamh ó IS i dTaillinn) agus iarrachtaí múscailte feasachta gaolmhara, i.e. foilsiú den chéad uair de bhileog fíricí maidir le lorg carbóin. Chun feabhas a chur ar a fheidhmíocht fuinnimh rinne eu-LISA iniúchadh fuinnimh ag a cheanncheathrú i dTaillinn, agus cuireadh tús lena leithéid ag an áitreabh in Strasbourg.

Tháinig méadú ar **lorg carbóin** eu-LISA in 2024 i gcomparáid le 2023, go príomha mar gheall ar an méadú ar ídiú leictreachais ag gach láithreán, arb é is cúis leis córais nua agus méideanna méadaithe sonraí, agus téamh ceantair i dTaillinn.¹⁰¹ Chun éifeachtúlacht fuinnimh na lárionad sonraí a fheabhsú, mar réiteach gearrthéarmach, d'oibrigh an Ghníomhaireacht chun úsáid ní b'éifeachtúla an bhonneagair fuaraithe atá ann faoi láthair a chumasú. Mar sin féin, chun a lorg carbóin a laghdú sa mheántearma, cuirfidh eu-LISA réiteach i bhfeidhm bunaithe ar gheoiteirmeacht chun éifeachtacht fhoriomlán úsáide cumhachta (PUE) a laghdú i gcomhréir le treoirlínte an Aontais.

Dul chun cinn de réir cúraimí agus tionscadal

Tasc
tionscadail/neamhthionscadail

Eochairtháirgí insoláthartha le linn na tréimhse tuairiscithe

Clár um méadú acmhainneachta

Eochairchuspóirí:

- aghaidh a thabhairt ar éilimh acmhainne, lena n-áirítear acmhainní ríomhaireachta, córais chumhachta agus fuaraithe a bharrfheabhsú.

Clár um méadú acmhainneachta

seachadadh tionscadail: 2026

Ar siúl

- MDC2 leanúnach agus gníomhaíochtaí gearrthéarmacha le haghaidh uasghrádú na cumhachta agus an fuaraithe, lena n-áirítear staidéar cumhachta chun éifeachtúlacht trealaimh sa lárionad sonraí a fheabhsú,
- spás oifige nua a bheith faighte in Strasbourg (foirgneamh ASPIRE) agus sa Bhruiséil, tús curtha le cóiriú le haghaidh dálaí oibre cuí agus a gcur chun feidhme,
- plé leis an Ostair maidir le hacmhainneacht bhreise cumhachta agus fuaraithe do St Johann im Pongau; plé leis an Eastóin maidir le síneadh a chur le comhaontú Thailinn.

Tacaíocht ghinearálta

Eochairchuspóirí:

- lorg comhshaoil eu-LISA a laghdú agus ullmhú do dheimhniú EMAS.

Seirbhísí ginearálta

gnó mar is gnách

Seachadta

- ullmhúcháin le haghaidh deimhniú EMAS, lena n-áirítear bearta comhshaoil agus clárú comhshaoil a chur chun feidhme, iniúchtaí seachtracha;
- seirbhísí tacaíochta curtha ar fáil, i.e. bainistiú spáis, misin, oibríochtaí saoráide, sláinte agus folláine.

Uasghrádú seirbhísí ginearálta

seachadadh tionscadail: 2029

Ar siúl

- líonra dóiteáin uasghrádaithe, struchtúr brataithe faoi thalamh feabhsaithe sa lárionad sonraí agus san fhoirgneamh treasach.

¹⁰¹ Le faisnéis níos mionsonraithe a fháil féach *Ráiteas eu-LISA ar an gcomhshaoil le haghaidh 2023*, a foilsíodh i mí Lúnasa 2024.

TFC corparáideach

Eochairchuspóirí:

- bonneagar agus próisis chorparáideacha TFC a chothabháil agus a fhorbairt ar bhealach éifeachtach,
- an Clár Bainistithe Ábhar Fiontair a chur i bhfeidhm.

Seirbhísí corparáideacha TFC

gnó mar is gnách

Seachadta

- cothabháil éifeachtach agus leanúnach an bhonneagair chorparáidigh TFC agus feidhmchláir chorparáideacha TFC, lena n-áirítear uirlisí nua a thástáil agus a fhorbairt,
- seirbhísí TFC ardcháilíochta, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse, feabhas a chur ar thacaíocht d'úsáideoirí deiridh, agus feabhas a chur ar Thairseach Ticéadaithe TFC.

Uasghráduithe TFC corparáideacha

tionscadal: seachadadh 2029

Ar siúl

- cleachtais ITIL a chur chun feidhme, lena n-áirítear meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmchlár nua ITSM,
- bonneagar agus seirbhísí a aistriú ón áitreabh go dtí an néal,
- bailchríoch a chur ar shocrú seirbhíse an bhonneagair deisce fhíorúil (VDI),
- tús curtha le forbairt timpeallachtaí forbartha/tástála/réamhtháirgthe,
- clár Bainistithe Ábhar Fiontair a chur chun feidhme, lena n-áirítear an suíomh gréasáin nua, an t-inlín/an t-eislín, agus an córas bainistithe doiciméad.

BAINISTÍOCHT

2

BAINISTÍOCHT

2.

2.1. BORD BAINISTÍOCHTA

Lean an Ghníomhaireacht dá comhoibriú dlúth, cuiditheach agus trédhearcach leis an mBord Bainistíochta. I dteannta a fheidhmeanna reachtúla, tugadh an t-eolas ba dhéanaí don Bhord go rialta maidir le gach riosca agus saincheist shuntasach a sainaithníodh, lena n-áirítear bearta maolaithe a cuireadh chun feidhme agus stádas moltaí iniúchóireachta oscailte, stádas na gcóras atá i bhfeidhm agus dul chun cinn maidir le córais nua a fhorbairt, chomh maith le tionscadail leanúnacha, e.g. ASPIRE.

Níos tábhachtaí fós, dheimhnigh an Bord arís agus arís eile a thiomantas láidir do chur chun feidhme na haitireacht idir-inoibritheachta. Rinne an Bord faireachán leanúnach ar oibriú agus ar chur chun feidhme na gcóras. Faoi dheireadh 2024 thug an Bord dá aire stádas chur chun feidhme EES, agus d'aithin sé an togra a thíolaic an Coimisiún maidir leis an mbealach chun cinn le EES.

I rith 2024 ghlac an Bord Bainistíochta roinnt cinntí suntasacha lena n-áirítear leanúnachas gnó eu-LISA:

- cathaoirleach agus leaschathaoirleach nua a thoghadh,
- ceapachán an Leas-Stiúrthóra Feidhmiúcháin nua agus an Stiúrthóra Feidhmiúcháin nua *ad interim*,
- an lárchóras le haghaidh réiteach an naisc bhuí (CSLR) a áireamh sa chlár oibre bliantúil agus na hacmhainní riachtanacha á n-ath-implonú ón mbuiséad agus ó na hacmhainní daonna atá ann cheana,
- doiciméid reachtúla pleanála agus tuairiscithe a ghlacadh, i.e. doiciméad clársceidealaithe aonair, tuarascálacha bliantúla eatramhacha agus comhdhlúite, mar aon le tuarascálacha ar fheidhmiú teicniúil na gcóras agus an staidrimh,
- pleananna slándála agus leanúnachais gnó nua a ghlacadh le haghaidh VIS agus SIS,
- ceapachán Oifigigh Cosanta Sonraí (OCS) eatramhaigh.

Ina theannta sin rinne Coiste Iniúchóireachta, Comhlíontachta agus Airgeadais (ACFC) an Bhoird faireachán ar bhainistiú riosca eu-LISA agus ar bhunú rialuithe inmheánacha. Sheoladh an t-eolas ba dhéanaí maidir le stádas na gcaibidlíochtaí a bhain leis an nós imeachta buiséadach agus le bainistiú airgeadais chuig an ACFC agus an Bord, agus freisin i dtaobh stádas na moltaí iniúchóireachta oscailte, ar bhonn rialta.

D'fhoilligh trédhearcacht a fheabhsú tuilleadh agus chun rannchuidiú le feasacht an phobail ar a gníomhaíochtaí a ardú, lean an Ghníomhaireacht d'achóimrí ar chruinnithe rialta den Bhord Bainistíochta a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin.

2.2. MÓRFHORBAIRTÍ

Athbhreithniú ar an Treochlár Idir-inoibritheachta

Lean an Ghníomhaireacht d'fhorbairt roinnt córas nua lena neartófar slándáil inmheánach Limistéar Schengen a thuilleadh agus lena n-éascófar taisteal idirnáisiúnta chun na hEorpa (i.e. EES, ETIAS agus VIS athbhreithnithe), mar aon le comhpháirteanna idir-inoibritheachta (ESP, sBMS, SCSC, MID) agus CRRS, lena n-áirítear iad a chomhtháthú leis na córais atá ann cheana (SIS, VIS agus Eurodac) a bheidh ina n-aitireacht idir-inoibritheachta nua don réimse CGB.

Níor tháinig an **Córas Dul Isteach/Imeachta** (EES) i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana mar a bhí beartaithe ar dtús, agus thug an Ghníomhaireacht faoi athbhreithniú na hamlíne. Tá sé beartaithe go dtiocfaidh EES i bhfeidhm de réir a chéile in 2025, agus tá sBMS agus VIS do EES le teacht i bhfeidhm roimh EES, an 19 Bealtaine 2025.¹⁰²

¹⁰² 'Seasamh bunaithe ag an gComhairle chun córas nua digiteach bainistithe teorainneacha a sheoladh de réir a chéile' preaseisiúint, an 5 Márta 2025.

An Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann

Tar éis ghlacadh **an Chomhshocráithe Nua maidir le hImirce agus Tearmann** an Aontais i mí na Bealtaine 2024, beidh ról lárnach ag eu-LISA maidir le tacú le bainistiú éifeachtach imirce, go háirithe trí **Eurodac**, córas bainistithe tearmainn agus imirce an Aontais a athchóiriú. Tá Eurodac nua ar chuid de chnámh droma oibríochtúil a thacaíonn leis an gcreat dlíthiúil nua, agus is réamhchoinníoll rithabhachtach é **teacht i bhfeidhm an chórais faoin 12 Meitheamh 2026** chun gach gné eile den Chomhshocrú a chur chun feidhme.¹⁰³ Chuir eu-LISA tús le cur chun feidhme an chórais díreach tar éis ghlacadh an Rialacháin, an 12 Meitheamh 2024 (féach Eurodac 1.3).

Le **Rialachán nua Eurodac** leathnaítear go suntasach raon feidhme an chórais chun sonraí alfa-uimhriúla agus bithmhéadracht aghaidhe a thabhairt isteach d'fhonn an próiseas tearmainn a fheabhsú, dlús a chur leis agus feabhas a chur ar bhrath gluaiseachtaí neamhúdaraíthe laistigh de limistéar Schengen. Ina theannta sin leis an gcomhtháthú le comhpháirteanna idir-inoibritheachta beifear in ann céannachtaí a chuardach agus a chros-seiceáil ar fud na gcóras CGB uile, agus an bunachar sonraí méarlorg atá ann cheana a iompú ina chóras bainistithe tearmainn agus imirce lánfheidhme.¹⁰⁴

Ós rud é go bhfuil **dhá Rialachán maidir le Scagadh** san áireamh leis an gComhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann freisin, rud a dhéanann difear do roinnt córas eile, tá eu-LISA i mbun meastóireacht a dhéanamh d'fhonn a dtionchar a mheas. Déanfar na ceanglais atá leagtha amach sa dá Rialachán sin a chomhtháthú i bhforbairt na gcóras a bhfuil tionchar orthu: EES, VIS, ETIAS, Eurodac agus ECRIS-TCN.¹⁰⁵

Córais Faisnéise Taistil (API, DTA, DTC)

Ina theannta sin thacaigh eu-LISA leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit maidir le saincheisteanna teicniúla a bhain le roinnt tionscnamh nua. Chuir an Ghníomhaireacht ionchur teicniúil ar fáil don ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an dá thogra le haghaidh rialachán maidir le bailiú agus aistriú **réamhfaisnéise faoi phaisinéirí** (API), go háirithe. Glacadh na Rialacháin API i mí na Nollag 2024, rud lenar cuireadh de chúram ar eu-LISA an Ródaire API-PNR a fhorbairt.¹⁰⁶

Ina theannta sin, ar iarraidh ón gCoimisiún, chuir an Ghníomhaireacht a saineolas agus a hionchur ar fáil maidir leis na ráitis airgeadais reachtacha a bhaineann leis na tograí maidir le doiciméid taistil a dhigitiú agus tionscnaimh éascaithe taistil: **Feidhmchlár an Aontais maidir le Taisteal Digiteach (DTA)**¹⁰⁷ agus **dintiúir taistil dhigiteacha (DTC)**.¹⁰⁸

An Gníomh um an Intleacht Shaorga

Glacadh Gníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga an 13 Meitheamh 2024 agus leagtar síos ann creat dlíthiúil aonfhoirmeach maidir le córais intleachta saorga a fhorbairt, a chur ar an margadh, a chur i seirbhís, agus a úsáid san Aontas.¹⁰⁹ Tar éis a ghlactha, rinne eu-LISA anailís ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an reachtaíocht ar ghníomhaíochtaí agus ar chórais na Gníomhaireachta. Ós rud é gurb é an Coimisiún a tháirgeann treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin, leanfaidh an Ghníomhaireacht d'anailís a dhéanamh ar thionchar an Rialacháin, más ann dó, agus chun comhlíonadh na gcóras ábhartha a áirithiú.

¹⁰³ Le haghaidh tuilleadh eolais féach leathanach tiomnaithe AS HOME i ndáil leis an *gComhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann*. *Rialachán (AE) 2024/1358* maidir le bunú Eurodac¹⁰⁴ OJ L, 22.05.2024.

¹⁰⁵ *Rialachán (AE) 2024/1356*, IO L, 22.05.2024; *Rialachán (AE) 2024/1352*, IO L, 22.05.2024.

¹⁰⁶ **PNR**: taifead ainmneacha paisinéirí; *Rialachán (AE) 2025/12*, agus *Rialachán (AE) 2025/13*, IO L, 08.01.2025.

¹⁰⁷ *Togra le haghaidh Rialachán* lena mbunaítear feidhmchlár chun sonraí taistil a chur isteach go leictreonach (an '**feidhmchlár AE um shonraí taistil digiteacha**') a mhéid a bhaineann le dintiúir taistil dhigiteacha a úsáid [*COM (2024) 670* final].

¹⁰⁸ *Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle* maidir le dintiúir taistil dhigiteacha bunaithe ar chártaí aitheantais a eisiúint agus caighdeáin theicniúla a leagan síos ina leith [*COM(2024) 671* final].

¹⁰⁹ *Rialachán (AE) 2024/1689* an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an **Gníomh um an Intleacht Shaorga**).

2.3. BAINISTIÚ BUISÉID AGUS AIRGEADAIS

2.3.1. BAINISTIÚ AIRGEADAIS

I gcomhréir le hAirteagal 46(3) den Rialachán lena mbunaítear eu-LISA maoiníodh buiséad eu-LISA don bhliain airgeadais 2024 le cistí ó fhoinsí éagsúla, agus tháinig an príomhioncam ón bhfóirdheontas bliantúil a fuarthas ó bhuiséad ginearálta an Aontais.¹¹⁰ Ina theannta sin faigheann eu-LISA ranníocaíochtaí ó thíortha comhlachaithe mar aisíocaíocht pháirteach ar chaiteachas tabhaithe ag an nGníomhaireacht.

In 2024 shínigh eu-LISA **comhaontú ranníocaíochta** chun cur chun feidhme ardán comhair na JITanna (JITanna) a mhaoiniú, agus fuair sé ranníocaíocht faoi (le haghaidh tuilleadh eolais, féach larscríbhinn VI).¹¹¹

Rinne an Gníomhaireacht athbhreithniú ina leith agus neartaigh sí a **rialuithe inmheánacha** freisin i réimsí an bhainistithe airgeadais, sócmhainní agus buiséid ar roinnt bealaí:

- chuir eu-LISA bailchríoch ar a **straitéis rialaithe inmheánaigh** ina bhfuil faisnéis faoi chostais agus faoi shochair na rialuithe a gcuireann an Gníomhaireacht i bhfeidhm, i.e. faisnéis iomlán faoina n-éifeachtacht, a n-éifeachtúlacht agus a thíosáí atá siad. Baineadh úsáid as dea-chleachtais agus treoir ó Líonra Forbartha Feidhmíochta EUAN (PDN) agus doiciméid shamplacha á n-ullmhú;
- de réir pleananna gníomhaíochta iniúchóireachta, rinneadh athbhreithniú iomlán ar an anailís riosca a thacaíonn le dearadh ciorcad airgeadais bunaithe ar shraith chuimsitheach de thoisí anailíseacha riosca. Bunaithe ar an anailís riosca agus ar an straitéis rialaithe, rinneadh na ciorcaid airgeadais a athdhearadh go hiomlán d'fhonn sonraíocht níos fearr a sholáthar do sheiceálacha agus do ról na ngníomhaithe lena mbaineann;
- próisis neartaithe faireacháin agus pleanála buiséid as a n-eascaíonn ídiú iomlán an bhuiséid leithdháilte (leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí). Feabhsaíodh na próisis trí chomhairliúcháin rialta le hAonaid oibríochtúla agus trí chur chuige ní b'anailísí i leith gach míre caiteachais, rud a d'fhág go raibh rialú feabhsaithe ar bhainistiú fóna airgeadais, tosaíocht, agus ailíniú idir ceanglais agus an foinsíú comhfhreagrach;
- bhunaigh sí Coiste Infheistíochta nua, agus ceithre réimse infheistíochta tosaíochta ina bhfuil gá le hanailís agus pleanáil níos mionsonraithe ag roghnú ina leith.

Tá plean gníomhaíochta curtha le chéile ag an nGníomhaireacht, lena n-áirítear roinnt beart atá curtha chun feidhme ó 2023 i leith chun prionsabal na bliantúlachta a urramú agus d'fhonn líon na n-iarmhéideanna a thugtar anonn a laghdú. Ina theannta sin tá próisis nua ceaptha ag eu-LISA chun tuilleamh airgid a laghdú i gcomhréir le prionsabal na bliantúlachta. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú de 9.9 % ar thabhairt ar aghaidh leithreasuithe neamhdhifreáilte (i gcomparáid le 19.5 % in 2023), leibhéal atá faoi bhun na tairsí 15 % atá leagtha síos ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

2.3.2. CUR CHUN FEIDHME BUISÉADACH

Ghlac an Bord Bainistíochta an ráiteas deiridh ioncaim agus caiteachais do 2024 i gcomhréir le hAirteagal 45(7) den Rialachán lena mbunaítear eu-LISA. In 2021, bhain eu-LISA bainistiú ar bhuiséad **EUR 307.39 milliún euro** i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus **EUR 260.11 milliún** i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a fuarthas ón Aontas.

Faoi dheireadh 2024, bhí **ráta ard cur chun feidhme buiséid** bainte amach ag an nGníomhaireacht, agus an buiséad vótáilte ina iomláine á úsáid – arbh ionann é agus an buiséad a luadh léi sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais Reachtach idir an dá am le haghaidh cúraimí nua – agus, ina theannta sin, an bearna buiséadach á shainaithint agus á chur in iúl don Bhord Bainistíochta sa chéad chuid den bhliain agus aghaidh á tabhairt aici uirthi. Rinneadh an bhearna sin a bhainistiú agus a réiteach trí shraith beart comhlántach lena n-áirítear athbheartú tosaíochtaí nó gníomhaíochtaí, úsáid ní b'airde foinsí malartacha ioncaim, an tacaíocht a fuarthas ón gCoimisiún sa chleachtadh aistrithe domhanda, agus aistrithe ón gcaiteachas riaracháin go caiteachas oibríochtúil.

¹¹⁰ Féach cuid III, teideal 11, caibidil 10 'Border Management – Decentralised Agencies', a ghlac an t-údarás buiséadach, i.e. Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh. Baineann ranníocaíocht an Aontais le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí C1 (creidmheasanna vótáilte don bhliain buiséadach reatha); le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach Airteagail 45(5) agus 46(3) den Rialachán lena mbunaítear eu-LISA.

¹¹¹ Síníodh Comhaontú Ranníocaíochta an Aontais (JUST/2024/PR/CNECT/0031) idir eu-LISA agus Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí an Choimisiúin Eorpaigh (DG JUST) an 17 Bealtaine 2024.

I ndeireadh na dála ba iad an na torthaí a bhí ar an gcumas chun an phleanáil airgeadais a chur chun feidhme agus ar chruinneas na pleanála airgeadais:

- 100 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí,
- 100 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta, lena n-áirítear caiteachas riaracháin a thabhairt ar aghaidh go dtí 2024.

In 2024 d'fhormheas an Bord Bainistíochta **leasú amháin ar an mbuiséad** d'fhonn leithreasuithe a mhéadú le haghaidh na nithe seo a leanas:¹¹²

- Rialachán nua Eurodac agus na Rialacháin nua maidir le Scagadh le haghaidh caiteachas riaracháin agus oibríochtúil dá bhforáiltear sa ráiteas airgeadais reachtach (LFS) faoi seach: EUR 1.6 milliún i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i dTeideal 1, agus EUR 22.25 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais i dTeideal 3;
- aghaidh a thabhairt ar an mbearna bhuiséadach dár foráladh in 2024 i gcaiteachas oibríochtúil: EUR 17 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais i dTeideal 3, a bhfuil EUR 13 mhilliún beartaithe le haghaidh EES agus EUR 4 mhilliún le haghaidh Idir-inoibritheachta;
- innéacsú tuarastal EUR 0.77 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i dTeideal 1.

Tábla 4. Miondealú ar bhuiséad leasaitheach 2024 (i milliúin EUR)

Teideal buiséid	Córas/tasc	Buiséad leasaitheach Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
A01 Caiteachas foirne		2.70	2.70
B03 Caiteachas oibríochtúil astu sin	Córas dul isteach/imeachta (EES)	13.00	
	Eurodac	22.25	
	Idir-inoibritheacht	4.00	
Iomlán		41.95	2.70

Forghníomhú leithreasuithe faoi chomhair gealltanais

In 2024 bhainistigh an Ghníomhaireacht buiséad **EUR 307.39 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais** (C1¹¹³), a roinntear ar na teidil éagsúla mar seo a leanas:

- 7.7 % (EUR 23.64 milliún) le haghaidh caiteachas bonneagair agus oibriúcháin (Teideal 2),
- 14.9 % (EUR 45.66 milliún) le haghaidh caiteachas foirne (Teideal 1),
- 77.5 % (EUR 238.09 milliún) don bhuiséad oibríochtúil (Teideal 3).

Maidir le Teideal 3 tugadh EUR 197.54 milliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanais oscailte a bhí beartaithe do 2024 ar aghaidh go huathoibríoch lena n-úsáid in 2025 agus sna blianta ina dhiaidh sin freisin de bharr chineál ilbhliantúil na gconarthaí a úsáidtear chun tacú le hoibríochtaí lárnacha. Féach larscríbhinn II le haghaidh miondealú mionsonraithe.

Faoi dheireadh na bliana airgeadais, b'ionann agus **100 % an ráta forghníomhaithe** le haghaidh Theideal 1, b'ionann agus 98.8 % é le haghaidh Theideal 2.

Cuireadh an buiséad oibríochtúil, arbh ionann é agus EUR 238.09 milliún, chun feidhme ag ráta forghníomhaithe de 100 %.

Sa bhliain 2024 chuir an Ghníomhaireacht EUR 13.55 milliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanais a tugadh ar aghaidh ó bhlianta roimhe sin, arbh ionann iad agus 3.9 % de na leithreasuithe iomlána a tugadh ar aghaidh faoi Theideal 3 – caiteachas oibríochtúil, ar ceal. Tá achoimre ar na saoradh sin de réir bhliain tionscnaimh an ghealltanais dhlíthiúil bhunúsaigh le fáil sa tábla thíos.

Tábla 5. Saoradh ó ghealltanais bhuiséadacha 2024 de réir bliain tionscnaimh (i milliúin EUR)

Caibidil den bhuiséid	Airteagal buiséid	2019	2020	2021	2022	2023	Iomlán
Bonneagar	Bonneagar córas comhroinnte		-0.05	-0.98			-1.03

¹¹² Cinneadh Uimh. 2024-567 an 2 Nollaig 2024 ó Bhord Bainistíochta eu-LISA chun *leasú Uimh. 1 ar Bhuiséad 2024* a ghlacadh.

¹¹³ Leithreasuithe don bhliain (i.e. buiséad tosaigh + buiséad leasaitheach ± aistriú). Is leithreasuithe 'le déanaí' iad sin, a cuireadh isteach sa bhuiséad ag tús na bliana airgeadais, agus is féidir iad a aistriú nó a fhorlíonadh le leithreasuithe ó bhuiséad leasaitheach.

Caibidil den bhuiséid	Airteagal buiséid	2019	2020	2021	2022	2023	Iomlán
	Suíomh cúltaca – costais reatha					-0.00	-0.00
	líonraí					-0.01	-0.01
Gnóthaí Baile	SIS II	-0.30	-0.27	-0.05	-0.17		-0.79
	VIS/BMS					-0.05	-0.05
	EES		-0.18	-0.00	-6.06	-0.20	-6.44
	ETIAS		-1.13	-0.06	-0.01	-0.02	-1.22
	Eurodac			-0.01	-0.00	-0.00	-0.01
	Idir-inoibritheacht		-0.02	-0.07	-1.01	0	-1.10
Ceartas	ECRIS			-0.06		-0.00	-0.06
	e-CODEX					-0.00	-0.00
Gníomhaíochtaí tacaíochta oibríochtúla	tacaíocht oibríochtúil				-0.34	-2.49	-2.83
Iomlán		-0.30	-1.66	-1.23	-7.59	-2.78	-13.55

Faoi thacaíocht oibríochtúil tagraíonn EUR 2.83 milliún do chealuithe leithreasuithe faoi chomhair gealltanais buiséadach a raibh ar baineadh amach an dáta deiridh conartha ina leith, agus nárbh fhéidir forálacha conarthacha a fhoráil ina leith, e.g. Saoradh ó ghealltanais a bhain le conarthaí tacaíochta seachtraí, costais bhreise le haghaidh ragoibre, iarmhair chruinnithe an Ghrúpa Chomhairligh, agus gníomhaíochtaí oiliúna do Bhallstáit san áireamh.

Forghníomhú leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí¹¹⁴

Rinne an Ghníomhaireacht bainistiú ar bhuiséad vótáilte deiridh iomlán de **EUR 260.11 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**, trí mheán 3 268 n-idirbheart íocaíochta. Faoi dheireadh 2024 bhí 99.9 % d'fhorghníomhú na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh creidmheasanna C1 bainte amach, lena n-áirítear iarmhéid de chaiteachas riaracháin a bhí le tabhairt ar aghaidh go 2025. Níor cuireadh aon leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (creidmheasanna C1) ar ais chuig buiséad ginearálta an Aontais:

- Faoi Theideal 1 ba é 99 % an ráta cur chun feidhme le haghaidh leithreasuithe, agus tugadh 1% ar aghaidh go huathoibríoch.
- Faoi Theideal 2 shroich an ráta forghníomhaithe 72.8 %, agus tugadh 27.2 % ar aghaidh go 2025 go huathoibríoch.
- Forghníomhaíodh 100 % de na leithreasuithe faoi Theideal 3.

Forghníomhaíodh 85.5 % de na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i gcaiteachas riaracháin a tugadh ar aghaidh ó 2023 go 2024.

Leithreasuithe atá inscríofa i dTeideal 1 (caiteachas foirne) agus i dTeideal 2 (caiteachas bonneagair agus oibriúcháin), is mar leithreasuithe neamhdhifreáilte a chaitear leo. Dá bhrí sin rinneadh leithreasuithe faoi chomhair gealltanais faoi Theideal 1 (caiteachas foirne)¹¹⁵, arbh fhiú agus EUR 0.46 milliún iad, agus faoi Theideal 2 (caiteachas bonneagair agus oibriúcháin), arbh fhiú agus EUR 6.42 milliún iad, nár íocadh fós in 2024 agus a bhfuil gealltanais dlíthiúil bailí ann ina leith, a thabhairt ar aghaidh go 2025 mar aon leis na leithreasuithe comhfhreagracha faoi chomhair íocaíochtaí, de réir Airteagal 12(6) de Rialacha Airgeadais eu-LISA.

Faoi Theideal 3 caitheadh an cion ba mhó de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ar Idir-inoibritheacht, ar EES, ar bhonneagar córas comhroinnte, agus ar líonraí. Tá miondealú ar chreidmheasanna íocaíochta forghníomhaithe don bhuiséad oibríochtúil le fáil ar na leathanaigh seo a leanas.

Tá tuilleadh sonraí maidir le gach foinse cistí curtha i láthair in larscríbhinn II.

Am chun íocaíocht a dhéanamh

Bhí an meánachar ama a thóg sé gach cineál d'íocaíochtaí a dhéanamh i bhfad faoi bhun na dtéorainneacha ama sonraithe: 15.8 lá le haghaidh íocaíochtaí 30 lá, agus 38.4 lá le haghaidh íocaíochtaí 60 lá. Is le híocaíochtaí a dhéanamh dá chreidiúnaithe in am is ea a léirítear éifeachtúlacht fheidhmíocht airgeadais eu-LISA.

Tríd is tríd, rinneadh 98.2 % de na hidirbhearta uile laistigh den teorainn ama conarthach. San iomlán, cuireadh

¹¹⁴ Creidmheasanna C1 mar bhuiséad vótáilte.


¹¹⁵ Ní thugtar ar aghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhaineann le luach saothair.

moill ar 58 n-íocaíocht, agus bhí ús déanach mar thoradh ar 16 díobh sin, arbh ionann é agus EUR 12 014.06 a bhí infoctha le creidiúnaithe.


Cur i ngníomh buiséid

Mar chuid dá creat tuairiscithe bliantúil, foilsíonn an Ghníomhaireacht a rátaí forghníomhaithe buiséid agus a táscairí feidhmíochta.


Fíor 1. Úsáid leithreasuithe faoi chomhair gealltanais C1 (i milliúin EUR)




Fíor 2. Treochtaí i dtaobh úsáid cistí a gealladh agus a buiséadaíodh i rith na bliana (i milliúin EUR)




Fíor 3. Forghníomhú leithreasuithe gealltanaisfaoi chomhair gealltanais faoi Theideal 3 (i milliúin EUR)




Fíor 4. Úsáid leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí C1 (i milliúin EUR)



Fíor 5. Treochtaí i dtaobh úsáid cistí a íocadh agus a buiséadaíodh i rith na bliana (i milliúin EUR)




Fíor 6. Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a forghníomhaíodh faoi Theideal 3 (i milliúin EUR)




Fíor 7. Athrú míosúil ar an am chun íocaíocht a dhéanamh (i laethanta)


A1 Caiteachas Foirme A2 Caiteachas Bonneagair agus Oibríochtúil B03 Caiteachas Oibríochtúil / Meánchaiteachas



Fíor 8. Íocaíochtaí laistigh de theorainn ama 30 lá




Fíor 9. Íocaíochtaí laistigh de theorainn ama 60 lá



2.3.3. NÓSANNA IMEACHTA SOLÁTHAIR

Lean líon na ngealltanais dlíthiúil agus na ngníomhaíochtaí soláthair foriomlána de bheith ag méadú in 2024 agus síníodh 1 504 chonradh le linn na bliana, arb ionann an méid sin agus méadú 10 % ó 2023, agus síníodh 1 367 n-idirbheart ina theannta sin. In 2024 ba é an nós imeachta idirbheartaithe le haghaidh conarthaí ar luach an-íseal an nós imeachta soláthair ba mhó a úsáideadh faoin am sin.

Fíor 10. Conarthaí, leasuithe conartha agus iarrataí ar sheirbhísí a síníodh in 2023 agus in 2024



EN	TL
contracts, contract amendments and service requests signed	conarthaí, leasuithe conartha agus iarrataí ar sheirbhís sínithe
service requests	iarrataí ar sheirbhís
specific contract / order form	conradh sonrach/foirm ordaithe
framework contracts, direct contracts and purchase orders in total	iomlán na gconarthaí creatlaí, na gconarthaí díreacha agus na n-orduithe ceannaigh

Tábla 6. Céatadán de nósanna imeachta soláthair a úsáideadh in 2024 de réir cineáil

Cineál an nós imeachta/an bhunúis dhlíthiúil	Líon de nósanna imeachta	Céatadán	Beart nós imeachta méid dáfa (EUR)
Conradh luach íseal nós imeachta idirbheartaíochta	11	17.74%	159,826.41
Conradh ar mheánluach an nós imeachta idirbheartaithe	2	3.22%	208,000.00
Conradh ar luach an-íseal an nós imeachta idirbheartaithe	40	64.51%	333,113.83
Nós imeachta idirbheartaithe gan foilsíú roimh ré	5	8.06%	18,024,329.28
Nós imeachta oscailte	3	4.83%	84,369,478.00
Nós imeachta srianta gan córas ceannaigh dinimiciúil	1	1.61%	2 500 000.00
	62		105,594,747.52

Sa bhliain 2024, shínigh an Ghníomhaireacht an conradh seo a leanas faoi phointe 11.1 (a, b, e agus g) d'iarscríbhinn 1 de Rialachán Airgeadais an Aontais:

Uimhir an nós imeachta	Teideal	Conraitheoir	Méid (i EUR)	Bunús dlí
LISA/SXB/2024/NP/0005	Clár um méadú acmhainneachta	SOCOTEC CONSTRUCTION SAS	500,000.00	Iarscríbhinn 1 – 11.1 (a)
LISA/2023/NP/02	Soláthar seirbhísí leighis (scrúdú agus cosc leighis) – Taillinn, an Eastóin	MELIVA AS	150,000.00	Iarscríbhinn 1 – 11.1 (a)
LISA/SXB/2024/NP/0007	Troscán athlámhe a cheannach d'áitreabh eu-LISA	ADIDAS FRANCE	400,000.00	Iarscríbhinn 1 – 11.1 (b)
LISA/SXB/2024/NP/0002 (LISA/2020/OP/01)	Méadú uasteorann do LISA/2020/OP/01 – Seirbhísí cothabhála foirgneamh d'áitreabh eu-LISA in Strasbourg	AXIMA CONCEPT	3,500,000.00	Iarscríbhinn 1 - 11.1 (e)
LISA/2023/NP/06	Áitreabh a fháil ar cíos do eu-LISA in Strasbourg na Fraince	GROUPAMA GAN PIERRE 1	13,474,329.28	Iarscríbhinn I – 11.1 (g) – Conarthaí tógála

2.4. TARMLIGEAN/FOTHARMLIGEAN CUMHACHTAÍ CUR CHUN FEIDHME BUISÉID CHUIG BAILL FOIRNE

Faoi Airteagal 41 agus Airteagal 46 de Rialacha Airgeadais eu-LISA, tarmligeann an tOifigeach Údarúcháin cumhachtaí cur chun feidhme buiséid chuig Oifigigh Údarúcháin ainmnithe, ar leibhéal an Chinn Aonaid nó na Roinne den chuid is mó. Cuirtear na toscaireachtaí seo i bhfeidhm bunaithe ar mhaitrís úinéireachta an bhuiséid, a bunaíodh laistigh de eu-LISA le cinneadh ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin mar leithdháileadh údaráis agus freagrachta ar bhaill foirne ainmnithe bunaithe ar a bhfeidhm bhainistíochta laistigh den eagraíocht maidir le pleanáil, cur i bhfeidhm agus monatóireacht acmhainní buiséadacha laistigh de na ciorcaid airgeadais uile. Is ar leibhéal líne buiséid atá tarmligean na cumhachta i leith gach foinse maoinithe. Cuirtear i gcrích é ag baill foirne a ceapadh go foirmiúil chuig an ról sin le cinneadh ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin laistigh de mhéid sonraithe, i.e. uasteorainn airgeadais.

Maidir leis an gcóras tarmligin:

- níl teorainneacha ama i gceist leis seachas an fhéidearthacht tarraingt siar trí chinneadh an Oifigigh Údarúcháin;
- ní dhéantar foráil leis maidir le fotharmligean;
- tá sé faoi réir sraith rialuithe agus ceanglas tuairiscithe a bhfuil cur síos tugtha orthu sa Chairt d'Oifigigh Údarúcháin;
- tá sé bunaithe ar anailís riosca rialta a dhéanann an tAonad Buiséid agus Airgeadais.

Ceanglaítear ar gach Oifigeach Údarúcháin trí tharmligean dearbhú urrúis a sholáthar don Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar bhonn bliantúil.

2.5. BAINISTIÚ ACMHAINNÍ DAONNA

Athruithe ar an bPlean Bunaíochta

Sa chéad phlean bunaíochta a bhí ag eu-LISA le haghaidh 2024, bhí **401 phost údaráithe**, comhdhéanta de 228 ngníomhaire shealadacha (TA), 162 ghníomhaire ar conradh (CA), agus 11 shaineolaí náisiúnta ar iasacht (SNI). I mí na Samhna 2024, d'fhonn athruithe a eascraíonn as an gComhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann a chomhtháthú, **méadaíodh plean bunaíochta eu-LISA go 421 phost**, rud lenar méadaíodh líon na ngníomhairí sealadacha (239) agus na ngníomhairí ar conradh (171). Níor tháinig aon athrú ar líon na bpost SNI le linn na tréimhse sin.

Cleachtadh tagarmharcála foirne

I gcomhréir le ceanglais an Rialacháin Réime Airgeadais, agus leis an modheolaíocht a chomhaontaigh Cinn Riaracháin na ngníomhaireachtaí Eorpacha, rinne eu-LISA a chleachtadh tagarmharcála bliantúil chun **an cóimheas idir na baill foirne riaracháin agus na baill foirne oibríochta** a mheas. Meastar go ginearálta gur cheart dáileadh optamach post agus foirne a bheith thart ar 70 % i gcás gníomhaíochtaí oibríochtúla, 20 % i gcás cúraimí tacaíochta riaracháin agus comhordaithe, agus 10 % i gcás gníomhaíochtaí neodracha (airgeadais). Léirigh torthaí chleachtadh tagarmharcála 2024 gurb é seo a leanas dáileadh foirne eu-LISA: 70.6 % i ndualgais oibríochtúla, 18.6 % i gcúraimí riaracháin agus comhordúcháin, agus 10.7 % i

bhfeidhmeanna neodracha, rud lena léirítear feabhas i gcomparáid leis na figiúirí a tuairiscíodh in 2023.

Ionadaíocht inscne agus náisiúnta

In 2024 bhí daoine aonair de **23 náisiúntacht** ina bhfostaithe ar fhoireann na Gníomhaireachta: 22 Bhallstát maille leis an Ríocht Aontaithe. Ós rud é go bhfuil suíomh eu-LISA san Eastóin, agus go bhfuil a láithreán oibríochtúil sa Fhrainc (seachas e-CODEX san Eastóin), ní mheasann an Gníomhaireacht gur saobhadh suntasach ar an gcothromaíocht gheografach fhoriomlán é an céatadán ard den bhfoireann ag a bhfuil náisiúntacht na Fraince, is é sin 21.86 %. Mar sin féin, lean eu-LISA de rannpháirtíocht náisiúntachtaí faoi ghannionadaíocht a spreagadh sa phróiseas roghnúcháin agus an náisiúntacht á cur san áireamh aige agus iarrthóirí oiriúnacha á roghnú aige ó na liostaí ionadaithe a bhí ar fáil.

Cé go bhfuil treocht dhearfach tugtha faoi deara ag eu-LISA i gcomparáid le blianta roimhe sin maidir le hionadaíocht inscne, in 2024 bhí laghdú beag (0.35 %) toisc nach bhfuil níos mó iarratas ón inscne tearcionadaithe ag gabháil leis an méadú ar líon na bpost. Ina theannta sin d'éirigh roinnt ball foirne baineann as i rith na bliana. B'ionann **ionadaíocht na mban agus 34.15 % ar an iomlán, agus 27.27 % i measc bainisteoirí**, cosúil leis na blianta roimhe sin. D'fhoill an méid sin a fheabhsú lean eu-LISA de bheith ag freastal ar aontaí tionscail agus ag scaipeadh fógraí folúntais ag fóraim thiomnaithe.

Sealbhu agus forbairt tallainne

Lean an Gníomhaireacht dá hiarrachtaí a ráta áitíochta a mhéadú. Mar sin féin, mar gheall ar athruithe a d'eascair as an gComhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann, méadaíodh plean bunaíochta eu-LISA i mí na Samhna. Níor leor an tréimhse a bhí ar fáil chun bail foirne bhreise a earcú chun an próiseas earcaíochta a thabhairt chun críche, go háirithe maidir le tréimhsí fógra reachtúla d'fhostóirí reatha na n-iarrthóirí.

I rith na bliana lean an Gníomhaireacht de chur chuige ní b'éifeachtaí a ghlacadh maidir le liostaí ionadaithe agus nósanna imeachta roghnúcháin a bhainistiú. I bhfianaise na hearcaíochta atá le teacht le haghaidh príomhfheidhmeanna TF chomh maith le tionscnamh chun cumais forbartha intí a fheabhsú (innealtóireacht bogearraí, saineolas ar réitigh), bhunaigh eu-LISA dhá dhíorma tallainne ar mhórsála ag leibhéil AD 5 agus AD 6. Lean an Gníomhaireacht freisin d'úsáid a bhaint as liostaí ionadaithe EPSO agus as liostaí ionadaithe comhroinnte le gníomhaireachtaí eile.

Chun a earcaíocht a fheabhsú tuilleadh shocraigh eu-LISA sprioc 100 lá dá phróiseas roghnúcháin, rud lenar laghdaíodh go suntasach fad an phróisis. Da bharr sin, cuireadh go mór le borradh a chur faoi mhéid agus cáilíocht na n-iarratas. Leis an dul chun cinn sin, bhíodhas in ann poist ríthábhachtacha a líonadh ar fud na heagraíochta. I measc na bpríomh-gharspriocanna bhí cur i gcrích rathúil roghnúcháin iolracha, lena n-áirítear na cinn don Leas-Stiúthóir Feidhmiúcháin, Cinn Aonaid, Cinn Ranna, agus ról speisialaithe i TF, agus a hacmhainn chun spriocanna straitéiseacha na Gníomhaireachta a bhaint amach á neartú san am céanna. Mar sin féin, cé gur earcaíodh líon ard de bhaill foirne nua in eu-LISA 2024, bhí tionchar neodrach i gceist le cuid mhaith den earcaíocht sin ar líon iomlán na foirne ós rud é gur éirigh le 21 iarrthóir inmheánach i nós imeachta roghnúcháin as measc na 63 iarrthóir a roghnaíodh in 2024.

Ina theannta sin lean eu-LISA dá sheasamh mar fhostóir a bhfuil tóir air ar an margadh fostaíochta TF a neartú. Leathnaigh an Gníomhaireacht a clár intéirneachta chun intéirigh a chur san áireamh in oibríochtaí, agus béim ar leith á leagan ar rannpháirtíocht ban a chur chun cinn i réimsí ETIM¹¹⁶ chun éagsúlacht inscne a chothú agus píblíne láidir gairmithe amach anseo a thógáil.

2.6. STRAITÉIS LE HAGHAIDH GNÓTHACHAIN ÉIFEACTHÚLACHTA

Bhí an Gníomhaireacht ag díriú go leanúnach ar éifeachtúlacht ní b'airde agus ar úsáid ní b'fhearr a bhaint as a cuid acmhainní chun cur le cur chun feidhme bheartais CGB an Aontais.

Mar thoradh ar úsáid **réiteach digiteach**, amhail cumais físchomhdhála le haghaidh cruinnithe (inmheánach, idirghníomhaireachta, an Coimisiún), chonacthas coigilteas buiséadach toisc costais mhisin laghdaithe, rud lenar laghdaíodh lorg carbóin foriomlán na Gníomhaireachta freisin. Ina theannta sin lean eu-LISA ar aghaidh ag seachadadh an chuid is mó dá **ghníomhaíochtaí oiliúna ar líne** (96 % de rannpháirtithe ar líne), rud a chuidigh le costais agus ualach oibre fhoireann eu-LISA a laghdú, agus ag an am céanna deiseanna coigilte costais a chur ar fáil do na Ballstáit ó thaobh ama a chaitear agus costas rannpháirtíochta. Baintear amach gnóthachain bhreise éifeachtúlachta ar an dóigh sin toisc go bhfuil formhór na n-ábhar oiliúna ar líne in-athúsáidte.

I dtaobh **earcaíochta** de, bhain an Gníomhaireacht éifeachtúlachtaí breise amach trí chomhoibriú le gníomhaireachtaí eile sa soláthar comhpháirteach chun fógraí folúntais a fhoilsiú agus trí liostaí ionadaithe seanbhunaithe d'iarrthóirí ar éirigh leo a mhalartú. Ina theannta sin lean eu-LISA d'athbhreithniú a dhéanamh

¹¹⁶ Seasann ETIM d'eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic.

ar a straitéis foinsithe, a bhfuil géarghá léi chun leithdháileadh níos fearr ar thacaíocht sheachtrach a chumasú bunaithe ar riachtanais na Gníomhaireachta, rud a léiríonn cineálacha éagsúla seirbhísí ar fud cineálacha éagsúla conarthaí. Tugadh aird ar leith ar choigeartuithe ba ghá chun rialú ar phróisis agus ar fheidhmeanna ríthábhachtacha a fháil ar ais d'fhonn rialú ní b'fhearr a áirithiú ar bhunú na hailtireachta idir-inoibritheachta agus chun ceanglais a fhorbairt do chórais nua. Ag an am céanna, chuir an Gníomhaireacht creatchonnradh nua i bhfeidhm chun foireann eatramhach a aimsiú. Tacófar ar an dóigh sin le bainistiú fóna buiséid, agus soláthrófar leis forléargas níos fearr ar acmhainní daonna eu-LISA ag an am céanna.

Maidir le **soláthar agus bainistiú conarthaí**, rinne an Gníomhaireacht athchóiriú ar a huirlis faireacháin conarthaí chun rochtain a shimpliú trí chomhéadan ilfhreastail chun feabhas a chur ar rialú agus ar fhaireachán ar spriocdhátaí conarthacha agus chun malartú faisnéise a éascú. Tá tuilleadh feabhsuithe beartaithe, áfach, chun an uirlis a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos cuimsithí. Ina theannta sin chuaigh eu-LISA isteach in uirlis PPMT an Choimisiúin chun fógraí agus doiciméid soláthair a fhoilsiú in Tenders Electronic Daily agus sa Tairseach Maoinithe agus Tairisceana. Ina theannta sin ghlac an Gníomhaireacht **próiseas caibidlíochta praghsanna** chun rialú níos fearr a dhéanamh ar shaolré chonarthach agus ar cháilíocht an fhoinsithe, agus ar an gcaoi sin úsáid níos costéifeachtaí acmhainní airgeadais a áirithiú.

Maidir le hoibríochtaí, rinne eu-LISA iarracht shuntasach chun **bealaí oibre níos solúbtha** a chur i bhfeidhm ar scála mór, agus trasnúlacht á feabhsú trí fhoirne éagsúla a thabhairt faoi scuid thrasfheidhmeacha sealadacha d'fhonn tionscadail ríthábhachtacha a sheachadadh, agus lean sé dá mhúnla oibríochtúil i dtreo spleáchas níos lú ar chonraitheoirí seachtracha a nuachóiriú. Thosaigh an Gníomhaireacht ar Eurodac nua a fhorbairt trí chur chuige nua forbartha a phiolótú, go háirithe, arb é is aidhm dó eu-LISA a athrú ó sholáthraí seirbhíse go comhpháirtí gnó do na Ballstáit. Thairis sin chun éifeachtúlacht a mhéadú, sheol an Gníomhaireacht an **Tionscnamh Monarcha Bogearraí (SoFa)** lena gcuirtear creat caighdeánaithe ar fáil d'fhorbairt bogearraí lúfar agus atriallach, chun táirgeadh a chuíchóiriú, chun seachadadh a luathú, agus ag an am céanna chun aistriú chuig forbairt níos costéifeachtaí agus níos inscálaithe.

Chun an brú ar chostais **bonneagair** a laghdú rinne eu-LISA imscrúdú ar **réitigh theicneolaíochta néil** agus ar mhodhanna chun cothabháil córas a chaighdeánú. In 2024 bhunaigh an Gníomhaireacht néalardán cuimsitheach (CCP) agus chuir sí a céad chóras néalbhunaithe – e-CODEX – chun úsáide. Leis an CCP cuirtear ar fáil socrú níos tapúla agus scálú níos éasca ar thimpeallachtaí feidhmchláir, toisc nach gá crua-earraí a sholáthar ina leith. Dhréachtaigh an Gníomhaireacht a néalstraitéis freisin arb é is aidhm di néalteicneolaíochtaí ceannasacha a ghlacadh (laistigh de na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil leis an gcreat dlíthiúil). Ghlac an Bord Bainistíochta an néalstraitéis i mí Eanáir 2025.¹¹⁷

Ina theannta sin rinne eu-LISA mapáil inmheánach ar chásanna úsáide ina bhféadfadh **an intleacht shaorga** (IS giniúnach) éifeachtúlacht chorparáideach agus oibríochtúil a fheabhsú nó tacú léi, d'fhonn cúraimí atriallacha nó ar luach íseal a bharrfheabhsú, rud a chuirfeadh ar chumas na foirne díriú ar ghníomhaíochtaí ardluacha. Rollfar amach na chéad chlár phiolótacha in 2025. In 2024 cuireadh uirlisí IS ghiniúnaigh an Choimisiúin ar fáil don fhoireann uile, rud a d'fhág go rabhthas in ann éifeachtúlacht a mhéadú, e.g. doiciméid a aistriú, nó tríd an ualach oibre agus an t-am is gá le haghaidh miontuairiscí cruinnithe a laghdú go mór tríd an modúl aitheanta gutha.

In 2024 sheol eu-LISA staidéar chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh **digitíú** tacú lena phróisis inmheánacha agus iad a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí trí rochtain a éascú agus comhlíonadh a threisiú. Lean an Gníomhaireacht freisin d'infheistíocht a dhéanamh i ndigitíú a próiseas inmheánach agus a huirlisí TF chun obair laethúil a éascú. Mar shampla, **rinneadh comhaid acmhainní daonna a dhigitíú**, rud lenar cuireadh na doiciméid go léir ar fáil do bhaill foirne trí Sysper, lena n-áirítear feabhas a chur ar infhaighteacht na ndoiciméad riaracháin agus na forbartha gairme. Ina theannta sin rinne an Gníomhaireacht meastóireacht agus tuairisciú promhaidh a dhigitíú agus rinne sí an próiseas breithmheasa a chuíchóiriú, rud a d'fhág go raibh sé ní ba shofhreagrúla agus ní b'éifeachtaí freisin.

Chun faireachán éifeachtach ar chórais faisnéise CGB a áirithiú lean eu-LISA d'fheabhas a chur ar a uirlisí seirbhíse oibríochtúla trí bhogadh i dtreo éiceachóras iomlán TF. Agus leas á bhaint aige as an intleacht shaorga agus as cumais mheaisíní, léirigh eu-LISA **córas nua bainistithe imeachtaí** chun faireachán agus bainistiú fíor-ama a dhéanamh ar imeachtaí ar fud na gcóras agus an bhonneagair uile chun an t-aga freagartha a laghdú agus chun réiteach teagmhas níos tapúla a éascú. Ag an am céanna, thosaigh an Gníomhaireacht ag cur i bhfeidhm **uirlis ticéadaithe** nua (ServiceNow, Snow) chun saincheistanna a réiteach ar bhealach níos éifeachtúla agus chun eispéireas an chustaiméara a fheabhsú, agus ag an am céanna bainistiú próisis níos cost-éifeachtúla a cheadú amach anseo.

¹¹⁷ *eu-LISA's Cloud Strategy for Core Business Systems: A Hybrid Multi-Cloud Hosting Framework* [Néalstraitéis eu-LISA do chroíchórais ghnó: creat óstála hibrideach il-néil], a glacadh in 2025.

2.7. MEASÚNÚ AR THORTHAÍ INIÚCHÓIREACHTA AGUS MEASTÓIREACHTAÍ EX POST

2.7.1. AN tSEIRBHÍS UM INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH DE CHUID AN CHOIMISIÚIN AGUS CUMAS INIÚCHÓIREACHTA INMHEÁNAÍ EU-LISA

I rith na bliana bhí cumas iniúchóireachta inmheánaí eu-LISA (IAC) ina phointe teagmhála do Sheirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí an Choimisiúin Eorpaigh (IAS), do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF). Tá an ról seo tábhachtach a mhéid a bhaineann le cinntiú nach ndéanfar cur isteach ar ghnáthoibriú na Gníomhaireachta chomh minic agus is féidir, agus d'fhonn dúbláil iarrachta a sheachaint.

Tábla 7. Achoimre ar cheisteanna iniúchóireachta inmheánaí a clúdaíodh in 2024

Iniúchóir	Topaic iniúchóireachta seachadta ¹¹⁸	Ábhar téamach agus torthaí
IAC	Measúnú riosca iniúchta ar bhonneagar corparáideach TF na Gníomhaireachta – fócas ar shlándáil TF	Ba é an cuspóir dearbhú neamhspleách, oibiachtúil, réasúnach a sholáthar maidir le leordhóthanacht dhearadh na rialuithe inmheánacha a cuireadh i bhfeidhm chun an tionchar gnó a bhíonn i gceist le leochaileachtaí agus teagmhais slándála faisnéise faoi shainchúram bhainistiú chóras corparáideach TFC na Gníomhaireachta a íoslaghdú. Leagadh amach sa toradh na rioscaí iarmharacha sainaitheanta i raon feidhme cúig chuspóir rialaithe, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar na rialuithe inmheánacha a rabhtas ag súil leo agus ar leordhóthanacht a ndeartha. Tá gníomhaíochtaí maolaitheacha iomchuí déanta.
IAC	Iniúchadh ar chiorcaid airgeadais eu-LISA – lena n-áirítear cearta rochtana ABAC a bhainistiú (dearbhu)	Tá na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm do Chiorcaid Airgeadais eu-LISA deartha go leordhóthanach agus tá siad ag feidhmiú go héifeachtach maidir le dearbhú réasúnach a thabhairt go ndéantar idirbhearta airgeadais a phróiseáil go cruinn, go héifeachtúil, agus i gcomhréir leis na rialacháin, na rialacha, na beartaí agus na nósanna imeachta is infheidhme. Ina theannta sin bailíochtáíonn an Ceann an Aonaid um Chumas Iniúchóireachta Inmheánaí, mar fhíoraitheoir neodrach, comhlíonadh chearta rochtana ABAC i gcoinne fhreagrachtaí an oifigigh údarúcháin agus na n-oifigeach údarúcháin trí tharmligean i gcomhréir leis na buan-nósanna imeachta atá i bhfeidhm ag eu-LISA amhail ón 15/05/2024. Tar éis an iniúchta, cuireadh Plean Gníomhaíochta cuí i bhfeidhm.
IAC	Iniúchadh ar phróisis Rialaithe Inmheánaigh agus Bainistithe Riosca (dearbhu)	Tá na rialuithe inmheánacha a chuirtear i bhfeidhm do na próisis Rialaithe Inmheánaigh agus Bainistithe Riosca deartha go leordhóthanach, tá siad ag feidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil a mhéid a bhaineann le dearbhú réasúnach a thabhairt go gcomhlíontar cuspóirí na Gníomhaireachta a leagtar síos don dá phróiseas. Tar éis an iniúchta, cuireadh Plean Gníomhaíochta cuí i bhfeidhm.
IAC	Iniúchadh ar Chóras Bainistithe Comhshaoil na Gníomhaireachta (dearbhu)	Tá rialuithe inmheánacha don chóras bainistithe comhshaoil deartha agus ag feidhmiú go héifeachtach go leordhóthanach chun dearbhú réasúnach a sholáthar go ndéanann eu-LISA an méid seo a leanas: ■ déanann sé bainistiú agus maolú cuí ar thionchair uile a ghníomhaíochtaí ar an gcomhshaoil ar fud a áitribh agus a oifigí i dTaillinn, in Strasbourg agus sa Bhruiséil, ■ go mbainfeadh sé amach cuspóirí 2024 ata leagtha síos do EMS, ■ tá sé i riocht réasúnta láidir agus ag brath ar chur chuige an iniúchóra sheachtraigh, tá seans maith ann go ndéanfar clárú EMAS a bhaint amach. Mar sin féin, tá obair fós le déanamh chun comhlíonadh a dhaingniú i ngach réimse agus chun ionchais iomlána phróiseas clárúcháin EMAS a chomhlíonadh. Tar éis an iniúchta, cuireadh Plean Gníomhaíochta cuí i bhfeidhm.
IAC	Iniúchadh ar phróiseas Bainistithe Cumraíochta (dearbhu)	Tá na rialuithe inmheánacha a cuireadh i bhfeidhm don phróiseas Bainistithe Cumraíochta oibríochtúil deartha go leordhóthanach agus tá siad ag feidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil chun dearbhú réasúnach a thabhairt go gcomhlíontar cuspóirí na Gníomhaireachta a leagtar síos don phróiseas. Tar éis an iniúchta, cuireadh Plean Gníomhaíochta cuí i bhfeidhm.

¹¹⁸ **Dearbhú:** measúnú neamhspleách ar éifeachtacht na bpróiseas bainistithe riosca, rialaithe agus rialachais. **Comhordú** le feidhmeanna iniúchóireachta seachtraí agus feidhmeanna rialaithe inmheánaigh agus faireacháin eile: cumhdach agus dearbhú go n-íoslaghdaítear dúbláil iarrachta nuair is féidir. **Seirbhísí comhairliúcháin:** gníomhaíochtaí iarrtha ag an mbainistíocht, a gcomhaontaítear cineál agus raon feidhme na ngníomhaíochtaí sin le Stiúrthóir Feidhmiúcháin eu-LISA. Tá sé beartaithe leo luach a chur le próisis rialachais, bainistithe riosca agus rialaithe eu-LISA agus feabhas a chur ar na próisis sin.

Iniúchóir	Topaic iniúchóireachta seachadta ¹¹⁸	Ábhar téamach agus torthaí
IAC	Nósanna imeachta iniúchóireachta a bhaineann le Straitéis Frithchaloise na Gníomhaireachta (dearbhu)	Bhain an Ghníomhaireacht amach go réasúnta na cuspóirí a leagtar amach sa Straitéis Frithchaloise don tréimhse 2022-2024. Is iad seo a leanas na deiseanna, áfach, chun rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm a neartú chun an riosca calaoise a mhaolú: 1. Ba cheart don bhainistíocht dea-shampla a thabhairt agus rannpháirtíocht na foirne a spreagadh i seisiúin feasachta maidir le hionracas, eitic agus frithchalois. 2. Ba cheart don bhainistíocht cur chun feidhme na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir le Treoir do Mhisin atá glactha ag an nGníomhaireacht a threisiú. 3. Ba cheart don Bhord Cáilíochta tús a chur le dearbhú a chur ar fáil don bhainistíocht shinsearach maidir le critéir cháilíochta agus táscairí cáilíochta a bhaint amach i bpríomhréimsí oibríochtúla na Gníomhaireachta, i.e. bainistiú clár agus tionscadal, bainistiú oibríochtúil croíchóras gnó, próisis chorparáideacha. 4. Leanúint d'athbhreithnithe rialta a dhéanamh agus a dhoiciméadú go hiomlán ar chuntais foirne agus úsáideoirí seachtracha do gach córas cumarsáide agus faisnéise de chuid eu-LISA chun comhlíonadh na mbeartas agus na gcaighdeán slándála is infheidhme a áirithiú, ionas go n-íoslaghdófar leochaileachtaí slándála atá le saothrú ag déantóirí calaoise a d'fhéadfadh a bheith ann. 5. Ba cheart an Straitéis Rialaithe a fhorghnó go foirmiúil agus a chur san áireamh i gcóras faireacháin chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go tráthúil agus go héifeachtach í. Cuirfear na feabhsuithe féideartha sin go léir san áireamh agus an Straitéis Frithchaloise á hullmhú don chéad timthriall eile 2025-2027.
IAC, IAS, CIE	Obair leantach ar mholtaí iniúchóireachta	Dheimhnigh na hiniúchóirí go raibh 17 moladh iniúchóireachta curtha chun feidhme go hiomlán agus dúnadh iad. Tá sonraí ar fáil sa chaibidil thiomnaithe thíos.
IAC	Faireachán agus tuairisciú comhtháite ar mholtaí iniúchóireachta oscailte	Ba é cuspóir na monatóireachta a dheimhniú go réitítear saincheisteanna, agus go gcuirfí feabhsuithe i bhfeidhm. Is é IAC a dhéanann faireachán agus tuairisciú ar rialachas eu-LISA maidir leis an dul chun cinn a ndéanann an Ghníomhaireacht le cur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh moltaí iniúchóireachta éagsúla.
CIE	Dlíthiúlacht agus rialacht Chuntais 2023 – críochnaitheach	Rinne IAC comhordú agus éascú ar an obair le foireann iniúchóireachta CIE agus le foirne eu-LISA araon a raibh baint ag an iniúchadh leo. I bhfianaise na tuairime cáilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialacht na n-íocaíochtaí, d'éascaigh IAC freisin an nós imeachta sáraíochta fairsing idir iniúchóir CIE agus bainistíocht eu-LISA agus ullmhú phlean gníomhaíochta na Gníomhaireachta chun aghaidh a thabhairt ar bharúlacha CIE. Tá sonraí ar fáil sa chaibidil thiomnaithe thíos.
IAC	Measúnú riosca iniúchóireachta bliantúil IAC	Is éard a bhí i gceist leis an obair ceardlanna agus athbhreithnithe a reáchtáil le bainistiú, baillí agus anailís ar fhaisnéis ábhartha agus tuarascálacha riosca a dhréachtú ag leibhéal an aonaid, na roinne agus na Gníomhaireachta. Bhí an measúnú tábhachtach freisin chun tuiscint cheart na bainistíochta agus aistriú cuí na gcóras bainistithe riosca agus rialaithe inmheánaigh a áirithiú tar éis atheagrú na Gníomhaireachta a fógraíodh an 14 Márta 2024 agus éirí as an Stiúrthóir Feidhmiúcháin lena raibh feidhm ón 1 Iúil 2024. Ós rud é gur eisigh CIE tuairim iniúchóireachta cháilithe eile maidir le rialacht agus dlíthiúlacht na n-íocaíochtaí (agus é á aithint ag an am céanna go raibh an chuid ba mhó de na hidirbhearta a bhí cáilithe mar idirbhearta neamhrialta ag teacht ó thorthaí roimhe sin), lean IAC le freagairt go réamhghníomhach agus go trédhearcach don teagmhas ardtionchair dhiúltach chlú seo tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: ■ dul i dteagmháil le foireann iniúchóireachta CIE chun tuiscint a fháil ar na torthaí agus ar na cúiseanna atá taobh thiar den tuairim iniúchóireachta cháilithe (le linn an iniúchta agus an nós imeachta sáraíochta), ■ cumarsáid rialta a dhéanamh le rialachas na Gníomhaireachta maidir le dul chun cinn na hiniúchóireachta, leis an tuairim agus leis na himpleachtaí a bhaineann léi, ■ anailís bhunchúiseanna a dhéanamh chun na saincheisteanna bunúsacha as ar eascair an tuairim iniúchóireachta sin a shainiú, ■ athbhreithnithe rialaithe inmheánaigh a phleanáil don bhliain 2025 chun cosc a chur ar shaincheisteanna comhchosúla teacht chun cinn amach anseo.

Iniúchóir	Topaic iniúchóireachta seachadta ¹¹⁸	Ábhar téamach agus torthaí
IAS	Iniúchadh IAS ar Sholáthar agus Bainistiú Conarthaí	D'éirigh le IAC cur chun feidhme an iniúchta a éascú. Ba é cuspóir an iniúchta measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht dhearadh agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chórais rialachais, bainistithe riosca agus rialaithe inmheánaigh do na próisis soláthair agus bainistithe conarthaí. Cé go bhfuil na próisis a bhaineann le soláthar agus bainistiú conarthaí in eu-LISA deartha go leordhóthanach ar an iomlán, sainaithníodh laige an-tábhachtach maidir leis na feabhsuithe ba ghá ar uirlis faireacháin conarthaí na Gníomhaireachta agus maidir le comhordú an fhaireacháin ar chonarthaí, rud a raibh tionchar aige ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht an phróisis. Comhaontaíodh Plean Gníomhaíochta cuí tar éis an iniúchta.
IAC	Dlíthiúlacht & rialtacht Chuntais 2024 – <i>eatramhach</i>	D'éirigh le IAC cur chun feidhme an iniúchta a éascú.

2.7.2. CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA HEORPA (CIE)

Sa bhliain 2024, chríochnaigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (ECA) an t-**iniúchadh bliantúil ar chuntais bhliantúla eu-LISA** don bhliain airgeadais 2023. Rinne an Chúirt iniúchadh ar chuntais na Gníomhaireachta (lena n-áirítear na ráitis airgeadais agus na tuarascálacha cur chun feidhme buiséid don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023) agus ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart a bhain leis na cuntais sin.

Is é tuairim ECA go dtugtar le cuntais eu-LISA don bhliain 2023 léargas cothrom, ar gach slí ábhartha, ar a staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023 (torthaí oibríochtaí, sreafaí airgid, athruithe ar shócmhainní glana) i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus leis na rialacha cuntasafóchta glactha ag oifigeach cuntasafóchta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasafóchta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh idirnáisiúnta leo. Mar sin féin, faoi theideal na béime ar ábhar, tarraingíonn an Chúirt aird ar Nóta 2.2.5.3 a ghabhann leis na cuntais bhliantúla do 2023 maidir le staid airgeadais prómhchonraitheora a bhfuil dhá chreatchonradh ghníomhacha aige.

De réir thuairim CIE go bhfuil an t-ioncam atá mar bhonn leis na cuntais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha. Maidir le híocaíochtaí, shainaithin CIE méid iomlán íocaíochtaí de EUR 12.6 milliún a raibh tionchar neamhchomhlíonta orthu, arb ionann é agus 3.2 % de na leithreasuithe íocaíochta a bhí ar fáil in 2023, rud lenar sáraíodh an tairseach ábharthachta a socraíodh don iniúchadh agus ata mar thoradh air tuairim cháilithe ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí atá mar bhonn leis na cuntais. Mar sin féin, baineann an chuid is mó de mhéid na híocaíochta neamhrialta a tuairiscíodh le haghaidh 2023 (EUR 9.9 milliún de EUR 12.6 milliún san iomlán) le barúlacha a ardaíodh cheana in 2022. Maidir leis na méideanna lena mbaineann, tá formhór na gconarthaí a ndearna earráid difear dóibh imithe in éag nó tá siad foirceanta ag eu-LISA in 2023. Thug CIE barúlacha freisin maidir leis an mbainistiú, na córais rialaithe agus an bainistiú buiséadach nár caitheadh amhras leo ar na tuairimí thuas. Cheap an Gníomhaireacht plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na barúlacha sin.

2.7.3. AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ (EDPS)

Le hiniúchtaí seachtracha ar chomhlíonadh maidir le cosaint sonraí éascaítear ardleibhéal cosanta sonraí agus feabhas leanúnach d'fhonn bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais faisnéise CGB. In 2024 lean eu-LISA de bheith ag déanamh obair leantach ar **dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na moltaí a sainaithníodh in iniúchtaí roimhe seo de chuid MECS**:

- Ba é an toradh a bhí ar **iniúchadh Eurodac, SIS agus VIS**, a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2022, tuarascáil chríochnaitheach a fuarthas i mí Mheán Fómhair 2023, ina raibh 37 moladh (ar dúnadh 29 díobh faoi dheireadh 2024),
- Ba é an toradh a bhí ar **iniúchadh SIS**, a rinneadh i mí na Nollag 2023, tuarascáil chríochnaitheach a fuarthas i mí Mheán Fómhair 2024, ina raibh 22 mholadh (ar dúnadh ceann amháin díobh faoi dheireadh 2024); ghlac an Bord Bainistíochta a bharúlacha deiridh maidir leis an dréacht-tuarascáil i mí an Mheithimh 2024 a glacadh go foirmiúil an 31 Iúil 2024. Cuireadh na barúlacha faoi bhráid MECS an 2 Lúnasa 2024, go hiomlán i gcomhréir leis an spriocdháta.

I ngach cás d'ullmhaigh an Gníomhaireacht pleananna gníomhaíochta comhfhreagracha, lenar ionchorpraíodh na moltaí a chuir MECS ar aghaidh, agus ag an am céanna chuir sí tuarascálacha ráithiúla ar fáil do MECS, agus tuarascálacha stádais ar mholtaí atá fós gan réiteach don Bhord Bainistíochta agus dá Choiste Iniúchóireachta, Comhlíontachta agus Airgeadais (ACFC).

2.8. OBAIR LEANTACH AR MHOLTAÍ AN INIÚCHTA

2.8.1. OBAIR LEANTACH AR MHOLTAÍ AN INIÚCHTA AGUS PLEANANNA GNÍOMHAÍOCHTA GAOLMHARA

Lean an tAonad um Chumas Iniúcháireachta Inmheánaí na Gníomhaireachta d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le moltaí iniúcháireachta a chur chun feidhme. Bhailigh an IAC nuashonruithe ó úinéirí na moltaí seo agus chuir sé tuarascálacha monatóireachta le chéile don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus don Bhord Bainistíochta.

In 2024 dhún an Ghníomhaireacht beagnach gach moladh tábhachtach agus na moltaí ba shine, go bunúsach (seachas iad siúd a bhain le straitéis foinsithe, féach thíos) agus bhain sí amach **ráta cur chun feidhme de 97 %**, a bhí an-ard, agus 34 cinn as 35 mholadh a bhí dlite in 2024 curtha chun feidhme. Tugtar achoimre sa tábla thíos ar stádas an dul chun cinn maidir le moltaí iniúcháireachta ó IAS, ó IAC, ó CIE agus ó OLAF a chur chun feidhme amhail ón 31 Nollaig 2024.

Tábla 8. Stádas an dul chun cinn maidir le moltaí iniúcháireachta ó IAS, ó IAC, ó CIE agus ó OLAF a chur chun feidhme

Moltaí de réir rátála	lomlán ar oscailt do 2024	Ar siúl	Curtha chun feidhme	Thar téarma	Dúnta	lomlán ar oscailt ag deireadh 2024
ríthábhachtach	-	-	-	-	-	-
an-tábhachtach	22	1	20	1	8	14
tábhachtach	16	2	14	-	9	7
lomlán	38	3	34	1	17	21

Téarmaíocht:

- **ar siúl:** an cur chun feidhme ag dul ar aghaidh de réir an phlean nó de réir spriocdháta/plean gníomhaíochta nua a comhaontaíodh leis an iniúchóir,
- **curtha chun feidhme:** deimhnithe ag úinéir an mholta, agus réidh le haghaidh obair leantach ag an iniúchóir,
- **thar téarma:** á chur chun feidhme ach níor baineadh amach é faoin spriocdháta comhaontaithe,
- **dúnta:** an tsaincheist dúnta go foirmiúil ag an iniúchóir,
- **ríthábhachtach:** laige bhunúsach sa phróiseas iniúchta atá díobhálach ar leibhéal an eintitis,
- **an-tábhachtach:** laige bhunúsach atá díobhálach don phróiseas ar fad (tá an t-ainmniú seo ag gabháil le gach moladh ó CIE),
- **tábhachtach:** laige shuntasach sa phróiseas iomlán nó laige bhunúsach i gcuid shuntasach den phróiseas iniúchta.

Tábla 9. Moltaí iniúcháireachta atá fós gan réiteach, lena n-áirítear moilleanna suntasacha (>6 mhí, amhail an 31.12.2024)

Iniúchóir/teideal an iniúchta/bliain	Teideal	Rátáil	Spriocdháta bunaidh	Moill	Bearta na Gníomhaireachta
Tuarascáil ó IAS maidir le hearcaíocht foirne agus fostú soláthraithe seirbhísí struchtúracha agus eitic eagraíochtúil in eu-LISA/2020	Ní mór foinsíú acmhainní daonna a bheith bunaithe ar mheasúnú atá doiciméadaithe agus nuashonraithe	an-tábhachtach	30 Meitheamh 2021	4 bliana	I mí an Mhárta 2024 seoladh atheagrú mór chun tacú leis na bealaí nua oibre chun a áirithiú go gcuirtear an Treochlár Idir-inoibritheachta i gcrích go rathúil. Gheobhaidh eu-LISA torthaí na meastóireachta seachtraí in 2025. Tá an dá ghné sin mar bhonn faoi nuashonrú na straitéise foinsithe agus an mhodha leithdháilte acmhainní. Dá bhrí sin rinne an Ghníomhaireacht an phlean cur chun feidhme atá molta a bheachtú, agus d'athraigh sí an spriocdháta go Lúnasa 2025.

Bhí an Ghníomhaireacht tiomanta i gcónaí do ghníomhaíocht phras agus chinntitheach a ghlacadh d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na moilleanna a bhain le cur chun feidhme na moltaí sin atá fós gan réiteach, lena n-áirítear spriocdhátaí a athbheithniú chomh maith le hiniúcháirí a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn a rinneadh maidir le pleananna gníomhaíochta ábhartha a chur chun feidhme.

D'fhonn dúnadh na moltaí a luadh mar mholtaí 'curtha chun feidhme' ag eu-LISA (míreanna faoi 'dúnta') a dhearbhuí rinne IAS agus IAC obair leantach bhliantúil ar phleananna gníomhaíochta a dearbhaíodh mar 'curtha chun feidhme' agus dhún siad 19 moladh iniúcháireachta. Rinne CIE obair leantach freisin ar chur i bhfeidhm a moltaí iniúcháireachta ó bhlianta roimhe sin.

2.8.2. GNÍOMHAÍOCHTAÍ LEANTACHA A BHAINNEANN LE HIMSCRÚDITHE SEOLTA AG OLAF¹¹⁹

In 2024 chuir an Ghníomhaireacht tús le moltaí a chur chun feidhme ó imscrúduithe OLAF a bhain le cás OC/2022/0866/A2.

2.9. OBAIR LEANTACH AR BHARÚLACHA ÓN ÚDARÁS UM URSCAOILEADH

In 2024 sheol Coiste um Rialú Buiséadach (CONT) Pharlaimint na hEorpa an nós imeachta bliantúil urscaoilte maidir le gníomhaíochtaí ghníomhaireachtaí agus chomhghnóthais an Aontais a rinneadh sa bhliain airgeadais 2023. Áirithítear leis an nós imeachta seo go gcomhlíontar na ceanglais dhlíthiúla agus rialála ábhartha, agus go gcuirtear i bhfeidhm prionsabail fhónta bainistithe airgeadais, eadhon geilleagar, éifeachtúlacht agus éifeachtacht.

I mí na Bealtaine 2025 dheonaigh Parlaimint na hEorpa urscaoileadh do Stiúrthóir Feidhmiúcháin eu-LISA maidir le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta sa bhliain 2023, d'fhorghas sí dúnadh chuntais eu-LISA don bhliain airgeadais 2023 agus roinn sí a barúlacha i rún.

Is iad seo a leanas na príomhbharúlacha lena mbaineann:

- **neamhrialtacht athfhillteach na n-íocaíochtaí** (neamhrialtacht creatchonartha, nós imeachta idirbheartaithe gan údar, leasú neamhúdaraith ar chonradh, neamhchomhlíonadh théarmaí an chonartha);
- **leibhéil athfhillteacha agus iomarcacha d'iarmhéideanna a thugtar anonn;**
- **cothromaíocht inscne.**

D'fhoill aird a dhíriú ar réimsí sainaitheanta a bhféadfaí feabhas a chur orthu agus chun aghaidh a thabhairt ar réimsí ríthábhachtacha spéise, rinne an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas go háirithe:

- na bearta ba ghá chun a **nósanna imeachta bainistithe conarthaí** a neartú d'fhoill na laigí ar shainaithin na hiniúcháirí iad a mhaolú;
- plean gníomhaíochta a chur le chéile lena n-áirítear roinnt beart chun prionsabal na bliantúlachta a urramú agus próisis nua a dhearadh chun an t-iarmhéid a thugtar anonn a laghdú i gcomhréir le prionsabal na bliantúlachta;
- a straitéis earcaíochta a athshainiú chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar chothromaíocht inscne.

Rinne an Ghníomhaireacht na gníomhaíochtaí riachtanacha agus d'ullmhaigh sí bearta chun aghaidh a thabhairt ar bharúlacha.

¹¹⁹ Airteagal 11 de *Rialachán (AE/Euratom) 883/2013* maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

Tábla 10. Barúlacha ón údarás um urscaoileadh

Ní hea	Barúil ón údarás um urscaoileadh	Freagra agus bearta glactha ag an nGníomhaireacht
Ginearálta		
1	a iarraidh go bhfeabhsófaí sásraí rialachais chun dúbláil inniúlachtaí a sheachaint agus chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil	Dúnta Atheagraíodh an Ghníomhaireacht i mí an Mhárta 2024, agus rinneadh coigeartuithe breise air sin an 16 Márta 2025. Tá athbhreithniú agus barrfheabhsú rialta á dhéanamh ag an nGníomhaireacht ar a struchtúir rialachais inmheánaigh. Ina theannta sin chruthaigh an Ghníomhaireacht cairteacha do gach eintiteas inmheánach chun an fhoireann go léir a chur ar an eolas, rud a d'áirítheodh úinéireacht chuí feidhme, próisis agus seirbhísí agus a sheachnaíonn bearnaí forluiteacha nó rialachais. Ina theannta sin tá meastóireacht sheachtrach na Gníomhaireachta ar siúl faoi láthair agus measúnú á dhéanamh ar an gcuid rialachais di.
Bainistiú buiséid agus airgeadais		
2	- a iarraidh ar ghníomhaireachtaí miondealú mionsonraithe ar chaiteachas a sholáthar ar bhonn bliantúil, lena n-áirítear sonraí imdhealaithe maidir le conarthaí seachtracha, seirbhísí comhairliúcháin agus fochonraitheoirí - a áitiú go bhfuil gá le huirliisí tuairiscithe dhigitigh fíor-ama lena bhfeabhsaítear maoirseacht airgeadais agus cuntasacht do Pharlaimint na hEorpa agus don phobal - spreagtar tuilleadh dul chun cinn i moltaí iniúchóireachta	Dúnta Cuireann an Ghníomhaireacht sonraí anailíseacha ar fáil maidir lena caiteachas sna cuntais bhliantúla agus sa tuarascáil ar bhainistiú buiséadach agus airgeadais a sheoltar chuig an údarás buiséadach. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht tuarascálacha faireacháin inmheánacha. Cinntíonn Coiste Bainistíochta na Gníomhaireachta athbhreithniú míosúil ar fhorghníomhú an bhuiséid leis na haonaid go léir. In 2024 bhain an Ghníomhaireacht amach ráta láimhseála de 97 % de mholtaí iniúchóireachta
Forléargas ar thorthaí iniúchta		
3	a thabhairt dá aire, áfach, d'ainneoin gur eisíodh tuairim gan choinníoll maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí ba bhun leis na cuntais d'fhorhmór na ngníomhaireachtaí, tugadh eisceacht faoi deara i gcás eu-LISA	Ar siúl Aithníonn an Ghníomhaireacht an bharúil agus iarrann sí tagairt a dhéanamh don fhreagairt ar bharúil 43 thíos.
4	a thabhairt dá haire, i gcás eu-LISA, go mbaineann an cháilíocht le híocaíochtaí neamhrialta dar luach EUR 12.6 milliún san iomlán a rinneadh in 2023, arb ionann é agus 3.2 % d'iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil lena n-áirítear EUR 2.7 milliún le haghaidh conarthaí a ndearnadh iniúchadh orthu in 2023 agus EUR 9.9 milliún le haghaidh conarthaí a measadh a bheith neamhrialta i dtuarascáil iniúchóireachta 2022	Ar siúl An neamhrialtacht ba mhó a bhain leis an gCreatchonradh ón Nós Imeachta Idirbheartaithe eisceachtúil le haghaidh VIS, mar a chuir CIE i dtábhacht ina tuarascáil in 2022, bronnadh í ar chomhairle na seirbhísí rialaithe inmheánaigh. Sa chomhthéacs sin, ní bhaineann na gníomhaíochtaí reatha atá fágtha faoi rialú inmheánach ach leis na ceachtanna a foghlaimíodh agus leis an obair leantach ar shárú na bainistíochta ar rialuithe inmheánacha. Ag an am céanna, tá sraith beart á gcur chun feidhme go gníomhach ag an nGníomhaireacht d'fhonn comhlíonadh agus tráthúlacht iomlán a áirithiú agus conarthaí á mbronnadh agus á gcur chun feidhme, mar seo a leanas: - soláthair agus bainistiú conarthaí a shruthlíniú, - seiceálacha dlí ag an bhfoireann soláthair a threisiú ag príomhphointí na bpróiseas soláthair agus bainistithe conarthaí, - an straitéis rialaithe a glacadh in 2024 don tréimhse 2024-2025 a chur chun feidhme agus béim á leagan ar sholáthar agus ar bhainistiú conarthaí - an straitéis soláthair a thabhairt cothrom le dáta atá ailínithe leis an straitéis foinsithe agus leis an modheolaíocht lúfar, - anailís riosca nua a dhéanamh a bhaineann le dearadh na ciorcaid airgeadais, - beartas nua a ghlacadh maidir le bainistiú buiséadach, úinéireacht agus rialuithe airgeadais, - beartas infheistíochta agus comhlacht rialachais gaolmhar a bhunú. Is é is aidhm do na bearta sin go léir a áirithiú go mbeidh ról, freagrachtaí, próisis, treoirlínte agus teoracha soiléire, chomh maith le huirliis aontaithe, oiliúint aontaithe agus ábhar ríomhfhoghlama aontaithe le haghaidh bainistiú conarthaí, i bhfeidhm; agus go mbeidh cumas rialaithe <i>ex post</i> á fhorbairt agus á chur in úsáid.

Ní hea Barúil ón údarás um urscaoileadh

- 5 ■ a thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil tuairim cháilithe ann arís maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht íocaíochtaí eu-LISA, lena léirítear saincheistanna leanúnacha a d'ardaigh an Chúirt i dtuarascálacha roimhe seo ó 2020
- a shonrú i mbarúil na Cúirte go bhfuil formhór na gconarthaí a ndearnadh earráid difear dóibh imithe in éag nó gur fhoirceann eu-LISA iad in 2023

- 6 ■ Tugtar faoi deara go raibh na neamhrialtachtaí seo a leanas mar bhonn faoi thuairim cháilithe (eu-LISA) in 2023:
- – neamhrialtacht i dtaobh creatchonarthaí: a thabhairt dá haire go ndearna eu-LISA athruithe suntasacha ar roinnt gnéithe praghsála de thairiscintí airgeadais dhá thairgeoir, ag sárú na gceartúchán a cheadaítear faoi Airteagal 151 den Airgeadas, rud a rinne difear díreach do thoradh na tairisceana, agus íocaíochtaí gaolmhara arbh fhiú EUR 2.7 milliún iad san iomlán in 2023
- – nós imeachta idirbheartaithe gan údar: a thabhairt dá haire, thairis sin, gurb ann d'íocaíocht neamhrialtá EUR 7,7 milliún a bhaineann le creatchonradh a dámhadh trí nós imeachta idirbheartaithe gan údar cuí, rud a sháraíonn caighdeán soláthair
- – leasú neamhúdaráithe ar chonradh: a thabhairt faoi deara gur aicmíodh íocaíochtaí arb ionann iad agus EUR 1.8 milliún mar íocaíochtaí neamhrialtá tar éis leasú neamhúdaráithe lenar méadaíodh luach conartha le praghas seasta le EUR 3.6 milliún
- – neamhchomhlíonadh théarmaí an chreatchonartha: a thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh íocaíochtaí an chreatchonartha chun bonneagar comhroinnte a chothabháil neamhrialtá, arb ionann iad agus EUR 0.4 milliún san iomlán, ós rud é gur imigh an conradh sonrach ón gcreatchonradh

- 7 ■ a chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di atarlú na saincheistanna soláthair as a n-eascaíonn tuairim cháilithe don cheathrú bliain as a chéile agus ag tathant ar eu-LISA gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh láithreach chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin agus iad a chosc i gcleachtais bainistithe airgeadais agus soláthair amach anseo, rud lena n-áiríteofar comhlíonadh iomlán an Rialacháin Airgeadais
- a iarraidh go gcuirfí Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin dul chun cinn atá i gceist roimh an 30 Meitheamh 2025

- 8 ■ a áitiú, cé nach leagtar síos leis an Rialachán Airgeadais uasteorainneacha le haghaidh tabhairt anonn, go mbaineann leibhéil athfhillteacha agus iomarcacha tabhairt anonn an bonn de phrionsabal buiséadach na bliantúlachta agus go léiríonn siad saincheistanna struchtúracha i bpróiseas an bhuiséid agus sa timthriall cur chun feidhme
- a thabhairt dá haire, i gcás 14 ghníomhaireacht (eu-LISA san áireamh), go bhfuil leibhéal na n-iarmhéideanna a thugtar anonn a dhéanann difear do gach teideal buiséid i dteannta a chéile níos airde ná 15 %

Freagra agus bearta glactha ag an nGníomhaireacht

Ar siúl

Is rithábhachtach iad barúlacha CIE don Ghníomhaireacht, agus tá sí tiomanta go hiomlán dá gcur chun feidhme. Tá conradh sonrach leanúnach amháin a raibh mar thoradh orthu íocaíochtaí neamhrialtá a thuairiscigh CIE sna blianta roimhe sin.

Ar siúl

Rinne an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar na Treoirínte Soláthair agus ar an mBeartas um Bainistiú Conarthaí, agus chuir sí Lámhleabhar nua um Bainistiú Conarthaí le chéile, agus rinne sí athbhreithniú ar sheicliostaí agus ar shreafaí oibre chomh maith.

Tá bearta á gcur chun feidhme go gníomhach ag an nGníomhaireacht d'fhonn comhlíonadh agus tráthúlacht iomlán a áirithiú agus conarthaí á mbronnadh agus á gcur chun feidhme (i.e. aonad nua um bainistiú soláthair agus conarthaí i bhfeidhm, seiceálacha á dtreisiú, straitéis rialaithe nuashonraithe agus straitéis soláthair).

Ar siúl

Is rithábhachtach iad barúlacha CIE don Ghníomhaireacht, agus tá sí tiomanta go hiomlán dá gcur chun feidhme. Tá conradh sonrach leanúnach amháin a raibh mar thoradh orthu íocaíochtaí neamhrialtá a thuairiscigh CIE sna blianta roimhe sin.

Cuirfidh an Ghníomhaireacht Parlaimint na hEorpa ar an eolas freisin faoin dul chun cinn atá i gceist.

Dúnta

Cuireann eu-LISA a bhuiséad chun feidhme le níos mó ná 70 % i leithreasuithe difreáilte, rud lena léirítear le hiarmhéideanna atá le tabhairt anonn cineál ilbhliantúil na n-oibríochtaí i gcomhréir leis na Rialacha Airgeadais.

I gcás Theideal 2 sháraigh an t-iarmhéid a bhí le tabhairt ar aghaidh an tairseach de 20 % ar chuir CIE in iúl é, go príomha mar gheall ar an gcaiteachas suntasach ar fhoireann tacaíochta seachtraí, ar sheirbhísí slándála fisiciúla agus ar TF corparáideach.

Glacadh sraith de bhearta ó 2023 i leith d'fhonn iarmhéideanna atá le tabhairt anonn a laghdú. Is é an príomhthionscnamh ath-innealtóireacht a dhéanamh ar thréimhsí gealltanais chun an timthriall bliantúil a oiriúnú ar bhealach níos fearr. Táthar ag súil go laghdófar de réir a chéile ar an mbealach sin gealltanais neamhíochta a bheidh le haistriú chuig an gcéad bhliain airgeadais eile.

Ní hea	Barúil ón údarás um urscaoileadh	Freagra agus bearta glactha ag an nGníomhaireacht
		Leis na gníomhaíochtaí sin, laghdaíodh na méideanna a tugadh anonn ó 2024 go 2025 faoi bheagnach 50 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
9	- a thabhairt chun suntais gur eisigh an Chúirt na míreanna ‘béim ar ábhar’ chun béim a leagan ar ábhar a chuirtear i láthair nó a nochtar sna cuntais a bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint leis go bhfuil sé bunúsach don tuiscint ar na cuntais nó ar an ioncam nó na híocaíochtaí is bun leo - a thabhairt dá haire freisin, don bhliain airgeadais 2023, gur bhain an Chúirt úsáid as míreanna ‘béim ar ábhar’ do [...]: eu-LISA	Ní bhaineann le hábhar Tugann an Ghníomhaireacht an bharúil dá haire.
10	- Tugann sí dá haire go n-áirítear i gcuntais eu-LISA nochtadh maidir le staid airgeadais príomhchonraitheora a bhfuil dhá chreatchonradh ghníomhacha bronnta air - a thabhairt dá haire go bhfuil dhá chreatchonradh ghníomhacha ag eu-LISA le conraitheoir atá ina chomhalta de chuibhreannas agus gur tháinig an conraitheoir sin in ionad a mháthairchuideachta sna conarthaí agus go bhfuil sé freagrach as an gCóras Dul Isteach/Imeachta a chur chun feidhme agus a chothabháil agus as seirbhísí a sholáthar faoi Luchtóg 1 den Chreat Oibríochtaí Trasnaí - a thabhairt dá haire gurb ionann na méideanna conarthacha gan íoc agus EUR 97.5 milliún agus EUR 41 mhilliún faoi seach - a thabhairt dá haire gurb amhlaidh, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le hinmharthanacht airgeadais na máthairchuideachta, a dhéanann eu-LISA dlúthfhairéachán ar shláinte airgeadais an chonraitheora trí úsáid a bhaint as uirlisí neamhspleácha measúnaithe riosca agus ceisteanna díreacha - a thabhairt dá haire, ina theannta sin, go ndéanann eu-LISA measúnú rialta ar dhul chun cinn na Sócmhainní atá á bhForbairt (AuDanna) chun a áirithiú nach mbeidh aon drochthionchar ar a sainordú agus go bhfuil siad réamhghníomhach maidir le rioscaí a bhaineann le suaitheadh sa slabhra soláthair a bhainistiú agus a mhaolú laistigh de theorainneacha na rialach airgeadais	Ar siúl Tugann an Ghníomhaireacht an bharúil dá haire. Deimhníonn eu-LISA go bhfuil faireachán ar bun aige ar an staid maidir leis an gcontrapháirt sin.
Feidhmíocht		
11	a mholadh go ndéanadh na gníomhaireachtaí beart chun táscairí gan íoc nó táscairí moillithe a chomhlíonadh agus chun a n-eochairtháscairí feidhmíochta a choigeartú go rialta chun feidhmíocht a fheabhsú	Ar siúl Tá athbhreithniú rialta á dhéanamh ag an nGníomhaireacht ar a KPlanna corparáideacha. Tá athbhreithniú nua tionscanta ag an nGníomhaireacht, lena gcuirfear san áireamh freisin an córas nua atá le dul i mbun oibríochtaí. Ina theannta sin tá tús curtha ag an ngníomhaireacht lena scórchártaí cothromaithe féin a fhorbairt d'fhonn feidhmíocht a rianú ar bhealach níos fearr.
12	a áitiú go dtabharfaí isteach tagarmharcanna buiséadaithe agus éifeachtúlachta feidhmíochtbhunaithe chun leithdháileadh barrmhaith acmhainní agus rialachas tionchar-bhunaithe a áirithiú	Dúnta Tá roinnt gnéithe den chreat buiséadaithe feidhmíochta bunaithe ag eu-LISA (cp. OECD, 2023): - tuairiscíú mionsonraithe ar fheidhmíocht agus athbhreithniú míosúil a chur ar bun; - cuntasacht agus trédhearcacht a fhorfheidhmiú le samhail úinéireachta buiséid; - timpeallacht chumasúcháin le haghaidh bainistiú fóna airgeadais bunaithe ar na ciorcaid airgeadais. sraith tuarascálacha curtha le chéile d'fhonn an chinnteoireacht anailíseach a áirithiú.
13	sonrú a chur i dTreochlár Idir-inoibritheachta nua	Ní bhaineann le hábhar Tugann an Ghníomhaireacht an bharúil dá haire.

- a aithint go raibh gá leis an amlíne nua le haghaidh leathadh amach agus idir-inoibritheacht chórais faisnéise an Aontais mar gheall ar mhoilleanna ar fhorbairt an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES), an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus an Chórais Faisnéise Eorpaigh um Thaifid Choiriúla maidir le náisiúnaigh tríú tír (ECRIS-TCN)
- a chur i bhfios go láidir go bhfuil malartú faisnéise tapa, éifeachtach agus iontaofa, i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme, rithábachtach chun limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais a chothú agus a neartú
- a aithint, ina leith sin, an obair agus na feabhsuithe curtha i gcrích ag eu-LISA

Soláthar

- 14 ■ a thabhairt sí dá haire, agus é ina ábhar imní di, gurb iad laigí soláthair phoiblí an fhoinse is mó d'íocaíochtaí neamhrialta i gcónaí; a thabhairt chun suntais go ndearna an Chúirt 38 mbarúil maidir le laigí soláthair phoiblí in 2023 (i gcomparáid le 41 cheann in 2022 agus 28 acu in 2021)
- a thabhairt ar ghníomhaireachtaí bearta a thabhairt isteach chun a áirithiú go gcloífear go docht le rialacháin soláthair agus le prionsabail na trédhearcachta, na hiomaíochta agus na cost-éifeachtúlachta
- a mheabhrú go bhfuil gá le cláir oiliúna rialta don fhoireann ar bhainistiú airgeadais, rialacha soláthair agus cosc calaoise
- a iarraidh go ndéanfaí bearta cuntasachta níos déine lena n-áiríteofar go ndéanfar gníomhaíochtaí ceartaitheacha spriocdhírthe i leith easnaimh leanúnacha agus go mbeidh iarmhairtí ann do neamhchomhlíonadh leanúnach
- 15 ■ a thabhairt dá haire, de réir na Cúirte, go dtagraíonn 13¹²⁰ de na barúlacha ar laigí as ar tháinig íocaíochtaí neamhrialta in 2023 do neamhrialtachtaí a braitheadh agus a luadh in iniúchtaí roimhe seo
- a thabhairt dá haire, i gcás na 25 bharúil eile, nach raibh íocaíochtaí neamhrialta in 2023 mar thoradh ar naoi n-íocaíocht a raibh tionchar orthu agus ar na 16 cinn eile
- a thabhairt dá haire go mbaineann barúlacha na bliana nach ndearna difear d'íocaíochtaí leis na gníomhaireachtaí ACER, ÚBE, eu-LISA, ESMA, EMSA, ENISA, ERA, EIGE, ECDC, EEA, EUDA, EUAA agus CEPOL
- sonrú a chur sna freagraí ó na gníomhaireachtaí agus á iarraidh orthu bearta a dhéanamh chun na laigí a braitheadh a cheartú agus tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt orthu
- 16 ■ aird a tharraingt ar naoi mbarúil na bliana a rinne an Chúirt a dhéanann difear d'íocaíochtaí

Ar siúl

Mar a tuairiscíodh le linn éisteacht an údarais bhuiséadaigh, mar aon le gach mórgníomhaí poiblí sa réimse TF, tá dúshlán shuntasacha roimh eu-LISA maidir le hathruithe dinimiciúla an mhargaidh agus comhlíonadh iomlán na srianta soláthair a thagann ó reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach a réiteach agus córais éifeachtacha TF ar mhórskála á seachadadh ag an am céanna.

Is rithábacht don Gníomhaireacht é comhlíonadh na rialacha soláthair, agus tá sí tiomanta go hiomlán dá chur chun feidhme.

Tá sé de dhualgas gníomhach ar an nGníomhaireacht an mhodheolaíocht "Agile" a iniúchadh (agus a chur chun feidhme de réir a chéile) agus an bunú conarthach a choigeartú dá réir, agus tá straitéis soláthair nua á tógáil aici i ndlúthchomhar idir foirne oibríochtúla agus foirne soláthair.

Thairis sin cuireann an Gníomhaireacht oiliúint/nuashonruithe rialta ar fáil do ghníomhaithe airgeadais, lena n-áirítear ceachtanna a foghlaimítear a roinnt bunaithe ar shamplaí praiticiúla ó EXC/NC.

Reachtáladh seisiún tiomnaithe leis an gCoimisiún agus tá malartuithe torthúla le gníomhaireachtaí eile (e.g. EMA) ar siúl chun na ceachtanna go léir a foghlaimíodh ó institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais a bhailiú.

Ar siúl

Déanann an Gníomhaireacht dlúthfhaireachán ar thorthaí iniúchóireachta oscailte, agus cuireann sí na pleananna gníomhaíochta comhfhereagracha chun feidhme go dtí go ndúnfar iad.

Ar siúl

An neamhrialtacht ba mhó a bhain leis an gCreatchonradh de thoradh an Nós Imeachta Idirbheartaithe eisceachtúil do VIS, mar a chuir CIE i dtábhacht ina tuarascáil in 2022, bronnadh í ar chomhairle na seirbhísí rialaithe inmheánaigh. Sa chomhthéacs

¹²⁰ Barúlacha ó bhlianta roimhe seo a rinne difear d'íocaíochtaí in 2023: trí bharúil ó eu-LISA EUR 7.7 milliún, EUR 1.8 milliún, EUR 0.4 milliún, agus an bonn le tuairim cháilithe.

Ní hea **Barúil ón údarás um urscaoileadh**

- a thabhairt dá haire, i gcás ENISA, eu-LISA, agus ELA, go bhfuil na neamhrialtachtaí a braitheadh, mar aon leis na neamhrialtachtaí sin a sainaitníodh in iniúchtaí roimhe seo a raibh focaíochtaí mar thoradh orthu in 2023 (i gcás eu-LISA agus ELA amháin), mar bhonn do thuairim cháilithe ón gCúirt agus gur tugadh tuairisc orthu faoin gceannnteideal 'Forbhreathnú ar thorthaí an iniúchta' den rún seo

- 17
- a theacht leis an moladh ón gCúirt nár cheart do na gníomhaireachtaí lena mbaineann, agus creatchonarthaí á gcur chun feidhme acu, ach conarthaí sonracha a úsáid chun earraí nó seirbhísí a chumhaítear leis an gcreatchonradh gaolmhar a fháil
 - a athdhearbhú, thairis sin, an mholta ón gCúirt gur cheart do na gníomhaireachtaí lena mbaineann a áirithiú freisin go gcomhlíonfaidh siad na rialacha a thugtar sa Rialachán Airgeadais maidir le conarthaí atá ann cheana a mhodhnú, go sainmhíneofar i gconarthaí sonracha na cainníochtaí praghsanna agus na hamanna seachadta agus go mbeidh cur chun feidhme an chonartha faoi réir seiceálacha leordhóthanacha a bhaineann leis na príomhghnéithe sin

Beartas foirne, comhionannas inscne, cuimsiú, coinbhleacht leasa agus cosc calaoise

- 18
- a thabhairt dá haire go raibh an ráta láimhdeachais foirne in 2023 ní ba mhó ná 5 % in 18 gceann de 33 ghníomhaireacht (eu-LISA san áireamh)
 - na gníomhaireachtaí a bhfuil bearta spriocdhírthe déanta acu chun rátaí arda láimhdeachais foirne a chosc a mholadh
 - a thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé do na gníomhaireachtaí uile bearta a chur chun feidhme d'fhonn bainistiú agus coinneáil tallainne a fheabhsú
 - a bhrath ar EUAN a bheith ina fhóram dá chuid ballghníomhaireachtaí maidir le dea-chleachtais a mhalartú agus, i gcás inar féidir, dul i gcomhar le chéile i ndáil leis an méid sin
 - a iarraidh ar an gCoimisiún tacú go gníomhach le gníomhaireachtaí chun an saineolas is gá a earcú chun a sainorduithe a chomhlíonadh, agus comhar níos dlúithe le hollscoileanna agus le hinstiúidí ábhartha eile á spreagadh

- 19
- a thabhairt chun suntais gur dúshlán fós í an chothromaíocht gheografach do roinnt gníomhaireachtaí, ar náisiúnaigh den Bhallstát ina bhfuil na gníomhaireachtaí lonnaithe iad céatadáin shuntasacha dá bhfoireann fhoriomlán

- 20
- a aithint go bhfuil baint ag tallann a mhealladh agus fórsa oibre atá éagsúil ó thaobh na tíreolaíochta de a áirithiú le sainiúlachtaí aonair na ngníomhaireachtaí (e.g. suíomh, bonneagar, scolaíocht, réimse beartais), chomh maith le tosca teorannaithe seachtracha (e.g. iomaíocht leis an earnáil phríobháideach, éiginnteacht fostaíochta mar gheall ar chonarthaí gearrthéarmacha, comhéifeachtaí ceartúcháin isle)

Freagra agus bearta glactha ag an nGníomhaireacht

sin, ní bhaineann na gníomhaíochtaí reatha atá fágtha faoi rialú inmheánach ach leis na ceachtanna a foghlaimíodh agus leis an obair leantach ar shárú na bainistíochta ar rialuithe inmheánacha. Thairis sin tá gníomhaíochtaí spriocdhírthe curtha chun feidhme ag an nGníomhaireacht as ar eascair tuairim gan choinníoll do 2024.

Ar siúl

Is rithábhachtach iad barúlacha CIE don Ghníomhaireacht, agus tá sí tiomanta go hiomlán dá gcur chun feidhme. Tá a Beartas Bainistithe Conarthaí, a Treoirlínte Soláthair tugtha cothrom le dáta ag an nGníomhaireacht agus tá Lámhleabhar nua um Bainistiú Conarthaí curtha le chéile aici atá dírithe ar dhlíthiúlacht, comhleanúnachas agus comhsheasmhacht an phróisis soláthair agus cur chun feidhme an chonartha a áirithiú.

Ar siúl

In 2023 sheol eu-LISA Clár Soghluaisteachta Inmheánaí leis an aidhm leas a bhaint as inniúlachtaí na mball foirne atá ann cheana féin agus fás gairmiúil leanúnach a chothú laistigh den Ghníomhaireacht. Seoladh an glao chun Ceann Earnála nua a aithint don Earnáil Uirlisí Seirbhíse Oibríochtúla san Aonad Oibríochtaí Córas, agus tugadh chun críche é le ceapachán bail foirne amháin don ról.

Beart eile a lena méadaítear an seans go gcoinneofaí bail foirne sa ghníomhaireacht is ea an fhéidearthacht go bhforbrófaí é agus go dtiocfadh fás uirthi. In 2023 earcaíodh 62 bhall foirne nua san iomlán (glacadh le tairiscintí poist faoin 31 Nollaig 2023) agus as sin, tairgeadh deiseanna nua fáis gairme do 13 bhall foirne laistigh de eu-LISA.

Ar siúl

Ós rud é go bhfuil príomhoifigí eu-LISA lonnaithe i dTaillinn na hEastóine agus i Strasbourg na Fraince, ní mheastar go ndéanann an cion réasúnta ard d'fhoireann Eastónach agus go háirithe Francach (suas le 22 % i ngach suíomh faoi seach) saobhadh suntasach ar an gcothromaíocht gheografach fhoriomlán. Le himeacht ama d'fhan ionadaíocht fhoireann na hEastóine agus na Fraince cobhsaí, rud a d'fhág gurbh fhéidir cothromaíocht a choinneáil trí náisiúntachtaí eile a chur san áireamh. Tá roinnt náisiúntachtaí a ndéantar ionadaíocht orthu cobhsaí freisin agus tá éagsúlacht i gceist leis sin, agus déantar iarrachtaí aird a tharraingt sna fógraí folúntais ar na náisiúntachtaí nach bhfuil ionadaíocht déanta orthu chun iarratais ó na tíortha sin a spreagadh.

Ar siúl

Lean an Ghníomhaireacht dá seasamh mar fhostóir de rogha sa tírdhreach TF a neartú, béim ar rannpháirtíocht na mban i réimsí ETIM a chur chun cinn d'fhonn éagsúlacht inscne a chothú.

Ní hea **Barúil ón údarás um urscaoileadh**

- 21
- a thabhairt chun suntais go mbaineann roinnt gníomhaireachtaí úsáid fhorleathan as sainchomhairleoirí seachtracha, go príomha i réimse TFC ach freisin i réimsí a bpríomhghnó, ar codanna suntasacha dá mbuiséad oibríochtúil iad
 - a iarraidh ar na gníomhaireachtaí uile tosaíocht a thabhairt do bhaill foirne bhuana seachas do chomhairleoirí seachtracha agus foireann chonarthaigh, chun dálaí oibre ar ardchaighdeán a ráthú, agus chun nach gcaillfead eolas agus taithí
 - a iarraidh, thairis sin, ar na gníomhaireachtaí éiginnteacht post mar gheall ar chonarthaí gearrthéarmacha a chosc agus tús áite a thabhairt don fhostaíocht fhadtéarmach
 - a iarraidh, ina leith sin, go mbeadh solúbthacht ann do ghníomhaireachtaí poist saineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNI) a thiontú ina bpoist do ghníomhairí sealadacha, rud lena n-áiríteofar coinneáil saineolais, feidhmiúlacht oibríochtúil agus leanúnachas gnó
 - a áitiú, thairis sin, nach ndéanfar cúraimí a sheachtrú ar chomhairleachtaí nuair a bhíonn fios gnó ar fáil go himmheánach

Freagra agus bearta glactha ag an nGníomhaireacht

Ar siúl

Tá gá le seachfhoinsiú a dhéanamh ar líon suntasach seirbhísí gairmiúla chun a sainordú a chur chun feidhme go hiomlán ós rud é nár cóiríodh an Ghníomhaireacht riamh chun roinnt gníomhaíochtaí a chur chun feidhme a theastaíonn chun córais mhórsála TF a fhorbairt agus a chothabháil cé acu ag an bhfoireann reachtúil amháin nó acu go príomha.

Cé go bhfuil an seachfhoinsiú bunaithe ar bhreisluach ard atá dírithe ar eolas agus scileanna TF, ní raibh sé teoranta riamh d'eolas speisialaithe a fháil ar bhonn gearr-ama. Tá ceanglais seachfhoinsithe eu-LISA córasach, struchtúrach agus leanúnach. Ina theannta sin ní mór do na seirbhísí seo bainistiú a dhéanamh ar bhealach inscálaithe d'fhonn freagairt ar stádas éagsúil shaolré na gcóras TF.

Eascaíonn rioscaí sonracha don Ghníomhaireacht as méid agus saintréithe an tseachfhoinsithe struchtúraigh, a mbíonn ceann de na buiséid is mó i measc chomhlachtaí an Aontais a bhainistiú aige, chomh maith leis an tríú cóimheas caiteachais oibríochtúil agus riaracháin is mó. Bíonn tionchar ag na rioscaí sin ar roinnt réimsí de ghnó na Gníomhaireachta, cuir i gcás cur i gcrích tráthúil na gcúraimí sannta agus comhlíonadh agus éifeachtúlacht buiséid.

Tá an Ghníomhaireacht i mbun athmheastóireacht a dhéanamh ar roinnt cur chuige foinsithe a bhí ar bun aici roimhe seo arbh é a bhí i gceist leo cúraimí casta arda a chur ar chonraitheoirí seachtracha, d'fhonn bogadh i dtreo rialú níos gráinní agus níos díri ag eu-LISA ar ghníomhaíochtaí, go háirithe i réimse na forbartha TF. Mar sin féin, ní féidir le cur chuige mar sin a bheith rathúil ach amháin más féidir leis an nGníomhaireacht brath ar chainníocht agus ar cháilíocht leordhóthanach acmhainní inmheánacha chun rialú níos díri a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ar foinsí seachtracha iad.

Gan íoschóimheas inmharthana d'acmhainní inmheánacha agus seachtracha, d'fhéadfadh na rioscaí a luaitear roimhe seo bac a chur ar chumas na Gníomhaireachta a cuspóirí a bhaint amach maidir le hathinnealtóireacht a dhéanamh ar an mbealach a bhfreastalaíonn sí ar an Aontais agus ar na Ballstáit i réimsí na ngnóthaí baile, an bhainistithe teorainneacha agus an cheartais.

- 22
- a iarraidh go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí ar chothromaíocht inscne a áirithiú ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí agus ar chomhionannas inscne a phríomhshruthú go córasach i mbeartaí, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí uile na ngníomhaireachtaí

Ar siúl

Cé gurb é Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta a dhéanann cinneadh maidir le hearcaíocht ar leibhéal na hardbhainistíochta, tháinig feachtas ar straitéis an Choimisiúin chun feabhas a chur ar an gcothromaíocht gheografach a roinneadh leis na Ballstáit chun cinn in 2024 maidir le ceapadh an Leas-Stiúrthóra Feidhmiúcháin a chomhlíonann ról an Stiúrthóra Feidhmiúcháin faoi láthair *ad interim* san inscne tearcionadaithe. Tá roghnúchán an Stiúrthóra Feidhmiúcháin fós ar siúl.

- 23
- a iarraidh ar Ghníomhaireachtaí spriocanna agus amhláir shoiléire a leagan síos chun cothromaíocht inscne agus éagsúlacht gheografach a bhaint amach sa bhainistíocht shinsearach agus i gcomhlachtaí cinnteoireachta, agus tuairisciú córasach a dhéanamh ar dhul chun cinn

Ar siúl

Aithníonn an Ghníomhaireacht an bharúil agus leanann sí dá hiarrachtaí cothromaíocht inscne a bhaint amach.

- 24
- a thabhairt dá haire gur tháinig feabhas ar an dáileadh inscne in 2023 i gcomparáid le 2022 ar leibhéal na hardbhainistíochta agus na meánbhainistíochta agus i measc chomhaltaí an bhoird bainistíochta
 - a thabhairt dá haire nár tháinig athrú ar an gcothromaíocht inscne a tuairiscíodh i leith foirne ar an iomlán
 - eu-LISA a spreagadh chun tacú le mná iarratas a dhéanamh ar phoist bhainistíochta
 - a iarraidh an athuair ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cothromaíocht inscne a urramú agus comhaltaí den bhainistíocht nó de na boird bhainistíochta a n-ainmniú agus a gceapadh

Ar siúl

Tugann an Ghníomhaireacht an bharúil dá haire. In 2023 chuir eu-LISA leis na tionscnaimh a bhí ann cheana d'fhonn a iarrachtaí a neartú chun ní ba mhó iarratasóirí ar mná iad a mhealladh. Chomh maith leis sin, cuirtear in iúl do na gníomhaithe a mbíonn baint acu leis an bpróiseas roghnúcháin agus earcaíochta a thábhachtaí atá feachtas ar an ngá le cothromaíocht inscne agus éagsúlacht náisiúnta a fheabhsú.

- a mheabhrú uailmhian na ngníomhaireachtaí ailíniú leis an gCoimisiún chun cothromaíocht inscne de 50 % a bhaint amach ar gach leibhéal dá bhainistíocht faoi dheireadh 2025
 - a iarraidh ar na gníomhaireachtaí leanúint de na gnéithe sin a chur i gcuntas maidir le hearcú uile foirne amach anseo agus oibriú chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcothromaíocht inscne ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí
- 25 ■ a thabhairt ar ghníomhaireachtaí díláraithe beartais comhionannais inscne a neartú ar na leibhéil uile, rud lena n-áirítear comhdheiseanna san earcaíocht, dul chun cinn gairme agus dálaí oibre don fhoireann uile
- a mholadh do na gníomhaireachtaí uile straitéisí láidre éagsúlachta agus cuimsithe a ghlacadh agus a chur chun feidhme lena gcuirtear cothroime agus cothromaíocht chun cinn, rud lena n-áirítear comhdheiseanna agus ionadaíocht ar mhná agus ar mhionlaigh i bpoist cheannaireachta
 - a iarraidh ar ghníomhaireachtaí straitéisí cuimsitheacha a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun réimsí a shainaithint a bhféadfaí feabhas a chur orthu
 - a mheabhrú go ndéanfaidh an Pharlaimint measúnú ar chomhlíonadh na bprionsabal sin sa phróiseas urscaoilte bliantúil

- 26 ■ a thabhairt dá haire go bhfuil bearta curtha i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí uile chun feabhas a chur ar fholláine na foirne ag an obair agus ar an gcothromaíocht oibre is saoil
- a thabhairt dá haire go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir líon agus tionchar na mbeart sin ó ghníomhaireacht amháin go gníomhaireacht eile agus gur cosúil nach ann d'aon chreat coiteann tagartha ar fud na ngníomhaireachtaí
 - a iarraidh ar EUAN iarrachtaí a chomhordú chun creat comhchoiteann tagartha a fhorbairt i ndáil leis
 - a thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuil bearta curtha i bhfeidhm ag tromlach mór na ngníomhaireachtaí chun daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú
 - a mholadh do na gníomhaireachtaí dea-chleachtais maidir le dea-bhail na foirne, cuimsiú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas a choinneáil agus leanúint d'aghaidh a thabhairt ar an gcothromaíocht oibre is saoil, chomh maith le foghlaim ar feadh an tsaoil agus forbairt gairme
 - béim a chur ar a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis na hiarrachtaí ar chothromaíocht inscne agus gheografach a bhaint amach i measc fhoireann na n-institiúidí agus i bpoist ardbhainistíochta
 - a chur i bhfios go láidir go bhféadfadh ról úsáideach a bheith ag malartuithe dea-chleachtais i réimse an bhainistithe foirne
 - a iarraidh ar na gníomhaireachtaí oiliúint ábhartha agus rialta a chur ar a bhfoireann

- 27 ■ a mholadh do na gníomhaireachtaí uile beartas a chur chun feidhme chun dínit phearsanta a choimirciú agus chun ciapadh síceolaíoch agus gnéasach a chosc agus páirt a ghlacadh i dtascfhórsa idirghníomhaireachta comhairleoirí rúnda

Ar siúl

Faoi láthair, déantar gníomhaíochtaí i réimse na héagsúlachta atá ag dul i méid a fhoirmiú i bplean gníomhaíochta a dréachtaíodh agus a cuireadh chun feidhme in 2024, agus leanfar leo in 2025:

- Glacadh Cairt EUAN um Éagsúlacht agus Cuimsiú, rud lena n-athdhearbhaítear tiomantas eu-LISA d'ionad oibre cuimsitheach a chruthú.
- Dréachtaíodh plean gníomhaíochta maidir le héagsúlacht, cothromas agus cuimsiú (ÉCIN), rud lena bhfuil sé beartaithe na hiarrachtaí reatha a leathnú amach, agus béim ar leith á leagan ar an gcothromaíocht inscne.
- Bunaíodh meitheal trasfheidhmiúil atá tiomnaithe d'éagsúlacht iarrthóirí a mhéadú trí aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna agus trí réitigh fhadtéarmacha a chur chun feidhme.

Ar siúl

Tá clár folláine i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht i bhfoirm seimineár rialta, seisiúin folláine ar an láthair, agus tionscnaimh lena gcuirtear folláine chun cinn. Cuireann an Gníomhaireacht acmhainní foghlama éagsúla ar fáil agus eagraíonn sí oiliúint spriocdhírthe lena gclúdaítear scileanna sonracha a bhaineann le príomhréimsí oibre na Gníomhaireachta.

Agus aitheantas á thabhairt aige don tábhacht a bhaineann leis an meabhairshláinte agus an fholláine, reáchtáil eu-LISA roinnt seimineár gréasáin um fholláine in 2023. Ina theannta sin tá rochtain ag baill foirne ar sheisiúin chomhairleoireachta aonair, agus ar shíntiús don aip folláine de chuid na Gníomhaireachta. D'fhoillíodh na sláinte fhisiciúil, bhí speisialtóir aclaíochta ar an láthair chun baill foirne a ghríosadh a bheith i mbun gníomhaíochta laethúil, maille le tionscnaimh ghaolmhara eile. Is léiriú iad na hiarrachtaí sin ar thiomantas leanúnach eu-LISA tacú le folláine a fhoirne. Chomh maith leis sin,

de thoradh an tsuirbhé rannpháirtíochta foirne, mar fhreagairt ar na tiománaithe ab ísle scór a sainithníodh, bhunaigh an Gníomhaireacht meitheal chun gníomhaíochtaí spriocdhírthe a chur chun feidhme a bhí dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin agus ar bhorradh a chur faoin rannpháirtíocht.

Ar siúl

Tá beartas i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht maidir le dínit an duine a chosaint agus ciapadh síceolaíoch agus ciapadh gnéasach a chosc agus glacadh sí páirt ghníomhach i dtascfhórsa EUAN ar Chomhairleoirí Rúnda.

Reáchtálann an Gníomhaireacht seisiún oiliúna bliantúil maidir le ciapadh a chosc, chomh maith le ciapadh a chumhdach go mion i seisiún faisnéise atá tiomnaithe do ról na gComhairleoirí Rúnda.

- a iarraidh, ina leith sin, go ndéanfaí oiliúint frithchiaptha choiscteach éigeantach a thabhairt isteach a chaithfeadh fostaithe ghníomhaireachtaí an Aontais a dhéanamh
- a iarraidh ar na gníomhaireachtaí tuairisciú rialta a dhéanamh, tríd an tuarascáil leantach, ar an dul chun cinn sa réimse sin

28 ■ a thathant ar na gníomhaireachtaí uile cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa a neartú tuilleadh, lena n-áirítear dearbhuithe córasacha leasanna ón mbainistíocht shinsearach, ó shaineolaithe seachtracha, agus ó chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta, arna bhfoilsíú ar bhealach réamhghníomhach agus inrochtana

Ar siúl

Is í an bhainistíocht shinsearach a chuireann dearbhuithe leasa bliantúla ar fáil agus is í an Ghníomhaireacht a fhoilsíonn iad freisin.

- 29 ■ béim a chur ar a thábhachtaí atá sé neamhspleáchas ghníomhaireachtaí an Aontais a chosaint ar thionchar míchuí an tionscail chun muintir an phobail ina gcinnteoireacht a chaomhnu
- a chur in iúl gur cúis bhuartha di na heasnamh rialála agus coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann laistigh de ghníomhaireachtaí áirithe
 - béim a chur ar shaincheisteanna a bhaineann le dlúthnaisc leis an tionscal agus tuairiscí ar thionchar míchuí, go háirithe trí dhoirse imrothlacha idir institiúidí poiblí agus cuideachtaí príobháideacha
 - a chur i bhfáth go bhfuil gá le breis trédhearcachta, sásraí maoirseachta níos láidre agus tiomantas daingean tús áite a thabhairt don tsláinte phoiblí agus don tsábháilteacht phoiblí seachas do leasanna airgeadais

Ar siúl

Tá Clár Trédhearcachta curtha ar bun ag an nGníomhaireacht d'fhonn a áirithiú go mbeidh trédhearcacht ann maidir le brústocaireacht. Cláraítear cruinnithe agus teagmhálacha uile an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, an Leas-Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus Chinn na Ranna le hOibreoirí Eacnamaíocha san uirlis sin.

Cuireann an Ghníomhaireacht rialacha chun feidhme maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, lena gcumhdaítear oibleagáidí is infheidhme i ndáil le hearcaíocht agus tar éis seirbhís eu-LISA a fhágáil (maidir le hoibleagáid údará a lorg le haghaidh fostaíochta lasmuigh de Sheirbhís Phoiblí an Aontais i dtréimhse 2 bhliain tar éis di an tseirbhís a fhágáil).

Rialú inmheánach

- 30 ■ a iarraidh ar na gníomhaireachtaí barúlacha na Cúirte a chur chun feidhme go pras agus go córasach agus bearta ceartaitheacha nithiúla a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na laigí arna sainaitheint sa chreat rialaithe inmheánaigh
- a áitiú go ndéanfaí bearta cuntasachta níos déine lena n-áirítear go ndéanfar gníomhaíochtaí ceartaitheacha spriocdhírthe i leith easnamh leanúnach agus go mbeidh iarmhairtí ann do neamhchomhlíonadh leanúnach

Ar siúl

Tá faireachán réamhghníomhach á dhéanamh ag an nGníomhaireacht ar an easnamh agus déanann sí measúnú rialta ar éifeachtacht ar a feidhm rialaithe inmheánaigh. Ina theannta sin ghlac an Ghníomhaireacht a Straitéis Rialaithe Inmheánaigh féin d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na heasnamh is géire i réimse an bhainistithe conarthaí.

Tá sé i gceist leis na bearta sin na ceithre chóras rialaithe a bhfuil tionchar ag feidhmíocht an bhainistithe conarthaí ag eu-LISA orthu a neartú:

- riachtanais a phleanáil, a éileamh agus a bhainistiú,
- soláthar,
- bainistiú conarthaí féin agus ciorcaid airgeadais,
- bainistiú sócmhainní.

Rinneadh na bearta a chomhtháthú i bplean gníomhaíochta atá á chur chun feidhme.

Cibearshlándáil, eitic agus trédhearcacht

- 31 ■ aird a tharraingt ar an ngá atá leis na bearta slándála uile is gá a dhéanamh chun sláine ar líne na faisnéise próiseáilte a choimirsiú, á áitiú go méadófar athléimneacht na ngníomhaireachtaí i leith cibirionsaithe nó iarrachtaí insíothlaithe a thagann go háirithe ón Rúis nó ó aon tríú tír eile
- a chur i bhfios go láidir go bhféadfadh costais airgeadais laghdaithe agus torthaí feabhsaithe a bheith mar thoradh ar sholáthar comhpháirteach sa réimse sin idir gníomhaireachtaí

Ar siúl

Tá an Ghníomhaireacht ag obair go leanúnach ar athléimneacht na ngníomhaireachtaí i leith cibirionsaithe nó iarrachtaí insíothlaithe a mhéadú.

Shroich eu-LISA Leibhéal Aibíochta 1 den tsamhail cibearshlándála Essential Eight, rud lena taispeántar bunbhearta slándála chun cosaint a thabhairt i gcoinne bagairtí ginearálta i dtimpeallachtaí CBS & Corparáideacha TF, trí sheirbhísí slándála TF bainistithe, tástáil treáite, uirlisí crua agus seirbhísí CERT-EU.

Tá plé á dhéanamh ag an nGníomhaireacht laistigh de Ghníomhaireachtaí CGB chun réimsí a shainaithint i dtaobh feabhas a chur ar leanúnachas gnó agus ar réimsí slándála, lena n-áirítear tionscnaimh chomhpháirteacha soláthair i réimse na slándála.

32 ■ a mholadh do na ngníomhaireachtaí uile úsáid a bhaint as an bhféidearthacht dheonach sin agus lorg eu-LISA agus Frontex a leanúint, arb iad an t-aon dá ghníomhaireacht iad a cheanglaíonn ar theagmhálacha seachtracha tríú páirtithe clárú sa Chlár Trédhearcachta

33 ■ a thabhairt dá haire gur dhírigh eu-LISA ar an gcibearshlándáil agus ar bhagairtí sa chibear-réimse a chomhrac, go háirithe na hullmhúcháin is gá a dhéanamh d'oibleagáidí a eascraíonn as rialacháin nua an Aontais maidir le slándáil faisnéise agus cibearshlándáil

■ a thabhairt chun suntais go n-oibríonn agus go gcoinníonn eu-LISA ardán faireacháin slándála, plean teagmhas cibearshlándála, leabhair bheartaíochta freagartha, agus socruithe le haghaidh dualgas fuireachais 24/7 chun a áirithiú go ndéanfar cibearbhagairtí a shainaithint go tráthúil agus go dtabharfar freagairt orthu go tráthúil

■ a chur in iúl gur geal léi ról eu-LISA maidir le tacú le cleachtaí cibearshlándála idirghníomhaireachta i gcomhar le Líonra Gníomhaireachtaí CGB (JHAAN)

■ béim a chur ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh sé de chumas iomlán i ngníomhaireachtaí díláraithe iad féin a chosaint ar chibirionsaithe

■ a mholadh go n-oibreodh eu-LISA i ndlúthchomhar leis na gníomhaireachtaí eile chun freagairt chomhchoiteann níos athléimní a fhorbairt i gcoinne na cibearchoireachta

■ béim a chur , ina leith sin, ar a thábhachtaí atá sé bearta cibearshlándála a neartú ar fud na ngníomhaireachtaí uile, i bhfianaise na rioscaí méadaitheacha a bhaineann le cibearbhagairtí agus sárúithe ar shonraí

■ a iarraidh go ndéanfaí infheistíochtaí breise i mbonneagar slán TF agus in oiliúint chibearshlándála do phearsanra na gníomhaireachta

■ a thathant ar ghníomhaireachtaí tuarascáil measúnaithe riosca cibearshlándála bhliantúil a chur faoi bhráid na Parlaiminte agus na Cúirte

34 ■ a thabhairt dá haire go bhfuil beartas sceithirí i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí uile

■ a iarraidh ar na gníomhaireachtaí uile a áirithiú go bhfuil bealaí tuairiscithe sonracha, sábháilte agus éifeachtacha i bhfeidhm acu i gcomhréir le ceanglais ábhartha Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sceithireacht

35 ■ a mholadh go ndéanfaí measúnuithe riosca a bhaineann go sonracha le IS a áireamh go córasach in iniúchtaí inmheánacha ar ghníomhaireachtaí, rud lena n-áiríteofar go gcomhlíonfar treoirlínte eitiúla agus caighdeáin cibearshlándála an Aontais

Dúnta

Tá Clár Trédhearcachta curtha ar bun ag eu-LISA chun a áirithiú go mbeidh trédhearcacht ann maidir le brústocaireacht. Cláraítear cruinnithe agus teagmhálacha uile an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, an Leas-Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus Chinn na Ranna le hOibreoirí Eacnamaíocha san uirlis sin.

Ar siúl

Tá athbhreithniú agus measúnú déanta ag eu-LISA ar aibíocht a ullmhachta cibearshlándála agus tá uirlisí agus deiseanna atá ag teacht chun cinn mapáilte aige d'fhonn próisis ábhartha a uascálú. Chun ceanglais an Rialacháin maidir le Cibearshlándáil a chomhlíonadh rinne an Gníomhaireacht measúnú aibíochta slándála trí úsáid a bhaint as creatáil bunaithe.

Neartaíonn an Gníomhaireacht a creat agus a nósanna imeachta slándála go leanúnach trí mholtáí ó iniúchtaí éagsúla a dhúnadh, chomh maith le dea-chleachtais agus an fhaisnéis is déanaí maidir le cúrsaí slándála a mhalartú le saineolaithe slándála agus le pobail, amhail ENISA, Líonra na nOifigeach Slándála, Líonra na n-oifigeach slándála CGB, an Grúpa Comhair.

Oibríonn eu-LISA i ndlúthchomhar le CERT-EU, CERT-EE, ENISA, DIGIT, agus le hinstiúidí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais, ag díriú ar an gcibearshlándáil agus ag dul i ngleic le bagairtí sa chibear-réimse chun freagairt chomhchoiteann níos athléimní a thógáil i gcoinne na cibearchoireachta.

Cuireann an Gníomhaireacht na caighdeáin tionscail slándála faisnéise is airde atá ann faoi láthair i bhfeidhm chomh maith le dea-chleachtais maidir lena próisis oibríochtúla. Cruthaíonn an Gníomhaireacht sineirgí freisin i réimse an Cheartais agus na nGnóthaí Baile trí dhea-chleachtais TFC a mhalartú le geallsealbhoirí, as a dtagann comhchaighdeáin slándála feabhsaithe ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal náisiúnta.

Leis an saineolas inmheánach atá ag dul i méid i réimsí teicniúla ábhartha, is féidir leis an nGníomhaireacht riosca a bhainistiú go héifeachtach agus na rialuithe a chuireann teorainn le méid na dteagmhas slándála a bharrfheabhsú. Bíonn eu-LISA ag obair i gcónaí ar fheabhas a chur ar an gclár oiliúna feasachta cibearshlándála dá phearsanra chun dul in oiriúint do bhagairtí atá ag teacht chun cinn agus don staid gheopholaitiúil.

Cuirfidh an Gníomhaireacht an measúnú riosca cibearshlándála faoi bhráid CERT-EU go tráthúil mar bhonn chun an plean cur chun feidhme maidir le maolú cibear-riosca a fhorbairt.

Dúnta

Tá bealaí tuairiscithe sonracha, sábháilte agus éifeachtacha curtha chun feidhme ag an nGníomhaireacht, agus tá siad sin foilsithe ar leathanach tiomnaithe ar inlíon na Gníomhaireachta, rud ag a bhfuil teacht ar gach ball foirne de chuid eu-LISA.

Ar siúl

Tá an Gníomhaireacht ag tabhairt a céad straitéise IS chun críche, ceann de phríomhchuspóirí na straitéise seo ná an struchtúr agus na cosaintí a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a chinntiú.

Ina theannta sin tá uirlisí nua á gcur chun feidhme ag an nGníomhaireacht le haghaidh measúnú riosca a bhféadfadh cumas IS a bheith ag baint leo.

Inbhuanaitheacht, tionchar ar an gcomhshaoil agus cuimsiú sóisialta

36 ■ a thabhairt dá haire go bhfuil scéim an Aontais um bainistiú agus iniúchadh comhshaoil (EMAS) curtha chun feidhme cheana féin ag 11 cinn (33 %) de 33 ghníomhaireacht an Aontais ar an iomlán

■ sonrú a chur go dearfach sna céimeanna réamhghníomhacha atá á ndéanamh ag roinnt gníomhaireachtaí agus iad ag iarraidh deimhniú EMAS a fháil go luath amach anseo (eu-LISA)

Dúnta

Bronnadh deimhniú na scéime um bainistiú agus iniúchadh comhshaoil (EMAS) ar eu-LISA i mí Aibreáin 2025.

Ní hea	Barúil ón údarás um urscaoileadh	Freagra agus bearta glactha ag an nGníomhaireacht
	a chur in iúl gur oth léi nár chuir roinnt de na gníomhaireachtaí a bhfuil buiséad níos mó acu a bpleananna in iúl chun EMAS a chur chun feidhme sa ghearrthéarma	
37	- a mheabhrú gur léiríodh i dtuarascáil 2022 maidir le hurscaoileadh (cothrománach) nach bhfuil na pleananna inbhuanaitheachta corparáideacha i bhfeidhm fós ag 14 ghníomhaireacht - a thabhairt dá haire nár soláthraíodh figiúirí nuashonraithe maidir leis an tsaincheist i dtuarascáil na Cúirte don bhliain airgeadais 2023 - a athdhearbhú a thábhachtaí atá sé go mbeadh na pleananna inbhuanaitheachta corparáideacha i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí uile - a thathant ar ghníomhaireachtaí tuairisciú don Choimisiún maidir le feidhmíocht fuinnimh a bhfoirgneamh	Dúnta Tá tuarascáil inbhuanaitheachta bhliantúil á foilsiú ag an nGníomhaireacht ó 2024 i leith.
38	- a thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh deacrachtaí ag roinnt gníomhaireachtaí, in ainneoin threocht ghinearálta an dul chun cinn, an inbhuanaitheacht a chomhtháthú ina straitéisí corparáideacha mar gheall ar neamhéifeachtúlachtaí níos imeachta agus leithdháileadh neamhleor acmhainní - a chur i bhfáth, dá bhrí sin, go bhfuil gá le creat níos comhtháite agus níos inghníomhaithe chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach a áirithiú in oibríochtaí gníomhaireachta	Dúnta Tá tuarascáil inbhuanaitheachta bhliantúil á foilsiú ag an nGníomhaireacht ó 2024 i leith.
Obair leantach ar bharúlacha ar ardaigh an Chúirt ó bhlianta roimhe seo		
39	- a thabhairt dá haire, as 116 bharúil san iomlán a thug an Chúirt a chomhfhreagraíonn do bhlianta roimhe sin de na gníomhaireachtaí atá mar chuid den rún seo, gur dúnadh 58 mbarúil san iomlán le linn 2023, agus 53 bharúil fós oscailte agus cúig bharúil dúnta go páirteach - baineann an líon is airde de bharúlacha oscailte le eu-LISA (ocht gcinn) - a iarraidh ar na gníomhaireachtaí sin bearta réamhghníomhacha a dhéanamh chun na saincheisteanna oscailte sin a réiteach	Ar siúl Tá an Ghníomhaireacht tiomanta an oiread saincheisteanna oscailte agus is féidir a dhúnadh agus a líon féin díobh a laghdú go suntasach.
40	a thabhairt dá haire go dtagraíonn 6 bharúil as na 53 bharúil oscailte d'ardleibhéal de mhéideanna a tugadh anonn (ACER, ELA, EFCA, eu-LISA, FRA, Frontex)	Dúnta Glacadh sraith de bhearta ó 2023 i leith d'fhonn iarmhéideanna atá le tabhairt anonn a laghdú. Is é an príomhthionscnamh ath-innealtóireacht a dhéanamh ar thréimhsí gealltanais chun an timthriall bliantúil a oiriúnú ar bhealach níos fearr. Táthar ag súil go laghdófar de réir a chéile ar an mbealach sin gealltanais neamhíoctha a bheidh le haistriú chuig an gcéad bhliain airgeadais eile. Leis na gníomhaíochtaí sin, laghdaíodh na méideanna a tugadh anonn ó 2024 go 2025 faoi bheagnach 50 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Tábla 11. Obair leantach ar bharúlacha roimhe seo ón údarás um urscaoileadh

Barúil ón údarás um urscaoileadh (2022)	Obair leantach ar bharúlacha atá fós gan réiteach
Bainistiú buiséid agus airgeadais	
- a thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, de réir thuarascáil na Cúirte, gur thug an Ghníomhaireacht EUR 14.4 milliún (23 %) de na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais 2022 a tugadh anonn go 2023 agus gur áiríodh sa mhéid sin EUR 13.7 milliún (nó 95 %) de leithreasuithe faoi Theideal II, a bhain le caiteachas riaracháin (97 % in 2021); - a thabhairt dá haire go bhfuil leithreasuithe á dtabhairt anonn arís agus arís eile, rud a fhágann go meabhraíonn an Chúirt go bhfuil rátaí arda leithreasuithe arna dtabhairt anonn arís agus arís eile ag teacht salach ar phrionsabal buiséadach na neamhrialtachta agus gur léiriú iad ar shaincheisteanna struchtúracha i gcur chun feidhme an bhuiséid nó ar phleanáil lag bhuiséadach; - a thabhairt dá haire sa chomhthéacs sin go bhfuil síniú an chreatchonartha nua chun seirbhísí tacaíochta seachtracha a sholáthar sa cheathrú ráithe de 2023 bunriachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach; - súil a bheith aici go dtiocfaidh feabhas suntasach as cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta sin agus iarrann sí ar an nGníomhaireacht tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta ina leith sin.	Dúnta Ghlac an Ghníomhaireacht sraith beart, e.g. tréimhsí gealltanais athinnealtóireachta chun oiriúnú ní b'fhvearr a dhéanamh don timthriall bliantúil, rud a d'fhág go ndearnadh na méideanna a tugadh anonn a laghdú faoina leath le haghaidh leithreasuithe neamhdhifreáilte ó 2024 go 2025 i gcomparáid leis an mbliain airgeadais roimhe sin.
Feidhmíocht	
a bheith ag dréim le rannchuidiú suntasach ón nGníomhaireacht le digitiú an cheartais chun feabhas a chur ar an gcomhar idir údaráis bhreithiúnacha an Aontais agus chun rochtain níos fearr ar an gceartas a thabhairt do shaoránaigh agus gnólaigh an Aontais	Ar siúl Tá ranníocaíochtaí suntasacha déanta ag eu-LISA maidir le digitiú an cheartais ar leibhéal an Aontais chun comhar idir údaráis bhreithiúnacha a fheabhsú agus rochtain níos fearr ar an gceartas a sholáthar do shaoránaigh agus do ghnólaigh. Cuirfidh obair eu-LISA i dtreo idir-inoibritheacht córas CGB le réitigh cheartais dhigitigh freisin. Chuige sin, comhoibríonn eu-LISA le Eurojust, Europol agus EPPO ar e-CODEX, ECRIS-TCN, agus mar ullmhúchán do Chomhaontú Comhpháirtíochta na JITanna. Tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht Aonad na gClár um Cheartas a chruthú chun an fás a bhfuiltear ag súil leis i ndigitiú réimse an Cheartais a bhainistiú, ar fás é nach mór a nascadh le hiarrachtaí agus le hacmhainní tiomnaíte in eu-LISA. Fostófar an Ceann Aonaid i dTaillinn, lena gceadófar fás eagraíochtúil cothrom agus lena gcuirfear tuilleadh le hacmhainní e-CODEX, agus trasnaíocht láidir idir foirne agus láithreáin á háiritiú ag an am céanna.
a mholadh don Ghníomhaireacht leanúint dá comhar le gníomhaireachtaí eile an Aontais.	Dúnta Is tosaíocht do eu-LISA é feabhas a chur ar an gcomhar lena gheallsealbhoirí. Tá an Ghníomhaireacht ag saothrú a comhair sheanbhunaithe le gníomhaireachtaí, institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, go déthaobhach nó faoi Líonraí Gníomhaireachtaí (EUAN, JHAAN), mar chuid dá gníomhaíochtaí rialta, agus tá sí ag féachaint go leanúnach leis an gcomhar sin a fheabhsú. Ina theannta sin tá sé mar aidhm ag eu-LISA a chomhar le AS ACT an Choimisiúin a neartú, trí mhalartú oifigiúil litreacha ar leibhéal an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a shocrúidh an creat agus a éascóidh glacadh agus forbairt tionscadal comhpháirteach nua idir an dá institiúid.
Éifeachtúlacht agus gnóthachain	
a iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint dá comhar le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais ionas gur féidir na hacmhainní uile atá ar fáil a úsáid.	Dúnta Tá feabhas a chur ar an gcomhar le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais ionas gur féidir na hacmhainní go léir atá ar fáil a úsáid mar chuid de ghníomhaíochtaí agus d'iarrachtaí leanúnacha eu-LISA chun sineirgí agus comhar a áirithiú, a bhaintear amach trí rannpháirtíocht ghníomhach i líonraí (EUAN, JHAAN) agus trí chomhar déthaobhach (seirbhísí óstála agus tacaíochta lárionaid sonraí, cleachtaí cibearshlándála comhpháirteacha a eagrú).

Beartas foirne

- a thabhairt dá haire, in ainneoin iarrachtaí na Gníomhaireachta, gur tháinig méadú ar láimhdeachas foirne ó 5.5 % in 2021 go 7.1 % in 2022 agus gur thit an ráta áitiúcháin go 82 %, céatadán atá níos ísle ná sprioc 94 % na Gníomhaireachta, go háirithe mar gheall ar an líon post ar ghrád níos ísle atá le tairiscint ag an nGníomhaireacht.

Ar siúl

Lean an Gníomhaireacht dá hiarrachtaí feabhas a chur ar an ráta áitiúcháin agus an láimhdeachas a laghdú. Mar shampla, in 2024 agus in 2025, osclaíodh roinnt post nua ar leibhéal AD 6 mar ghrád iontrála d'fhothn iarrthóirí a bhfuil níos mó taithí acu a spreagadh iarratas a dhéanamh ar phoist. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, gur cuireadh in iúl le linn na n-agallamh fágála gur mar gheall ar dheis ghairme ní b'fhearr i gcomparáid le tairiscint ó eu-LISA ba bhun le fágáil.

- a thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, comhdhéanamh ardbhainistíochta agus meánbhainistíochta na Gníomhaireachta maidir le hinscne, ina bhfuil 12 fear (86 %) agus 2 bhean (14 %); tá 50 fear (82 %) agus 11 bhean (18 %) ar an mBord Bainistíochta; agus tá 209 fear (67 %) agus 101 bean (33 %) ar an iomlán ar an bhfoireann;
- a mheabhru a thábhachtaí atá sé cothromaíocht inscne a áirithiú agus iarrann sé ar an nGníomhaireacht leanúint dá hiarrachtaí i ndáil le cothromaíocht inscne a bhaint amach ar gach leibhéal trí ghníomhaíochtaí nithiúla a mheallann iarratais ó mhná ar phoist arna dtairiscint ag an nGníomhaireacht;
- a iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a áirithiú a chur san áireamh agus a gcuid comhaltaí a n-ainmniú acu do Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta.

Ar siúl

Tugann an Gníomhaireacht an bharúil dá haire. Sna blianta amach romhainn, ní mór leanúint leis na hiarrachtaí atá déanta chean féin d'fhothn an t-athrú a chur i bhfeidhm.

- a thabhairt dá haire go ndearnadh agus gur tugadh chun críche go himmheánach trí fhiosrúcháin riaracháin in 2022 a bhain le ciapadh, agus gur tugadh cás breise os comhair na gcúirteanna;
- a iarraidh ar an nGníomhaireacht dul ar aghaidh go pras leo siúd atá freagrach as mí-iompar a thabhairt chun cuntais.

Dúnta

Tá na hiarrachtaí chun meas agus dínit a chur chun cinn san ionad oibre agus gan aon lámháltas a chur i bhfeidhm maidir le ciapadh ar siúl go leanúnach. Láimhseáiltear aon chásanna mí-iompair i gcomhréir le beartas eu-LISA maidir le dínit an duine a chosaint agus ciapadh síceolaíoch agus gnéaschiapadh a chosc.

Soláthar

- a thabhairt chun suntais na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt as ar eascair tuairim cháilithe mar gheall ar neamhrialtacht roinnt íocaíochtaí a rinneadh in 2022 le haghaidh EUR 17.8 milliún san iomlán i ndáil le seacht gconradh sonracha, arb ionann é agus 4.8 % de na leithreasuithe iomlána íocaíochta a bhí ar fáil in 2022;
- a thabhairt dá haire go bhfuil baint ag neamhrialtacht na n-íocaíochtaí sin go príomha le hathruithe ar na creatchonarthaí comhfhreagracha;
- a thabhairt dá haire, de réir fhreagraí na Gníomhaireachta ar cheisteanna i scríbhinn ón bParlaimint, gur féidir na neamhrialtachtaí maidir le híocaíochtaí a rinneadh in 2022 a ghrúpáil faoi thrí chatagóir: conarthaí ar théarma seasta a leasú (EUR 6.5 milliún); síneadh a chur le conarthaí sonracha thar an uastréimhse ama a cheadaítear (EUR 3.7 milliún); agus easpa sonraí maidir le ceanglais i gconarthaí sonracha (EUR 7.5 milliún);
- a thabhairt dá haire go mbaineann cuid de na híocaíochtaí neamhrialta sin, arb ionann iad agus EUR 10.5 milliún san iomlán, le trí chonradh shonracha ar a ndearnadh íocaíochtaí freisin in 2021 agus ar chinn an Chúirt go raibh siad neamhrialta ina tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaireachtaí an Aontais don bhliain sin;
- a thabhairt dá haire, de réir na ráiteas a rinne Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta le linn a cruinnithe le Coiste um Rialú Buiséadach na Parlaiminte an 29 Samhain 2023 ('ráitis an Stiúrthóra Feidhmiúcháin'), go bhfuil sé cinn de na seacht gconradh shonracha a sainiúidh na tuarascáil ón gCúirt imithe in éag gan íocaíochtaí amuigh;
- a thabhairt chun suntais gur saincheist athfhillteach í sin don Gníomhaireacht;
- a iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint d'aghaidh a

Ar siúl

Thug an Gníomhaireacht na barúlacha sin dá haire agus díríonn sí ar dhréachtú conarthaí a fheabhsú dá réir. Chun tarluithe comhchosúla a chosc amach anseo thug an Gníomhaireacht clasaí bhreise agus ní ba shonraí isteach i dtairiscintí nua chun riachtanais oibríochtúla a léiriú ar bhealach ní b'fhearr, agus chun bainistiú athruithe a éascú.

Tá eu-LISA tiomanta dá shainordú a chur i gcrích ar bhealach atá go hiomlán comhlíontach. Sin é an fáth, faoina ceannaireacht nua, agus na barúlacha tábhachtacha a fuarthas ó CIE á gcur san áireamh, a bhfuil tús curtha ag an nGníomhaireacht le hathbhreithniú domhain ar a próisis chun bunchúiseanna na mbarúlacha sin a shainaithint agus a bhaint:

– a cumais soláthair a neartú, trí chomhdhlúthú eagraíochtúil, dlús a chur le hearcaíocht nua agus comhairleoirí seachtacha tiomnaithe a shainaithint chun saineolas neamhspleách a chur ar fáil maidir le cásanna sonracha an-chasta;

– rinneadh anailís ar bhunchúiseanna maidir le ní ba mhó ná 500 conradh (a bhfuil 160 díobh fós gníomhach) chun na saincheisteanna bunúsacha a shainaithint agus chun bearta feabhsúcháin a shainiú. I measc na réiteach a sainiúidh: cúrsaí oiliúna tiomnaithe, seicliostaí a thabhairt isteach, sainmhíniú níos fearr ar ról agus feabhas a chur ar chumarsáid inmheánach maidir le bainistiú conarthaí;

– rialuithe a threisiú le seicliostaí nua maidir le gníomhaíochtaí bainistithe conarthaí chun a áirithiú nach ndéanfar aon athruithe ábhartha ar chreachonarthaí;

– an Straitéis Rialaithe a dhréachtú lena glacadh go foirmiúil i lár 2024. Áireofar leis sin: measúnú riosca; anailís costais is tairbhe; bearta chun cumais eagraíochtúla a threisiú; leibhéil foirne agus déine na rialuithe;

– cruthú tascfhórsa 'gan locht ar bhainistiú conarthaí' arraithe ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin chun monatóireacht, rialú agus

Barúil ón údarás um urscaoileadh (2022)

thabhairt ar an tsaincheist sin go hiomlán agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta.

- a thabhairt dá haire, agus é ina ábhar mór imní di, gurbh é 2022 an tríú bliain as a chéile inar eisigh an Chúirt tuairim cháilithe ina leith maidir le réimse soláthair agus bainistithe conarthaí na Gníomhaireachta, agus costais ardaithe le hóc ag eu-LISA, mar gheall ar neamhrialtachtaí, nósanna imeachta tairisceana moillithe agus neamhleora agus easpa díchill a léirítear maidir le rialacha soláthair;
- a thabhairt dá haire plean gníomhaíochta na Gníomhaireachta maidir le grinn-athbhreithniú ar a próisis chun bunchúiseanna na mbarúlacha athfhillteacha ón gCúirt sa réimse sin a shainaithint agus a bhaint mar a leagtar amach sna freagraí na Gníomhaireachta ar cheisteanna i scríbhinn na Parlaiminte, i dtuarascáil leantach na Gníomhaireachta, agus sna ráitis ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin;
- a bheith ag dréim, dá bhrí sin, le feabhas marthanach mar thoradh ar an bplean gníomhaíochta sin a chur chun feidhme, go háirithe ós rud é go bhfuil sé cinn de na seacht gconradh shonracha a mheas an Chúirt a bheith neamhrialta imithe in éag gan fócaíochtaí amuigh;
- a iarraidh ar an nGníomhaireacht tuairisciú go tréimhsiúil don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an phlean gníomhaíochta agus aon ghníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinneadh.

- a thabhairt dá haire, thairis sin, dhá bharúil maidir le córais bhainistithe agus rialaithe na Gníomhaireachta atá luaite i dtuarascáil CIE;
- a thabhairt dá haire an chéad bharúil maidir le crua-earraí a fháil (EUR 27.7 milliún) nach bhfuarthas liostaí praghsanna na ndíoltóirí crua-earraí ina leith, ná nach ndearnadh seiceálacha *ex ante* ina leith;
- a thabhairt dá haire an dara barúil maidir le creatchonradh oibríochtaí trasnaí a sholáthar ar luach measta EUR 490 milliún nár coimeádadh aon taifid i gcás sé chruinniú den Choiste Meastóireachta agus nár síníodh ach an tuarascáil chríochnaitheach;
- a iarraidh ar an nGníomhaireacht feabhas a chur ar a córais rialaithe inmheánaigh d'fhonn easnaimh den sórt sin a sheachaint amach anseo.

Rialú inmheánach

- a thabhairt dá haire go bhfuil easnamh mór fós ann ar phrionsabal 10 'Gníomhaíochtaí rialaithe a roghnú agus a fhorbairt' faoin gcomhpháirt 'Gníomhaíochtaí rialaithe' don tríú bliain as a chéile;
- a iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint dá hiarrachtaí laigí i réimse na ngníomhaíochtaí rialaithe a laghdú chun rioscaí a bhaineann le beartais agus cuspóirí oibríochtúla agus rialaithe inmheánaigh a bhaint amach a mhaolú.
- a iarraidh ar an nGníomhaireacht na moltaí atá fós gan réiteach a chur chun feidhme agus tuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta.

Obair leantach ar bharúlacha atá fós gan réiteach

comhlíonadh a chinntiú maidir le tabhairt i gcrích conarthaí, ó chéim shainiú na riachtanas go dtí céim an tsínithe, lena n-áirítear aon leasuithe.

Thairis sin tá gníomhaíochtaí spriocdhírithe curtha chun feidhme ag an nGníomhaireacht as ar eascair tuairim gan choinníoll do 2024.

Ar siúl

Bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh, chuir an Gníomhaireacht tús lena plean straitéiseach.

Thairis sin tá gníomhaíochtaí spriocdhírithe curtha chun feidhme ag an nGníomhaireacht as ar eascair tuairim gan choinníoll do 2024.

Ar siúl

Glacann an Gníomhaireacht na barúlacha ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa mar ábhar a bhfuil an-tábhacht leis agus cuireann sí bearta chun feidhme d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na barúlacha sin.

Tá a próiseas bainistithe sócmhainní á nuashonrú ag an nGníomhaireacht faoi láthair freisin.

Ar siúl

Ghlac an Gníomhaireacht a Straitéis Rialaithe Inmheánaigh in 2024. Tá plean gníomhaíochta chuige sin á chur chun feidhme ag an nGníomhaireacht faoi láthair freisin.

Tá feabhas a chur ar chomhlíonadh ar cheann de phríomhthosaíochtaí na Gníomhaireachta, agus leanfaidh sí de na heasnaimh atá fágtha a laghdú go gníomhach.

Ar siúl

Ag deireadh 2024, bhí gach moladh seachas moladh amháin atá fós gan réiteach curtha chun feidhme ag eu-LISA, agus cuirfead an moladh sin i gcrích faoi mhí Mheán Fómhair 2025.

2.10. BAINISTIÚ COMHSHAOIL

Lean an Ghníomhaireacht dá córas inmheánach bainistithe comhshaoil a chur chun feidhme bunaithe ar phrionsabail **scéim an Aontais um bainistiú agus iniúchadh comhshaoil (EMAS)** agus an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. In 2024 díríodh ar fheabhas leanúnach a chur ar a fheidhmíocht chomhshaoil agus ar oibriú i dtreo **clárú faoi EMAS**.¹²¹

D'ullmhaigh an Ghníomhaireacht a **tuarascáil bhliantúil maidir leis an ráiteas ar an gcomhshaoil** agus den chéad uair d'fhoilsigh sí bileog eolais maidir le torthaí loirg carbóin.¹²² In 2024 bhí lorg carbóin eu-LISA ní b'airde mar gheall ar an méadú ar thomhaltas leictreachais ag gach láithreán (i.e. mar gheall ar chórais nua, oibreacha nua MDC2). Chomh maith leis sin, tháinig méadú ar mhéid na sonraí, eadhon maidir le tomhaltas téimh ceantair a thuairisciú do Thaillinn. Tá plean gníomhaíochta curtha le chéile ag an nGníomhaireacht chun réiteach meántearma a thabhairt isteach chun é a laghdú.

2.11. MEASÚNÚ AG AN mBAINISTÍOCHT

Tá bainistíocht na Gníomhaireachta réasúnta muiníneach go bhfuil rialuithe oiriúnacha i bhfeidhm agus go bhfuil siad ag feidhmiú mar a beartaíodh, go ndéantar monatóireacht agus maolú ar rioscaí mar is cuí, agus go bhfuil feabhsuithe agus atreisithe éagsúla á monatóireacht agus á gcur i bhfeidhm. In 2024 dhírigh an bhainistíocht ar fheabhas a chur ar na córais rialaithe bainistithe agus ar bhainistiú buiséadach, soláthair agus conarthaí agus bhainistigh sí na rioscaí móra go léir. Tá dul chun cinn déanta ag an nGníomhaireacht freisin maidir leis na moltaí iniúcháireachta atá fós oscailte agus atá fós gan réiteach a dhúnadh, agus tá pleananna gníomhaíochta riachtanacha ceaptha aici agus tús curtha aici ar na gníomhaíochtaí is gá a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar bharúlacha ó iniúchtaí agus ón nós imeachta um urscaoileadh.

2.12. MEASTÓIREACHT SHEACHTRACH

In 2024 chuir an Ghníomhaireacht bailchríoch ar **staidéar tagarmharcála** inar díríodh ar shamhail oibríochtúil eu-LISA agus ar leithdháileadh acmhainní daonna. Áiríodh sa staidéar freisin **athbhreithniú ar phríomhtháscairí feidhmíochta corparáideacha** chun tionchar eu-LISA ar chur chun feidhme bheartais ábhartha an Aontais a thomhas agus d'fhoill scórchárta cothromaithe don bhainistíocht a bhunú. Baineadh úsáid as torthaí an staidéir tagarmharcála chun **plean gníomhaíochta bainistithe straitéisigh do 2024-2025** a dhearadh a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta agus a ndearna an Bord Bainistíochta faireachán rialta air.

Bhí torthaí an staidéir sin ina n-ionchur freisin don **mheastóireacht sheachtrach** a rinne an Coimisiún Eorpach in 2024, ag díriú ar shainordú, cúraimí agus cuspóirí eu-LISA, struchtúr agus rialachas, agus bainistiú acmhainní, d'fhoill bealaí a aimsiú chun feidhmiú na Gníomhaireachta a fheabhsú agus chun an breisluach a chuireann sí ar fáil a mhéadú. Tar éis fhoilsiú na tuarascála meastóireachta (a bhfuiltear ag súil léi in 2025), déanfaidh eu-LISA plean gníomhaíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme, i bhfianaise na dtorthaí agus na moltaí ón gCoimisiún a eascraíonn as an meastóireacht sin agus áiritheoidh sé go ndéanfar obair leantach leordhóthanach. Comhlánóidh an plean gníomhaíochta sin an plean gníomhaíochta bainistithe straitéisigh agus déanfar é a chumasc leis.

Bronnadh deimhniú na **scéime um bainistiú agus iniúchadh comhshaoil (EMAS)** ar eu-LISA i mí Aibreáin 2025.

¹²² Le faisnéis níos mionsonraithe a fháil féach **Ráiteas eu-LISA ar an gcomhshaoil le haghaidh 2023**, a foilsíodh i mí Lúnasa 2024.

MEASÚNÚ AR ÉIFEACHTACHT ICF

3

MEASÚNÚ AR ÉIFEACHTACHT AN ICF

3.

3.1. ÉIFEACHTACHT AN CHREATA RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Is próiseas é rialú inmheánach lena gcuidítear le heagraíocht a cuspóirí a bhaint amach agus feidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais a chothabháil, agus rialacha agus rialacháin á n-urramú ag an am céanna. Tacaítear leis an gcinnteoireacht fhónta leis, rud a laghdaíonn rioscaí go leibhéil inghlactha. Bunaithe ar Chinneadh Uimh. 2019-042 an 19 Márta 2019 ó Bhord Bainistíochta eu-LISA, tá sé de chúram ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin prionsabail agus tréithe an rialaithe inmheánaigh a chur i bhfeidhm, agus struchtúr eagraíochtúil agus córas rialaithe inmheánaigh a chur i bhfeidhm atá i gcomhréir leis na prionsabail agus tréithe an Bhoird Bainistíochta.

Le córas rialaithe inmheánaigh is féidir leis an mbainistíocht fanacht dírithe ar shaothrú a cuspóirí oibríochtúla agus airgeadais ag an nGníomhaireacht. Ag an am céanna, ceanglaítear le Rialacha Airgeadais eu-LISA nach mór an buiséad a chur chun feidhme i gcomhréir le rialú inmheánach éifeachtach agus éifeachtúil.

Ní mór don Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bheith in ann a léiriú, ní hamháin gur cuireadh na rialuithe inmheánacha i bhfeidhm, ach freisin go mbreithníonn siad rioscaí eile agus go n-oibríonn siad mar a bhí beartaithe.

Luaitear i bprionsabail rialaithe inmheánaigh uimhir 16 go ndéanann an Ghníomhaireacht ‘measúnuithe leanúnacha agus/nó ar leithligh a roghnú, a fhorbairt agus a chur i gcrích chun a fháil amach an bhfuil comhpháirteanna na rialuithe inmheánacha i láthair agus ag feidhmiú’.

Ba cheart na céimeanna loighciúla sin a leanúint sa mheasúnú ar cé acu a laghdaíonn nó nach laghdaíonn an córas rialaithe inmheánaigh an riosca gan cuspóir a bhaint amach go leibhéal inghlactha:

- bonnlíne a bhunú i gcomhair gach prionsabail;
- measúnú ar leibhéal na bprionsabail agus ar leibhéal na gcomhpháirteanna araon;
- measúnú foriomlán.

Tá sé de dhualgas ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin measúnú foriomlán a dhéanamh ar éifeachtúlacht Chreat Rialaithe Inmheánaigh eu-LISA gach bliain. Rinneadh an measúnú bliantúil sa tréimhse ó mhí Feabhra go mí Aibreáin 2025, agus cuireadh ionchuir ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí maidir le láidreachtaí agus laigí rialuithe inmheánacha ag eu-LISA in 2024. Ina theannta sin rinneadh faireachán tréimhsiúil agus rialta ar na heasnamh uile a sainaithníodh in 2023 agus rinneadh obair leantach orthu (trí chlár Lárnach um easnamh ICF).

Tacaíonn an Bainisteoir atá i gceannas ar Bhainistiú Riosca agus Rialú Inmheánach (MRMIC) leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i dtaobh bhunú an Chreata Rialaithe Inmheánaigh, faireachán a dhéanamh air, agus é a chur chun feidhme, a mheasúnú agus tuairisciú a dhéanamh ina leith. Go teoiriciúil, is é an Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin atá ina MRMIC. D’fhonn leanúnachas gnó agus an deighilt riachtanach dualgas idir an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus an MRMIC a chinntiú, rinneadh ról an MRMIC a tharmligean go sealadach chuig Ceann na Straitéise, na gCumais agus an Aonaid Chomhordaithe (CCU), an tUas. Philippe Harant, de réir cinneadh ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

3.2. TORTHAÍ AN MHEASÚNAITHE

Critéir faireacháin maidir le rialú inmheánach


Mar thoradh ar an bhféinmheasúnú a rinneadh in 2025, baineadh amach 89 % de na critéir monatóireachta rialaithe inmheánaigh nó baineadh amach iad go páirteach in 2024.

Critéir faireacháin maidir le rialú inmheánach	2022	2023	2024
Líon iomlán na dtáscairí	79	79	79
Bainte amach	56 (71%)	62 (78%)	68 (86%)
Bainte amach go páirteach	8 (10%)	8 (10%)	2 (3%)
Níor baineadh amach iad	15 (19%)	9 (10%)	9 (11%)
Gan bheith ar fáil	0 (0%)	1 (1%)	0 (0%)

Láidreachtaí agus easnaimh i dtaobh rialú inmheánach

In 2024 sainaithníodh 11 easnamh i dtaobh rialú inmheánach le linn an mheasúnaithe bhliantúil: móreasnaimh ar bith, ceithre easnamh mheánacha agus seacht mioneasnaimh (i gcomparáid le 15 easnamh i dtaobh rialú inmheánach in 2023). I rith mheasúnú ICF 2025 do 2024, dúnadh seacht n-easnaimh agus laghdaíodh déine ceithre easnamh. Sainaithníodh ceithre easnamh nua: dhá easnamh mheánacha, agus dhá mhioneasnaimh. Rinneadh mioneasnaimh amháin a bhí ann cheana a athaicmiú mar easnamh meánach, agus coinníodh an t-aicmiú le haghaidh easnamh meánach amháin, rud a d'fhág go raibh 11 easnamh i dtaobh rialú inmheánach san iomlán ann.

Éabhlóid an mheasúnaithe ar stádas easnaimh ó 2023 go 2025



Léiríonn torthaí an mheasúnaithe fhoriomláin 2024 gurb ann do chóras rialaithe inmheánaigh eu-LISA, go bhfuil sé ag feidhmiú agus éifeachtach, ach go bhfuil gá le roinnt feabhsuithe (Catagóir 2) chomh maith.



Is é seo a leanas an measúnú foriomlán ar na cúig chomhpháirt den chreat rialaithe inmheánaigh:

Comhpháirt rialaithe inmheánaigh	Toradh do 2025	
I. Timpeallacht rialaithe	ar bun agus ag feidhmiú go maith	Catagóir 1
II. Measúnú riosca	ar bun agus ag feidhmiú, ach tá gá le roinnt feabhsuithe	Catagóir 2
III. Gníomhaíochtaí rialaithe	ar bun agus ag feidhmiú, ach tá gá le roinnt feabhsuithe	Catagóir 2
IV. Faisnéis agus cumarsáid	ar bun agus ag feidhmiú go maith	Catagóir 1
V. Gníomhaíochtaí faireacháin	ar bun agus ag feidhmiú go maith	Catagóir 1

Measúnú mionsonraithe ar chomhpháirteanna an ICF

Comhpháirt rialaithe inmheánaigh	
Láidreachtaí	Easnaimh
I. Timpeallacht rialaithe	
■ Maoirseacht ag an mbainistíocht, an Bord Bainistíochta agus an ACFC ó thaobh rialuithe inmheánacha de	■ Rannpháirtíocht/láithreacht ag seisiúin chumais/seisiúin oiliúna eitice agus ionracais
■ Leanúnachas gnó agus leithscaradh dualgas	■ Tabhairt chun críche agus glacadh na straitéise foinsithe
■ Glacadh na Straitéise Rialaithe Inmheánaigh (lena n-áirítear modheolaíocht bhunúsach maidir le costais agus éifeachtúlacht rialuithe – le cur i bhfeidhm mar chuid den Phlean Gníomhaíochta Straitéise)	

II. Measúnú riosca

- Glacadh na Straitéise Rialaithe Inmheánaigh agus na Straitéise Bainistithe Riosca athbhreithnithe
- Comhlánú agus obair leantach ar Chláir Riosca agus Saincheisteanna na nAonad
- An Clár Lárnach um Easnaimh a bhunú, agus faireachán agus obair leantach á dhéanamh ag an MRMIC ar easnaimh
- Cloí le cur chuige bainistithe clár agus tionscadal agus le próisis ghaolmhara doiciméadaithe go hiomlán
- Cur chun feidhme iomlán na moltaí ó thuarascáil cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Frith-Chalaoise

III. Gníomhaíochtaí rialaithe

- Cur i bhfeidhm rathúil pleananna feabhsúcháin agus dúnadh moltaí rithabhachtacha iniúchta (ráta cur chun feidhme 94 %)
- Cuspóirí slándála, leanúnachas gnó agus scanadh uathobrithe leochaileachta a chinntiú
- Faireachán, obair leantach agus tuairisciú ar athruithe (eisceachtaí agus tuarascálacha neamhchomhlíonta)
- Próisis agus uirlisí faireacháin agus tuairiscithe tionscadail, agus clár a chur i gcrích agus cloí leo
- An Clár Lárnach um Shócmhainní TF agus próisis bainistithe sócmhainní TF a chur i gcrích
- Comhlíonadh, go háirithe maidir le bainistiú agus faireachán conartha

IV. Faisnéis agus cumarsáid

- Athbhreithniú ar chritéir faireacháin rialaithe inmheánaigh
 - Tástáil ar uirlis chomhtháite (CENTRICS) le haghaidh rialú inmheánach agus bainistiú riosca
 - Athbhreithniú Bliantúil ar Cheapachán Pointí Teagmhála um Rochtain Phoiblí ar Dhoiciméid (PAD)
 - Tá dea-bhail ar bhealaí cumarsáide inmheánacha agus seachtracha agus tá siad ag feidhmiú go maith
- Níor sainaithníodh easnaimh ar bith.

V. Gníomhaíochtaí faireacháin

- Clár Lárnach na nEasnamh agus faireachán córasach agus obair leantach rialta ar na gníomhaíochtaí feabhsúcháin.
 - Thug an MRMIC an mhodheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na n-easnamh chun críche agus glacadh go foirmiúil léi
 - Deimhniú fheidhmíocht phróisis ICF agus iontaofacht mheasúnú ICF trí mheán iniúchadh inmheánach.
- Réitíodh gach easnamh.

Cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta na Straitéise Frith-Chalaoise do 2024

Tá trí chuspóir straitéiseacha ag Straitéis Frithchalaoise na Gníomhaireachta don tréimhse 2022-2024: comhlíonadh iomlán na bprionsabal frithchalaoise a bhaint amach, ardleibhéal eitice a leagan síos agus a choinneáil ar bun i ngníomhaíochtaí uile eu-LISA, agus bailiú agus anailís sonraí a fhorbairt agus a úsáid. Bhí 13 ghníomh sa phlean gníomhaíochta, agus ba é an aidhm a bhí le gach ceann acu riosca amháin nó roinnt rioscaí chalaoise a mhaolú. Faoi dheireadh 2024, bhain an Ghníomhaireacht amach go réasúnta na cuspóirí a leagadh síos, agus naoi ngníomhaíocht curtha chun feidhme go hiomlán mar aon le ceithre ghníomhaíocht curtha chun feidhme go páirteach.

Cé nár sainaithníodh cás ar bith de chalaois amhrasta le linn an chleachtaidh sin, leagadh béim ann ar na deiseanna chun rialuithe inmheánacha a neartú agus an Straitéis Frithchalaoise á hullmhú don chéad timthriall eile idir 2025 agus 2027, i.e. rannpháirtíocht na seisiún feasachta a mhéadú, cur chun feidhme na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir le Treoir do Mhisin a ghlac an Ghníomhaireacht a neartú, dearbhú a thabhairt maidir le critéir cháilíochta agus táscairí cáilíochta a bhaint amach sna príomhréimsí oibríochtúla, athbhreithnithe leanúnacha ar chuntais foirne agus úsáideoirí seachtracha, formheas foirmiúil na Straitéise Rialaithe.

3.3. RÁITEAS ÓN mBAINISTEOIR ATÁ I bhFEIGHIL AN BHAINISTITHE RIOSCA AGUS AN RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Déanaimse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos,

an Bainisteoir atá i gceannas ar bhainistiú riosca agus rialú inmheánach ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Bhainistíocht Oibríochtúil Córas TF ar Scála Mór i Limistéar na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais (eu-LISA),

i mo cháil mar Bhainisteoir atá i gceannas ar bhainistiú riosca agus rialú inmheánach, a dhearbhu, i gcomhréir le Creat Rialaithe Inmheánaigh na Gníomhaireachta, go bhfuil tuairiscithe agam mo chomhairle agus mo mholtaí maidir le staid fhoriomlán an rialaithe inmheánaigh sa Ghníomhaireacht don Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

Deimhním leis seo go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sa Tuarascáil Ghníomhaíochta Bhliantúil Chomhdhlúite seo agus sna hiarscríbhinní a ghabhann léi, chomh fada agus is eol dom, cruinn, iontaofa agus iomlán.

Philippe Roger René Harant

Bainisteoir atá i gceannas ar Bhainistiú Riosca agus Rialuithe Inmheánacha *ad interim*

[Ríomhshíniú cáilithe]

DEARBHÚ BAINISTÍOCHTA

4

DEARBHÚ BAINISTÍOCHTA

4.

4.1. ATHBHREITHNIÚ AR NA GNÉITHE A THACAÍONN LE DEARBHÚ

Bloc tógála 1: Measúnú déanta ag an mbainistíocht

Tá bainistíocht na Gníomhaireachta réasúnta muiníneach go bhfuil rialuithe oiriúnacha i bhfeidhm agus go bhfuil siad ag feidhmiú mar a beartaíodh, go ndéantar monatóireacht agus maolú ar rioscaí mar is cuí, agus go bhfuil feabhsuithe agus atreisthe éagsúla á monatóireacht agus á gcur i bhfeidhm. Ina theannta sin aithníonn bainistíocht eu-LISA an gá atá ann éifeachtacht a chreata rialaithe inmheánaigh a choinneáil agus monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go mbaintear cuspóirí agus comhlíonadh na Gníomhaireachta amach mar a leagtar amach sa Rialachán lena mbunaítear é agus ina straitéisí.

In 2013 bhunaigh an Ghníomhaireacht nós imeachta foirmiúil chun eisceachtaí agus teagmhais neamhchomhlíonta a chlárú, agus forbraíodh na treoirlínte faoi seach in 2021. Is é cuspóir foriomlán an nós imeachta seo bearta iomchuí a bhunú lena áirithiú go ndéanfar aon chásanna eisceachtúla ina ndéantar sárú ar rialuithe nó ina n-imítear ón gcreat rialúcháin bunaithe a mhíniú go críochnúil, a chlárú agus a thuairisciú i gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta. Ní mór gach eisceacht agus gach teagmhas neamhchomhlíonta a dhoiciméadú, a chlárú agus a fhorghnóthú go hiomchuí sula ndéanfar aon ghníomhaíocht. De réir threoirlínte eu-LISA, cuirtear de chúram ar an mbainistíocht obair leantach a dhéanamh ar gach cás a thuairiscítear faoi dhó sa bhliain trí mheán tuarascáil anailíseach thiomnaithe. In 2024 tugadh isteach foilsíú Tuarascálacha Deaise ar Eisceachtaí agus ar Chásanna de Neamhchomhlíonadh maidir leis an sreabhadh oibre formheasa. Neartaíodh leis sin an mhaoirseacht ón mbainistíocht agus an rialú ar na cásanna tuairiscithe, agus tugadh aghaidh leis ar na scrogaill uile maidir le réiteach tráthúil gach cáis.

In 2024 taifeadadh 24 cás d'eisceachtaí agus cásanna eile de neamhchomhlíonadh (in 41 tuarascáil). Rinne bainistíocht na Gníomhaireachta anailís agus athbhreithniú ar na cásanna uile a cláraíodh, mar aon leis na gníomhartha ceartaitheacha agus maolaitheacha, le linn R3 2024 agus R1 2025, rud a raibh mar thoradh air glacadh Plean Gníomhaíochta chun a minicíocht agus an tionchar a bhí leo a íoslaghdú, chomh maith le forbairt bhreise ar rialuithe inmheánacha sa Ghníomhaireacht. Baineadh úsáid freisin as tuarascálacha agus anailísí chun easnamh a mheasúnú agus a shainaithint le linn an mheasúnaithe ar éifeachtacht an chreata rialaithe inmheánaigh.

Bloc tógála 2: Torthaí na n-iniúchtaí seachtracha

D'eisigh Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE) an ráiteas urrúis seo a leanas chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle:

Tuairim maidir le beachtas na gcuntas: I dtuairim ó CIE léirítear le cuntais eu-LISA don bhliain 2023 a staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023 (torthaí oibríochtaí, sreafaí airgid, athruithe ar shócmhainní glana) go cothrom, i ngach gné ábhartha, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus leis na rialacha cuntasáíochta glactha ag oifigeach cuntasáíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeán chuntasáíochta don earráil phoiblí a bhfuil glacadh idirnáisiúnta leo. Mar sin féin, faoi theideal na béime ar ábhar, tarraingíonn an Chúirt aird ar Nóta 2.2.5.3 a ghabhann leis na cuntais bhliantúla do 2023 maidir le staid airgeadais príomhchonraitheora a bhfuil dhá chreatchonradh ghníomhacha aige.

Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais: I dtuairim ECA, tá an t-ioncaim atá mar bhonn leis na cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais: Maidir le híocaíochtaí, shainaithin CIE méid iomlán íocaíochtaí de EUR 12.6 milliún a raibh tionchar neamhchomhlíonta orthu, arb ionann é agus 3.2% de na leithreasuithe íocaíochta a bhí ar fáil in 2023, rud lenar sáraíodh an tairseach ábharthachta a socraíodh don iniúchadh agus ata mar thoradh air tuairim cháilithe ar dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí atá mar bhonn leis na cuntais. Mar sin féin, baineann an chuid is mó de mhéid na híocaíochta neamhrialta a tuairiscíodh le haghaidh 2023 (EUR 9.9 milliún de EUR 12.6 milliún san iomlán) le barúlacha a ardaíodh cheana in 2022. Maidir leis na méideanna lena mbaineann, tá formhór na gconarthaí a ndearna earráid difear dóibh imithe in éag nó tá siad foirceanta ag eu-LISA in 2023.

Thug CIE barúlacha freisin maidir leis an mbainistiú, na córais rialaithe agus an bainistiú buiséadach nár caitheadh amhras leo ar na tuairimí thuas. Cheap an Ghníomhaireacht plan gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na barúlacha sin.

Bloc tógála 3: Obair leantach ar fhorchoimeádais ó thréimhsí tuairiscithe roimhe seo

Bhí na forchoimeádais seo a leanas luaite sa ráiteas dearbhaithe ar chuir an tOifigeach Údaraithe i láthair sa Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochta do 2023:

- Chinn Bord Bainistíochta eu-LISA i mí Eanáir 2023 nach raibh sé indéanta a thuilleadh an Córas Dul Isteach/lmeachta a chur i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2023. In 2023 chuir an Ghníomhaireacht straitéis nua i bhfeidhm (straitéis na dtrí R: Remobilise, Resolve, Renew [athghríosadh, réiteach agus athnuachan]), chun an bac sa scéal a réiteach. Leis sin bhíodhas in ann treochlár láidir idir-inoibritheachta a ullmhú, agus a chur chun feidhme de réir a chéile beartaithe ina gceithre rabharta idir 2024 agus 2026. D'fhorghuinigh Bord Bainistíochta eu-LISA an treochlár agus d'fhorhmeas an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) é ar an 19 Deireadh Fómhair 2023. Ón 1 Bealtaine 2024 tá an Ghníomhaireacht ar an mbóthar ceart chun an treochlár a sheachadadh. Go bhfios don Ghníomhaireachta bíonn na páirtithe uile páirteach i bhfeachtais tástála.
- I bhfianaise na mbarúlacha a eascraíonn as iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha, tá rioscaí iarmharacha agus laigí rialaithe fós ann maidir le riachtanais acmhainní daonna a fhoinsiú, rialuithe ar ghníomhaíochtaí soláthair agus bainistithe conarthaí i gcomhthéacs clár oibríochtúil agus tionscadal, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do rialtacht na n-idirbheart a rinneadh sa bhliain airgeadais 2023. Tugann an Ghníomhaireacht aghaidh ar na saincheistean sin faoi láthair agus é mar chuspóir aici iad a réiteach a luaithe is féidir. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn an mholta iniúchta oscailte.

Ina theannta sin maidir le tuairim cháilithe ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i ndáil le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí ba bhun leis na cuntais in 2022, cheap an Ghníomhaireacht plan gníomhaíochta d'fhoill aghaidh a thabhairt ar bharúlacha a bhaineann le bainistiú, córais rialaithe agus bainistiú buiséadach.

4.1.1. CONCLÚID

Bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil i gCaibidil 3 den tuarascáil seo, is féidir a thabhairt i gcrích nach bhfuil aon laigí suntasacha sna rialuithe inmheánacha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an ráiteas dearbhaithe. Ina theannta sin thug CIE barúlacha freisin maidir leis na córais bhainistithe, rialaithe agus bainistithe buiséadaigh, nár chaith amhras ar a dtuairimí. Ina theannta sin, d'fhoill aghaidh a thabhairt ar na moltaí iniúchóireachta atá ar feitheamh a bhaineann le soláthar agus bainistiú conarthaí, lean an Ghníomhaireacht de bheith ag neartú a treoirilínte/a nósanna imeachta soláthair agus bainistithe conarthaí.

4.2. FORCHOIMEÁDAIS

Tugann an tOifigeach Údarúcháin dá aire na forchoimeádais seo a leanas:

- Cuireadh moill ar sheachadadh córas nua in 2024, agus d'fhorhmeas an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) sceideal seachadta athbhreithnithe don Treochlár Idir-inoibritheachta ar deireadh an 5 Márta 2025.
- Is tosaíochtaí leanúnacha don Ghníomhaireacht fós iad acmhainní daonna breise a earcú go héifeachtúil agus straitéis foinisithe eu-LISA a thabhairt chun críche d'fhoill aghaidh a thabhairt ar riachtanais ionfhoinsithe agus seachfhoinsithe chun inmheánú níos airde a bhaint amach ar thionscadail/ar chlár forbartha.

- Tá córas uathoibrithe bainistithe ceadúnais TF agus próisis ghaolmhara ghnó a threisiú d'fhonn tacú le faireachán iomchuí agus córasach ar úsáid ceadúnas TF agus a n-athnuachan fós ar siúl, rud lena bhféadfadh an riosca a mhéadú do rialacht roinnt idirbheart gaolmhar a rinneadh sa bhliain airgeadais 2024.
- Bhí ceartúchán ar na Cuntais Bhliantúla 2024 de dhíth i mí na Bealtaine 2025, mar gheall ar dhá ordú gnóthaithe a bheith fágtha ar lár (le haghaidh méid iomlán de EUR 476 995.48) a scoradh go rathúil ar airgead in 2024.

Tá an Ghníomhaireacht ag tabhairt aghaidh ar na saincheisteanna seo cheana féin agus é mar aidhm aici réiteach a fháil orthu a luaithe is féidir.

RÁITEAS DEARBHAITHE

The image features a dark blue background with a white diagonal line running from the top-left corner to the bottom-right corner. The area to the left of this line is white, while the area to the right is dark blue. Scattered across both areas are numerous horizontal bars of varying lengths and colors, including white, dark blue, light blue, and gold. In the bottom-left corner, the number '5' is prominently displayed in a large, bold, dark blue font.

5

RÁITEAS DEARBHAITHE

Déanaimse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos,

Stiúrthóir Feidhmiúcháin *ad interim* Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Bhainistíocht Oibríochtúil Córas TF ar Mhórscaála i Limistéar na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais (eu-LISA),

I mo cháil mar Oifigeach Údarúcháin,

a dhearbhu go dtugtar léargas fíor agus cothrom leis an bhfaisnéis atá sa tuarascáil seo.

Dearbhaímse thairis sin go bhfuil dearbhú réasúnta agam gur úsáideadh na hacmhainní a sannadh do na gníomhaíochtaí a gcuirtear síos orthu sa tuarascáil seo chun na críche a ceapadh iad agus i gcomhréir le prionsabail an bhainistithe fhónta airgeadais, agus go dtugann na nósanna imeachta rialaithe a cuireadh ar bun na ráthaíochtaí is gá maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na idirbheart bunúsach.

Tá an dearbhú réasúnta sin bunaithe ar mo bhreithiúnas féin, ar chomhairliúcháin leis na hOifigigh Údarúcháin trí tharmligean, agus ar an bhfaisnéis a bhfuil teacht agam uirthi, amhail torthaí an mheasúnaithe bhliantúil ar éifeachtacht an chreata rialaithe inmheánaigh, an t-athbhreithniú bliantúil ar eisceachtaí agus ar theagmhais neamhchomhlíontachta, an t-athbhreithniú bliantúil ar chur chun feidhme moltaí iniúchóireachta, agus réamhthuairim na Cúirte Iniúcháirí maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart a rinneadh sa bhliain airgeadais 2023.

Dearbhaím nach bhfuilim ar an eolas faoi aon rud nár tuairiscíodh anseo a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna na Gníomhaireachta nó dá geallsealbhóirí.

Ba cheart na forchoimeádais seo a leanas a thabhairt ar aird, áfach:

- Cuireadh moill ar sheachadadh córas nua in 2024, agus d'fhorhmeas an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) sceideal seachadta athbhreithnithe don Treochlár Idir-inoibritheachta ar deireadh an 5 Márta 2025.
- Is tosaíochtaí leanúnacha don Ghníomhaireacht fós iad acmhainní daonna breise a earcú go héifeachtúil agus straitéis foinsithe eu-LISA a thabhairt chun críche d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais ionfhoinsithe agus seachfhoinsithe chun inmheánú níos airde a bhaint amach ar thionscadail/ar chláir forbartha.
- Tá córas uathoibrithe bainistithe ceadúnais TF agus próisis ghaolmhara ghnó a threisiú d'fhonn tacú le faireachán iomchuí agus córasach ar úsáid ceadúnas TF agus a n-athnuachan fós ar siúl, rud lena bhféadfadh an riosca a mhéadú do rialtacht roinnt idirbheart gaolmhar a rinneadh sa bhliain airgeadais 2024.
- Bhí ceartúchán ar na Cuntais Bhliantúla 2024 de dhíth i mí na Bealtaine 2025, mar gheall ar dhá ordú gnóthaithe a bheith fágtha ar lár (le haghaidh méid iomlán de EUR 476 995.48) a scoradh go rathúil ar airgead in 2024.

Tá an Ghníomhaireacht ag tabhairt aghaidh ar na saincheisteanna seo cheana féin agus é mar aidhm aici réiteach a fháil orthu a luaithes is féidir.

Ba mhaith liom a chur ar aird freisin gur ghlac mé le ról an Oifigigh Údaraithe an 16 Lúnasa 2024.

Marili Männik

Stiúrthóir Feidhmiúcháin *ad interim*

[Ríomhshíniú cáilithe]

IARSCRÍBHINNÍ

A

IARSCRÍBHINNÍ

Iarscríbhinn I. Staitisticí lárnacha gnó

Bainistiú oibriochtúil na gcóras faisnéise CGB

Infhaighteacht córas agus aga freagartha

KPI		Luach				Stádas agus foinse sonraí ¹²³
Ní hea	Sprioc	2021	2022	2023	2024	
Infhaighteacht córas ¹²⁴						
3	Infhaighteacht lárchóras Eurodac					
	glas ≥ 99.99% 99.99% > ómra ≥ 99.50% dearg <99.50%	99.80%	99.88%	99.47%	99.91%	De réir sprice go pointe áirithe go príomha mar gheall ar eachtra amháin de mhíchumraíocht balla dóiteáin <i>Foinse: SLA and Central System Availability Report Summary for 2024 [Achoimre ar Thuarascáil ar SLA agus Infhaighteacht an Lárchórais do 2024]</i>
6	Infhaighteacht lárchóras SIS					
	glas ≥ 99.99% 99.99% > ómra ≥ 99.50% dearg <99.50%	99.98%	99.94%	99.67%	99.78%	De réir sprice go pointe áirithe go príomha mar gheall ar dhá theagmhas: freagairt ar bith ó CPS agus teip ar chothabháil lascaistrithe <i>Foinse: SLA and Central System Availability Report Summary for 2024 [Achoimre ar Thuarascáil ar SLA agus Infhaighteacht an Lárchórais do 2024]</i>
8	Infhaighteacht lárchóras VIS					
	glas ≥ 99.99% 99.99% > ómra ≥ 99.50% dearg <99.50%	99.98%	99.69%	99.97%	99.92%	De réir sprice go pointe áirithe: níl sé ar fáil mar gheall ar fhadhb le cothromóir lóid le linn theacht i bhfeidhm VIS4EES <i>Foinse: SLA and Central System Availability Report Summary for 2024 [Achoimre ar Thuarascáil ar SLA agus Infhaighteacht an Lárchórais do 2024]</i>
Aga freagartha an chórais						
4	Aga freagartha lárchóras Eurodac					
	glas ≥ 99.45% 99.45% > ómra ≥ 90% dearg < 90%	100.00%	99.99%	99.98%	99.99%	De réir sprice <i>Foinse: SLA agus tuarascálacha seirbhíse míosúla</i>

¹²³ Stádas KPI: **De réir sprice** – baineadh amach an sprioc, agus tá gach rud ‘glas’ nó laistigh den raon feidhme riachtanach. **De réir sprice go pointe áirithe** – tá gach rud ‘glas’ nó ‘ómra’, nó tá roinnt táscairí beagán faoi bhun na sprice atá leagtha síos. **Faoi bhun sprice** – tá táscaire amháin ar a laghad ‘dearg’ nó go mór faoi bhun na sprice atá luaite. **Eile**– rinneadh an ghníomhaíocht a athsceidealú nó a chealú.

¹²⁴ Tá an fhoirmle ríofa le haghaidh na hinfaighteachta (cothabháil iomlán + pleanáilte) ailínithe idir na córais go léir.

KPI		Luach				Stádas agus foinse sonraí ¹²³
Ní hea	Sprioc	2021	2022	2023	2024	
7	Aga freagartha lárchóras SIS					
	glas ≥ 99.5%	99.85%	98.98%	99.99%	100%	De réir sprice: Foinse: SLA agus tuarascálacha seirbhíse míosúla
	99.5% > ómra ≥ 99%					
	dearg <99%					
9	Aga freagartha lárchóras VIS					
	glas = 100%	99.90%	99.70%	99.98%	99.89%	De réir sprice go pointe áirithe¹²⁵ Foinse: SLA agus tuarascálacha míosúla seirbhíse
	100% > ómra ≥ 90%					
	dearg <90%					

Infhaighteacht bonneagair cumarsáide

KPI		Luach				Stádas agus foinse sonraí
Ní hea	Sprioc	2021	2022	2023	2024	
Infhaighteacht bonneagair cumarsáide						
5	Infhaighteacht an líonra achair fhairsing (WAN) (do SIS agus VIS) ¹²⁶					
	glas ≥ 99.99%	99.9988%	99.9984%	99.9994%	99.9943%	De réir sprice ¹²⁷
	99.99% > ómra ≥ 99.50%					Foinse: Tuarascáil infhaighteachta TESTA-ng
	dearg <99.50%					

Tacaíocht oibríochtúil agus oiliúint

KPI		Luach				Stádas agus foinse sonraí
Ní hea	Sprioc	2021	2022	2023	2024	
Oiliúint do na Ballstáit						
16	Leibhéal sástachta le himeachtaí oiliúna					
	Meánscór >4 (ar scála 1-6)	5.4	5.4	5.26	5.22	De réir sprice Foinse: Tábla pleanála agus tuairiscithe oiliúna na mBallstát
Lárionad tacaíochta oibríochtaí						
19	Sásamh custaiméirí: céatadán d’úsáideoirí deiridh a bhí sásta nó an-sásta le hoibriú foriomlán na gcóras CGB					
	≥80%	95%	97%	97.3% SIS 97.0%, VIS 96.0%, Eurodac 99.0%	97.8% SIS 95.5%, VIS 99.0%, Eurodac 99.0%	De réir sprice Foinse: Suirbhé bliantúil ar shásamh custaiméirí
20	Feidhmíocht Dheasc Seirbhíse eu-LISA					
	≥75%	95.00%	82.37%	100%	95%	De réir sprice Foinse: Tuarascálacha feidhmíochta Dheasc Seirbhíse

¹²⁵ Tá roinnt athruithe ar an taobh náisiúnta mar gheall ar chuardaigh raon leathan.

¹²⁶ Is í Ard-Stiúrthóireacht na Seirbhísí Digiteacha (DIGIT) sa Choimisiún a dhéanann maoirseacht ar tháscaire EuroDomain.

¹²⁷ Tá an figiúr níos ísle ná mar a bhí sna blianta roimhe sin mar gheall ar éaradh seirbhíse sa Pholainn.

Slándáil						
KPI		Luach				Stádas agus foinse sonraí
Ní hea	Sprioc	2021	2022	2023	2024	
Slándáil agus leanúnachas gnó						
1	Céatadán de chuspóirí slándála reachtúla curtha i bhfeidhm					De réir sprice Foinse: Deais dearbhaithe slándála
	100%	100%	100%	100%	100%	
2	Líon na ndruileanna éigeandála, na gcleachtaí a bhaineann le slándáil agus leanúnachas gnó a dhéantar go bliantúil					De réir sprice Foinse: Deais dearbhaithe slándála
	2	2	3	3	2	
Rialachas agus comhlíonadh						
KPI		Luach				Stádas agus foinse sonraí
Ní hea	Sprioc	2021	2022	2023	2024	
Bainistiú tionscadal						
21	Measúnú tionscadail: críochnú meastóireachta i gcoinne bhunlíne na bparaiméadar sainithe ó thaobh cáilíochta/costais/ama de, agus lamháltais an tionscadail á gcur san áireamh					Eile ¹²⁸
	<10%	15.75%	16.59%	9.83%	n/b	
22	Bainistiú tionscadail: measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh tionscadal críochnaithe i gcoinne modheolaíocht bainistithe tionscadail eu-LISA le linn shaolré an tionscadail					Eile ¹²⁹
	miontionscadail: >75%	20%	Miontionscadal ar bith tugtha chun críche	Miontionscadal ar bith tugtha chun críche	n/b	
	tionscadail mheánacha: >80%	76.2%	66%	76%	n/b	
	mórtionscadail: >85%	Mórtionscadal ar bith tugtha chun críche	74%	75%	n/b	
Iniúchadh						
23	Iniúchadh: (A) Céatadán de na moltaí iniúcháireachta a cuireadh i bhfeidhm faoi na spriocdhátaí sonraithe					De réir sprice Foinse: Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí IAC De réir sprice Foinse: Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí IAC De réir sprice Foinse: Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí IAC
	Ríthábhachtach: 100%	n/b	n/b	100%	n/b	
	An-tábhachtach: ≥90%	72%	63%	80%	95%	
	Tábhachtach: ≥80%	85%	62%	93%	100%	
23	Iniúchadh: (B) Líon agus aois na moltaí iniúcháireachta atá fós le cur chun feidhme					De réir sprice Foinse: Tuarascáil ar
	Moltaí atá thar téarma ar feadh níos lú ná 6 mhí: ≤4	3	4	0	0	

¹²⁸ In 2024 thug eu-LISA dhá thionscadal inmheánacha TF i gcrích; níor cuireadh *tionscadail chaighdeánacha** i gcrích, go príomha mar gheall ar mhoill ar chur chun feidhme EES agus idirnáisc láidre le cláir/tionscadail eile. Ós rud é go sloinntear an luach KPI seo mar mheánchéatadán (%) d'athruithe (ó thaobh costas/sceidil/raoin feidhme), agus gan ach dhá thionscadal inmheánacha faoi raon feidhme, ní féidir a mheas go bhfuil ríomh KPI le haghaidh 2024 ábhartha. *De réir mhodheolaíocht inmheánach bainistithe tionscadal eu-LISA (PPM), is gníomhaíocht é *tionscadal caighdeánach* nach mór dó na critéir seo a leanas a chomhlíonadh: (sealadach AGUS uathúlacht) AGUS ((buiséad AGUS fad) NÓ iarracht)) i gcás buiséad de >300 000.00, fad de >3 mhí agus iarracht de >3 FTE.

¹²⁹ Níl an KPI seo, atá bunaithe ar mhodheolaíocht PRINCE 2, bailí a thuilleadh toisc gur athraíodh modheolaíocht inmheánach bainistithe tionscadal eu-LISA in 2024 nuair a tugadh isteach an cur chuige Wave agus nuair a glacadh cleachtais bainistithe tionscadal Agile.

KPI		Luach				Stádas agus foinse sonraí
Ní hea	Sprioc	2021	2022	2023	2024	
	Moltaí atá thar téarma ar feadh idir 6 mhí agus 1 bhliain: ≤2	0	0	2	0	ghníomhaíochtaí IAC De réir sprice Foinse: Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí IAC
	Moltaí atá thar téarma ar feadh níos mó ná 1 bhliain: ≤1	6	8	3	1	De réir sprice Foinse: Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí IAC

Riarachán agus tacaíocht ghinearálta

KPI		Luach				Stádas agus foinse sonraí
Ní hea	Sprioc	2021	2022	2023	2024	
Bainistiú comhshaoil						
15	Táscaire comhshaoil: lorg carbóin ¹³⁰					
	astaíochtaí CO ₂ níos ísle i gcomparáid leis an mbliain seo caite	401 thona	570 tona ¹³¹	3 507 tCO ₂ eq	3 781 in tCO ₂ eq ¹³²	Foinse: Ráiteas ar an gcomhshaoil
Bainistiú buiséid agus airgeadais						
10	Ráta cealaithe na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta					
	<5%	7%	10.6%	5.8%	14.5%	Faoi bhun sprice ¹³³ Foinse: Stóras sonraí ABAC
11	Ráta chur chun feidhme na ngealltanais buiséidach (%)					
	95-99%	100%	99%	100%	100%	De réir sprice Foinse: Stóras sonraí ABAC
12	Ráta cur chun feidhme na híocaíochta (%)					
	>95%	99%	91.6%	99.9%	100%	De réir sprice Foinse: Stóras sonraí ABAC
14	Cóimheas na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de spriocdhátaí reachtúla (%)					
	>87.5%	99%	90.1%	96.4%	98.2%	De réir sprice Foinse: Stóras sonraí ABAC
Soláthar						
17	Éifeachtúlacht an phróisis soláthair ¹³⁴					
	<25%	21.4%	9.5%	16.7%	0%	De réir sprice Foinse: tuarascáil soláthair
18	Bainistiú éadála: tionscadail soláthair de réir sceidil					
	>60%	80.1%	140%	80%	63%	De réir sprice Foinse: tuarascáil soláthair
Bainistiú acmhainní daonna						
13	Cóimheas na n-acmhainní riaracháin le hacmhainní oibríochtúla i gcomparáid leis na hacmhainní daonna go léir (baill foirne agus SNInna) (%)					
	Riarachán: 20%	16.9%	16.3%	17.2%	18.6%	De réir sprice go pointe áirithe Foinse: Cleachtadh tagarmharcála foirne 2024
	Oibríochtúil: 70%	73.2%	74.7%	74%	70.6%	De réir sprice Foinse: Bunachar sonraí AD, tuarascálacha SYSPER

¹³⁰ Déantar astaíochtaí CO₂ a mheas bunaithe ar mheánfhachtóirí astaíochta CO₂, de réir threoirlínte IPCC v_2006.

¹³¹ Lena n-áirítear astaíochtaí CO₂ don fhoirgneamh oifige sealadach in Illkirch, Strasbourg, an Fhrainc.

¹³² Is é is cúis go príomha leis an méadú ar an lorg carbóin an méadú ar Raon Feidhme 2 (leictreachas do gach láithreán agus téamh ceantair i dTaillinn) agus an t-athrú ar an ríomh inar breithníodh tuilleadh sonraí (mar shampla próiseas bainistithe dramhaíola) i gcomparáid le 2023.

¹³³ Rinneadh monatóireacht leanúnach ar chur i bhfeidhm na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a tugadh ar aghaidh i rith na bliana, agus b'ann do chealuithe mar thoradh air sin aon uair nach raibh údar maith leis an gcaiteachas a thuilleadh.

¹³⁴ Ríomhtar an KPI seo mar chóimheas na dtairiscintí a cuireadh ar ceal tar éis iad a sheoladh, i gcoinne líon na dtairiscintí a seoladh sa bhliain.

KPI		Luach				Stádas agus foinse sonraí
Ní hea	Sprioc	2021	2022	2023	2024	
24	Ráta neamhláithreachta bliantúil:					
	Meánlíon na laethanta breoiteachta: <15 lá in aghaidh an fhostaí	4.1 lá	7.5 lá	9.7 lá	3.4 lá in aghaidh an fhostaí	De réir sprice Foinse: Bunachar sonraí AD, tuarascálacha SYSPER
	Céatadán (%) de bhaill foirne ar saoire bhreoiteachta fhadtéarmach: <10%	3.2%	4.6%	5.3%	2.2%	De réir sprice Foinse: Bunachar sonraí AD, tuarascálacha SYSPER
	Céatadán (%) de bhaill foirne nach bhfuil dtógann saoire bhreoiteachta: >15%	51.6%	42%	42.7%	43.0%	De réir sprice Foinse: Bunachar sonraí AD, tuarascálacha SYSPER
25	Ráta bliantúil athraithe foirne (%)					
	≤5%	5.5%	7.1%	4.1%	5.3%	Os cionn na sprice méadú ar líon na ndaoine ag dul ar scor Foinse: Bunachar sonraí AD, tuarascálacha SYSPER
26	Ráta áitíochta bliantúil (%)					
	>94%	94.2%	82%	93.5%	92.4% ¹³⁵	Faoi bhun sprice ¹³⁶ Foinse: Bunachar sonraí AD, tuarascálacha SYSPER
27	Innéacs coinneála tallainne ¹³⁷					
	> 0 do 2021 agus 2022 ≤5% le haghaidh 2023 agus 2024	0.2	0.3	1.8%	0.7%	De réir sprice ¹³⁸ Foinse: sonraí breithmheasa iLearn
28	Leibhéal rannpháirtíochta na foirne					
	≥ 6.3 le haghaidh 2021 agus 2022 ≥ 3.8 le haghaidh 2023 agus 2024 ¹³⁹	7.3	7.3	3.7	3.7	De réir sprice go pointe áirithe ¹⁴⁰ Foinse: Suirbhé Rannpháirtíochta – Eative The People Success Platform
Bainistiú geallsealbhóirí agus cumarsáid leo						
29	Tionchar chumarsáid sheachtrach eu-LISA					
	Na meáin shóisialta: +200 leantóir in aghaidh an ardáin in aghaidh na bliana	LinkedIn: +5490 X: +602 Facebook: +315 YouTube: +389	LinkedIn: +3127 X: +405 Facebook: +285 YouTube: +99	LinkedIn: +4013 Twitter/X: +404 Facebook: +403 YouTube: +89	LinkedIn: +5262 X: +235 Facebook: +651 YouTube: +98	De réir sprice ¹⁴¹ Foinse: anailísíocht gréasáin agus meán sóisialta * Twitter => X amhail ó mhí Iúil 2023
	Sástacht le himeachtaí rannpháirtíochta: > 90%	80%	86.3%	comhdháil bhliantúil ar bith in 2023	comhdháil bhliantúil ar bith in 2024	Eile: athsceidealaithe go dtí 2025 Foinse: cinneadh ón mbainistíocht
	Ráta rannpháirtíochta:	95%	95.3%	comhdháil bhliantúil ar bith in 2023	comhdháil bhliantúil ar bith in 2024	Eile: athsceidealaithe go dtí 2025

¹³⁵ Áirítear leis an líon tairiscintí poist a eisíodh; má chuirtear tairiscintí poist as an áireamh, is ionann an ráta áitíochta agus 89.1 %

¹³⁶ Ní fhéadfaí poist bheise a bronnadh i mí na Samhna 2024 a líonadh faoi dheireadh 2024.

¹³⁷ Tá an táscaire seo imithe i léig, agus déantar é a dhíbhe sa togra le haghaidh KPIIna corparáideacha nua a chuirtear faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta.

¹³⁸ Ó 2023 i leith ní úsáidtear rátáil uimhriúil i mbreithmheas; léirítear le figiúr 2024 céatadán de bhreithmheasanna míshásúla as líon iomlán na mbreithmheasanna.

¹³⁹ Athrú scála ó 0-10 go 1-5; is é luach 3.8 an tagairt don tagarmharc san earnáil phoiblí.

¹⁴⁰ Déanfar plean gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun an leibhéal rannpháirtíochta a mhéadú.

¹⁴¹ Tá fás suntasach tagtha ar lucht leanúna ar gach ardán meán sóisialta, rud a léiríonn an-dul chun cinn. Úsáidtear YouTube den chuid is mó mar stóras físeán, ní mar chainéal gníomhach meán shóisialta; díríonn eu-LISA ar na meáin shóisialta ghníomhacha.

KPI		Luach				Stádas agus foinse sonraí
Ní hea	Sprioc	2021	2022	2023	2024	
	>95%					Foinse: cinneadh ón mbainistíocht
		* Dhá chruinniú comhchéime tionscail eagraithe i bhformáid hibrídeach, le rannpháirtíocht ar líne de >=100%				De réir sprice táthar ag súil le ráta rannpháirtíochta ar líne de >=130
30	Tionchar cumarsáide inmheánaí eu-LISA (suirbhé sástachta)					
	Ráta rannpháirtíochta: >51%	55%	59%	58%	52%	De réir sprice Foinse: Suirbhé bliantúil ar shástacht
	Ráta sástachta: >70% bealaí/gníomhaíochtaí inmheánacha	93%	91%	89%	92%	De réir sprice Foinse: Suirbhé bliantúil ar shástacht

larscríbhinn II. **Staidreamh bainistithe airgeadais**

Buiséad tosaigh, aistrithe agus buiséid leasaitheacha

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar leibhéal na caibidle ar na haistrithe buiséadacha inmheánacha a oibríodh le haghaidh chistí C1 in 2024.

Caibidil den bhuiséid		LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS (i milliúin EUR)				LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTAÍ (i milliúin EUR)			
		buiséad tosaigh	aistrithe	buiséad leasaitheach	buiséad deiridh	buiséad tosaigh	aistrithe	buiséad leasaitheach	buiséad deiridh
A-11	Tuarastail agus liúntais	39.25	0.04	2.70	41.99	39.25	0.04	2.70	41.99
A-12	Caiteachas a bhaineann le hearcaíocht	0.20	0.09		0.29	0.20	0.09		0.29
A-13	Speansais mhisin	0.66	-0.03		0.63	0.66	-0.03		0.63
A-14	Bonneagar sochmhíochaine	2.52	-0.29		2.24	2.52	-0.29		2.24
A-15	Oiliúint don fhoireann	1.41	-0.90		0.51	1.41	-0.90		0.51
TEIDEAL 1 – CAITEACHAS FOIRNE		44.04	-1.09	2.70	45.66	44.04	-1.09	2.70	45.66
A-20	Caiteachas le haghaidh áitribh	8.95	-4.06		4.89	8.95	-4.06		4.89
A-21	TF Corparáideach & teileachumarsáid	3.75	1.32		5.07	3.75	1.32		5.07
A-22	Maoin inghluaiste agus costais ghaolmhara	0.44	0.22		0.66	0.44	0.22		0.66
A-23	Caiteachas riaracháin reatha	1.69	-0.01		1.67	1.69	-0.01		1.67
A-25	Bord Bainistíochta	0.75	-0.36		0.39	0.75	-0.36		0.39
A-26	Faisnéis agus foilseacháin	1.54	-0.69		0.85	1.54	-0.69		0.85
A-27	Seirbhísí tacaíochta seachtracha	9.05	-1.50		7.54	9.05	-1.50		7.54
A-28	Slándáil	5.23	-2.66		2.56	5.23	-2.66		2.56
TEIDEAL 2 – CAITEACHAS BONNEAGAIR agus OIBRÍÚCHÁIN		31.39	-7.74		23.64	31.39	-7.74		23.64
B3-0	Bonneagar	55.75	-9.43		46.32	51.00	-3.73		47.28
B3-1	Gnóthaí Baile	114.54	18.96	39.25	172.75	112.30	15.98		128.29
B3-2	Ceartas	4.29	1.75		6.04	4.40	0.43		4.83
B3-8	Gníomhaíochtaí tacaíochta oibríochtúla	15.42	-2.44		12.98	14.27	-3.86		10.42
TEIDEAL 3 – CAITEACHAS OIBRÍOCHTÚIL		190.01	8.83	39.25	238.09	181.98	8.83		190.81
IOMLÁN		265.44	0.00	41.95	307.39	257.41	0.00	2.70	260.11

Cur i bhfeidhm bhuiséad eu-LISA (foinse maoinithe C1)

Maidir leis na leithreasuithe 2024 (foinse maoinithe C1 – fóirdheontas AE do 2024).

Teideal buiséid	GEALLTANAIS (C1, i milliúin EUR)			ÍOCAÍOCHTAÍ (C1, i milliúin EUR)		
	buiséadaith e	úsáidte	%	buiséadaith e	úsáidte	%
Teideal 1 – Caiteachas foirne	45.66	45.66	100.0%	45.66	45.66	100.0%
dar forghníomhaíodh		45.66	100.0%		45.20	99.0%
dar iarmhéid é atá le tabhairt ar aghaidh go huathoibríoch					0.46	1.0%
Teideal 2 – Caiteachas bonneagair agus oibríúcháin	23.64	23.64	100.0%	23.64	23.64	100.0%
dar forghníomhaíodh		23.64	100.0%		17.22	72.8%
dar iarmhéid é atá le tabhairt ar aghaidh go huathoibríoch					6.42	27.2%
Teideal 3 – Caiteachas oibríochtúil	238.09	238.09	100.0%	190.81	190.81	100.0%
dar forghníomhaíodh		238.09	100.0%		190.81	100.0%
IOMLÁN	307.39	307.39	100.0%	260.11	260.11	100.0%
dar forghníomhaíodh		307.39	100.0%		253.22	97.4%
dar iarmhéid é atá le tabhairt ar aghaidh go huathoibríoch					6.89	2.6%

Cur i bhfeidhm an bhuiséid ó fhoinsí eile maoinithe

I dteannta leis an mbuiséad don bhliain (foinse mhaoinithe C1), chuir an Ghníomhaireacht leithreasuithe chun feidhme:

- ó ioncam sannta inmheánach (foinse maoinithe C4),¹⁴²
- tabhairt ar aghaidh gealltanais (difreáilte i dTeideal 3 agus neamhdhifreáilte i dTeideal 1 agus i dTeideal 2 agus na leithreasuithe íocaíochta comhfhreagracha (neamhdhifreáilte amháin) ó bhlianta roimhe seo (foinse C8),¹⁴³
- ó ioncam sannta seachtrach, mar ranníocaíocht ó na tíortha comhlachaithe de bhun Airteagal 46(3)(b) den Rialachán lena mbunaítear eu-LISA agus ón gCoimisiún Eorpach chun cur chun feidhme ardán comhair na JITanna (JITanna) a mhaoiniú de bhun Rialachán (AE) 2023/969 (foinse mhaoinithe R0, Teideal 3 amháin).¹⁴⁴

Teideal buiséid		Foinse mhaoinithe	GEALLTANAS			ÍOCAÍOCHT		
			buiséadaithe (i milliúin EUR)	úsáidte (i milliúin EUR)	%	buiséadaithe (i milliúin EUR)	úsáidte* (i milliúin EUR)	%
A-1	Caiteachas foirne	C1	45.66	45.66	100.0%	45.66	45.20	99.0%
		C4	0.00	0.00	100.0%	0.00	0.00	100.0%
		C8	0.88	0.78	88.5%	0.88	0.78	88.5%
		Fo-iomlán	46.54	46.44	99.8%	46.54	45.98	98.8%
A-2	Caiteachas bonneagair agus oibriúcháin	C1	23.64	23.64	100.0%	23.64	17.22	72.8%
		C4	0.46	0.01	1.2%	0.46	0.00	0.0%
